C/2026/4821

8.10.2026

TEACHTAIREACHT ÓN GCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA HEORPA, CHUIG AN GCOMHAIRLE AGUS CHUIG AN GCÚIRT INIÚCHÓIRÍ

Cuntais Bhliantúla Chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain airgeadais 2025

(C/2026/4821)

CLÁR

Leathanach

FINANCIAL HIGHLIGHTS OF THE YEAR 2

NOTE ACCOMPANYING THE CONSOLIDATED ACCOUNTS 33

CONSOLIDATED FINANCIAL STATEMENTS AND EXPLANATORY NOTES 34

BALANCE SHEET 35

STATEMENT OF FINANCIAL PERFORMANCE 36

CASHFLOW STATEMENT 37

STATEMENT OF CHANGES IN NET ASSETS 38

NOTES TO THE FINANCIAL STATEMENTS 39

BUDGETARY IMPLEMENTATION REPORTS AND EXPLANATORY NOTES 142

GLOSSARY 224

LIST OF ABBREVIATIONS 228

BUAICPHOINTÍ AIRGEADAIS NA BLIANA

Is é is cuspóir don roinn seo maidir le buaicphointí airgeadais, a ullmhaíodh ar bhonn na bprionsabal a leagtar amach i dTreoirlíne maidir le Cleachtas Molta IPSASB (RPG) 2 'Plé agus Anailís ar an Ráiteas Airgeadais', cúnamh a thabhairt do léitheoirí tuiscint a fháil ar an gcaoi a léirítear gníomhaíochtaí oibríochtúla, airgeadais agus infheistíochta an Aontais sna gnéithe éagsúla de chuid ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais. Ní dhearnadh iniúchadh ar an bhfaisnéis a chuirtear i láthair sa roinn seo.

Ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfadh an chuma a bheith ar an scéal, i ngeall ar shlánú na bhfigiúirí go dtí na milliúin euro, nach bhfuil roinnt sonraí airgeadais sna táblaí thíos suimithe i gceart.

CLÁR

Leathanach

1. KEY FIGURES AND HIGHLIGHTS OF THE YEAR 3
2. SUMMARY OF BUDGET IMPLEMENTATION 7
   - 2.1. Revenue 7
   - 2.2. Expenditure 8
3. NGEU IMPLEMENTATION 11
   - 3.1. Overview 11
   - 3.2. Disbursements of non-repayable support to Member States under the RRF (including REPowerEU) 11
   - 3.3. Disbursements of loans under the RRF (including REPowerEU) 12
   - 3.4. Disbursements of non-repayable support to programmes under the EU budget 13
4. FINANCIAL STATEMENTS ANALYSIS 14
   - 4.1. Revenue 14
   - 4.2. Expenses 15
   - 4.3. Assets 16
   - 4.4. Liabilities 17
   - 4.5. Net assets 18
   - 4.6. UK withdrawal from the EU 19
5. BUDGETARY CONTINGENT LIABILITIES 19
   - 5.1. Borrowing and lending activities 20
   - 5.2. Budgetary guarantees 27
   - 5.3. Common Provisioning Fund 29
6. EU POLITICAL AND FINANCIAL FRAMEWORK, GOVERNANCE AND ACCOUNTABILITY 29
   - 6.1. Political and financial framework 29
   - 6.2. Governance and accountability 31

1. **PRÍOMHFHIGIÚIRÍ AGUS BUAICPHOINTÍ NA BLIANA**

Na ráitis airgeadais chomhdhlúite

Cuimsítear níos mó ná 50 eintiteas (lena n-áirítear Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle, an Coimisiún agus gníomhaireachtaí an Aontais) i ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais. Ullmhaítear iad ar bhonn na rialacha maidir le cuntasaíocht fabhraithe a ghlac Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin, ar rialacha iad atá bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS).

Mar a léirítear sa chlár comhardaithe achoimrithe thíos agus a mhionsonraítear a thuilleadh san Anailís ar na Ráitis Airgeadais (Roinn **4**), ba iad na gnéithe ba shuntasaí de chuid ráitis airgeadais chomhdhlúite 2025 an Aontais méadú ar an iasachtaíocht mar gheall ar eisiúint nua faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe, méadú ar shócmhainní airgeadais mar gheall ar chur chun feidhme leanúnach NGEU agus tacaíocht airgeadais bhreise a soláthraíodh don Úcráin, chomh maith le méadú ar an iarmhéid airgid thirim ag deireadh na bliana mar gheall ar ardleibhéal eisíocaíochtaí a bhí beartaithe do thús 2026:

EUR billiún

	2025	2024	Athrú
SÓCMHAINNÍ			
Sócmhainní airgeadais	386,1	328,3	57,8
Réamh-mhaoiniú	76,7	78,9	(2,2)
Suimeanna infhaighte	34,1	31,7	2,3
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	103,0	63,2	39,9
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh, agus sócmhainní eile	17,5	16,3	1,2
Iomlán	**617,4**	**518,5**	**99,0**
DLITEANAIS			
Sochair iarfhostaíochta	91,1	93,1	(2,0)
Dliteanais airgeadais	740,8	601,9	138,9
Suimeanna iníoctha	65,0	55,4	9,6
Fabhruithe	77,0	67,1	10,0
Dliteanais eile	2,6	9,8	(7,2)
Iomlán	**976,6**	**827,3**	**149,3**
GLANSÓCMHAINNÍ			
Cúlchistí	0,9	1,0	0,0
Méideanna a bheidh le glao ó na Ballstáit	(360,1)	(309,8)	(50,3)
Iomlán	**(359,2)**	**(308,8)**	**(50,3)**

féach Anailís ar an Ráiteas Airgeadais, Roinn **4**

Is éard a chuimsítear sna cuntais bhliantúla chomhdhlúite a chuirtear i láthair anseo:

1. Athruithe ar na cuntais de thoradh chur chun feidhme bhuiséad bliantúil 2025 agus gealltanais a tugadh roimhe sin. Tá buiséad bliantúil 2025 ina chuid de chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 ar fiú EUR 1,223 trilliún é i bpraghsanna reatha (EUR 1,083 trilliún i bpraghsanna 2018) le chéile. An 1 Márta 2024, tháinig athbhreithniú ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 i bhfeidhm, rud a chuir ar a chumas do bhuiséad an Aontais leanúint d'aghaidh a thabhairt ar na tosaíochtaí is práinní agus, an tráth céanna, an tionchar ar bhuiséid náisiúnta a íoslaghdú, chun tairbhe shaoránaigh na hEorpa agus níos faide i gcéin. ([1])

2. ionstraim théarnaimh NextGenerationEU (NGEU) a glacadh i mí an Mheithimh 2020. Bhí tacaíocht NGEU beartaithe ar dtús go suas le EUR 806,9 billiún i bpraghsanna reatha (EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018). Laghdaíodh an t-imchlúdach sin ina dhiaidh sin go EUR 638,1 billiún i bpraghsanna reatha ag deireadh mhí Eanáir 2026 (EUR 338 mbilliún i ndeontais STA, EUR 217 mbilliún in iasachtaí STA agus EUR 83,1 billiún i mbreisithe ar chláir NGEU). Ina theannta sin, cuireadh le himchlúdach deontas STA EUR 20 billiún a eascraíonn as ceantáil lamháltas faoin gCóras Trádála Astaíochtaí (CTA) agus EUR 2 bhilliún i ndeontais ó Chúlchiste Coigeartaithe Brexit.

I mí Aibreáin 2026, glacadh an togra ón gCoimisiún le haghaidh athbhreithniú spriocdhírithe ar chreat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 chun tacaíocht a chur ar fáil don Úcráin i bhfoirm iasachta a chumhdaítear leis an lamháil agus le fóirdheontas i leith costais iasachtaíochta a chistítear trí bhuiséad an Aontais, lena n-áirítear é sin trí ionstraim speisialta thiomnaithe nua ([2]).

An 16 Iúil 2025, thíolaic an Coimisiún an togra uaidh le haghaidh chreat airgeadais ilbhliantúil 2028-2034.

— I Roinn **2** de roinn na mbuaicphointí, cuirtear i láthair na hathruithe ar na cuntais a eascraíonn as cur chun feidhme bhuiséad 2025 agus na mbuiséad a bhí ann roimhe sin.

— I Roinn **3**, tugtar an t-eolas is déanaí maidir le cur chun feidhme NGEU in 2025.

— Léirítear i Roinn **4** an chaoi a léirítear na hathruithe sin sna ráitis airgeadais;

— I Roinn **5** cuirtear i láthair na himpleachtaí do na dliteanais theagmhasacha atá le híoc as buiséad an Aontais;


— Meabhraítear i Roinn **6** príomhghnéithe an chreata rialachais agus cuntasachta.

([1]) Áirítear ar na príomhghnéithe na nithe seo a leanas: EUR 50 billiún le haghaidh na Saoráide don Úcráin, EUR 1,5 billiún le haghaidh an Chiste Eorpaigh Cosanta agus EUR 9,6 billiún le haghaidh na mBalcán Thiar, Chomharsanacht an Deiscirt agus níos faide i gcéin, chomh maith leis an Ionstraim Sholúbthachta a threisiú go EUR 2 bhilliún agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála a threisiú go EUR 1,5 billiún chun dul i ngleic le riachtanais nua a d'fhéadfadh a bheith ann.

([2]) Iasacht Tacaíochta don Úcráin mar chuid de phlean cuimsitheach an Choimisiúin chun tacaíocht airgeadais dar luach EUR 90 billiún a chur ar fáil don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027.


Buiséad an Aontais in 2025

Ioncam buiséid




→ féach Roinn **2.1**

Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas




→ féach Roinn **2.2**

Dliteanais theagmhasacha bhuiséadacha an 31 Nollaig 2025: EUR 475,7 billiún



Na príomhfhorbairtí in 2025


Méadú ar eisiúint Bhannaí an Aontais



Foinse: Tuarascáil leathbhliantúil maidir le cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus oibríochtaí iasachtaithe gaolmhara de bhun Airteagal 13 de Chinneadh Cur Chun Feidhme C(2023)8010 ón gCoimisiún


→ féach Roinn **5**

Cuspóirí NGEU a bhaint amach



→ féach Roinn **3**

Cúnamh airgeadais don Úcráin



→ féach Roinn **5**

2. ACHOIMRE AR CHUR CHUN FEIDHME AN BHUISÉID

2.1. Ioncam

I mbuiséad an Aontais a glacadh ar dtús, arna shíniú ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa an 27 Samhain 2024, is é EUR 155 209 milliún a bhí sa mhéid iomlán leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí agus is é EUR 151 161 mhilliún san iomlán a bhí sa mhéid atá le maoiniú trí acmhainní dílse. Na meastacháin maidir le hioncam agus caiteachas sa bhuiséad tosaigh coigeartaítear iad de ghnáth le linn na bliana buiséadaí trí bhíthin buiséid leasaitheacha. Le coigeartuithe ar acmhainní dílse bunaithe ar OIN áirithítear go mbíonn an t-ioncam buiséadaithe agus an caiteachas buiséadaithe ag teacht le chéile go beacht. I gcomhréir le prionsabal na cothromaíochta, ní mór an t-ioncam buiséid agus an caiteachas buiséid (leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) a bheith cothrom.

Le linn 2025, glacadh trí bhuiséad leasaitheacha. Agus iad á gcur san áireamh, is é EUR 161 163 mhilliún a bhí san ioncam críochnaitheach a glacadh le haghaidh 2025 agus is é EUR 154 322 mhilliún ar an iomlán a bhí sa mhéid iomlán a maoiníodh trí acmhainní dílse. Ba é an méadú ar leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí an phríomhthoisc a spreag an méadú ar ranníocaíochtaí na mBallstát in 2025.

Teideal 1: Acmhainní dílse

Bhí bailiú acmhainní dílse traidisiúnta thart ar 4 % os cionn na méideanna a tuaradh sa bhuiséad.

Maidir le híocaíochtaí deiridh CBL, OIN agus íocaíochtaí dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach na mBallstát, bhí siad an-ghar don mheastachán buiséadach críochnaitheach. Na difríochtaí idir na méideanna a tuaradh agus na méideanna a íocadh iarbhír, is difríochtaí iad atá ann i ngeall ar na difríochtaí idir na rátaí euro a úsáideadh chun an buiséad a tharraingt suas agus na rátaí a bhí i bhfeidhm tráth a rinne na Ballstáit lasmuigh den limistéar euro a n-íocaíochtaí iarbhír.

Teideal 2: Barrachais, iarmhéideanna agus coigeartuithe

Is é EUR 1 345 mhilliún a bhí i mbarrachas na bliana airgeadais roimhe seo. Inscríobhadh an méid sin i mbuiséad 2025 trí bhuiséad leasaitheach agus laghdaíodh dá réir sin na ranníocaíochtaí acmhainní dílse ó na Ballstáit.

Maidir leis na hiarmhéideanna CBL agus OIN, leagtar amach na rialacha in Airteagal 10b den Rialachán maidir le cur ar fáil (Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ([3]) ón gComhairle). I gcás iarmhéideanna na bPlaisteach sonraítear na rialacha in Airteagal 9 den Rialachán maidir le Plaistigh a Chur ar Fáil (Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 2021/770 ([4]) ón gComhairle).

De réir na rialacha sin ríomhtar suim iomlán na n-iarmhéideanna ionas go mbeidh an tionchar ar bhuiséad an Aontais nialas ('córas glanluachála') agus ionas nach gcuimseofar leasú buiséadach leis an nós imeachta. Iarrann an Coimisiún, dá bhrí sin, go díreach ar na Ballstáit na glanmhéideanna a íoc i gcomhréir leis na rialacha den Rialachán maidir le cur ar fáil.

Teideal 3: Ioncam riaracháin

Cuimsítear go príomha leis an teideal seo ioncam ó chánacha agus tobhaigh ar an luach saothair foirne.

Teideal 4: Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha

Comhfhreagraíonn an phríomhchuid do na fíneálacha a bhaineann le cur chun feidhme na rialacha iomaíochta.

Teideal 5: Ráthaíochtaí buiséadacha, oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

Méadaíodh an teideal seo go mór le teacht NGEU. Is ioncam sannta iad cistí NGEU laistigh den teideal seo. Le Teideal 5 cumhdaítear ioncam a bhaineann le ráthaíochtaí agus ús agus aisíocaíochtaí iasachtaí a deonaíodh. Leis an teideal céanna déantar cistí (le haghaidh tacaíocht neamh-inaisíoctha NGEU faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus chun cláir CAI a atreisiú) a sheoladh freisin ó ioncam sannta a fhaigheann na Ballstáit faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (EURI).


([3]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta CBL agus acmhainní bunaithe ar an ollioncam náisiúnta a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/609/oj).

([4]) Rialachán (AE, Euratom) 2021/770 ón gComhairle an 30 Aibreán 2021 maidir le ríomh na hacmhainne dílse bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach ndéantar athchúrsáil uirthi, maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun an acmhainn dhílis sin a chur ar fáil, maidir le bearta chun riachtanais airgid a chomhlíonadh, agus maidir le gnéithe áirithe den acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta (IO L 165, 11.5.2021, lch. 15, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/770/oj).

Teideal 6: Ioncam, ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí a bhaineann le beartais an Aontais

Baineann an teideal seo go príomha le hioncam ó cheartúcháin airgeadais a bhaineann le cistí struchtúracha agus talmhaíochta (Cistí SIE, CERT agus CETFT). Cuimsítear leis freisin rannpháirtíocht tríú tíortha i gcláir thaighde, imréiteach cuntas i gcistí talmhaíochta agus ranníocaíochtaí agus aisíocaíochtaí eile le cláir/gníomhaíochtaí an Aontais. Cuid shubstaintiúil den iomlán sin is ea an t-ioncam sannta, rud a chuireann leithreasuithe breise á n-iontráil ar thaobh an chaiteachais.

Is é EUR 224 398 milliún a bhí san ioncam buiséid iomlán in 2025:



2.2. **Caiteachas**

2.2.1. *Cur chun feidhme an bhuiséid*

Buiséad glactha

In 2025, an cúigiú bliain de CAI 2021-2027, is é EUR 199.2 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 161.2 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ar an iomlán a bhí sa bhuiséad críochnaitheach a glacadh. Ina theannta sin, bhí EUR 27.1 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ar fáil mar ioncam sannta, méid as ar bhain EUR 0.2 billiún de le NGEU, agus tugadh EUR 1.8 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas anonn ó 2024. Is é EUR 85.9 billiún a bhí sna leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhain le hioncam sannta 2025, agus bhain EUR 43.8 billiún de sin le NGEU agus tugadh EUR 3.9 billiún i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí anonn ó 2024.

Cur chun feidhme na leithreasuithe faoi chomhair gealltanas

Mar thoradh ar fhaireachán gníomhach ar chur chun feidhme an bhuiséid agus ar an dea-chomhar idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún, cuireadh an buiséad chun feidhme ina iomláine.

Is é EUR 212,1 billiún a bhí sa mhéid iomlán a bhain le cur chun feidhme na leithreasuithe iomlána faoi chomhair gealltanas in 2025:

— EUR 196,1 billiún ón mbuiséad críochnaitheach a glacadh;

— EUR 1,6 billiún ó leithreasuithe a tugadh anonn nó a cuireadh ar fáil arís ó 2024 ar aghaidh;

— EUR 14,5 billiún ó leithreasuithe a eascraíonn as ioncam sannta;

— lena n-áirítear EUR 39 milliún ó NGEU.

Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme

Is é EUR 216,4 billiún a bhí sa mhéid iomlán a bhain le cur chun feidhme na leithreasuithe iomlána faoi chomhair íocaíochtaí in 2025:

— EUR 155,2 billiún ón mbuiséad críochnaitheach a glacadh;

— EUR 3,6 billiún ó leithreasuithe a tugadh anonn nó a cuireadh ar fáil arís ó 2024 ar aghaidh;

— EUR 57,6 billiún ó leithreasuithe a eascraíonn as ioncam sannta;


— agus EUR 41,7 billiún de sin ó NGEU.

I gcásanna ina gceadaítear sin leis an Rialachán Airgeadais ([5]) agus/nó le bunúis dlí clár sonrach, tugadh anonn go 2026 leithreasuithe an bhuiséid ar vótáladh ina fhabhar, ar leithreasuithe iad nár cuireadh chun feidhme in 2025: EUR 2,1 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus EUR 6.1 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Ar an gcaoi chéanna, tugadh EUR 12,4 billiún de leithreasuithe faoi chomhair gealltanas d'ioncam sannta agus EUR 28,3 billiún de leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí d'ioncam sannta anonn go 2026 i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais.

([5]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (athmhúnlú), IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Is mar a leanas a cuireadh chun feidhme leithreasuithe 2025 faoi chomhair gealltanas in aghaidh cheannteideal CAI 2021-2027:



Maidir le cur chun feidhme 2025 le haghaidh gach cineáil leithreasaithe (buiséad, tabhairt ar aghaidh ón mbliain roimhe agus ioncam sannta), 93 % a bhí ann i gcás gealltanas agus 86 % i gcás íocaíochtaí. Maidir le rátaí cur chun feidhme lena n-áirítear na leithreasuithe a tugadh anonn go 2026 (i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais agus/nó bunúis dlí), bhain siad 99.5 % amach i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus 100 % i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí den bhuiséad ar vótáladh ina fhabhar le haghaidh 2025.

Inscríobhadh ina n-iomláine leithreasuithe NGEU le haghaidh na tacaíochta neamh-inaisíoctha in 2021, i.e. EUR 421,1 billiún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas. Ba é 2023 an bhliain dheireanach a d'fhéadfaí na gealltanais dhlíthiúla ghaolmhara a dhéanamh ina leith.

In 2025, EUR 43,8 billiún a bhí i leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí NGEU agus shroich an cur chun feidhme 95.4 %. Tugadh an méid a bhí fágtha de na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, EUR 2,0 billiún, anonn go 2026.

2.2.2. *Leithreasuithe faoi chomhair gealltanas a cuireadh ar ceal go cinntitheach*

Faoin Rialachán maidir le Coinníollacht, rinneadh saoradh EUR 1 078 milliún san iomlán (a raibh EUR 30 milliún de faoi NGEU) a phostáil le linn 2023 maidir le gealltanais a bhaineann leis an Ungáir. Faoi dheireadh 2025, níorbh fhéidir na leithreasuithe gaolmhara faoi chomhair gealltanas a athbhunú agus cuireadh ar ceal go cinntitheach iad.

2.2.3. *Gealltanais le híoc*

Na gealltanais le híoc (dá ngairtear RAL - *reste à liquider* go coitianta), a chomhfhreagraíonn do mhéideanna a gealladh ach nár íocadh astu go fóill, is é EUR 501,1 billiún a bhí iontu ag deireadh 2025. Tháinig laghdú ar na gealltanais le híoc i gcomparáid le 2024 (laghdú EUR 6,3 billiún).

Ba é cur chun feidhme NGEU (an chuid neamh-inaisíoctha), a chuir EUR 124,1 billiún (24.9 %) le RAL iomlán ag deireadh 2025, is mó a spreag laghdú 2025 ar RAL.

2.2.4. *Toradh an bhuiséid*

Tháinig méadú ar thoradh an bhuiséid (barrachas) ó EUR 1,3 billiún in 2024 go EUR 2,1 billiún in 2025. Is é róchur chun feidhme an ioncaim bhuiséadaigh ar theideal 4 - Ioncam airgeadais, ús mainneachtana agus fíneálacha is mó a imríonn tionchar ar thoradh bhuiséad 2025.

3. **CUR CHUN FEIDHME NGEU**

3.1. **Forbhreathnú**

Ag deireadh 2025, bhí luach EUR 468,8 billiún de thacaíocht airgeadais ar an iomlán eisíoctha ag an gCoimisiún. Eisíocadh formhór an mhéid sin, EUR 393,4 billiún, faoi STA (lena n-áirítear tacaíocht d'athchóirithe agus infheistíochtaí REPowerEU), agus eisíocadh EUR 237,5 billiún de sin mar thacaíocht neamh-inaisíoctha agus EUR 155,9 billiún mar thacaíocht d'iasachtaí airgeadais. Eisíocadh EUR 75.4 billiún breise (glan ó aisghabhálacha) mar íocaíochtaí CAI faoi chláir reatha.

3.2. **Eisíocaíochtaí tacaíochta neamh-inaisíoctha leis na Ballstáit faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (lena n-áirítear REPowerEU)**

Ag deireadh 2025, is éard a bhí in iomlán na tacaíochta neamh-inaisíoctha a formheasadh agus a gealladh go dlíthiúil

EUR 359,9 billiún. Is é EUR 237,5 billiún a bhí sa tacaíocht neamh-inaisíoctha iomlán a eisíocadh:

EUR billiún

Ballstát	Luach iomlán na ndeontas 31.12.2025	Gealltanais bhuiséadacha 31.12.2025 ([1])	Iomlán eisíoctha 31.12.2025
an Ostair	4,0	4,0	3,3
an Bheilg	5,0	5,0	3,0
an Bhulgáir	6,2	6,2	3,3
an Chróit	5,8	5,8	4,7
an Chipir	1,0	1,0	0,5
an tSeicia	8,4	8,4	5,9
an Danmhairg	1,6	1,6	1,1
an Eastóin	1,0	1,0	0,6
an Fhionlainn	1,9	1,9	1,1
an Fhrainc	40,3	40,3	34,1
an Ghearmáin	30,3	30,3	19,8
an Ghréig	18,2	18,2	12,0

EUR billiún

Ballstát	Luach iomlán na ndeontas 31.12.2025	Gealltanais bhuiséadacha 31.12.2025 ([1])	Iomlán eisíoctha 31.12.2025
an Ungáir	6,5	6,5	0,1
Éire	1,2	1,2	0,7
an Iodáil	71,8	71,8	54,1
an Laitvia	2,0	2,0	1,1
an Liotuáin	2,3	2,3	1,1
Lucsamburg	0,2	0,2	0,1
Málta	0,3	0,3	0,2
an Ísiltír	5,4	5,4	2,5
an Pholainn	25,3	25,3	9,5
an Phortaingéil	16,3	16,3	10,4
an Rómáin	13,6	13,6	6,4
an tSlóvaic	6,4	6,4	4,0
an tSlóivéin	1,6	1,6	1,1
an Spáinn	79,9	79,9	55,1
an tSualainn	3,4	3,4	1,6
Iomlán	**359,9**	**359,9**	**237,5**

([1]) *Le gealltanais bhuiséadacha, cuirtear san áireamh an saoradh uile lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le gealltanais a rinneadh roimh 2025. As iomlán na ngealltanas buiséadach, gealladh EUR 1.0 billiún in 2025.*

Le linn 2025, d'eisíoc an Coimisiún EUR 40.1 billiún de thacaíocht neamh-inaisíoctha ar an iomlán. Ba leis an Iodáil (EUR 7.6 billiún) agus leis an Spáinn (EUR 7.1 billiún) a rinneadh na príomh-eisíocaíochtaí, agus ina dhiaidh sin leis an nGréig (EUR 3.5 billiún) agus leis an bhFrainc (EUR 3.3 billiún).

3.3. **Eisíocaíochtaí iasachtaí faoi STA (lena n-áirítear REPowerEU)**

Ag deireadh 2025, is é EUR 277,2 billiún a bhí sa tacaíocht iasachta airgeadais iomlán a formheasadh agus a cumhdaíodh le comhaontuithe iasachta sínithe. Is é EUR 155,9 billiún a bhí sa tacaíocht iasachta airgeadais iomlán a eisíocadh:

EUR billiún

Ballstát	Iomlán deonaithe an 31.12.2025	Iomlán sínithe an 31.12.2025	Iomlán eisíoctha 31.12.2025	Iomlán aisíoctha 31.12.2025	Iomlán le híoc 31.12.2025
an Bheilg	0,2	0,2	0,1	–	0,1
an Chróit	4,3	4,3	1,7	–	1,7
an Chipir ([1])	0,0	0,0	0,0	–	0,0
an tSeicia	0,3	0,3	0,2	–	0,2
an Ghréig	17,7	17,7	11,4	–	11,4
an Ungáir	3,9	3,9	0,8	–	0,8
an Iodáil	122,6	122,6	99,1	–	99,1
an Liotuáin	1,6	1,6	0,8	–	0,8
an Pholainn	29,4	29,4	17,4	–	17,4

EUR billiún

Ballstát	Iomlán deonaithe an 31.12.2025	Iomlán sínithe an 31.12.2025	Iomlán eisíoctha 31.12.2025	Iomlán aisíoctha 31.12.2025	Iomlán le híoc 31.12.2025
an Phortaingéil	5,6	5,6	3,4	–	3,4
an Rómáin	7,8	7,8	4,3	–	4,3
an tSlóivéin	0,5	0,5	0,5	–	0,5
an Spáinn	83,2	83,2	16,3	–	16,3
Iomlán	**277,2**	**277,2**	**155,9**	–	**155,9**

([1]) Cuireadh tacaíocht iasachta iomlán EUR 0,2 billiún ar fáil don Chipir trí bhíthin Chinneadh Cur Chun Feidhme ón gComhairle an 28 Iúil 2021 chun tacú le hathchóirithe agus infheistíochtaí. D'iarr an Chipir go mbainfí na hathchóirithe agus na hinfheistíochtaí sin agus níor iarr sí go mbainfí úsáid as na hacmhainní iasachta a saoradh chun tacú le bearta nua ná chun cur le leibhéal cur chun feidhme na mbeart atá ann cheana laistigh dá Plean Téarnaimh agus Athléimneachta. Dá bhrí sin, ní chuirfear aon tacaíocht iasachta ar fáil don Chipir amach anseo, agus tá an réamh-mhaoiniú iasachta a eisíocadh cheana, ar fiú EUR 26 milliún é, in-aisíoctha i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe iasachta ábhartha.

Le linn 2025, sholáthair an Coimisiún tacaíocht iasachta airgeadais nua dar luach EUR 47,2 billiún. Ba leis an Iodáil (EUR 23,4 billiún) agus leis an Spáinn (EUR 15,9 billiún) a íocadh na príomh-eisíocaíochtaí, agus ina dhiaidh sin leis an bPolainn (EUR 4 billiún). De réir na gcomhaontuithe iasachta, aisíocfaidh na Ballstáit 5 % de na méideanna eisíoctha ar bhonn bliantúil, agus tosóidh siad á n-aisíoc 10 mbliana tar éis an dáta eisíocaíochta. Is é an toradh a bhíonn air sin tréimhse aisíocaíochta ó 2032 go 2055 le haghaidh na n-iasachtaí a eisíocadh go dtí an 31 Nollaig 2025.

3.4. **Eisíocaíochtaí tacaíochta neamh-inaisíoctha le cláir faoi bhuiséad an Aontais**

Ag deireadh 2025, is é EUR 75,4 billiún a bhí i méid iomlán na nglaníocaíochtaí a eisíocadh le cláir eile faoi CAI. Baineann an ranníocaíocht sin, atá glan ó aisghabhálacha, go príomha le REACT-EU, ar tionscnamh é lena maoinítear Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE, lena n-áirítear FEAD):

EUR billiún

Clár-CAI	Leithdháileadh iomlán 31.12.2025	Iomlán na nglanghealltanas 31.12.2025	Iomlán na nglaníocaíochtaí 31.12.2025
REACT-EU	50,6	50,6	50,4
— *agus de sin: CFRE*	*30,0*	*30,0*	*29,9*
— *agus de sin: CSE (lena n-áirítear FEAD)*	*20,6*	*20,6*	*20,5*
An Ciste um Aistriú Cóir	10,9	10,8	7,4
Forbairt Tuaithe (CETFT)	8,1	8,1	6,0
InvestEU	6,1	6,1	4,9
Fís Eorpach	5,4	5,4	5,2
RescEU	2,0	2,0	1,5
Iomlán	**83,1**	**83,0**	**75,4**


Le linn 2025, d'eisíoc an Coimisiún EUR 8,5 billiún in íocaíochtaí le cláir CAI eile, ar le REACT-EU is mó a eisíocadh iad (EUR 4,1 billiún).

4. ANAILÍS AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

4.1. Ioncam

Ionchorpraítear in ioncam comhdhlúite an Aontais méideanna a bhaineann le hidirbhearta malairte agus idirbhearta neamh-mhalairte, arb iad na hidirbhearta neamh-mhalairte na hidirbhearta is mó. Is mar a leanas atá treocht 5 bliana na bpríomhchatagóirí ioncaim neamh-mhalairte (ina gcuimsítear acmhainní OIN, acmhainní traidisiúnta dílse, acmhainní CBL, acmhainní dílse plaisteacha, Fíneálacha agus Aisghabháil speansas):

Treocht 5 bliana an ioncaim ó phríomh-idirbhearta neamh-mhalairte*



1 *Figiúirí 2021 go 2025: gan ioncam a bhaineann le tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas ná ioncam eile a áireamh*

Toisc gur cheart an t-ioncam buiséid a bheith cothrom leis an gcaiteachas buiséid (nó a bheith níos mó ná an caiteachas buiséid), is iad na híocaíochtaí a dhéantar gach bliain is mó a spreagann an treocht ioncaim a léirítear thuas.

Príomhfhorbairtí in 2025

In 2025, is é EUR 202,5 billiún a bhí san ioncam iomlán, inar cuimsíodh gach catagóir ioncaim, i gcomparáid le EUR 175,7 billiún an bhliain roimhe sin. Ba iad seo a leanas na príomhfhorbairtí lena mínítear an méadú EUR 26,8 billiún nó 15,3 %:

— Tháinig méadú EUR 1,3 billiún ar ioncam a bhaineann le fíneálacha, agus sin go príomha mar gheall ar fhíneálacha a eisíodh do chuideachtaí;

— Tháinig méadú EUR 2,6 billiún ar ioncam airgeadais, agus sin go príomha mar gheall ar ús méadaithe a tuilleadh ar iasachtaí;

— Tháinig méadú ar ranníocaíochtaí CBL ó EUR 24,5 billiún in 2024 go dtí EUR 25,7 billiún in 2025;

— Tháinig laghdú ar acmhainní dílse plaisteacha ó EUR 8,2 billiún in 2024 go EUR 7,5 billiún in 2025;


— Tháinig méadú ar acmhainní dílse traidisiúnta ó EUR 20,6 billiún in 2024 go EUR 23,4 billiún in 2025; agus

— Tháinig méadú ó EUR 95 bhilliún in 2024 go dtí EUR 106,3 billiún in 2025 ar ioncam ó OIN (ollioncam náisiúnta), ar príomhghné d'ioncam oibriúcháin an Aontais é. Is é is cúis go príomha leis an méadú EUR 11,3 billiún nó 11,9 % an méadú ar riachtanais maidir le leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

4.2. Speansais

Is éard atá i bpríomh-chomhpháirt na speansas a aithnítear sna ráitis airgeadais chomhdhlúite speansais arna dtarmligean chuig na Ballstáit faoi bhainistíocht chomhroinnte, lena n-áirítear na cistí seo a leanas: (i) An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT), (ii) An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ionstraimí forbartha tuaithe eile, (iii) Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) agus An Ciste Comhtháthaithe (CC), agus (iv) Ciste Sóisialta na hEorpa (CSE). Bhí EUR 106,3 billiún nó 41,3 % de na speansais iomlána, is é sin, EUR 257,1 billiún, a tabhaíodh in 2025 i gceist leis na cistí sin (2024: EUR 101,9 billiún, 37,3 % de na speansais iomlána). Cuirtear i láthair thíos deighilt na speansas arna dtarmligean chuig na Ballstáit agus a n-ualaí coibhneasta:

Príomhspeansais arna dtarmligean chuig na Ballstáit le haghaidh na bliana airgeadais 2025 (bainistíocht chomhroinnte)




Baineann an méadú ar na speansais arna dtarmligean chuig na Ballstáit (bainistíocht chomhroinnte) go príomha le CFRE agus leis an gCiste Comhtháthaithe (faoi EUR 2,2 billiún) i gcás ina leanann na gníomhaíochtaí de bheith ag dul chun cinn, chomh maith leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT).

Tháinig laghdú ar speansais a bhaineann le haistrithe lena n-áirítear deontais agus tacaíocht bhuiséadach, ó EUR 98,8 billiún in 2024 go EUR 78,8 billiún in 2025. Tharla an laghdú EUR 19,9 billiún den chuid is mó mar gheall ar mhaoiniú na tacaíochta neamh-inaisíoctha a deonaíodh faoi STA NGEU, a raibh EUR 46,8 billiún i gceist leis (2024: EUR 65,8 billiún) D'ainneoin an laghdaithe nach beag sin ar speansais, leantar den dul chun cinn maidir le garspriocanna agus spriocanna a chur chun feidhme.

4.3. Sócmhainní

EUR 617,4 billiún a bhí sna sócmhainní iomlána an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 518,5 billiún). Is é is cúis leis an méadú den chuid is mó iasachtú breise faoi chlár STA agus iasachtaí nua arna n-eisiúint don Úcráin faoin tSaoráid don Úcráin agus cúnamh macrairgeadais an tsásra comhair le haghaidh iasachtaí don Úcráin. Ar na sócmhainní ba mhó ar chlár comhardaithe an Aontais bhí sócmhainní airgeadais seachas airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (EUR 386,1 billiún), réamh-mhaoiniú (EUR 76,7 billiún), suimeanna infhaighte agus méideanna in-aisghabhála (EUR 34,1 billiún) agus airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (EUR 103 bhilliún). Ar na sócmhainní eile a bhí ann, arbh fhiú EUR 17,5 billiún iad, bhí réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe den chuid is mó.

Comhdhéanamh na sócmhainní an 31 Nollaig 2025



Is mar gheall go príomha ar na héifeachtaí seo a leanas a tháinig an méadú EUR 99,0 billiún nó 19,1 % ar shócmhainní iomlána ón mbliain roimhe sin:

— Tháinig méadú ar na hiasachtaí gan aisíoc ó EUR 283,6 billiún in 2024 go EUR 333,4 billiún in 2025. Léiríonn an méadú EUR 49,8 billiún nó 17,6 % den chuid is mó eisiúint iasachtaí breise do na Ballstáit faoi STA agus REPowerEU (EUR 47,2 billiún) agus iasachtaí nua faoi chláir na Saoráide don Úcráin agus cúnamh macrairgeadais (EUR 10,1 billiún agus EUR 18,4 billiún faoi seach), arna bhfritháireamh le haisíocaíochtaí EFSM agus SURE (EUR 4,9 billiún agus EUR 8,0 billiún faoi seach) agus méadú ar lagú EUR 14,4 billiún go príomha mar gheall ar iasachtaí nua don Úcráin;

— Tháinig méadú ar airgead tirim agus coibhéisí airgid ó EUR 63,2 billiún in 2024 go dtí EUR 103,0 billiún in 2025. Is é is cúis leis an méadú EUR 39,9 billiún nó 63 % den chuid is mó an leachtacht níos airde a bhaineann leis an gcistiú aontaithe (EUR 33,9 billiún in 2024 i gcomparáid le EUR 65,2 billiún ag deireadh 2025), a d'eascair as ardleibhéal eisíocaíochtaí atá beartaithe do thús 2026.

Réamh-mhaoiniú (réamhíocaíochtaí atá geallta go dlíthiúil)


In 2025, EUR 71,3 billiún a bhí sa réamh-mhaoiniú, gan réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit agus ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais Bêkou agus na hAfraice san áireamh (2024: EUR 75,1 billiún). Baineann an ghluaiseacht is suntasaí le réamh-mhaoiniú STA, ar tháinig laghdú air ó EUR 15,4 billiún go EUR 10,2 billiún in 2025, i gcomhréir le gnáthchur chun feidhme an chláir, ós rud é nár eisíocadh aon réamh-mhaoiniú breise in 2025.

Bíonn tionchar nach beag ag an timthriall CAI ar leith ar leibhéal an réamh-mhaoinithe a dheonaítear faoi chláir CAI – ag tús tréimhse CAI tá coinne leis go n-íocfar réamhíocaíochtaí móra le Ballstáit faoi bheartas comhtháthaithe agus beidh na méideanna sin ar fáil do na Ballstáit go dtí go ndúnfar na cláir, mar shampla. Íoctar réamh-mhaoiniú bliantúil freisin, nach mór é a úsáid laistigh de bhliain nó é a aisíoc an bhliain ina dhiaidh sin mar chuid de dhúnadh bliantúil an timthrialla cuntas. Déanann an Coimisiún gach iarracht chun a áirithiú go gcoinnítear réamh-mhaoiniú ar leibhéal iomchuí. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir cistiú leordhóthanach a áirithiú le haghaidh tionscadal agus caiteachas a aithint go tráthúil.

4.4. Dliteanais

An 31 Nollaig 2025 bhí na dliteanais iomlána cothrom le EUR 976,6 billiún (2024: EUR 827,3 billiún). Is iad na hiasachtaí a fuarthas in 2025 faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe is mó is cúis leis an méadú. Ba iad na dliteanais ba shuntasaí iasachtaíocht chun iasachtaí do Bhallstáit agus do thríú tíortha a mhaoiniú (EUR 731,2 billiún), oibleagáidí pinsin agus dliteanais sochar iarfhostaíochta eile (EUR 91,1 billiún), muirir fhabhraithe agus ioncam iarchurtha (EUR 77,0 billiún) agus suimeanna iníoctha le tríú páirtithe (EUR 65 bhilliún).

Comhdhéanamh na ndliteanas an 31 Nollaig 2025




Tharla an méadú EUR 149,3 billiún nó 18,0 % ar an mbliain roimhe de bharr na n-éifeachtaí seo a leanas go príomha:

— Tháinig méadú ar iasachtaí ó EUR 594,0 billiún in 2024 go EUR 731,2 billiún in 2025. Baineann an méadú EUR 137,2 billiún nó 23,1 % go príomha leis an eisiúint nua faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe glan ó aisíocaíochtaí (EUR 148,3 billiún) le haghaidh STA, na Saoráide don Úcráin agus iasachtaí cúnaimh macrairgeadais, lúide EFSM, aisíocaíochtaí SURE agus Comhardú na nÍocaíochtaí de EUR 10,6 billiún;

— Tháinig méadú ar mhuirir fhabhraithe agus ar ioncam iarchurtha ó EUR 67,1 billiún in 2024 go EUR 77,0 billiún in 2025. Baineann an méadú EUR 9,9 billiún nó 14,8 % go príomha le STA; agus

— Tháinig méadú ar shuimeanna iníoctha ó EUR 55,4 billiún in 2024 go EUR 65 billiún in 2025. Baineann an méadú EUR 9,6 billiún nó 17,3 % go príomha le CFRE, CC agus CSE (méadú EUR 13,9 billiún).

Costas iomlán na n-éileamh agus na sonrasc a fuarthas agus a aithníodh sa Chlár Comhardaithe faoin gceannteideal 'Suimeanna iníoctha'



4.5. **Glansócmhainní**

EUR 359.2 billiún a bhí i bhfarasbarr na ndliteanas thar shócmhainní an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 308.8 billiún). Is iad na hítimí is suntasaí as a n-eascraíonn an méadú sin iasachtaí breise faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe (atá le haisíoc suas le 2055, féach Roinn **5.1.1**), méadú ar chur chun feidhme beartas agus méadú gaolmhar ar leithreasuithe faoi chomhair gealltanas, dliteanas sochar fostaithe (atá le híoc thar roinnt deacáidí) chomh maith le híocaíochtaí a bhaineann le CERT, ar íocadh an chuid is mó díobh sa chéad ráithe de 2026.

Ba cheart a thabhairt faoi deara nach gciallaíonn an farasbarr dliteanas sin thar shócmhainní go bhfuil deacrachtaí airgeadais ag institiúidí agus comhlachtaí an Aontais, ach ciallaíonn sé go gcisteofar dliteanais áirithe le buiséid bhliantúla amach anseo. Aithnítear go leor speansas faoi rialacha cuntasaíochta maidir le fabhrú sa bhliain reatha cé go bhféadfaí iad a íoc i ndáiríre sna blianta ina dhiaidh sin agus go bhféadfaí iad a chistiú ó bhuiséid a bheidh ann amach anseo; ní chuirfear an t-ioncam a bhaineann leis an gcistiú sin amach anseo san áireamh ach amháin i dtréimhsí amach anseo.

4.6. **Tarraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach**

Faoin gComhaontú um Tharraingt Siar, leanfaidh an Ríocht Aontaithe de ranníocaíocht a dhéanamh le buiséad an Aontais agus de thairbhiú de chláir agus caiteachas an Aontais roimh 2021 amhail is dá mba Bhallstát í. Gheobhaidh an Ríocht Aontaithe suimeanna sainithe áirithe ar ais freisin a d'íoc sí isteach i mbuiséad an Aontais nó airgead a fuarthas i mbuiséad an Aontais mar gheall ar thréimhse bhallraíochta na Ríochta Aontaithe. Tuairiscíonn an tAontas Eorpach chuig an Ríocht Aontaithe 2 uair sa bhliain ar mhéideanna atá dlite agus íocann an Ríocht Aontaithe na méideanna sin ar bhonn míosúil. Tugtar an tuairisciú cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar fhigiúirí iarbhír.

Trí bhíthin na n-oibleagáidí faoin gComhaontú um Tharraingt Siar cruthaítear dliteanais agus suimeanna infhaighte don Aontas nach mór iad a ríomh agus a léiriú i gcuntais bhliantúla an Aontais. Cumhdaítear na réimsí seo a leanas leo go háirithe:

— acmhainní dílse (Airteagal 136)

— gealltanais le híoc (Airteagal 140)

— fíneálacha comórtais (Airteagal 141)

— Dliteanais an Aontais (Airteagal 142)

— dliteanais airgeadais theagmhasacha agus ionstraimí airgeadais (Airteagail 143 agus 144)

— glansócmhainní an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach (Airteagal 145)

— Infheistíocht an Aontais Eorpaigh sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI) (Airteagal 146)

— dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna dlí (Airteagal 147).

EUR milliún

	Airteagal 140	Airteagal 142	Eile	31.12.2025	31.12.2024
Dlite ón Ríocht Aontaithe	*2 327*	*9 599*	*166*	*12 092*	*14 683*
Dlite don Ríocht Aontaithe	*–*	*–*	*(1 331)*	*(1 331)*	*(1 922)*
Iomlán	**2 327**	**9 599**	**(1 165)**	**10 761**	**12 762**
Neamhreatha	*1 928*	*9 244*	*(915)*	*10 256*	*11 231*
Reatha	*399*	*355*	*(250)*	*505*	*1 530*

An 31 Nollaig 2025, EUR 10 761 milliún a bhí sa ghlanfháltas ón Ríocht Aontaithe bunaithe ar oibleagáidí a d'eascair as forálacha airgeadais an Chomhaontaithe um Tharraingt Siar (2024: EUR 12 762 mhilliún). Áirítear ar phríomhghnéithe an fhála infhaighte sin oibleagáidí na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 142, a bhaineann le dliteanais sochair iarfhostaíochta an Aontais (EUR 9 599 milliún) agus Airteagal 140, a bhaineann le gealltanais bhuiséadacha le híoc (EUR 2 327 milliún).

5. DLITEANAIS THEAGMHASACHA BHUISÉADACHA

Le blianta beaga anuas, tá níos mó úsáide á baint ag an Aontas as ionstraimí airgeadais (amhail iasachtaí, ráthaíochtaí agus infheistíochtaí cothromais) mar bhealach chun a chuid beartas a chur chun feidhme agus chun cuspóirí an Aontais a shaothrú. Mar shampla, is é is aidhm do na hiasachtaí a thugann an tAontas dá Bhallstáit nó dá thíortha comhpháirtíochta cobhsaíocht airgeadais a athbhunú nó téarnamh eacnamaíoch ó ghéarchéimeanna a chur chun cinn. Is é príomhchuspóir chláir ráthaíochta an Aontais borradh a chur faoi infheistíochtaí agus rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'fhonn aghaidh a thabhairt ar chliseadh margaidh sna príomhréimsí beartais.

Nuair a chuireann an tAontas tacaíocht ar fáil i bhfoirm ráthaíochtaí, tá sé ag súil le borradh a chur faoin infheistíocht le hiliomad dá ranníocaíochtaí buiséadacha trí thacaíocht ó institiúidí airgeadais agus infheisteoirí eile a ghiaráil.

Agus iasachtaí á ndeonú do thríú tíortha nó ráthaíochtaí á soláthar, d'fhéadfadh sé go dtabhódh buiséad an Aontais caillteanais, nuair a tharlaíonn roinnt teagmhas - nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an Aontais. Ós rud é nach dócha go dtiocfaidh caillteanais a eascraíonn as neamh-aisíocaíocht na dtairbhithe deiridh chun cinn ina n-iomláine, ní shealbhaíonn an tAontas sócmhainní le haghaidh na ndliteanas féideartha sin ina n-iomláine ([6]), ach suas go dtí an leibhéal is gá chun na caillteanais a bhfuil coinne leo, agus maolán sábháilteachta leordhóthanach le haghaidh caillteanais gan choinne, a chumhdach. Mar sin féin, dá dtarlódh caillteanais os cionn na méideanna arna soláthar, chumhdódh na Ballstáit iad trí bhuiséid an Aontais amach anseo. Ar an gcaoi sin, cruthaíonn iasachtaí agus ráthaíochtaí buiséadacha 'dliteanais theagmhasacha bhuiséadacha' do bhuiséad an Aontais.

Déanann an tAontas faireachán tráthrialta ar inbhuanaitheacht a dhliteanas teagmhasach agus ar leordhóthanacht na sócmhainní arna soláthar a shealbhaítear sa Chiste don Soláthar Coiteann ([7]) (féach Roinn **5.3** thíos).

Ag deireadh 2025, EUR 475,7 billiún a bhí i ndliteanais theagmhasacha bhuiséadacha an Aontais, ar bhain EUR 363,1 billiún de sin leis na hiasachtaí gan aisíoc le stáit cheannasacha (ús ainmniúil EUR 359,4 billiún agus ús fabhraithe EUR 3,7 billiún) agus bhain EUR 112,6 billiún le huasmhéideanna (uasteorainneacha) na ráthaíochtaí a eisíodh. Maidir leis na hiasachtaí, bhain EUR 286,1 billiún le hiasachtaí do na Ballstáit agus EUR 77 billiún le hiasachtaí do thríú tíortha. EUR 27,4 billiún a bhí sna sócmhainní a soláthraíodh le haghaidh iasachtaí do thríú tíortha agus le haghaidh ráthaíochtaí.


Tabhaíonn an tAontas dliteanais eile freisin, dliteanais nach dliteanais theagmhasacha iad, nach maoineoidh na Ballstáit iad ach trí bhuiséid a bheidh ann amach anseo, mar gheall ar a gcineál fadtéarmach. Baineann sé sin den chuid is mó leis an dliteanas pinsin (EUR 91.1 billiún amhail an 31 Nollaig 2025) agus leis an gcistiúcháin aontaithe lena maoiníodh deontais le hiasachtaí NGEU lenar maoiníodh deontais STA/REPowerEU agus roinnt cláir CAI eile (EUR 312.9 billiún amhail an 31 Nollaig 2025, féach Ranna **3.2** agus **3.4**).

5.1. Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

5.1.1. *Iasachtaíocht*

Faigheann an tAontas iasachtaí trí urrúis a eisiúint ar mhargaí caipitil idirnáisiúnta. I ndeireadh na dála, ráthaíonn buiséad an Aontais iasachtaí uile an Aontais. Go dtí 2020, níor úsáideadh iasachtaí ach amháin chun gníomhaíochtaí iasachtaithe a mhaoiniú, féach Roinn **5.1.2.** Tar éis ionstraim NGEU a thabhairt isteach, úsáidtear iasachtaí freisin chun tacaíocht neamh-inaisíoctha STA/REPower a mhaoiniú, féach Roinn **3.2.**

An cur chuige cistiúcháin



([6]) Cé is moite de ráthaíochtaí áirithe dá bhforáiltear faoi chláir na n-ionstraimí airgeadais de chuid CAInna roimhe seo, a maoiníodh nó a soláthraíodh go hiomlán ó bhuiséad an Aontais.

([7]) Féach an 'Tuarascáil ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh airgeadais agus dliteanais theagmhasacha' a eisíonn an Coimisiún gach bliain.

Go dtí 2020, lean an Coimisiún cur chuige 'droim le droim' inar eisigh sé banna tiomnaithe chun comhaontú iasachta sonrach a chistiú. Aistríodh an t-airgid go díreach chuig an tír thairbhíoch ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna (ráta úis, aibíocht). Rinneadh uainiú, méid agus aibíocht na n-eisiúintí bannaí a chinneadh de réir riachtanais an tairbhí.

Maidir le hionstraim NGEU, úsáideann an Coimisiún cur chuige cistiúcháin chomhthiomsaithe éagsúlaithe i gcás nach bhfuil na hiasachtaí á gcistiú go díreach le heisíocaíochtaí sonracha. Ina ionad sin, eisítear an fiachas de réir pleananna cistiúcháin -leathbhliantúla, trí bhannaí fadtéarmacha agus billí gearrthéarmacha. Úsáideann an Coimisiún ceantanna agus sindeacáitiú chun na hurrúis sin a eisiúint. Ansin, cuireann sé na costais ar aghaidh, i gcomhréir leis an modheolaíocht leithdháilte costas a comhaontaíodh leis na Ballstáit ([8]), chuig na tairbhithe le haghaidh na n-iasachtaí agus chuig buiséad an Aontais le haghaidh na tacaíochta neamh-inaisíoctha. Cuireann an cur chuige cistiúcháin chomhthiomsaithe sin gníomhaíocht iasachtaíochta agus iasachtaithe níos solúbtha agus níos comhleanúnaí ar fáil. Cuireann sé costais chistiúcháin níos fearr ar fáil freisin agus éascaíonn sé creat riosca agus comhlíonta níos fearr a cheapadh. Leis an tsolúbthacht chistiúcháin sin, tá gá freisin le maolán leachtachta le haghaidh bainistiú éifeachtúil leachtachta.

De réir Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([9]) i mí na Nollag 2022, is féidir leis an gCoimisiún an cur chuige sin a úsáid le haghaidh gach iasachtaíochta sa todhchaí. Ar an gcaoi sin, is féidir leis an gcúnamh macrairgeadais (MFA)+ don Úcráin, leis an tSaoráid don Úcráin agus le cláir iasachtaithe eile tairbhe a bhaint as an mbainistiú fiachais sin atá solúbtha agus éifeachtúil ó thaobh costais de, rud a chruthóidh cur chuige cistiúcháin aontaithe le haghaidh iasachtaí uile an Aontais.

Mhéadaigh iasachtaí gan aisíoc an Aontais go méid iomlán EUR 738.9 billiún an 31 Nollaig 2025. Áirítear sa mhéid sin EUR 78.5 billiún de Bhannaí Glasa NGEU. Tá Creat Bannaí Glasa NGEU mar bhonn taca leis na heisiúintí sin, creat atá ailínithe le Prionsabail Bannaí Glasa an Chomhlachais Idirnáisiúnta Margaí Caipitil (ICMA) ([10]). Cistí a thiomsaítear trí Bhannaí Glasa NGEU, maoiníonn siad bearta atá ábhartha maidir leis an aeráid ar bearta iad ó na pleananna náisiúnta Téarnaimh agus Athléimneachta faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (STA).

Léirítear sa tábla thíos sceideal aisíocaíochta iasachtaí gan aisíoc an Aontais (ainmniúil in EUR billiún) an 31 Nollaig 2025:

	AONTAITHE	IASACHTAÍ DROIM LE DROIM				IOMLÁN
	CISTIÚ	SURE	EFSM	MFA	Euratom	
2026	69,9	8,0	6,2	0,1	0,0	84,2
2027	37,2	0,0	3,0	0,2	0,1	40,4
2028	55,6	10,0	2,3	0,2	0,1	68,2
2029	34,1	8,1	1,4	0,9	0,0	44,5
2030	27,7	10,0	0,0	0,1	0,1	37,9
2031	39,2	0,0	6,6	1,2	0,1	47,0
2032	30,3	0,0	3,0	0,7	0,0	34,1
2033	15,7	0,0	2,1	0,5	0,0	18,3
2034	39,7	0,0	0,0	0,7	0,0	40,5
2035	16,9	8,5	2,0	2,0	0,0	29,4
2036	0,0	9,0	5,8	1,3	0,0	16,1
2037	18,4	8,7	0,0	0,9	0,0	28,1

([8]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/9701 ón gCoimisiún.

([9]) Rialachán (AE, Euratom) 2022/2434 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Nollaig 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 a mhéid a bhaineann le straitéis cistiúcháin éagsúlaithe a bhunú mar mhodh ginearálta iasachtaíochta (IO L 319, 13.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2434/oj).

([10]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Bhuiséid, *Green bonds - Impact and allocation report* [Bannaí glasa - Tuarascáil ar thionchar agus ar leithdháileadh] - Tuarascáil NGEU 2023, Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2023, https://data.europa.eu/doi/10.2761/302803.

	AONTAITHE	IASACHTAÍ DROIM LE DROIM				IOMLÁN
	CISTIÚ	SURE	EFSM	MFA	Euratom	
2038	17,0	0,0	1,8	0,3	0,0	19,1
2039	19,3	0,0	0,0	0,1	0,0	19,4
2040	6,0	7,0	0,0	0,5	0,0	13,5
2041	16,9	0,0	0,0	0,0	0,0	16,9
2042	13,3	0,0	3,0	2,0	0,0	18,3
2043	12,0	0,0	0,0	0,0	0,0	12,0
2044	14,4	0,0	0,0	0,0	0,0	14,4
2045	12,6	0,0	0,0	0,0	0,0	12,6
2046	0,0	5,0	0,0	0,0	0,0	5,0
2047	0,0	6,0	0,0	0,0	0,0	6,0
2048	15,3	0,0	0,0	0,0	0,0	15,3
2049	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0	0,0
2050	17,0	10,0	0,0	0,0	0,0	27,0
2051	15,4	0,0	0,0	0,0	0,0	15,4
2052	13,9	0,0	0,0	0,5	0,0	14,4
2053	15,3	0,0	0,0	2,5	0,0	17,8
2054	17,3	0,0	0,0	0,0	0,0	17,3
2055	6,0	0,0	0,0	0,0	0,0	6,0
Iomlán	**596,5**	**90,4**	**37,1**	**14,7**	**0,3**	**738,9**

Maoinítear leis an ‘gcistiú aontaithe’ iasachtaí STA/REPowerEU agus tacaíocht neamh-inaisíoctha chomh maith leis an tSaoráid don Úcráin, an tSaoráid do na Balcáin Thiar, an tSaoráid don Mholdóiv agus iasachtaí cúnaimh macrairgeadais a síníodh ó 2023 ar aghaidh.

5.1.2. *Iasachtú*

Cuireann an Coimisiún iasachtaí déthaobhacha ar fáil do na Ballstáit agus do thríú tíortha i gcomhréir le cinntí ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle. In 2025, d’oibrigh an Coimisiún, ag gníomhú dó thar ceann an Aontais, na cláir seo a leanas faoinar dheonaigh sé iasachtaí (sa bhreis ar STA/REPower a thuairiscítear i Roinn **3.3**):

— Cúnamh SURE (Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála);

— Cúnamh leis an Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM);

— Cúnamh Macrairgeadais;

— An tSaoráid don Úcráin;

— Saoráid na mBalcán Thiar;

— Saoráid na Moldóive;

— Euratom; agus

— Comhardú na nÍocaíochtaí.

An 31 Nollaig 2025, ba iad seo a leanas méid ainmniúil na n-iasachtaí in EUR billiún:

	Iomlán sínithe	Iomlán neamhtharraingthe ag deireadh na bliana	Iomlán eisíoctha ag deireadh na bliana	Gan íoc ag deireadh na bliana
SURE				
an Bheilg	8,2	-	8,2	8,2
an Bhulgáir	1,0	-	1,0	1,0
an Chróit	1,6	-	1,6	1,2
an Chipir	0,6	-	0,6	0,5
an tSeicia	4,5	-	4,5	4,5
an Eastóin	0,2	-	0,2	0,2
an Ghréig	6,2	-	6,2	5,2
an Ungáir	0,7	-	0,7	0,7
Éire	2,5	-	2,5	2,5
an Iodáil	27,4	-	27,4	24,3
an Laitvia	0,5	-	0,5	0,4
an Liotuáin	1,1	-	1,1	0,9
Málta	0,4	-	0,4	0,3
an Pholainn	11,2	-	11,2	11,2
an Phortaingéil	6,2	-	6,2	6,2
an Rómáin	3,0	-	3,0	3,0
an tSlóvaic	0,6	-	0,6	0,6
an tSlóivéin	1,1	-	1,1	0,9
an Spáinn	21,3	-	21,3	18,5
	98,4	-	**98,4**	**90,4**
EFSM				
Éire	22,5	-	22,5	17,3
an Phortaingéil	24,3	-	24,3	19,8
	46,8	-	**46,8**	**37,1**
MFA				
an Albáin	0,2	-	0,2	0,2
an Airméin	0,1	-	0,1	0,1
an Bhoisnia-Heirseagaivéin	0,1	-	0,1	0,1
an tSeoirsia	0,1	-	0,1	0,1
an Iordáin	1,6	0,3	1,3	1,3
an Chosaiv	0,1	-	0,1	0,1
Poblacht na Cirgise	0,0	-	0,0	0,0
an Mholdóiv	0,4	-	0,4	0,4

	Iomlán sínithe	Iomlán neamhtharraingthe ag deireadh na bliana	Iomlán eisíoctha ag deireadh na bliana	Gan íoc ag deireadh na bliana
Montainéagró	0,1	-	0,1	0,1
an Mhacadóin Thuaidh	0,3	0,1	0,2	0,2
an Túinéis	1,4	-	1,4	1,4
Cúnamh macrairgeadais don Úcráin	12,2	-	12,2	11,0
Cúnamh Macrairgeadais+ don Úcráin	18,0	-	18,0	18,0
Cúnamh Macrairgeadais don Úcráin de chuid an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin	18,1	-	18,1	18,1
an Éigipt	5,0	4,0	1,0	1,0
	57,6	**4,3**	**53,3**	**52,1**
Saoráid na mBalcán Thiar				
an Mhacadóin Thuaidh	0,5	0,5	0,0	0,0
an Albáin	0,7	0,6	0,1	0,1
an tSeirbia	1,1	1,1	0,1	0,1
Montainéagró	0,3	0,3	0,0	0,0
	2,6	**2,4**	**0,2**	**0,2**
Saoráid na Moldóive				
an Mholdóiv	**1,5**	**1,2**	**0,3**	**0,3**
An tSaoráid don Úcráin				
an Úcráin	**33,0**	**9,8**	**23,2**	**23,2**
Euratom				
Energoatom, K2R4 an Úcráin	**0,4**	-	**0,4**	**0,3**
STA/REPowerEU	**277,2**	**121,3**	**155,9**	**155,9**
Iomlán	**517,4**	**139,0**	**378,5**	**359,4**

SURE

Bunaíodh SURE in 2020 chun cúnamh airgeadais a sholáthar do Bhallstáit a bhí faoi shuaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch, nó a bhí i mbaol mór suaite thromchúisigh eacnamaíoch, i ngeall ar phaindéim COVID-19. Comhlánaíonn an ionstraim na bearta náisiúnta arna ndéanamh ag na Ballstáit dá ndearnadh difear.

Ní raibh fáil ar an ionstraim tar éis an 31 Nollaig 2022 agus níl aon eisíocaíocht ar feitheamh. Tá éagsúlacht idir 5 agus 30 bliain ag baint le haibíocht na n-iasachtaí.

EFSM

Cruthaíodh EFSM chun cúnamh airgeadais a sholáthar do gach Ballstát atá faoi shuaitheadh tromchúiseach eacnamaíoch, nó atá i mbaol mór suaite thromchúisigh eacnamaíoch i ngeall ar tharluithe eisceachtúla nach bhfuil aon smacht aige orthu. Tá an clár sin imithe in éag agus ní féidir aon iasacht bhreise a tharraingt, ach amháin i gcás cúraimí sonracha amhail fadú aibíochtaí na n-iasachtaí atá ann cheana.

In 2025, d'aisíoc Éire EUR 2,4 billiún d'iasacht EFSM a bhí dlite, agus d'aisíoc an Phortaingéil dhá iasacht go luath ar mhéid iomlán EUR 2,5 billiún. Aistríodh bannaí foluiteacha an Aontais chuig an gcomhthiomsú cistiúcháin aontaithe.

MFA

Is cineál cúnaimh airgeadais é an clár cúnaimh macrairgeadais a leathnaigh an tAontas chuig tíortha comhpháirtíochta lasmuigh den Aontas ina raibh géarchéim maidir le comhordú íocaíochtaí. Bíonn sé i bhfoirm iasachtaí nó deontas meántéarmach/fadtéarmach, nó meascán díobh sin, agus ní bhíonn sé ar fáil ach amháin do thíortha a thairbhíonn de chlár de chuid an Chiste Airgeadaíochta Idirnáisiúnta.

an Úcráin

In 2022, chomhaontaigh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle trí phacáiste cúnaimh airgeadais don Úcráin ([11]), dar luach EUR 7,2 billiún san iomlán, chun athléimneacht láithreach na tíre a neartú tar éis an chogaidh fhoghaigh gan chúis gan údar a thug an Rúis fúithi. Bhí na hiasachtaí uile eisíoctha leis an Úcráin faoi dheireadh 2022. Tá éagsúlacht idir 10 agus 30 bliain ag baint le haibíocht na n-iasachtaí sin don Úcráin.

Chun leanúint de thacaíocht an Aontais don Úcráin, eisíocadh iasacht MFA+ EUR 18 mbilliún in 2023 faoi Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([12]). Cistíodh an iasacht tríd an gcur chuige cistiúcháin aontaithe, ach cistíodh gach iasacht cúnaimh macrairgeadais roimhe seo faoin gcur chuige cistiúcháin droim-le-droim.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, ghlac an tAontas cúnamh macrairgeadais nua don Úcráin agus don Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin ([13]). Faoin Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin, úsáidfear ioncaim urghnácha ó shócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise chun tacaíocht neamh-inaisíoctha a dheonú don Úcráin chun cabhrú leis an tír iasachtaí déthaobhacha nua arna soláthar ag comhpháirtithe G7 agus ag an Aontas faoin tionscnamh seo a aisíoc. Dá bhrí sin, shínigh an tAontas comhaontú iasachta cúnaimh macrairgeadais nua leis an Úcráin i mí na Nollag 2024 ar mhéid EUR 18,1 billiún, a eisíocadh go hiomlán faoi dheireadh 2025.

Ag deireadh 2025, EUR 47,1 billiún (méid ainmniúil) a bhí in iomlán na n-iasachtaí cúnaimh macrairgeadais, gan aisíoc, don Úcráin.

An tSaoráid don Úcráin

An 29 Feabhra 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2024/792 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin ([14]). Cumhdaítear leis an ionstraim seo na blianta 2024 go 2027 agus cuirtear suas le EUR 50 billiún de thacaíocht airgeadais ar fáil don Úcráin, lena n-áirítear suas le EUR 33 bhilliún d'iasachtaí ceannasacha. Faoin 31 Nollaig 2025, eisíocadh EUR 23,2 billiún d'iasachtaí leis an Úcráin. Déantar iasachtaí ceannasacha na Saoráide don Úcráin a chistiú trí iasachtaí a fháil de réir an chur chuige cistiúcháin aontaithe.

Saoráid Athchóirithe agus Fáis na mBalcán Thiar

I mí na Bealtaine 2024 glacadh Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([15]) maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú, agus eisíocadh na chéad iasachtaí in 2025. Meastar go gcuirfidh an tsaoráid suas le EUR 4 bhilliún in iasachtaí ar fáil don tréimhse 2025-2027, agus go mbeidh íocaíochtaí coinníollach ar thíortha comhpháirtíochta an Aontais sna Balcáin Thiar athchóirithe sonracha socheacnamaíocha agus bunúsacha a chur chun feidhme.

([11]) Cinneadh (AE) 2022/313 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh EUR 1,2 billiún lena soláthraítear cúnamh éigeandála don Úcráin, Cinneadh (AE) 2022/1201 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh EUR 1,0 billiún lena soláthraítear cúnamh eisceachtúil don Úcráin, Cinneadh (AE) 2022/1628 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle le haghaidh EUR 5,0 billiún lena soláthraítear cúnamh eisceachtúil don Úcráin.

([12]) Rialachán (AE) 2022/2463 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 lena mbunaítear ionstraim chun tacaíocht a thabhairt don Úcráin le haghaidh 2023 (cúnamh macrairgeadais +) (IO L 322, 16.12.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/2463/oj).

([13]) Rialachán (AE) 2024/2773 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 2024 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena soláthraítear cúnamh macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin (IO L, 2024/2773, 28.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2773/oj).

([14]) Rialachán(AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/792/oj).

([15]) Rialachán (AE) 2024/1449 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú (IO L 2024/1449, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1449/oj).

An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive

Is i mí an Mhárta 2025 a glacadh Rialachán (AE) 2025/535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([16]) lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive. Tacóidh an tsaoráid leis an Moldóiv le linn na tréimhse ó 2025 go 2027. Meastar go gcuirfidh sí suas le EUR 1,5 billiún d'iasachtaí ar fáil, agus rinneadh na chéad eisíocaíochtaí in 2025.

Euratom

Tugann an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach airgead ar iasacht do na Ballstáit agus do Stáit nach Ballstáit iad araon, agus d'eintitis na mBallstát agus na Stát sin, chun tionscadail a mhaoiniú a bhaineann le suiteálacha fuinnimh.

BOP

Is clár cúnaimh é Comhardú na nÍocaíochtaí atá ceaptha do na Ballstáit lasmuigh den limistéar Euro a bhfuil deacrachtaí acu maidir le comhardú a n-íocaíochtaí. In 2025, d'aisíoc an Laitvia an iasacht dheireanach comhardaithe na n-íocaíochtaí a bhí gan aisíoc ina hiomláine.

SAFE

An 27 Bealtaine 2025, ghlac Comhairle an Aontais Eorpaigh an ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) ([17]) a ceapadh chun tacaíocht airgeadais a chur ar fáil do na Ballstáit chun dlús a chur leis an ullmhacht cosanta trí sholáthar comhoibríoch. Soláthróidh SAFE suas le EUR 150 billiún in iasachtaí fadtéarmacha do na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe iad a eisíoc in 2026–2030 agus a mhaoiniú leis na hiasachtaí. Síníodh EUR 43,7 billiún d'iasachtaí SAFE agus bhí éifeacht leo faoin 31 Bealtaine 2026, agus eisíocadh EUR 6,6 billiún de sin.

Iasacht Tacaíochta don Úcráin

I mí Feabhra 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle Rialachán (AE) 2026/467 ([18]), lena mbunaítear an Iasacht Tacaíochta don Úcráin le haghaidh uasmhéid suas le EUR 90 billiún. Cumasaíodh cur chun feidhme an chláir ina dhiaidh sin leis an leasú ar Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ([19]) ón gComhairle - lena leagtar síos an Creat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI) do na blianta 2021 go 2027 - tar éis a ghlactha i mí Aibreáin 2026. Síníodh an comhaontú iasachta gaolmhar i mí na Bealtaine 2026 agus tá sé beartaithe ag an gCoimisiún Eorpach tús a chur le heisíocaíochtaí i mí an Mheithimh 2026.

Leachtacht le haghaidh cistiú aontaithe

Faoin straitéis cistiúcháin aontaithe, coinnítear méid áirithe fáltas ó iasachtaí i gcuntas bainc leis an mBanc Ceannais Eorpach nó infheistítear in infheistíochtaí gearrthéarmacha iad. Áirithítear leis an maolán leachtachta sin go mbeidh cistí leordhóthanacha ar fáil chun na hoibleagáidí eisíocaíochta uile atá ar na bacáin a chomhlíonadh. Agus an leachtacht á bainistiú ag an gCoimisiún, cuireann sé san áireamh na riachtanais eisíocaíochta a bhfuil coinne leo agus na deischostais a bhaineann le hiarmhéideanna airgid. Ag deireadh na bliana 2025, EUR 65,2 billiún a bhí sna cistí a bhí á sealbhú sa mhaolán leachtachta.

5.1.3. *Coimircí buiséadacha chun aisíocaíocht iasachtaí a áirithiú*

Cuimsítear le hiasachtaí de chuid an Aontais oibleagáidí díreacha agus neamhchoinníollacha an Aontais agus tá siad ráthaithe ag Ballstáit an Aontais. Tá sé beartaithe na hiasachtaí a dhéantar chun iasachtaí a mhaoiniú a aisíoc tríd an bpríomhshuim agus an t-ús atá dlite ar na hiasachtaí sin a bhailiú go tráthúil.

([16]) Rialachán (AE) 2025/535 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Márta 2025 lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive (IO L 2025/535, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/535/oj).

([17]) Rialachán (AE) 2025/1106 ón gComhairle an 27 Bealtaine 2025 lena mbunaítear an Ionstraim um Ghníomhaíocht Slándála don Eoraip (SAFE) trí Atreisiú an Tionscail Cosanta Eorpaigh (IO L, 2025/1106, 28.5.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1106/oj).

([18]) Rialachán (AE) 2026/467 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2026 lena gcuirtear chun feidhme comhar feabhsaithe maidir le bunú na hIasachta Tacaíochta don Úcráin le haghaidh 2026 agus 2027 (IO L, 2026/467, 26.2.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/467/oj).

([19]) Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle an 17 Nollaig 2020 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil do na blianta 2021 go 2027 (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 11, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2093/oj).

Mar sin féin, má mhainníonn tír is tairbhí a n-aisíocaíochtaí nó má chuireann sí moill orthu, tá líon coimircí ann chun seirbheáil fhiachas an Aontais a áirithiú, a bhfuil achoimre orthu sa tábla thíos. Sa ghearrthéarma, aisíocfar na hiasachtaí ó iarmhéid cisteáin an Choimisiúin atá ar fáil. Ina dhiaidh sin, aisíocfar iasachtaí a bhaineann leis na hiasachtaí do thríú tíortha (seachas iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais+ agus ón tSaoráid don Úcráin) ó na sócmhainní a shealbhaítear sa Chiste don Soláthar Coiteann, agus i gcás Cúnamh Macrairgeadais+, na Saoráide don Úcráin agus iasachtaí do na Ballstáit, féadfaidh an Coimisiún acmhainní breise a ghlaoch ó na Ballstáit suas go dtí an corrlach acmhainní dílse atá ar fáil ('lamháil bhuiséadach'). Maidir le cláir áirithe, cuireann na Ballstáit ráthaíochtaí ar fáil freisin. Mar thoradh air sin, ní bhíonn na hinfheisteoirí neamhchosanta ach ar riosca creidmheasa an Aontais; ní bhíonn siad neamhchosanta do riosca creidmheasa thairbhí na n-iasachtaí.

Clár de chuid an Aontais a mhaoinítear trí iasachtaí a fháil	Córas cosanta
NGEU (STA agus REPowerEU)	Lamháltas buiséadach faoi uasteorainn shealadach acmhainní dílse bhuiséad an Aontais – 0,6 % breise de OIN an Aontais os cionn uasteorainn acmhainní dílse bhuiséad an Aontais de 1,4 % de OIN an Aontais
SURE	Ráthaíocht a sholáthraíonn Ballstáit uile an Aontais (25 %) + an lamháltas buiséadach faoin uasteorainn acmhainní dílse de 1,4 % de OIN an Aontais
EFSM	Lamháil bhuiséadach faoi uasteorainn acmhainní dílse bhuiséad Aontais, is é sin 1,4 % de OIN an Aontais
Cúnamh Macrairgeadais (caighdeánach)	An Ciste don Soláthar Coiteann (9 % den iasacht don tríú tír)
Cúnamh Macrairgeadais eisceachtúil don Úcráin	An Ciste don Soláthar Coiteann (9 % den iasacht) + ráthaíochtaí ó Bhallstáit uile an Aontais (61 %)
MFA+ don Úcráin	Lamháil bhuiséadach faoi uasteorainn acmhainní dílse bhuiséad Aontais, is é sin 1,4 % de OIN an Aontais
Cúnamh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin	Lamháil bhuiséadach faoi uasteorainn acmhainní dílse bhuiséad Aontais, is é sin 1,4 % de OIN an Aontais
An tSaoráid don Úcráin	Lamháil bhuiséadach faoi uasteorainn acmhainní dílse bhuiséad Aontais, is é sin 1,4 % de OIN an Aontais
Saoráid na mBalcán Thiar	An Ciste don Soláthar Coiteann (9 % den iasacht don tríú tír)
Saoráid na Moldóive	An Ciste don Soláthar Coiteann (9 % den iasacht don tríú tír)
Iasachtaí Euratom do thríú tíortha (eintitis faoi úinéireacht stáit)	An Ciste don Soláthar Coiteann (9 % den iasacht) agus frithráthaíochtaí ó thríú tíortha

5.2. **Ráthaíochtaí buiséadacha**

Faoin gcineál sin cur chun feidhme buiséid, tugann an tAontas ráthaíochtaí d'institiúidí airgeadais (comhpháirtithe cur chun feidhme) dá n-oibríochtaí maoiniúcháin (iasachtaithe) agus infheistíochta (cothromais) chun a chuspóirí beartais a shaothrú.

Tá ráthaíochtaí eisithe ag an Aontas faoi na cláir seo a leanas:

— Ráthaíochtaí an tSainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh arna ndeonú don Bhanc Eorpach Infheistíochta (BEI) dá n-oibríochtaí iasachtaithe lasmuigh den Aontas, go príomha do thairbhithe ceannasacha agus focheannasacha;

— Ráthaíocht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS) arna deonú do Ghrúpa BEI dá n-oibríochtaí lena dtacaítear le hinfheistíocht bhreise san Aontas agus le rochtain ar mhaoiniú do FBManna;


— Ráthaíocht InvestEU arna soláthar do Ghrúpa BEI, don Bhanc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha agus do roinnt comhpháirtithe airgeadais i mBallstáit an Aontais, chun infheistíochtaí príobháideacha a shlógadh don aistriú glas agus digiteach, don nuálaíocht agus d'infheistíochtaí agus scileanna sóisialta. Féadfar ráthaíocht InvestEU a mhéadú le ranníocaíochtaí agus frithráthaíochtaí ó CSTE agus ó na Ballstáit;

— An Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha faoin Rialachán maidir leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI) lena soláthraítear ráthaíochtaí do BEI, agus do roinnt contrapháirteanna eile, maidir lena maoiniú agus lena n-infheistíochtaí lasmuigh den Eoraip, do thairbhithe na hearnála poiblí agus na hearnála príobháidí araon, arb é is cuspóir di infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais;

— Ráthaíocht an Chiste Eorpaigh um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI) arna heisiúint do roinnt contrapháirtithe agus é mar aidhm aici tacú le hinfheistíochtaí san Afraic agus i dtíortha Comharsanachta na hEorpa;

— An Ráthaíocht don Úcráin arna heisiúint faoin rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin do roinnt contrapháirtithe chun borradh a chur faoi infheistíochtaí le haghaidh théarnamh agus atógáil na hÚcráine.

An 31 Nollaig 2025, EUR 112.6 billiún a bhí i méid ainmniúil gan íoc na ráthaíochtaí sin ar an uasleibhéal a deonaíodh do na comhpháirtithe cur chun feidhme, a mbaineann EUR 77.6 billiún de le hoibríochtaí maoiniúcháin nó infheistíochta arna síniú ag na comhpháirtithe cur chun feidhme (tá ráthaíochtaí InvestEU, ICFCI agus an Ráthaíocht don Úcráin fós sa tréimhse infheistíochta, ar lena linn is féidir leis na comhpháirtithe oibríochtaí nua a chuimsiú faoin ráthaíocht).



Féadfaidh na Ballstáit agus tíortha LEE rannchuidiú le clár InvestEU freisin. Go dtí an 31 Nollaig 2025, shínigh an tAontas comhaontuithe ranníocaíochta leis na tíortha sin le haghaidh EUR 3,3 billiún, as a mbaineann EUR 2,6 billiún le ranníocaíochtaí airgid agus EUR 0,6 billiún le frithráthaíochtaí.

5.3. **An Ciste don Soláthar Coiteann**

Chun aon ghlao ráthaíochta a shásamh ar glao é chun caillteanais arna dtabhú ag na comhpháirtithe cur chun feidhme a chumhdach go tráthúil, soláthraíonn an tAontas méideanna ón mbuiséad. Ó 2021, sealbhaítear na sócmhainní uile arna soláthar sa Chiste don Soláthar Coiteann, a fheidhmíonn mar phunann aonair, agus infheistítear sócmhainní sna hurrúis fiachais den chuid is mó. Faoi láthair, tugtar le chéile ann soláthar do ráthaíochtaí buiséadacha uile an Aontais agus roinnt clár cúnaimh airgeadais. Leithdháiltear acmhainní an Chiste don Soláthar Coiteann ina n-urranna chun na méideanna a bhaineann leis na ráthaíochtaí buiséadacha ranníocaíochta agus cláir chúnaimh airgeadais a rianú.

An 31 Nollaig 2025, tá glansócmhainní EUR 27,2 billiún i seilbh an Choimisiúin sa Chiste don Soláthar Coiteann le haghaidh na n-urrann seo a leanas:

— Ciste Ráthaíochta le haghaidh gníomhaíochtaí seachtracha - EUR 3,4 billiún (lena gcumhdaítear ráthaíochtaí an tSainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh chomh maith le hiasachtaí cúnaimh macrairgeadais Euratom roimh 2021 do thríú tíortha)

— CEIS - EUR 9,2 billiún

— CEFI – EUR 0,8 billiún

— Urranna InvestEU - EUR 8.,9 billiún (lena n-áirítear ranníocaíochtaí airgid thirim na mBallstát agus thíortha LEE)

— CEFI+ ICFCI - EUR 3,6 billiún

— An Ráthaíocht don Úcráin – EUR 0,6 billiún

— Iasachtaí cúnaimh macrairgeadais tar éis 2020 agus Saoráid na mBalcán Thiar - EUR 0,2 billiún

— Iasachtaí cúnaimh macrairgeadais don Úcráin - EUR 0,5 billiún.

Ina theannta sin, sealbhaítear EUR 0.2 billiún i gciste lárnach an Choimisiúin mar mhaolán leachtachta chun glaonna ráthaíochta láithreacha a chumhdach.

6. **CREAT POLAITIÚIL AGUS AIRGEADAIS AN AONTAIS, RIALACHAS AGUS CUNTASACHT**

Is Aontas é an tAontas Eorpach (AE) dá dtugann na Ballstáit inniúlachtaí chun cuspóirí atá i gcoiteann acu a bhaint amach. Tá an tAontas fothaithe ar luachanna an mheasa ar urramú dhínit an duine, na saoirse, an daonlathais, an chomhionannais, an smachta reachta agus an mheasa ar chearta an duine, lena n-áirítear na cearta atá ag daoine ar le grúpaí mionlaigh iad. Is comhluachanna ag Ballstáit na luachanna sin i sochaí arb iad is sainairíonna inti an t-iolrachas, an neamh-idirdhealú, an chaoinfhulaingt, an ceartas, an dlúthpháirtíocht agus an comhionannas idir mná agus fir.

6.1. **Creat polaitiúil agus airgeadais**

Conarthaí an Aontais Eorpaigh

Na cuspóirí agus prionsabail uileghabhálacha a threoraíonn an tAontas agus institiúidí an Aontais, sainítear iad sna Conarthaí. Ní fhéadfaidh an tAontas ná institiúidí an Aontais gníomhú ach amháin laistigh de theorainneacha na n-inniúlachtaí a thugtar leis na Conarthaí chun na cuspóirí a leagtar amach iontu a bhaint amach agus ní mór dóibh é sin a dhéanamh i gcomhréir le prionsabail na coimhdeachta agus ([20]) na comhréireachta. Chun a chuspóirí a bhaint amach agus a bheartais a chur i bhfeidhm, soláthraíonn an tAontas na hacmhainní airgeadais is gá dó féin. Tá an Coimisiún freagrach as leas ginearálta an Aontais a chur chun cinn, lena n-áirítear an buiséad a chur i bhfeidhm agus cláir a bhainistiú i gcomhar leis na Ballstáit agus i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais.

([20]) Faoi phrionsabal na coimhdeachta, ní ghníomhóidh an tAontas ach amháin mura féidir agus a mhéid nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an ghnímh mholta a ghnóthú go leordhóthanach, ach gur fearr is féidir, de bharr fairsinge nó éifeachtaí, iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais. Faoi phrionsabal na comhréireachta, ní rachaidh inneachar agus foirm ghníomhaíocht an Aontais thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí na gConarthaí a bhaint amach (féach Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach).

Saothraíonn an tAontas na cuspóirí a bunaíodh leis an gConradh le hionstraimí éagsúla, agus tá buiséad an Aontais ar cheann de na hionstraimí sin. I measc na n-uirlisí eile tá comhchreat reachtach nó comhstraitéisí beartais, mar shampla.

An creat airgeadais ilbhliantúil agus cláir chaiteachais

Cuirtear na beartais lena dtacaíonn buiséad an Aontais chun feidhme i gcomhréir leis an gcreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) agus an reachtaíocht earnálach chomhfhreagrach lena sainítear cláir agus ionstraimí caiteachais. Aistrítear tosaíochtaí polaitiúla an Aontais ina dtéarmaí airgeadais thar thréimhse fada go leor lena bheith éifeachtach agus chun léargas fadtéarmach comhleanúnach a sholáthar do thairbhithe chistí an Aontais agus údaráis náisiúnta cómhaoinithe. Socraítear uasmhéideanna bliantúla (uasteorainneacha) le haghaidh chaiteachas an Aontais ina iomláine agus le haghaidh na bpríomhchatagóirí caiteachais (ceannteidil). Faightear an uasteorainn iomlán le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas ó shuim na n-uasteorainneacha i gcomhair na gceannteideal go léir. Glacann an Chomhairle CAI d'aon toil na mBallstát uile, le toiliú Pharlaimint na hEorpa. Glacadh an creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 atá i bhfeidhm faoi láthair an 17 Nollaig 2020 ([21]). Comhlánaítear creat airgeadais ilbhliantúil 2021-2027 leis an ionstraim shealadach théarnaimh NextGenerationEU.

Buiséad bliantúil

Is é an Coimisiún a réitíonn an buiséad bliantúil. Comhaontaíonn Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an buiséad don bhliain dár gcionn (i lár mhí na Nollag de ghnáth), bunaithe ar an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 314 CFAE. De réir phrionsabal na cothromaíochta buiséadaí, ní mór an t-ioncam iomlán a bheith cothrom leis an caiteachas iomlán (leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí) le haghaidh bliain airgeadais áirithe.

Is iad ioncaim ó acmhainní dílse na príomhfhoinsí cistiúcháin atá ag buiséad an Aontais agus déantar iad a chomhlánú le hioncaim eile. Tá ceithre chineál acmhainní dílse ann: Acmhainní dílse traidisiúnta (dleachtanna custaim go príomha), acmhainn dhílis bunaithe ar cáin bhreisluacha (CBL), acmhainn dhílis bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte (a tugadh isteach in 2021) agus acmhainn dhílis bunaithe ar ollioncam náisiúnta (OIN). Bíonn níos lú ná 10 % den ioncam iomlán i gceist le hioncaim eile a eascraíonn as gníomhaíochtaí an Aontais (e.g. fíneálacha comórtais) de ghnáth.

Modhanna bainistíochta

Cuirtear buiséad an Aontais chun feidhme i dtrí mhodh bainistíochta a úsáidtear chun an chaoi a n-íoctar amach an t-airgead agus a mbainistítear é a chinneadh:

— Bainistíocht chomhpháirteach: déanann an Coimisiún tromlach an bhuiséid (thart ar 3/4 den bhuiséad) a bhainistiú faoi chóras bainistíochta comhpháirtí, i gcomhar leis na Ballstáit, go háirithe i réimsí na gcistí struchtúracha agus na talmhaíochta.

— Bainistíocht dhíreach: bhainistíonn an Coimisiún cláir é féin freisin agus féadfaidh sé cur chun feidhme clár sonrach a tharmligean ar ghníomhaireachtaí feidhmiúcháin.

— Bainistíocht indíreach: Féadfar cinntí caiteachais a bhainistiú go hindíreach freisin trí chomhlachtaí eile laistigh den Aontas Eorpach nó lasmuigh de. Sainmhíníonn an Rialachán Airgeadais agus/nó comhaontuithe ranníocaíochta na sásraí rialaithe agus tuairiscithe nach mór do na heintitis sin a chur i bhfeidhm agus an mhaoirseacht ar cheart don Choimisiún a dhéanamh i gcás ina gcuirtear tascanna maidir le cur chun feidhme an bhuiséid ar iontaoibh gníomhaireachtaí náisiúnta, Ghrúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta, tríú tíortha, eagraíochtaí idirnáisiúnta (e.g. an Banc Domhanda nó na Náisiúin Aontaithe) agus eintitis eile (e.g. gníomhaireachtaí díláraithe an Aontais, Comhghnóthais).

Ionstraimí airgeadais agus ráthaíochtaí buiséadacha

An modh traidisiúnta maidir le cur chun feidhme buiséid, modh ina dtugtar deontais agus fóirdheontais, comhlánaítear é le heisiúint ionstraimí airgeadais i bhfoirm ráthaíochtaí chomh maith le cothromas agus iasachtaí. Thairis sin, tá an tAontas páirteach i ngníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe le haghaidh cláir chúnaimh airgeadais shonracha chun tacú le Ballstáit agus tríú tíortha i bhfoirm iasachtaí déthaobhacha a mhaoinítear le fiachas a eisítear ar na margaí caipitil le ráthaíocht Bhuiséad an Aontais. I mí na Nollag 2022, bhunaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle an cur chuige cistiúcháin aontaithe i ndáil le hiasachtaíocht an Aontais, faoina n-eiseoidh an tAontas 'Bannaí an Aontais' a bheidh brandáilte go haonarach, seachas bannaí a bheidh ainmnithe ar leithligh le haghaidh cláir aonair.

([21]) An 1 Feabhra 2024, tháinig an Chomhairle Eorpach ar chomhaontú maidir le hathbhreithniú meántéarmach ar uasteorainneacha CAI 2021-2027, tar éis thograí COM(2023) 336 ón gCoimisiún.

An Rialachán Airgeadais

An Rialachán Airgeadais (RA) ([22]) is infheidhme maidir leis an mbuiséad ginearálta, is gníomh lárnach é in ailtireacht rialála chúrsaí airgeadais an Aontais. Sainmhínítear go mionsonrach ann na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad an Aontais a chur i bhfeidhm agus róil na ngníomhairí difriúla lena mbaineann chun a áirithiú go n-úsáidtear an t-airgead go stuama agus go mbaintear amach na cuspóirí arna leagan amach leis. Áirítear ann freisin na forálacha sonracha is infheidhme maidir le hionstraimí airgeadais, ráthaíochtaí buiséadacha agus cúnamh airgeadais.

6.2. **Rialachas agus cuntasacht**

6.2.1. *Struchtúr institiúideach*

Tá creat institiúideach ag an Aontas arb é is aidhm dó a luachanna a chur chun cinn, a chuspóirí a shaothrú, fónamh dá leasanna, do leasanna a shaoránach agus do leasanna a Bhallstát, mar aon le comhsheasmhacht, éifeachtacht agus leanúnachas a chuid beartas agus gníomhaíochtaí a áirithiú. Tá institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí neamhspleácha eile de chuid an Aontais san áireamh sa struchtúr eagrúcháin. Leis an Rialachán Airgeadais, in éineacht leis na rialacha cuntasaíochta is infheidhme, sainítear cé acu de na heintitis is ceart a chur san áireamh i gcuntais chomhdhlúite an Aontais (féach Nóta **9** de chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais chun liosta na n-eintiteas a chuimsítear i raon feidhme an chomhdhlúthaithe a fháil).

Déanann Parlaimint na hEorpa, i gcomhpháirt leis an gComhairle, feidhmeanna reachtacha agus buiséadacha a fheidhmiú. Tá an Coimisiún freagrach, go polaitiúil, do Pharlaimint na hEorpa. Déanann an Chomhairle feidhmeanna ceaptha beartais agus comhordúcháin freisin faoi chuimsiú threoir pholaitiúil ghinearálta agus thosaíochtaí an Aontais arna leagan síos ag an gComhairle Eorpach.

Is é an Coimisiún Eorpach brainse feidhmiúcháin an Aontais Eorpaigh. Cuireann sé leas ginearálta an Aontais chun cinn agus glacann sé tionscnaimh iomchuí chuige sin. Áirithíonn sé go gcuirtear na Conarthaí i bhfeidhm agus déanann sé maoirseacht ar chur i bhfeidhm dhlí an Aontais ag na Ballstáit faoi rialú Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh. Comhlíonann sé feidhmeanna comhordúcháin, feidhmiúcháin agus bainistíochta, feidhmíonn sé an buiséad agus bainistíonn sé cláir.

Is é an Coimisiún a chuireann an buiséad chun feidhme, i gcomhar leis na Ballstáit den chuid is mó. ([23]) Áirithíonn siad le chéile go n-úsáidtear na leithreasuithe i gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais. Leagfar síos leis na rialacháin oibleagáidí na mBallstát maidir le rialú agus iniúchóireacht nuair a chomhroinneann siad cur chun feidhme an bhuiséid agus na freagrachtaí a bheidh mar thoradh air sin. Leagann siad síos na freagrachtaí agus na rialacha sonracha le haghaidh gach ceann d'institiúidí an Aontais freisin, a mhéid a bhaineann lena gcaiteachas féin.

6.2.2. *Struchtúr rialachais an Choimisiúin*

Socruithe rialachais an Choimisiúin agus an chaoi a n-áirithítear leo go bhfeidhmíonn an Coimisiún mar institiúid nua-aoiseach chuntasach atá dírithe ar fheidhmíocht, tugtar tuairisc orthu sin sa Teachtaireacht ([24]) maidir le Rialachas sa Choimisiún Eorpach.

Comhlíonann an Coimisiún a chuid feidhmeanna faoi cheannaireacht Choláiste na gCoimisinéirí, a shocraíonn tosaíochtaí agus a ghlacann freagracht pholaitiúil uile as obair an Choimisiúin. Mar Choláiste, oibríonn an Coimisiún faoi threoraíocht pholaitiúil a Uachtaráin, a léiríonn, mar chuid dá ainmniúchán/hainmniúchán do Pharlaimint na hEorpa, na cuspóirí atá beartaithe aige/aici a bhaint amach i bhfoirm treoirlínte polaitiúla. Déanann an tUachtarán eagrú inmheánach an Choimisiúin a chinneadh chun a áirithiú go ngníomhaíonn sé go comhsheasmhach, go héifeachtúil agus mar chomhlacht coláisteach.

Déanann an Coláiste cur chun feidhme oibríochtúil an bhuiséid agus an bhainistíocht airgeadais a tharmligean do na hArd-Stiúrthóirí agus Cinn Seirbhíse atá i gceannas ar struchtúr riaracháin an Choimisiúin. Trí bhíthin an chur chuige díláraithe sin, cruthaítear cultúr riaracháin lena dtugtar spreagadh do státseirbhísigh freagracht a ghlacadh as gníomhaíochtaí ar féidir leo a rialú agus lena n-éilítear orthu dearbhú a sholáthar i ndáil leis na gníomhaíochtaí a bhfuil siad cuntasach astu.

([22]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509.
([23]) Féach Airteagal 317 CFAE.
([24]) C(2020) 4240 an 24.6.2020.

Faoi údarás an Uachtaráin agus i ndlúthchomhar leis an gComhalta den Choimisiún atá i gceannas ar chúrsaí buiséid, acmhainní daonna agus cúrsaí riaracháin, agus le seirbhísí an Uachtaráin agus na seirbhísí lárnacha páirteach ann, cuireann an Bord Bainistíochta Corparáideach comhordú, formhaoirseacht, comhairle agus treonna straitéiseacha ar fáil.

Sainítear sraith chomhleanúnach uirlisí bainistíochta agus rialuithe láidre sna socruithe inmheánacha, lena gcumasaítear do Choláiste na gCoimisinéirí freagracht pholaitiúil a ghlacadh as obair an Choimisiúin. ([25])

6.2.3. *Bainistíocht airgeadais an Choimisiúin*

Sa Choimisiún, sainítear go soiléir na róil agus na freagrachtaí a bhíonn i gceist le bainistíocht airgeadais (e.g. sa Rialachán Airgeadais agus sna Rialacha Inmheánacha ([26])) agus cuirtear i bhfeidhm iad dá réir. Mar oifigigh údarúcháin trí tharmligean, tá Ard-Stiúrthóirí agus Cinn Seirbhíse an Choimisiúin freagrach as bainistíocht fhónta airgeadais i ndáil le hacmhainní an Aontais, comhlíonadh fhorálacha an Rialacháin Airgeadais, bainistíocht riosca agus creat rialaithe inmheánaigh iomchuí a bhunú.

Cumhdaítear an próiseas bainistíochta ina iomláine le freagracht na nOifigeach Údarúcháin, ón méid atá le déanamh a chinneadh i ndáil leis na cuspóirí beartais arna leagan síos ag an institiúid a bhaint amach go dtí gníomhaíochtaí a bhainistiú ar bhonn oibríochtúil agus ó thaobh na bainistíochta fónta airgeadais de araon. Féadfar tascanna a fho-tharmligean ar Stiúrthóirí, Cinn Aonaid agus daoine eile chomh maith, agus bíonn na daoine sin ina nOifigigh Údarúcháin trí Fho-Tharmligean dá réir sin. Féadfaidh gach oifigeach údarúcháin trí tharmligean brath ar stiúrthóir amháin nó beirt stiúrthóirí a bheidh i gceannas ar bhainistíocht riosca agus rialú inmheánach chun maoirseacht agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme córas rialaithe inmheánaigh.

Cuireann seirbhísí lárnacha an Choimisiúin treoraíocht agus comhairle ar fáil agus cuireann siad dea-chleachtais chun cinn, lena n-áirítear trí obair an Bhoird Bhainistíochta Chorparáidigh.

Trí bhíthin an Rialacháin Airgeadais, ceanglaítear ar gach oifigeach údarúcháin tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí (AAR) a ullmhú, ina sonraítear éachtaí, rialú inmheánach agus gníomhaíochtaí bainistíochta airgeadais le linn na bliana. Ní mór dearbhú a bheith sa tuarascáil bhliantúil ar ghníomhaíochtaí (AAR) gur baineadh úsáid as acmhainní bunaithe ar phrionsabail na bainistíochta fónta airgeadais agus go bhfuil nósanna imeachta rialaithe i bhfeidhm lena soláthraítear na ráthaíochtaí is gá maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht na n-idirbheart foluiteach. Tuarascáil Bhliantúil Bhainistíochta agus Feidhmíochta Bhuiséad an Aontais Eorpaigh ([27]), is í sin an phríomh-ionstraim **trína nglacann Coláiste na gCoimisinéirí freagracht pholaitiúil as bainistíocht airgeadais bhuiséad an Aontais Eorpaigh**.

Tá Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin freagrach go lárnach as bainistiú cistí, nósanna imeachta aisghabhála, rialacha cuntasaíochta a leagan síos bunaithe ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS), córais chuntasaíochta a bhailíochtú agus cuntais bhliantúla an Choimisiúin agus cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais a ullmhú. Thairis sin, éilítear ar an Oifigeach Cuntasaíochta na cuntais bhliantúla a shíniú agus a dhearbhú go gcuirtear staid airgeadais, torthaí oibríochtaí agus sreafaí airgid an Aontais i láthair go cothrom iontu, ó thaobh gach gné ábhartha de. Glacann Coláiste na gCoimisinéirí na cuntais bhliantúla. Is feidhm neamhspleách é Oifigeach Cuntasaíochta agus bíonn freagracht mhór air/uirthi a mhéid a bhaineann le tuairisciú airgeadais sa Choimisiún.

Is feidhm láraithe agus neamhspleách é Iniúchóir Inmheánach an Choimisiúin chomh maith agus cuireann sé comhairle neamhspleách ar fáil, mar aon le tuairimí agus moltaí maidir le cáilíocht agus feidhmiú córas rialaithe inmheánaigh laistigh den Choimisiún, de ghníomhaireachtaí an Aontais agus de chomhlachtaí uathrialacha eile.

Áirithíonn an Coiste um Dhul Chun Cinn Iniúchóireachta neamhspleáchas an Iniúchóra Inmheánaigh agus déanann sé faireachán ar cháilíocht na hoibre iniúchóireachta inmheánaí agus ar na bearta leantacha a dhéanann seirbhísí an Choimisiúin i ndáil le moltaí iniúchóireachta inmheánaí agus seachtraí, agus i ndáil le torthaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a bhaineann le hurscaoileadh agus le moltaí na Cúirte sin maidir le hiontaofacht chuntais chomhdhlúite an Aontais. Rannchuidíonn ról comhairleach an choiste le tuilleadh feabhsaithe a chur ar éifeachtach agus éifeachtúlacht an Choimisiúin maidir lena spriocanna a bhaint amach agus éascaíonn sé an fhormhaoirseacht a dhéanann an Coláiste ar chleachtais rialachais, bhainistíochta riosca agus rialachais inmheánaigh an Choimisiúin freisin.

([25]) Mar thoradh air sin, úsáidtear an téarma 'an Coimisiún Eorpach' chun an institiúid – an Coláiste – a bhunaigh na Comhaltaí den Choimisiún, a chur in iúl, in éineacht lena lucht riaracháin arna mbainistiú ag Ard-Stiúrthóirí a chuid ranna (agus ceannasaithe struchtúr riaracháin eile amhail seirbhísí, oifigí agus gníomhaireachtaí feidhmiúcháin).

([26]) Ó lár 2019 (de bhun Airteagal 12 athbhreithnithe de na Rialacha Inmheánacha) déantar bainistiú an Chiste Eorpaigh Forbraíochta (CEF) a chomh-tharmligean idir cúig roinn (INTPA (DEVCO), ECHO, EAC, EACEA agus JRC).

([27]) https://ec.europa.eu/info/publications/integrated-financial-and-accountability-reporting_ga.

6.2.4. *Nós imeachta um urscaoileadh agus iniúchadh seachtrach*

I gcomhréir le prionsabail na bainistíochta fónta airgeadais, ní mór cistí a bhainistiú ar bhealach éifeachtach, éifeachtúil agus eacnamaíoch. Tá creat cuntasachta ann atá bunaithe ar thuairisciú cuimsitheach, iniúchadh seachtrach agus rialú polaitiúil chun dearbhú réasúnach a sholáthar go gcaitear cistí an Aontais ar bhealach iomchuí.

Cinneann **Parlaimint na hEorpa**, tar éis moladh a fháil ón **gComhairle**, cé acu ar cheart di a formheas críochnaitheach a thabhairt, dá ngairtear 'urscaoileadh a dheonú', nó nár cheart, maidir leis an gcaoi ar chuir an Coimisiún buiséad an Aontais chun feidhme i mbliain áirithe. Áirithítear leis an nós imeachta bliantúil um urscaoileadh go mbeidh an Coimisiún cuntasach go polaitiúil i leith chur chun feidhme bhuiséad an Aontais.

Déanann **Cúirt Iniúchóirí na hEorpa** scrúdú ar iontaofacht na gcuntas gach bliain, ar cé acu an bhfuarthas an t-ioncam go léir agus ar tabhaíodh an caiteachas go léir ar bhealach dlíthiúil agus rialta agus ar cé acu an raibh bainistíocht airgeadais agus gnéithe cáilíochtúla an bhuiséadaithe, lena n-áirítear gné na feidhmíochta, iontaofa nó nach raibh. Ó 2021, de bharr thábhacht shuntasach NextGenerationEU, comhlánaítear tuairim Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais faoi bhuiséad traidisiúnta an Aontais le tuairim ar leithligh maidir le dlíthiúlacht agus rialtacht caiteachais faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta. Tá foilsiú thuarascáil bhliantúil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa mar phointe tosaigh don nós imeachta um urscaoileadh. Ullmhaíonn na hiniúchóirí tuarascálacha speisialta freisin maidir le caiteachas sonrach ar réimsí beartais, nó maidir le saincheisteanna buiséid nó bainistíochta.

Tá an cinneadh maidir le hurscaoileadh bunaithe ar thuairisciú airgeadais agus cuntasachta comhtháite an Choimisiúin freisin ([28]), ar éisteachtaí Coimisinéirí i bParlaimint na hEorpa agus ar na freagraí arna soláthar ar cheisteanna scríofa a sheoltar chuig an gCoimisiún.

NÓTA A GHABHANN LEIS NA CUNTAIS CHOMHDHLÚITE

Ullmhaíodh cuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais Eorpaigh don bhliain 2025 ar bhonn na faisnéise arna cur i láthair ag na hinstitiúidí agus comhlachtaí faoi Airteagal 252(2) den Rialachán Airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais Eorpaigh. Dearbhaím leis seo gur ullmhaíodh iad i gcomhréir le Teideal XIII den Rialachán Airgeadais sin agus leis na prionsabail chuntasaíochta, na rialacha agus na modhanna a leagtar amach sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

Fuair mé faisnéis ó oifigigh chuntasaíochta na n-institiúidí agus na gcomhlachtaí sin, a dheimhnigh a hiontaofacht, arb í an fhaisnéis go léir is gá chun na cuntais a chur ar fáil ina dtaispeántar sócmhainní agus dliteanais an Aontais Eorpaigh agus cur chun feidhme bhuiséad an Aontais.

Deimhním leis seo bunaithe ar an bhfaisnéis sin, agus ar sheiceálacha den sórt sin de réir mar a mheasaim is gá chun cuntais an Choimisiúin Eorpaigh a thabhairt i gcrích, go bhfuil dearbhú réasúnach agam go dtugann na cuntais léargas cothrom, ó thaobh gach gné ábhartha de, ar staid airgeadais an Aontais Eorpaigh agus ar thorthaí a chuid oibríochtaí agus ar a shreafaí airgid.

Niall BOHAN

Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin

18 Meitheamh 2026

([28]) Leis an rialachán airgeadais (Airteagal 253) ceanglaítear ar an gCoimisiún sraith tuarascálacha airgeadais agus cuntasachta a chur in iúl do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle, ar tuarascálacha iad atá ina n-ionchur fíor-riachtanach don 'nós imeachta um urscaoileadh' bliantúil, trína dtugann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle an Coimisiún chun cuntais as an gcaoi a mbainistíonn sé buiséad an Aontais. Is éard atá sa phacáiste maidir le Tuairisciú Comhtháite Airgeadais agus Cuntasachta cúig thuarascáil ar chur chun feidhme, feidhmíocht, torthaí, bainistiú agus cosaint bhuiséad an Aontais. Tuairisciú Comhtháite Airgeadais agus Cuntasachta ar shuíomh gréasáin Europa.

RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE AGUS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN ([29])

CLÁR

Leathanach

BALANCE SHEET 35
STATEMENT OF FINANCIAL PERFORMANCE 36
CASHFLOW STATEMENT 37
STATEMENT OF CHANGES IN NET ASSETS 38
NOTES TO THE FINANCIAL STATEMENTS 39
1. SIGNIFICANT ACCOUNTING POLICIES 39
2. NOTES TO THE BALANCE SHEET 57
3. NOTES TO THE STATEMENT OF FINANCIAL PERFORMANCE 97
4. CONTINGENT LIABILITIES AND ASSETS 108
5. BUDGETARY AND LEGAL COMMITMENTS 114
6. FINANCIAL RISK MANAGEMENT 119
7. RELATED PARTY DISCLOSURES 137
8. EVENTS AFTER THE BALANCE SHEET DATE 139
9. SCOPE OF CONSOLIDATION 140

([29]) BA CHEART A THABHAIRT FAOI DEARA GO BHFÉADFADH GO NDEALRÓDH SÉ NACH BHFUIL ROINNT SONRAÍ AIRGEADAIS SNA TÁBLAÍ THÍOS SUIMITHE I gCEART ÓS RUD É GUR SLÁNAÍODH NA FIGIÚIRÍ GO DTÍ NA MILLIÚIN EURO.

CLÁR COMHARDAITHE

EUR milliún

	Nóta:	31.12.2025	31.12.2024
SÓCMHAINNÍ NEAMHREATHA			
Sócmhainní doláimhsithe	*2.1*	*1 135*	*1 095*
Réadmhaoin, gléasra agus trealamh	*2.2*	*14 756*	*13 713*
Infheistíochtaí a ndearnadh cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais	*2.3*	*1 524*	*1 446*
Sócmhainní airgeadais	*2.4*	*362 806*	*308 961*
Réamh-mhaoiniú	*2.5*	*38 971*	*40 861*
Infháltais mhalairte agus infháltais neamh-mhalairte	*2.6*	*12 663*	*13 272*
		431 856	**379 347**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Sócmhainní airgeadais	*2.4*	*23 291*	*19 377*
Réamh-mhaoiniú	*2.5*	*37 775*	*38 058*
Infháltais mhalairte agus infháltais neamh-mhalairte	*2.6*	*21 404*	*18 465*
Fardail	*2.7*	*79*	*85*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*2.8*	*103 041*	*63 163*
		185 591	**139 148**
IOMLÁN NA SÓCMHAINNÍ		**617 447**	**518 495**
DLITEANAIS NEAMHREATHA			
Pinsean agus sochair eile fostaithe	*2.9*	*(91 128)*	*(93 096)*
Forálacha	*2.10*	*(2 149)*	*(2 280)*
Dliteanais airgeadais	*2.11*	*(644 018)*	*(539 575)*
		(737 295)	**(634 951)**
DLITEANAIS REATHA			
Forálacha	*2.10*	*(464)*	*(7 536)*
Dliteanais airgeadais	*2.11*	*(96 769)*	*(62 328)*
Suimeanna iníoctha	*2.12*	*(65 037)*	*(55 414)*
Muirir fhabhraithe agus ioncam iarchurtha	*2.13*	*(77 048)*	*(67 091)*
		(239 319)	**(192 368)**
IOMLÁN NA nDLITEANAS		**(976 614)**	**(827 319)**
GLANSÓCMHAINNÍ		**(359 167)**	**(308 824)**
Cúlchistí	*2.14*	*941*	*986*
Méideanna a bheidh le glao ó na Ballstáit ([1])	*2.15*	*(360 108)*	*(309 810)*
GLANSÓCMHAINNÍ		**(359 167)**	**(308 824)**

([1]) *Ghlac Parlaimint na hEorpa buiséad an 26 Samhain 2025 lena ndéantar foráil maidir le dliteanais ghearrthéarmacha an Aontais a íoc as acmhainní dílse atá le bailiú ag na Ballstáit, nó le glao uathu, sa bhliain ina dhiaidh sin. Chomh maith leis sin, faoi Airteagal 83 de na Rialacháin Foirne (Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1) an 29 Feabhra 1968 mar a leasaíodh), soláthróidh na Ballstáit ráthaíocht chomhpháirteach maidir leis an dliteanas i leith pinsean.*

RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

EUR milliún

	Nóta	2025	2024 (athaicmithe)
IONCAM			
Ioncam ó idirbhearta nach idirbhearta arna dtrádáil ar an stocmhalartán iad			
Acmhainní OIN	*3.1*	*106 342*	*95 037*
Acmhainní dílse traidisiúnta	*3.2*	*23 436*	*20 587*
Acmhainní CBL	*3.3*	*25 728*	*24 547*
Acmhainní dílse plaisteacha	*3.4*	*7 524*	*8 227*
Fíneálacha	*3.5*	*5 370*	*4 039*
Aisghabháil speansas	*3.6*	*1 376*	*957*
Eile	*3.8*	*18 572*	*10 673*
		188 348	**164 068**
Ioncam ó idirbhearta malairte			
Ioncam airgeadais	*3.9*	*11 646*	*9 005*
Eile	*3.10*	*2 500*	*2 592*
		14 146	**11 597**
Ioncam Iomlán		**202 495**	**175 665**
SPEANSAIS			
Tarmligthe chuig na Ballstáit	*3.11*		
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta		*(40 914)*	*(40 267)*
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ionstraimí forbartha tuaithe eile		*(17 017)*	*(14 779)*
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe		*(31 032)*	*(28 833)*
Ciste Sóisialta na hEorpa		*(17 308)*	*(18 037)*
Eile		*(4 514)*	*(3 854)*
Aistrithe lena n-áirítear deontais agus tacaíocht bhuiséadach	*3.12*		
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta		*(46 815)*	*(65 787)*
Eile		*(32 025)*	*(32 992)*
Comhaontuithe ranníocaíochta, lena n-áirítear comhlachtaí an Aontais	*3.13*	*(13 200)*	*(16 820)*
Costais foirne agus phinsin	*3.14*	*(15 954)*	*(14 966)*
Costais airgeadais	*3.15*	*(27 156)*	*(27 226)*
An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe	*3.7*	*(465)*	*(315)*
Speanais soláthair, riaracháin agus eile	*3.16*	*(10 733)*	*(8 997)*
Speansais iomlána		**(257 134)**	**(272 873)**
TORADH EACNAMAÍOCH NA BLIANA		**(54 639)**	**(97 208)**

RÁITEAS FAOIN SREABHADH AIRGID

EUR milliún

	2025	2024
Toradh eacnamaíoch na bliana	*(54 639)*	*(97 208)*
Gníomhaíochtaí oibriúcháin		
Amúchadh	*212*	*191*
Dímheas	*1 123*	*1 194*
(Méadú)/laghdú ar iasachtaí	*(49 852)*	*(36 703)*
(Méadú)/laghdú ar réamh-mhaoiniú	*2 173*	*12 756*
(Méadú)/laghdú ar shuimeanna infhaighte malairte agus méideanna in-aisghabhála neamh-mhalairte	*(2 332)*	*3 463*
(Méadú)/laghdú ar fhardail	*6*	*(7)*
Méadú/(laghdú) ar phinsin agus sochair eile fostaithe	*(1 968)*	*2 288*
Méadú/(laghdú) ar fhorálacha	*(7 202)*	*6 481*
Méadú/(laghdú) ar dhliteanais airgeadais (seachas faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe)	*(11 575)*	*(1 382)*
Méadú/(laghdú) ar shuimeanna iníoctha	*9 623*	*4 898*
Méadú/(laghdú) ar mhuirir fhabhraithe agus ioncam iarchurtha	*9 958*	*(9 714)*
Barrachas buiséadach na bliana roimhe sin a glacadh mar ioncam neamhairgid	*(1 348)*	*(633)*
Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe (gluaiseacht neamh-airgid nach gcuirtear san áireamh sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais)	*5 603*	*1 159*
Gluaiseachtaí eile nach gluaiseachtaí airgid iad	*40*	*27*
Gníomhaíochtaí infheistíochta		
(Méadú)/laghdú ar shócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh	*(2 418)*	*(1 817)*
(Méadú)/laghdú ar infheistíochtaí a dtugtar cuntas orthu agus modh an chothromais á úsáid	*(78)*	*(80)*
(Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh	*(7 432)*	*(6 246)*
(Méadú)/laghdú ar shócmhainní airgeadais díorthacha ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh	*(475)*	*(19)*
Gníomhaíochtaí maoiniúcháin		
Méadú/(laghdú) ar iasachtaíocht faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe	*150 460*	*144 900*
GLANSREABHADH AIRGID	**39 878**	**23 547**
Glanmhéadú/(laghdú) ar airgead tirim agus ar coibhéisí airgid thirim	*39 878*	*23 547*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana	*63 163*	*39 616*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh bliana	*103 041*	*63 163*

RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR GHLANSÓCMHAINNÍ

EUR milliún

	Méideanna atá le glao ó na Ballstáit Barrachas carntha/(easnamh)	Cúlchistí eile	Glansócmhainní
IARMHÉID AN 31.12.2023	**(213 221)**	**1 052**	**(212 169)**
Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe	*1 159*	–	*1 159*
Eile	*94*	*(66)*	*27*
Toradh bhuiséad 2023 curtha chun sochair na mBallstát	*(633)*	–	*(633)*
Toradh eacnamaíoch na bliana	*(97 208)*	–	*(97 208)*
IARMHÉID AN 31.12.2024	**(309 810)**	**986**	**(308 824)**
Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe	*5 603*	-	*5 603*
Eile	*85*	*(45)*	*40*
Toradh bhuiséad 2024 a cuireadh do shochar na mBallstát	*(1 348)*	-	*(1 348)*
Toradh eacnamaíoch na bliana	*(54 639)*	-	*(54 639)*
IARMHÉID AN 31.12.2025	**(360 108)**	**941**	**(359 167)**

NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Tabhair faoi deara, sna táblaí seo a leanas, go bhfuil méideanna a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe do CAInna suas go deireadh 2020 fós á dtaispeáint faoin gceannteideal 'Ballstáit'. Is amhlaidh atá toisc, cé gur tharraing an Ríocht Aontaithe siar as an Aontas an 1 Feabhra 2020, i gcomhréir leis an gComhaontú um Tharraingt Siar, gur lean sí de chaidreamh airgeadais a bheith aici leis an Aontas atá coibhéiseach le caidreamh Ballstáit le haghaidh na dtréimhsí sin.

1. **BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA SHUNTASACHA**

1.1. BUNÚS DLÍ AGUS RIALACHA CUNTASAÍOCHTA

Coinnítear cuntais an Aontais i gcomhréir le Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([30]), dá dtagraítear thíos mar an 'Rialachán Airgeadais').

I gcomhréir le hAirteagal 80 den Rialachán Airgeadais, ullmhaíonn an tAontas Eorpach a ráitis airgeadais bunaithe ar rialacha cuntasaíochta ar bhonn fabhraithe atá bunaithe iad féin ar Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta na hEarnála Poiblí (IPSAS). Institiúidí agus comhlachtaí uile an Aontais a thagann faoi chuimsiú raon feidhme an chomhdhlúthaithe, ní mór dóibh na rialacha cuntasaíochta sin arna nglacadh ag Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin a chur i bhfeidhm chun comhsheasmhacht inmheánach chuntais chomhdhlúite an Aontais a áirithiú.

Cur i bhfeidhm Rialacha Cuntasaíochta nua agus leasaithe an Aontais Eorpaigh

Rialacha cuntasaíochta nua AE atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí bliantúla dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin

Rialacha Cuntasaíochta AE 1 'Ráitis Airgeadais'

An 12 Nollaig 2025, ghlac Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh leasú spriocdhírithe ar Rialacha Cuntasaíochta AE 1 'Ráitis Airgeadais', atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2025 nó ina dhiaidh sin. Leis an leasú, tugadh isteach cur chuige prionsabalbhunaithe maidir le sainiú na ndeighleog atá le cur i láthair sa tuarascáil deighleoige, ar comhpháirt éigeantach í de chuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais agus de chuntais bhliantúla aonair an Choimisiúin Eorpaigh. Faoi Rialacha Cuntasaíochta AE 1 roimhe seo, bhí an sainmhíniú ar dheighleoga nasctha le catagóirí chreat airgeadais ilbhliantúil (CAI) an Aontais. Leis an leasú spriocdhírithe, baineadh an nasc sin agus sainítear deighleoga go cineálach i gcomhréir le IPSAS 18 'Tuairisciú Deighleog'. Tar éis ghlacadh an leasaithe spriocdhírithe, rinneadh athbhreithniú ar struchtúr na Tuarascála Deighleoige chun díriú ar chinn scríbe ciste seachas ar fhoinsí ciste (féach Nóta **3.17**).

Rialacha Cuntasaíochta nua AE glactha ach níl siad éifeachtach go fóill an 31 Nollaig 2025

Rialacha Cuntasaíochta AE 8 'Léasanna'

An 15 Aibreán 2025, ghlac Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh Rialacha Cuntasaíochta AE 8 'Léasanna' athbhreithnithe, atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Tugadh Rialacha Cuntasaíochta AE 8 athbhreithnithe cothrom le dáta i gcomhréir le IPSAS 43 'Léasanna' (lena n-áirítear an leasú 'Léasanna Lamháltais agus Socruithe Eile lena dTráthaítear Cearta thar Shócmhainní'). Is é an príomhathrú i gcomparáid le Rialacha Cuntasaíochta AE 8 atá ann faoi láthair samhail aitheantais agus tomhais ceart úsáide a thabhairt isteach, lena gceanglaítear ar léasaithe gach léas a aithint, lena n-áirítear léasanna lamháltais, ar an gclár comhardaithe, mura bhfuil feidhm ag an díolúine ghearrthéarmach nó ar luach íseal. An t-idirdhealú atá ann faoi láthair idir léasanna mar léasanna oibriúcháin nó mar léasanna airgeadais, agus gan ach léasanna airgeadais aitheanta ar an gclár comhardaithe, ní bheidh sé infheidhme a thuilleadh. I gcás léasóirí, tugann Rialacha Cuntasaíochta AE 8 athbhreithnithe na ceanglais chuntasaíochta atá ann cheana ar aghaidh den chuid is mó, le treoraíocht agus soiléirithe breise. Dá bhrí sin, tá coinne leis go n-aithneofar méid suntasach iar-léasanna oibriúcháin mar thoradh ar chur i bhfeidhm tosaigh Rialacha Cuntasaíochta AE 8 athbhreithnithe, agus go mbeidh méaduithe comhfhreagracha ar shócmhainní lena ngabhann ceart úsáide agus ar dhliteanais léasa, ar an gclár comhardaithe. Leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar thionchar Rialacha Cuntasaíochta AE 8 athbhreithnithe, lena n-áirítear ar léasanna lamháltais agus ar shocruithe ábhartha eile, le linn na bliana féilire 2026 roimh an dáta éifeachtach an 1 Eanáir 2027.

([30]) Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Meán Fómhair 2024 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais (IO L, 2024/2509, 26.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2509/oj).

Rialacha Cuntasaíochta AE 1 'Ráitis Airgeadais'

An 15 Aibreán 2025, ghlac Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin Eorpaigh Rialacha Cuntasaíochta AE 1 leasaithe 'Ráitis Airgeadais', atá éifeachtach le haghaidh tréimhsí tuairiscithe dar tús an 1 Eanáir 2027 nó ina dhiaidh sin. Is é is cuspóir don leasú aicmiú comhsheasmhach na n-iasachtaí uile laistigh de ghníomhaíochtaí maoiniúcháin a áirithiú. Faoi Rialacha Cuntasaíochta AE 1 atá ann faoi láthair, is laistigh de ghníomhaíochtaí oibriúcháin a aicmítear iasachtaí a bhaineann le léasanna, éadáil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus iasachtaí a bhaineann le hoibríochtaí 'droim le droim'. Ní aicmítear ach iasachtaí a bhaineann leis an gcur chuige cistiúcháin aontaithe (féach Nóta **2.11.1.1**) laistigh de ghníomhaíochtaí maoiniúcháin. Faoi Rialacha Cuntasaíochta AE 1 athbhreithnithe, áireofar ar ghníomhaíochtaí maoiniúcháin na gníomhaíochtaí uile as a n-eascraíonn athruithe ar mhéid agus ar chomhdhéanamh na n-iasachtaí, gan na heisceachtaí thuas. Dá dheasca sin, tá coinne leis go mbeidh aistriú ó shreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin go sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin mar thoradh ar chur i bhfeidhm tosaigh Rialacha Cuntasaíochta AE 1 athbhreithnithe. Leanfar de mheasúnú a dhéanamh ar thionchar Rialacha Cuntasaíochta AE 1 athbhreithnithe le linn na bliana féilire 2026 roimh an dáta éifeachtach an 1 Eanáir 2027.

1.2. PRIONSABAIL CHUNTASAÍOCHTA

Is é is cuspóir do ráitis airgeadais faisnéis a sholáthar maidir le staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus sreafaí airgid eintitis atá úsáideach do raon leathan úsáideoirí. I dtaca leis an Aontas de agus é ina eintiteas earnála poiblí, is iad na cuspóirí sonracha atá ann faisnéis a sholáthar atá úsáideach le haghaidh na cinnteoireachta, agus chun cuntasacht an eintitis i leith na n-acmhainní a cuireadh faoina iontaoibh a léiriú. Rinneadh an doiciméad seo a tharraingt suas agus na spriocanna sin á gcoimeád i gcuimhne.

Na breithnithe foriomlána (nó na prionsabail chuntasaíochta) a bheidh le leanúint le linn ullmhú na ráiteas airgeadais, is breithnithe iad a leagtar síos i riail chuntasaíochta 1 de chuid an Aontais 'Ráitis Airgeadais' agus tá siad mar an gcéanna leo sin a dtugtar tuairisc orthu in IPSAS 1: cur i láthair cothrom, bonn fabhrúcháin, gnóthas leantach, comhsheasmhacht maidir le cur i láthair, ábharthacht, comhiomlánú, fritháireamh agus faisnéis chomparáideach.

Ábharthacht, léiriú dílis (iontaofacht), sothuigtheacht, tráthúlacht, inchomparáideacht agus infhíoraitheacht, is iad sin saintréithe cáilíochtúla an tuairiscithe airgeadais.

1.3. COMHDHLÚTHÚ

Raon feidhme an chomhdhlúthaithe

Cuimsítear na heintitis faoi rialú, comhshocruithe agus comhlaigh shuntasacha uile le ráiteas airgeadais chomhdhlúite an Aontais. Is féidir liosta iomlán na n-eintiteas a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe, ina bhfuil 54 eintiteas faoi rialú agus aon eintiteas comhlachaithe amháin anois (gan athrú i gcomparáid le 2024), a fháil i Nóta **9**. I measc na n-eintiteas atá faoi rialú tá institiúidí an Aontais (lena n-áirítear an Coimisiún, ach gan an Banc Ceannais Eorpach san áireamh) agus gníomhaireachtaí an Aontais (seachas iad siúd atá ag gníomhú i réimse an chomhbheartais slándála agus an chomhbheartais eachtraigh). Meastar an Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú mar eintiteas faoi rialú freisin. Is é an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI) an t-aon chomhlach atá ag an Aontas.

Eintitis a thagann faoi raon feidhme an chomhdhlúthaithe ach atá neamhábhartha do ráitis airgeadais chomhdhlúite an Aontais ina n-iomláine, ní gá iad a chomhdhlúthú ná cuntas a thabhairt orthu agus modh an chothromais in úsáid más rud é go mbeadh ar an Aontas an iomad ama nó costas iomarcach a chaitheamh air dá ndéanfaí amhlaidh. Tagraítear do na heintitis sin mar 'Mhion-eintitis' agus liostaítear iad ar leithligh i Nóta **9**. In 2025, aicmíodh 11 eintiteas mar mhioneintitis (2024: 11 eintiteas).

Eintitis faoi rialú

Chun raon feidhme an chomhdhlúthaithe a chinneadh, cuirtear coincheap an rialaithe i bhfeidhm. Is éard atá in eintitis faoi rialú ná eintitis a bhféadfaidh an tAontas tairbhí athraitheacha a bhaint as bheith rannpháirteach iontu, nó a bhfuil an tAontas i dteidil na dtairbhí sin, agus go bhfuil sé de chumas aige difear a dhéanamh do chineál agus mhéid na dtairbhí sin tríd an gcumhacht atá aige thar an eintiteas eile. Ní mór an chumhacht sin a bheith infheidhme faoi láthair agus ní mór é a bheith bainteach le gníomhaíochtaí ábhartha an eintitis. Tá eintitis faoi rialú comhdhlúite go hiomlán. Cuirtear tús leis an gcomhdhlúthú ar an gcéad dáta a bhfuil an rialú ann, agus cuirtear deireadh leis tráth nach bhfuil an rialú sin ann a thuilleadh.

Is iad seo a leanas na táscairí rialaithe is coitianta san Aontas Eorpach: cruthú an eintitis trí chonarthaí bunaidh nó reachtaíocht tánaisteach, maoiniú an eintitis ó bhuiséad an Aontais, cearta vótála a bheith ann i gcomhlachtaí rialála, iniúchadh arna dhéanamh ag Cúirt Iniúchóirí na hEorpa agus urscaoileadh ag Parlaimint na hEorpa. Déantar measúnú aonair ar gach eintiteas chun a chinneadh cé acu an bhfuil ceann amháin nó níos mó de na critéir atá liostaithe thuas leordhóthanach chun rialú a chur in iúl nó nach bhfuil.

Déantar na hidirbhearta ábhartha uile idir-eintitis agus na hiarmhéideanna idir eintitis faoi rialú an Aontais a dhíorthú, ach ní hábhartha iad gnóthachain agus caillteanais neamhréadaithe i leith idirbheart den sórt sin agus ní dhearnadh iad a dhíorthú dá bhrí sin.

Socruithe comhpháirteacha

Is éard is comhshocrú ann, socrú ina bhfuil comhrialú ag an Aontas agus páirtí amháin eile nó níos mó. Comhroinnt rialaithe comhaontaithe ar shocrú trí bhíthin socrú ceangailteach is ea comhrialú, nach ann de ach nuair is gá toiliú d'aon toil na bpáirtithe a roinneann an rialú chun cinntí a dhéanamh maidir leis na gníomhaíochtaí ábhartha. Féadfaidh comhaontuithe comhpháirteacha a bheith ina gcomhfhiontair nó ina gcomhoibríochtaí. Is éard is comhfhiontar ann comhshocrú arna struchtúrú trí fheithicil ar leithligh ina bhfuil cearta ag na páirtithe a bhfuil comhrialú acu ar an socrú i ndáil leis na glansócmhainní a bhaineann leis an socrú. Tugtar cuntas ar rannpháirtíochtaí i gcomhfhiontair agus modh an chothromais á úsáid (féach Nóta **1.5.4**). Is éard is comhoibríocht ann comhshocrú ina bhfuil cearta ag na páirtithe a bhfuil comhrialú acu ar an socrú i ndáil leis na sócmhainní, agus oibleagáidí orthu i ndáil leis na dliteanais, a bhaineann leis an socrú. Tugtar cuntas ar rannpháirtithe i gcomhoibríochtaí trí shócmhainní agus dliteanais, ioncam agus speansais an Aontais a aithint i ráiteas airgeadais an Aontais, mar aon lena sciar de shócmhainní, dliteanais, ioncam agus speansais i gcomhsheilbh nó arna dtabhú go comhpháirteach.

Comhaltaí Comhlachaithe

Is eintitis iad comhlaigh a bhfuil tionchar suntasach ag an Aontas orthu, go díreach nó go hindíreach, ach nach rialú eisiach ná comhrialú atá i gceist. Glactar leis go bhfuil tionchar suntasach aige má tá 20 % nó níos mó de na cearta vótála i seilbh an Aontais go díreach nó go hindíreach. Tugtar cuntas ar rannpháirtíochtaí i gcomhlaigh agus modh an chothromais á úsáid (féach Nóta **1.5.4**).

Eintitis nach bhfuil comhdhlúite a bhfuil a gcistí á mbainistiú ag an gCoimisiún

Déanann an Coimisiún cistí na Comhscéime Árachais Breoiteachta d'fhoireann an Aontais, an Chiste Eorpaigh Forbraíochta agus an tSásra Árachais Fhrithpháirtigh, ar a dtugtaí an Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe roimhe seo, a bhainistiú thar ceann na n-eintiteas sin. Ós rud é nach rialaíonn an tAontas na heintitis sin, níl siad comhdhlúite ina ráitis airgeadais áfach.

1.4. BUNÚS AN ULLMHÚCHÁIN

Cuirtear ráitis airgeadais i láthair go bliantúil i gcomhréir le hAirteagal 249 den Rialachán Airgeadais. Tosaíonn an bhliain chuntasaíochta an 1 Eanáir agus críochnaíonn sí an 31 Nollaig.

1.4.1. *Airgeadra agus an bunús i gcomhair tiontaithe*

Airgeadra feidhmiúil agus tuairiscithe

Cuirtear na ráitis airgeadais i láthair i milliúin euro, mura sonraítear a mhalairt, agus is é an euro airgeadra feidhmiúil an Aontais.

Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta airgeadra eachtraigh go euro trí úsáid a bhaint as na rátaí malairte atá i réim ar dhátaí na n-idirbheart. Gnóthachain agus caillteanais malairte eachtraí mar thoradh ar idirbhearta airgeadra eachtraigh a shocrú agus ar ath-aistriú rátaí malairte na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha ag deireadh na bliana, aithnítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Tá feidhm ag modhanna comhshó éagsúla maidir le réadmhaoin, gléasra agus trealamh agus sócmhainní doláimhsithe, a choinníonn a luach in euro ag an ráta a bhí i bhfeidhm ar an dáta a ceannaíodh iad.

Iarmhéideanna deireadh bliana sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta arna n-ainmniú in airgeadraí eachtracha, déantar iad a chomhshó go euro ar bhonn rátaí malairte an Bhainc Ceannais Eorpaigh a bhfuil feidhm leo an 31 Nollaig:

Rátaí malairte in Euro

Airgeadra	31.12.2025	31.12.2024	Airgeadra	31.12.2025	31.12.2024
BGN	**1,9558**	*1,9558*	**RON**	**5,0968**	*4,9743*
CZK	**24,2370**	*25,1850*	**SEK**	**10,8215**	*11,459*
DKK	**7,4689**	*7,4578*	**CHF**	**0,9314**	*0,9412*
GBP	**0,8726**	*0,8292*	**JPY**	**184,09**	*163,06*
HUF	**385,1500**	*411,3500*	**USD**	**1,175**	*1,0389*
PLN	**4,221**	*4,275*			

1.4.2. *Úsáid meastachán*

I gcomhréir le IPSAS agus le prionsabail chuntasaíochta a nglactar go ginearálta leo, is gá méideanna atá bunaithe ar mheastacháin agus ar thoimhdí ón mbainistíocht bunaithe ar an bhfaisnéis is iontaofa atá ar fáil a áireamh leis na ráitis airgeadais. Áirítear an méid a leanas le meastacháin shuntasacha, ach níl siad teoranta dó: méideanna le haghaidh dliteanais sochair fostaithe, riosca airgeadais na gcuntas infhaighte agus na méideanna a nochtar sna nótaí a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais, lamháltas lagaithe le haghaidh sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta agus le haghaidh dliteanais conartha ráthaíochta airgeadais, ioncam agus muirir fhabhraithe, forálacha, méid lagaithe na sócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoin, gléasra agus trealamh, glanluach inréadaithe fardal, sócmhainní agus dliteanas teagmhasach. D'fhéadfadh difear a bheith idir na torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Léirítear athruithe ar mheastacháin sa tréimhse ina dtagann siad chun suntais, má dhéanann an t-athrú difear don tréimhse sin amháin, nó don tréimhse sin agus do thréimhsí sa todhchaí, má dhéanann an t-athrú difear dóibh araon.

1.4.3. *Aistriú chuig córas nua Corparáideach Airgeadais agus TF (SUMMA)*

Is iad cuntais bhliantúla chomhdhlúite 2025 an chéad sraith cuntas a ullmhaíodh ar bhonn faisnéis airgeadais a tuairiscíodh sa chóras TF airgeadais nua, SUMMA. Le linn ullmhú na gcuntas bliantúil, cuireadh rialuithe córasacha agus diana chun feidhme chun a áirithiú go léiríonn an fhaisnéis airgeadais a úsáidtear na hidirbhearta foluiteacha go cruinn agus go bhfuil sí go hiomlán comhsheasmhach leis na rialacha cuntasaíochta is infheidhme. Le linn an phróisis chlabhsúir ag deireadh-bliana, shainaithin an bhainistíocht saincheisteanna a gineadh leis an gcóras nua agus a rinne difear suntasach do na cuntais, agus shainaithin an t-iniúchóir seachtrach saincheisteanna breise ina dhiaidh sin. Bhí gá le coigeartuithe de láimh agus nósanna imeachta réitigh ina leith sin. Leanfar den chóras airgeadais nua agus de na rialuithe gaolmhara a chur chun feidhme agus a mhionchoigeartú sna blianta airgeadais amach romhainn. Ar bhonn an dlúthfhaireacháin agus an athbhreithnithe sin ar fhaisnéis airgeadais ag céim an ionchuir agus an aschuir araon, tugann na cuntais bhliantúla, le cinnteacht réasúnta agus i ngach gné ábhartha, léargas cothrom ar an staid airgeadais, ar thorthaí na n-oibríochtaí agus ar shreafaí airgid an Aontais Eorpaigh.

1.5. **CLÁR COMHARDAITHE**

1.5.1. *Sócmhainní doláimhsithe*

Is éard is sócmhainn dholáimhsithe ann sócmhainn neamhairgeadaíochta inaitheanta nach bhfuil substaint fhisiceach inti. Tá sócmhainn inaitheanta má tá sí indeighilte (i.e. is féidir í a dheighilt nó a roinnt ón eintiteas, e.g. tríd an tsócmhainn a dhíol, a aistriú, a cheadúnú, a ligean ar cíos nó a mhalartú, ina haonar nó in éineacht le conradh gaolmhar, le sócmhainn inaitheanta nó le dliteanas, gan beann ar cé acu a bheartaíonn nó nach mbeartaíonn an t-eintiteas sin a dhéanamh), nó má eascraíonn sí ó shocruithe ceangailteacha (lena n-áirítear cearta ó chonarthaí nó cearta dlíthiúla eile), gan beann ar cé acu is féidir nó nach féidir na cearta sin a aistriú nó a dheighilt ón eintiteas nó ó chearta agus oibleagáidí eile.

Luaitear na sócmhainní doláimhsithe arna bhfáil ar chostas stairiúil lúide amúchadh carntha agus caillteanais lagaithe. Sócmhainní doláimhsithe arna bhforbairt go hinmheánach déantar iad a chaipitliú nuair a chomhlíontar critéir ábhartha rialacha cuntasaíochta an Aontais agus nuair nach mbaineann na speansais ach le céim forbartha na sócmhainne. Áirítear leis na costais inchaipitlithe gach costas is inchurtha go díreach i leith chruthú, tháirgeadh agus ullmhú na sócmhainne chun go mbeidh sí in ann feidhmiú ar an mbealach a bheartaíonn an lucht bainistíochta. Costais a bhaineann le gníomhaíochtaí taighde, costais forbartha nach féidir a chaipitliú, agus costais chothabhála, aithnítear na costais sin go léir mar speansais de réir mar a thabhaítear iad.

Déantar sócmhainní doláimhsithe a amúchadh ar bhonn líne dírí thar a saolré úsáideach mheasta (3-11 bhliain). Braitheann saolréanna úsáide measta sócmhainní doláimhsithe ar a saolré eacnamaíoch shonrach nó ar a saolré dhlíthiúil shonrach arna gcinneadh le comhaontú.

1.5.2. *Réadmhaoin, gléasra agus trealamh*

Luaitear an réadmhaoin, gléasra agus trealamh uile ar chostas stairiúil lúide dímheas carntha agus caillteanais lagaithe. Áirítear leis an gcostas caiteachas is féidir a chur i leith éadáil, tógáil, nó aistriú na sócmhainne.

Cuirtear costais ina dhiaidh sin san áireamh le luach na sócmhainne de réir na leabhar nó aithnítear iad mar shócmhainn ar leithligh, de réir mar is iomchuí, nuair is dóchúil gur chuig an Aontas a shreabhfaidh na tairbhí eacnamaíocha nó an poitéinseal seirbhíse a bheidh ann amach anseo maidir leis an ítim sin agus gur féidir a chostas a thomhas ar bhealach iontaofa. Cuirtear costais deisiúcháin agus cothabhála ar an ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais le linn na tréimhse airgeadais ina dtabhaítear iad.

Ní dhéantar talamh a dhímheas mar meastar go bhfuil saolré úsáideach éiginnte aige. Ní dhéantar sócmhainní atá á dtógáil a dhímheas, mar níl na sócmhainní sin ar fáil lena n-úsáid go fóill. Déantar dímheas ar shócmhainní eile a ríomh agus modh an mhéid chothroim á úsáid chun a gcostas lúide a luachanna iarmharacha a leithdháileadh thar a saolréanna úsáide measta, mar a leanas:

An cineál sócmhainne	Ráta dímheasa de réir méid chothroim
Foirgnimh	*4 % go 10 %*
Sócmhainní spáis	*8 % go 25 %*
Gléasra agus trealamh	*10 % go 25 %*
Troscán agus feithiclí	*10 % go 25 %*
Ríomhairí (crua-earraí)	*25 % go 33 %*
Eile	*10 % go 33 %*

Cinntear gnóthachain nó caillteanais ar dhiúscairtí trí fháltais lúide speansais díolacháin a chur i gcomparáid le luach na sócmhainne de réir na leabhar diúscartha agus áirítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Léasanna

Is éard is léas ann comhaontú lena dtugann an léasóir an ceart don léasaí chun sócmhainn a úsáid ar feadh tréimhse chomhaontaithe mar mhalairt ar íocaíocht nó ar shraith íocaíochtaí. Aicmítear léasanna mar léasanna airgeadais nó léasanna oibriúcháin.

Is éard atá i léasanna airgeadais na léasanna ina n-aistrítear go substaintiúil na rioscaí agus luaíochtaí uile a ghabhann le húinéireacht chuig an léasaí. Nuair a chuireann léasaí tús le léas airgeadais, aithnítear na sócmhainní a fhaightear faoin léas airgeadais mar shócmhainní agus aithnítear na hoibleagáidí léasa lena mbaineann mar dhliteanais ón tráth a thosaíonn téarma an léasa. Aithnítear na sócmhainní agus dliteanais ag méideanna atá cothrom le luach cóir na réadmhaoine léasaithe nó, má tá sé níos ísle, luach reatha na n-íocaíochtaí léasa íosta, arna gcinneadh agus tús á chur leis an léas. Le linn thréimhse théarma an léasa, déantar na sócmhainní arna sealbhú faoi léasanna airgeadais a dhímheas thar shaolré úsáideach na sócmhainne nó théarma an léasa, cibé acu is giorra. Déantar na híocaíochtaí léasa íosta a chionroinnt idir an muirear maoiniúcháin (gné an úis) agus laghdú an dliteanais gan íoc (gné an chaipitil). Déantar an muirear airgeadais a leithdháileadh ar gach tréimhse le linn théarma an léasa ionas go bhfaighfí ráta úis tréimhsiúil seasmhach ar iarmhéid an dliteanais atá fágtha, a chuirtear i láthair mar reatha/neamhreatha, de réir mar is infheidhme. Muirearaítear cíosanna teagmhasacha mar speansais sa tréimhse ina dtabhaítear iad.

Is éard atá i léas oibriúcháin aon léas seachas léas airgeadais, i.e. léas ina gcoinníonn an léasóir go substaintiúil na rioscaí agus luaíochtaí uile a ghabhann le húinéireacht sócmhainne. Nuair a thosaítear léas oibriúcháin mar léasaí, aithnítear na híocaíochtaí léasa oibriúcháin mar chaiteachas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais de réir méid chothroim thar théarma an léasa, gan sócmhainn léasaithe ná dliteanas léasaithe a chur i láthair sa chlár comhardaithe.

1.5.3. *Lagú ar shócmhainní neamhairgeadais*

Is éard is lagú ann caillteanas i dtairbhí eacnamaíocha amach anseo nó poitéinseal seirbhíse sócmhainne, sa bhreis ar aitheantas córasach a thabhairt do chaillteanas tairbhí eacnamaíocha amach anseo na sócmhainne nó poitéinseal seirbhíse na sócmhainne trí amúchadh nó dímheas (mar is infheidhme). Sócmhainní a bhfuil saolré úsáideach éiginnte acu agus nach bhfuil faoi réir amúchta/dímheasa agus a ndéantar tástáil orthu go bliantúil i ndáil le lagú. Déantar sócmhainní atá faoi réir amúchta/dímheasa a thástáil le haghaidh lagaithe pé uair a bhíonn léiriú ann ar an dáta maidir le tuairisciú go bhféadfadh sócmhainn a bheith lagaithe. Aithnítear caillteanas lagaithe ag an méid a sháraíonn luach sócmhainne de réir na leabhar a méid (seirbhíse) in-aisghabhála. Is éard is méid (seirbhíse) in-aisghabhála ann an méid is airde de luach cóir sócmhainne lúide costais díolacháin agus a luach úsáide.

Déantar sócmhainní doláimhsithe agus luachanna iarmharacha réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus saolréanna úsáide a athbhreithniú, agus a choigeartú más iomchuí, uair amháin ar a laghad in aghaidh na bliana. Mura bhfuil na cúiseanna le laguithe a aithníodh i mblianta roimhe sin i bhfeidhm a thuilleadh, déantar na caillteanais lagaithe a aisiompú dá réir.

1.5.4. *Infheistíochtaí a ndearnadh cuntas orthu trí úsáid a bhaint as modh an chothromais*

Rannpháirtíocht i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair

Déantar infheistíochtaí a chuirtear san áireamh agus modh an chothromais á úsáid a aithint ar costas ar dtús, agus déantar an luach de réir na leabhar tosaigh a mhéadú nó a laghdú ina dhiaidh sin chun ranníocaíochtaí eile a aithint, mar aon le sciar an Aontais de bharrachas nó easnamh an infheisteora, agus aon lagú agus díbhinn. Is ón gcostas tosaigh in éineacht leis na gluaiseachtaí go léir a fhaightear luach de réir na leabhar na hinfheistíochta sna ráiteas airgeadais ag dáta an chláir chomhardaithe. Aithnítear sciar an Aontais i mbarrachas nó easnamh an infheisteora sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais, agus aithnítear a sciar de ghluaiseachtaí an infheisteora i gcothromas sna cúlchistí laistigh de ghlansócmhainní. Laghdaítear luach na sócmhainne de réir na leabhar de réir na ndáileachán arna bhfáil ó infheistíocht.

Sciar an Aontais d'easnaimh in infheistíocht a dtugtar cuntas uirthi agus modh an chothromais á úsáid, má tá an sciar sin cothrom lena leas san infheistíocht nó níos mó ná sin, ní dhéanfaidh an tAontas a sciar de na caillteanais bhreise ('caillteanais neamhaitheanta') a aithint a thuilleadh. I ndiaidh leas an Aontais a laghdú go nialas, ní dhéantar foráil do chaillteanais bhreise agus ní aithnítear dliteanas ach amháin a mhéid a bhfuil oibleagáid inchiallaithe nó dhlíthiúil tabhaithe ag an Aontas, nó a bhfuil íocaíochtaí déanta aige thar ceann an eintitis.

Má tá lagú léirithe, is gá díluacháil a dhéanamh chuig an méid in-aisghabhála níos ísle. Cinntear an méid inghnóthaithe mar a thuairiscítear faoi Nóta **1.5.3**. Mura bhfuil an chúis leis an lagú fós i bhfeidhm ag dáta níos déanaí, déanfar an caillteanas lagaithe a aisiompú go dtí an luach de réir na leabhar a bheadh ann mura n-aithneofaí aon chaillteanas lagaithe.

I gcásanna ina bhfuil 20 % nó níos mó de chiste caipitil infheistíochta i seilbh an Aontais, ní dhéanann sé iarracht tionchar suntasach a imirt. Caitear le cistí den sórt sin mar ionstraimí airgeadais dá bhrí sin agus déantar iad a aicmiú mar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas.

Comhlaigh agus comhfhiontair a aicmítear mar mhion-eintitis (féach Nóta **1.3**), ní chuirtear san áireamh iad faoi mhodh an chothromais. Cuirtear ranníocaíochtaí an Aontais leis na heintitis sin i gcuntas mar speansas i gcás na tréimhse sin.

1.5.5. *Sócmhainní airgeadais*

Aicmiú tráth na haitheanta tosaigh

Braitheann an t-aicmiú ar dhá chritéar:

— Samhail bainistíochta na sócmhainní airgeadais. Ní mór measúnú a dhéanamh leis sin ar an gcaoi a mbainistíonn an tAontas na sócmhainní airgeadais chun sreafaí airgid a ghiniúint agus chun a chuspóirí a bhaint amach agus ar an gcaoi a ndéanann sé meastóireacht ar fheidhmíocht sócmhainní airgeadais.

— Saintréithe sreafa airgid conarthacha na sócmhainne. Chuige sin, is gá measúnú a dhéanamh ar cé acu ar íocaíochtaí príomhshuime agus úis ar an bpríomhshuim gan íoc amháin atá sna sreafaí airgid conarthacha nó nach ea. Is éard atá in ús an chomaoin i leith luach ama an airgid, an riosca creidmheasa agus costais agus rioscaí bunúsacha eile de dheasca iasachtaí.

Tar éis measúnú a dhéanamh bunaithe ar na critéir sin, is féidir na sócmhainní airgeadais a aicmiú i dtrí chatagóir: Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta, sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas nó sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas.

Sócmhainní airgeadais le sreafaí airgid conarthacha a léiríonn an phríomhshuim agus ús amháin, déantar iad a aicmiú ag brath ar shamhail bainistíochta an eintitis. Más é atá i gceist leis an tsamhail bainistíochta na sócmhainní airgeadais a choinneáil chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú, aicmítear na sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta. Más é atá i gceist leis an tsamhail bainistíochta na sócmhainní airgeadais a choinneáil chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú agus chun na sócmhainní airgeadais a dhíol araon, is é sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas an t-aicmiú. Má tá an tsamhail bainistíochta difriúil ón dá shamhail sin (e.g. coinnítear na sócmhainní airgeadais lena dtrádáil nó coinnítear iad i bpunann arna bainistiú agus arna measúnú ar bhonn luacha cóir), aicmítear na sócmhainní airgeadais mar shócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas.

Sócmhainní airgeadais le sreafaí airgid conarthacha nach príomhshuim agus ús amháin atá iontu, ach go n-eascraíonn neamhchosaint ar rioscaí agus luaineacht astu seachas mar a bhíonn i gceist i mbunsocrú iasachta (e.g. athruithe ar phraghsanna cothromais), aicmítear na sócmhainní sin mar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas gan beann ar an tsamhail bainistíochta atá i gceist.

Tráth an aitheantais tosaigh, aicmíonn an tAontas na sócmhainní airgeadais mar a leanas:

(i) *Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta*

Aicmíonn an tAontas an méid seo a leanas sa chatagóir sin:

— airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim (lena n-áirítear comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais);

— iasachtaí (lena n-áirítear taiscí téarma lena ngabhann aibíocht tosaigh de bhreis is 3 mhí);

— suimeanna infhaighte arna malartú, cé is moite de chuid infhaighte an chonartha ráthaíochta airgeadais arna haicmiú mar shócmhainn airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh.

Comhlíontar dhá choinníoll leis na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha seo: Is é samhail bainistíochta an Aontais iad a choinneáil chun na sreafaí airgid conarthacha a bhailiú. Thairis sin, ar laethanta sonraithe, tá sreafaí airgid conarthacha ann arb é an phríomhshuim agus ús ar mhéid na príomhshuime gan íoc amháin atá iontu.

Is éard is comhaontú athcheannaigh droim ar ais ann comhaontú ina gceannaíonn páirtí amháin urrúis ó pháirtí eile leis an gcomhaontú iad a athdhíol níos déanaí ar phraghas comhaontaithe. Tá tábhacht eacnamaíoch an idirbhirt sin cosúil le taisce téarma chomhthaobhaithe. Fanann rioscaí agus luaíochtaí an urrúis leis an aistreoir, agus tá an t-aistrí ag súil go bhfaighidh sé an phríomhshuim agus an t-ús conarthach ar ais. Dá réir sin, coinnítear cuntas ar idirbhearta athcheannaigh droim ar ais ar chostas amúchta. Déanann an tAontas na hidirbhearta sin go heisiach chun leachtacht a bhainistiú, agus leas á bhaint aige as an deis barrachais airgid a chur ar rátaí tarraingteacha thar thréimhse an-ghearr nach faide ná 3 mhí. Dá dheasca sin, déantar iad a chatagóiriú mar airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim.

Áirítear sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta i sócmhainní reatha, ach amháin iad siúd lena ngabhann aibíocht de bhreis is 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

(ii) *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas*

Tá sreafaí airgid conarthacha ag na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha seo a léiríonn an phríomhshuim agus an t-ús ar an bpríomhshuim gan íoc agus é sin amháin. Ina theannta sin, sealbhóidh an tsamhail bhainistíochta na sócmhainní airgeadais chun sreafaí airgid conarthacha a bhailiú agus chun na sócmhainní airgeadais a dhíol araon.

Aicmítear sócmhainní sa chatagóir seo mar shócmhainní reatha, má tá coinne leis go ndéanfar iad a réadú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

Ní raibh sócmhainní den sórt sin i seilbh an Aontais ag deireadh na tréimhse tuairiscithe sin.

(iii) *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh*

Déanann an tAontas na sócmhainní airgeadais seo a leanas a aicmiú mar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas toisc nach iad an phríomhshuim agus an t-ús ar an bpríomhshuim amháin a léirítear leis na sreafaí airgid conarthacha:

— díorthaigh;

— infheistíochtaí cothromais agus infheistíochtaí i gcistí margaidh airgid nó infheistíochtaí i gcistí punann comhthiomsaithe;

— infheistíochtaí eile de chineál cothromais (e.g. oibríochtaí caipitil riosca).

Ina theannta sin, déanann an tAontas na hurrúis fiachais atá á sealbhú aige a aicmiú mar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas toisc go ndéantar bainistíocht agus meastóireacht ar phunanna na n-urrús fiachais ar bhonn luacha chóir na punainne (e.g. an Ciste don Soláthar Coiteann faoi Airteagal 215 den Rialachán Airgeadais).

Aicmítear sócmhainní sa chatagóir seo mar shócmhainní reatha, má tá coinne leis go ndéanfar iad a réadú laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

Aitheantas tosaigh agus tomhas

Ceannacháin sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas agus ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, aithnítear iad ar dháta a dtrádála, i.e. an dáta ar a ngeallann an tAontas go gceannóidh sé an tsócmhainn. Aithnítear coibhéisí airgid thirim agus iasachtaí nuair a thaisctear an t-airgead in institiúid airgeadais nó nuair a réamhíoctar le hiasachtóirí é.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar dtús báire ar luach cóir. Gach sócmhainn airgeadais nach dtugtar ar aghaidh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, cuirtear na costais idirbhirt leis an luach cóir tráth na haitheanta tosaigh. Sócmhainní airgeadais a thugtar ar aghaidh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh caitear na costais idirbhirt sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Is éard a bhíonn sa luach cóir sócmhainne airgeadais tráth na haitheanta tosaigh an praghas idirbhirt mura mbíonn an t-idirbheart ar neamhthuilleamaí i.e. ní ann do chomaoin nó is ar éigean gur ann di chun críocha beartais phoiblí. Más amhlaidh an cás, is comhpháirt neamh-mhalairte í an difríocht idir luach cóir na hionstraime airgeadais agus an praghas idirbhirt a aithnítear mar speansas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Sa chás sin, eascraíonn luach cóir sócmhainne airgeadais ó idirbhearta margaidh reatha le haghaidh ionstraim atá coibhéiseach go díreach. Mura bhfuil aon mhargadh gníomhach ann le haghaidh na hionstraime, díorthaítear an luach cóir ó theicníc luachála a úsáideann sonraí atá ar fáil ó mhargaí inbhraite.

Nuair a dheonaítear iasacht fadtéarmach nach mbaineann aon ús leis nó go bhfuil ús faoi bhun dhálaí an mhargaidh i gceist leis, is féidir a luach cóir a mheas mar luach reatha na bhfáltas airgid tirim go léir sa todhchaí arna lascainiú leis an ráta úis margaidh atá i réim le haghaidh ionstraim chomhchosúil a mbaineann rátáil chreidmheasa chomhchosúil léi.

Iasachtaí arna ndeonú faoin tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta agus iasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais, déantar iad a thomhas ar dtús ar a méid ainmniúil, agus meastar praghas an idirbhirt mar luach cóir na hiasachta. Tarlaíonn sé sin ar na cúiseanna seo a leanas:

— Tá ‘timpeallacht an mhargaidh’ i ndáil le hiasachtú an Aontais an-sonrach agus éagsúil ón margadh caipitil a úsáidtear chun fiachas tráchtála nó fiachas rialtais a eisiúint. Ós rud é go mbíonn deis ag iasachtóirí sna margaí sin ionstraimí malartacha a roghnú, cuirtear an deis sin san áireamh agus praghsanna margaidh á gcinneadh. Ní bhíonn an deis sin maidir le hionstraimí malartacha ag an Aontas áfach, ní cheadaítear dó airgead a infheistiú sna margaí caipitil; ní fhaigheann sé cistí ar iasacht ach chun críche iasachtaithe. Ní bhíonn aon rogha malartach iasachtaithe ná infheistíochta ar fáil don Aontas i ndáil le suimeanna arna bhfáil ar iasacht dá bhrí sin. Ní bhíonn aon deischostas i gceist dá réir agus níl aon bhunús comparáide le rátaí margaidh dá bhrí sin. Go deimhin, is léiriú ar an margadh iad oibríochtaí an Aontais trína dtugtar iasachtaí. Go bunúsach, ós rud é nach bhfuil ‘rogha’ an deischostais infheidhme, ní léiríonn an praghas margaidh substaint idirbhearta iasachta an Aontais ar bhealach cóir. Dá bhrí sin, níl sé iomchuí luach cóir iasachtú an Aontais a chinneadh ag tagairt do bhannaí tráchtála nó bannaí rialtais.

— Thairis sin, ós rud é nach bhfuil aon mhargadh gníomhach ná idirbhearta comhchosúla ann chun comparáid a dhéanamh leo, ba cheart don Aontas an ráta úis a gearradh a úsáid mar an ráta úis chun luach cóir a chuid oibríochtaí trína dtugtar iasachtaí a fháil.

Tomhas dá éis sin

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta dá éis sin ar chostas amúchta ag úsáid an mhodha úis éifeachtaigh.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ag luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas dá éis sin ar luach cóir. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ó athruithe ar an luach cóir sa chúlchiste luacha cóir, ach amháin difríochtaí in aistriúchán malairte eachtraigh ar shócmhainní airgeadra, aithnítear iad sin sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Tomhaistear sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh dá éis sin ar luach cóir. Gnóthachain agus caillteanais ó athruithe ar an luach cóir (lena n-áirítear cinn a eascraíonn ó aistriú airgeadra eachtraigh agus aon ús a thuilltear), déantar iad a áireamh sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais sa tréimhse ina dtarlaíonn siad.

Luach cóir ar thomhas dá éis sin

Tá luachanna córa infheistíochtaí luaite i margaí gníomhacha bunaithe ar phraghsanna tairisceana reatha. Mura bhfuil an margadh le haghaidh sócmhainn airgeadais gníomhach (agus le haghaidh urrúis neamhliostaithe agus díorthaigh thar an gcuntar), bunaíonn an tAontas luach cóir trí theicnící luachála a úsáid. Áirítear leo sin idirbhearta ar neamhthuilleamaí le déanaí a úsáid, tagairt d'ionstraimí eile atá mar an gcéanna go substaintiúil, anailís shreabhadh airgid lascainithe, samhlacha praghsála roghanna agus teicnící luachála eile a úsáideann rannpháirtithe an mhargaidh go coiteann.

Infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair nach ngabhann praghas margaidh luaite leo i margadh gníomhach, déantar iad a luacháil ar an luach glansócmhainne is inchurtha, a mheastar mar choibhéis dá luach cóir.

Lagú sócmhainní airgeadais

Aithníonn agus tomhaiseann an tAontas caillteanas lagaithe le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha ar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ar chostas amúchta agus ar luach cóir trí ghlansócmhainní/cothromas.

I gcás sócmhainní ar chostas amúchta, laghdaítear suim ghlanluacha na sócmhainne trí mhéid an chaillteanais lagaithe a aithnítear sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Le haghaidh sócmhainní ar luach cóir trí ghlansócmhainní/ chothromas, aithnítear an lamháltas caillteanais i nglansócmhainní/cothromas agus ní laghdaítear luach na sócmhainne airgeadais de réir na leabhar sa chlár comhardaithe dá bharr. Má tharlaíonn sé, i dtréimhse dá éis, go laghdaítear méid an chaillteanais lagaithe, déantar an caillteanas lagaithe a aithníodh roimhe sin a chealú tríd an ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Is éard é an caillteanas creidmheasa ionchasacha luach reatha na difríochta idir na sreafaí airgid chonarthacha agus na sreafaí airgid a bhfuil coinne ag an Aontas a fháil. Ionchorpraítear sa chaillteanas chreidmheas ionchasach faisnéis réasúnach agus ar féidir tacú léi atá ar fáil gan chostas míchuí nó iarracht mhíchuí ar an dáta tuairiscithe.

(a) *Beartais chéimnithe*

Tomhaistear an caillteanas creidmheas ionchasach le samhail trí chéim a chuireann teagmhais mhainneachtana ualaithe dóchúlachta san áireamh le linn shaolré na sócmhainne airgeadais agus éabhlóid an riosca creidmheasa ó thúsphointe na sócmhainne airgeadais. I gcás iasachtaí, is ionann an túsphointe agus dáta an ghealltanais iasachta neamh-inchúlghairthe.

Braitheann an leithdháileadh ar chéimeanna ar rátáil chreidmheasa an chontrapháirtí. Braitheann an tsamhail chéimnithe ar mheasúnú ábhartha ar riosca creidmheasa, eadhon, féadfaidh iasachtaí éagsúla a bheith ag an Aontas leis an gcontrapháirtí céanna i gcéimeanna éagsúla, ag brath ar riosca creidmheasa an chontrapháirtí ag an túsphointe. Agus a stádas uathúil institiúideach aige, tugann an tAontas airgead ar iasacht dá Bhallstáit nó do thíortha ceannasacha atá i gcruachás. Dá thoradh sin, cuireann an tAontas measúnú cáilíochtúil ar an riosca creidmheasa i bhfeidhm, bunaithe ar fhaireachán ar chás eacnamaíoch na n-iasachtaithe i gcruachás.

Céim 1 - Gan méadú suntasach ar riosca creidmheasa

Maidir le hiasachtaí le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa sa ghrád infheistíochta (i.e. idir AAA (Aaa) agus BBB- (Baa3) ar scála rátála S&P/Fitch (Moody's) nó ar choibhéis sheachtrach nó rátáil inmheánach) ar an dáta tuairiscithe, meastar gur iasachtaí iad seo a mbaineann riosca creidmheasa íseal leo agus, dá bharr sin, coimeádtar iad i gCéim 1, ach amháin má bhíonn siad dlite os cionn 30 lá (féach Céim 2). Anuas air sin, is i gCéim 1 a aicmítear aon iasacht, nár tháinig méadú suntasach ar riosca creidmheasa ina leith, mar a shainmhínítear thíos. Maidir leis na hiasachtaí i gCéim 1, tomhaistear an lamháltas lagaithe ar leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach 12 mhí.

Céim 2 - Méadú suntasach ar riosca creidmheasa

Chun a chinneadh an raibh méadú suntasach ar an riosca creidmheasa ón tús, agus an iomchuí, mar sin, aistriú chuig Céim 2, cuireann an tAontas teaglaim de mheasúnuithe cainníochtúla agus cáilíochtúla i bhfeidhm:

— aistrítear gach iasacht a bhfuil íocaíochtaí conarthacha thar téarma idir 31 agus 90 lá ina leith go Céim 2;

— maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa idir AAA (Aaa) agus BB- (Ba3) ar an dáta aitheantais tosaigh: Mura bhfuil feidhm ag cás an riosca íseal (thuas i gCéim 1), meastar go bhfuil an meathlúchán suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil ag an túsphointe agus an rátáil ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 3 scór nó os a chionn sin;

— maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa B+ (B1) nó B (B2) ar an dáta aitheantais tosaigh: Meastar go bhfuil an meathlú suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil reatha cothrom le 2 scór nó os a chionn sin;

— maidir le contrapháirtithe ag a bhfuil rátálacha creidmheasa B- (B3) nó níos ísle (i raon CCC/Caa - C) ar an dáta aitheantais tosaigh: Meastar go bhfuil an meathlú suntasach má bhíonn an difríocht idir an rátáil tosaigh agus an rátáil reatha ar an dáta maidir le tuairisciú cothrom le 1 scór nó os a chionn sin; agus

— maidir le hiasachtaí a tionscnaíodh roimh an aistriú chuig rialacha cuntasaíochta AE 11 athbhreithnithe (i.e. an 1 Eanáir 2021), nach bhfuil aon fhaisnéis maidir le riosca creidmheasa tráth na haitheanta tosaigh ar fáil ina leith gan costas ná iarracht mhíchuí, aicmítear iad ag Céim 2.

Maidir le hiasachtaí i gCéim 2, tomhaistear an lamháltas lagaithe ar leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saoil.

Céim 3 - Iasachtaí a bhfuil fadhbanna creidmheasa acu

Aicmítear iasachtaí i gCéim 3 nuair a bhíonn siad os cionn 90 lá dlite thar téarma nó nuair is amhlaidh gur tharla teagmhas amháin nó níos mó ag a raibh tionchar díobhálach ar shreafaí airgid thirim measta na todhchaí de chuid na sócmhainne airgeadais sin tar éis thúsphointe an iasachta. Mar shampla, aicmítear iasacht ar Chéim 3, má bhíonn na nithe a leanas fíor:

— éiríonn sé dóchúil go rachaidh iasachtaí faoi fhéimheacht nó faoi atheagrú airgeadais eile;

— tá rátáil chreidmheasa D ag an iasachtaí arna foilsiú ag gníomhaireacht rátála seachtrach; agus

— tá an t-iasachtaí ar mainneachtain faoi aon oibleagáid airgeadais don Aontas, nó i gcás iasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais, má bhíonn an t-iasachtaí ar mainneachtain aon eagraíocht idirnáisiúnta eile a mhaoiníonn an clár.

Maidir le hiasachtaí i gCéim 3, tomhaistear an lamháltas lagaithe ar leibhéal na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saoil.

Ceannaithe nó tionscanta mar lagú creidmheasa (POCI)

Tá iasachtaí POCI ag an Aontas freisin. Is iasachtaí ar mainneachtain iad seo ar íoc an tAontas glao ráthaíochta leis an gcomhpháirtí cur chun feidhme ina leith. Maidir leis na hiasachtaí sin, tá gach ceart seachaithe don Aontas. Aithníonn an tAontas iad ar a chlár comhardaithe ag luach cóir tráth na haitheanta tosaigh. Aicmíonn an tAontas iad mar iasachtaí POCI agus ríomhann sé lamháltas lagaithe ar bhonn na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saoil. Faoi na comhaontuithe ábhartha idir an tAontas agus na comhpháirtithe cur chun feidhme, déantar imeachtaí aisghabhála thar ceann an Aontais agus é mar aidhm aige aon mhéid atá dlite a aisghabháil.

(b) *Iasachtaí do stáit cheannasacha*

Bunaíonn an tAontas a mheasúnú ar lagú iasachtaí, i gcomhthéacs chineál mhaoiniú an Aontais agus a stádais institiúidigh uathúil.

Maidir le lagú iasachtaí le Stáit nach Ballstáit iad, ríomhann an tAontas na caillteanais chreidmheasa ionchasacha trí shonraí cáilíochta creidmheasa seachtracha a úsáid, ach cuirtear stádas mar chreidiúnaí tosaíochta san áireamh áfach, agus laghdaítear an riosca creidmheasa mar thoradh. Chun an luach reatha a ríomh, is é ráta úis éifeachtach bunaidh na hiasachta a úsáidtear mar an ráta lascaine. Má tá ráta úis athraitheach i gceist le hiasacht, is é an ráta úis éifeachtach reatha arna gcinneadh faoin gconradh a úsáidtear mar an ráta lascaine.

Maidir le hiasachtaí do Bhallstáit, níor thabhaigh an tAontas aon chaillteanas lagaithe, agus ní raibh aon mhainneachtain ar íocaíochtaí i gceist. Le haghaidh na n-iasachtaí sin, chomh maith leis an stádas mar chreidiúnaí tosaíochta, cuireann an tAontas an caidreamh lena Bhallstáit san áireamh. Trí bhíthin an dá ghné sin, i bprionsabal, ráthaítear gnóthú iomlán na n-iasachtaí do na Ballstáit, tráth a n-aibíochta. Measann an tAontas gur diomaibhseach iad na caillteanais chreidmheasa ionchasacha ó iasachtaí le Ballstáit dá bhrí sin, agus measann sé go mbeadh cur chuige staitistiúil míchuí chun caillteanais chreidmheasa ionchasacha a ríomh i ndáil leis na hiasachtaí sin. Ní aithnítear aon chaillteanas creidmheasa ionchasach sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais i leith na n-iasachtaí le Ballstáit dá réir sin.

(c) *Suimeanna infhaighte*

Tomhaiseann an tAontas an caillteanas lagaithe ar mhéid an chaillteanais creidmheasa ionchasaigh saoil, agus réitigh phraiticiúla á n-úsáid aige (e.g. maitrís forála).

(d) *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Tá airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim i seilbh an Aontais i gcuntais reatha bainc agus i dtaiscí téarma suas le 3 mhí. Sealbhaítear an t-airgead tirim go príomha i mbainc ag a bhfuil rátálacha creidmheasa an-ard acu (féach Nóta **6.6**), agus dá bhrí sin tá dóchúlachtaí mainneachtana an-íseal acu. Ag glacadh leis an achar gearr agus na dóchúlachtaí ísle maidir le mainneachtain, tá na chaillteanais chreidmheasa ionchasacha ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim diomaibhseach. Ní aithnítear aon lamháltas lagaithe le haghaidh coibhéisí airgid thirim dá bharr sin.

Dí-aithint

Déantar ionstraimí airgeadais a dhí-aithint nuair a théann na cearta chun sreafaí airgid a fháil ó na hinfheistíochtaí in éag nó nuair a aistríonn an tAontas gach riosca agus gach luaíocht úinéireachta go substaintiúil chuig páirtí eile. Aithnítear aon difríocht idir an luach de réir na leabhar tráth na dí-aitheanta agus an praghas idirbhirt mar ghnóthachan nó mar chaillteanas sa Ráiteas maidir le Feidhmíocht Airgeadais. Aithnítear díol sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí ghlansócmhainní/chothromas agus trí bharrachas nó easnamh ar a ndáta trádála.

1.5.6. *Fardail*

Cibé acu is ísle, costas nó glanluach inréadaithe, is aige sin a luaitear fardail. Déantar an costas a chinneadh trí mhodh an ceann is túisce isteach, is túisce amach (FIFO) a úsáid. Maidir le costas na n-earraí críochnaithe agus obair idir lámha, áirítear amhábhair, saothar díreach, costais eile atá inchurtha go díreach agus forchostais táirgeachta ghaolmhara eile (bunaithe ar ghnáth-inniúlacht oibriúcháin). Is éard is glanluach inréadaithe ann an praghas díola measta i ngnáthchúrsa an ghnó, lúide costais an chomhlánaithe agus na speansais díolacháin. Nuair a choinnítear fardail lena ndáileadh gan aon chostas breise a íoc nó ar mhuirear beag, déantar iad a thomhas ag costas nó ag an gcostas athsholáthair reatha, pé ceann is lú. Is é costas athsholáthair reatha an costas a thabhódh an tAontas dá mbeadh air an tsócmhainn a fháil ar dháta an tuairiscithe.

1.5.7. *Méideanna réamh-mhaoiniúcháin*

Is íocaíocht é réamh-mhaoiniú atá beartaithe chun réamhíocaíocht airgid a sholáthar don tairbhí, i.e. cúlchnap. Féadfar é a dheighilt i roinnt íocaíochtaí i gcomhréir le prionsabal na bainistíochta fónta airgeadais thar thréimhse a leagtar síos sa chonradh, sa chinneadh, sa chomhaontú nó sa bhunghníomh áirithe. Úsáidtear an comhlúthach nó an t-airleacan chun na críche dár soláthraíodh é le linn na tréimhse a leagtar síos sa chomhaontú nó aisíoctar é. Mura dtabhaíonn an tairbhí caiteachas incháilithe, beidh sé de dhualgas air an réamh-mhaoiniú a thabhairt ar ais go dtí an Aontas Eorpach. Toisc go gcoinníonn an tAontas smacht ar an réamh-mhaoiniú agus toisc go bhfuil sé i dteideal aisíocaíocht a fháil don chuid neamh-incháilithe, cuirtear an méid sin i láthair mar shócmhainn.

Aithnítear réamh-mhaoiniú ar dtús ar an gclár comhardaithe nuair a aistrítear airgead tirim chuig an bhfaighteoir. Tomhaistear é ag méid na comaoine a thugtar. I dtréimhsí dá éis, tomhaistear réamh-mhaoiniú ag an méid a aithnítear ar dtús ar an gclár comhardaithe lúide na speansais incháilithe (lena n-áirítear méideanna measta i gcás inar gá) a thabhaítear le linn na tréimhse.

Aithnítear ús ar réamh-mhaoiniú de réir mar a thuilltear é i gcomhréir leis an gcomhaontú ábhartha. Déantar meastachán ar an ioncam ó ús fabhraithe, ar bhonn na faisnéise is iontaofa, ag deireadh na bliana agus cuimsítear sa chlár comhardaithe é.

Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit, a eascraíonn ó aisíocaíocht ón Aontas ar mhéideanna arna n-íoc ag na Ballstáit mar réamhíocaíochtaí lena dtairbhithe (lena n-áirítear 'ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte'), aithnítear na réamhíocaíochtaí sin mar shócmhainní agus cuirtear i láthair iad faoin gceannteideal 'Réamh-mhaoiniú'. Déantar réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit a thomhas ina dhiaidh sin ag an méid a aithníodh ar dtús ar an gclár comhardaithe lúide an meastachán is fearr ar na speansais incháilithe arna dtabhú ag tairbhithe deiridh, arna ríomh ar bhonn toimhdí réasúnta ar féidir tacú leo.

Na ranníocaíochtaí le cistí iontaobhais AE (arna mbunú faoi Airteagal 238 den Rialachán Airgeadais) nach bhfuil comhdhlúite sa Choimisiún Eorpach (i.e. cistí iontaobhais na hAfraice agus Bêkou), nó na ranníocaíochtaí le heintitis neamh-chomhdhlúite eile, aicmítear iad mar réamh-mhaoiniú ós rud é gurb é is cuspóir dóibh cúlchnap a thabhairt don chiste iontaobhais chun ligean dó gníomhaíochtaí sonracha arna gcinneadh le cuspóirí an chiste iontaobhais a mhaoiniú. Tomhaistear ranníocaíochtaí ón Aontas le cistí iontaobhais ag méid tosaigh na ranníocaíochta ón Aontas lúide speansais incháilithe, lena n-áirítear méideanna measta i gcás inar gá, arna dtabhú ag an gciste iontaobhais le linn na tréimhse tuairiscithe agus arna leithdháileadh ar ranníocaíocht an Aontais i gcomhréir leis an gcomhaontú foluiteach.

1.5.8. *Infháltais mhalairte agus infháltais neamh-mhalairte*

Ceanglaítear le rialacha cuntasaíochta an Aontais go ndéanfaí idirbhearta malairte agus idirbhearta neamh-mhalairte a chur i láthair ar leithligh. Chun idirdhealú a dhéanamh idir an dá chatagóir, coimeádtar an téarma 'suimeanna infhaighte' le haghaidh idirbhearta malairte, ach le haghaidh 'idirbhearta neamh-mhalairte' i.e. nuair a fhaigheann an tAontas luach ó eintiteas eile gan tuairim is luach cothrom a thabhairt go díreach sa mhalairt, úsáidtear an téarma 'méideanna in-aisghabhála' (e.g. méideanna in-aisghabhála ó na Ballstáit a bhaineann le hacmhainní dílse).

Tá suimeanna infhaighte ó idirbhearta malairte ina sócmhainní airgeadais arna dtomhas ar chostas amúchta, ach amháin méideanna áirithe den chuid infhaighte den chonradh ráthaíochta airgeadais a aicmítear mar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (féach Nóta **1.5.5**).

Tugtar méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta nach dtrádáiltear ar an stocmhalartán ar aghaidh ar luach cóir amhail dáta na héadála lúide an díscríobh i gcomhair lagú. Bunaítear díluacháil i gcomhair lagú méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte nuair atá fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an tAontas in ann na méideanna uile atá dlite de réir théarmaí bunaidh na méideanna in-aisghabhála a bhailiú ó idirbhearta neamh-mhalairte. Is ionann méid na díluachála agus an difríocht idir suim ghlanluacha na sócmhainne agus an méid in-aisghabhála. Aithnítear méid na díluachála sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Déantar díluacháil ghinearálta, bunaithe ar thaithí roimhe sin, maidir le horduithe gnóthaithe gan íoc nár cuireadh faoi réir díluacháil shonrach cheana féin. Maidir le hioncam fabhraithe a láimhseáil ag deireadh na bliana, féach Nóta **1.5.14**.

Ní ionstraimí airgeadais iad na méideanna a léirítear agus a nochtar mar mhéideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte, mar ní eascraíonn siad as conradh a bheadh ina chúis le dliteanas airgeadais nó ionstraim chothromais. Sna nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, áfach, déantar méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte a nochtadh in éineacht le suimeanna infhaighte ó idirbhearta malairte, i gcás inarb iomchuí.

1.5.9. *Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim*

Is sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim agus áirítear leo airgead ar láimh, taiscí a choinnítear ar glao nó ar ghearrfhógra le bainc, idirbhearta athcheannaigh droim ar ais, agus infheistíochtaí gearrthéarmacha an-leachtach eile a bhfuil aibíochtaí bunaidh 3 mhí nó níos lú acu agus a choimeádtar chun gealltanais airgid thirim ghearrthéarmacha a chomhlíonadh agus leachtacht a bhainistiú seachas chun críoch infheistíochta nó chun críoch eile.

1.5.10. *Sochair fostaithe*

Soláthraíonn an tAontas sraith sochar (díolaíochtaí agus slándáil shóisialta) d'fhostaithe. Chun críoch cuntasaíochta, ní mór iad sin a aicmiú ina sochair ghearrthéarmacha agus ina sochair iarfhostaíochta.

Sochair ghearrthéarmacha fostaí

Is éard is sochair ghearrthéarmacha fostaí ann na sochair sin a bheidh dlite lena réiteach roimh 12 mhí tar éis dheireadh na tréimhse tuairiscithe ina soláthraíonn na fostaithe an tseirbhís, amhail tuarastail, saoire bhliantúil agus saoire bhreoiteachta íoctha, agus liúntais ghearrthéarmacha eile. Aithnítear sochair fostaithe gearrthéarmacha mar speansais nuair a sholáthraítear an tseirbhís lena mbaineann. Aithnítear dliteanas ag an méid a bhfuil coinne go n-íocfar má tá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ar an Aontas faoi láthair chun é a íoc de thoradh ar sheirbhís a sholáthair an fostaí roimhe sin agus gur féidir an oibleagáid a mheas go hiontaofa.

Sochair iarfhostaíochta

Deonaíonn an tAontas sraith sochar iarfhostaíochta d'fhostaithe, lena n-áirítear pinsin scoir, pinsin easláine agus pinsin marthanóirí arna soláthar faoi Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh, chomh maith le cumhdach árachais sláinte arna sholáthar faoin gComhscéim Árachais Breoiteachta (féach Nóta **2.9**). Soláthraítear na sochair sin faoi phlean aonair - cé go bhfuil sé scoilte ina dhá scéim - agus ní mór caitheamh leo ar bhealach comhchosúil chun léiriú cothrom a thabhairt ar an staid agus chun an fíorchás eacnamaíoch a chur in iúl:

— Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh: Na sochair a dheonaítear faoin scéim sin a chistítear go barúlach ([31]), baineann siad le sinsearacht, easláine agus marthanacht, chomh maith le liúntais teaghlaigh, bás roimh scor do na fostaithe sin a oibríonn nó a d'oibrigh in Institiúidí, Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais nó do mharthanóirí oifigeach nó pinsinéirí a fuair bás. Déanann an fhoireann ranníocaíochtaí dar luach aon trian de chostas ionchasach na sochar sin óna dtuarastail.

— Comhscéim Árachais Breoiteachta: Faoin scéim sin, soláthraíonn an tAontas cumhdach árachais sláinte d'fhoireann an Choimisiúin Eorpaigh, institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais trí speansais mhíochaine a aisíoc. Na sochair a dheonaítear do 'dhaoine neamhghníomhacha' sa scéim sin (i.e. pinsinéirí, dílleachtaí etc.), aicmítear iad sin mar shochair iarfhostaíochta.

Soláthraíonn an tAontas sochair iarfhostaíochta do chomhaltaí agus iarchomhaltaí institiúidí an Aontais trí scéimeanna pinsin ar leithligh freisin. Taispeántar iad sin faoin gceannteideal 'Scéimeanna sochair scoir eile'. Faoi na scéimeanna sin, soláthraíonn an tAontas sochair phinsin do chomhaltaí an Choimisiúin, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, na Cúirte Iniúchóirí, na Comhairle, Pharlaimint na hEorpa, an Ombudsman Eorpaigh, agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Soláthraíonn an tAontas cumhdach sláinte ar fáil do chomhaltaí institiúidí an Aontais trí Chomhscéim Árachais Breoiteachta.

Cáilíonn na sochair iarfhostaíochta thuas mar oibleagáidí sochar sainithe an Aontais agus déantar iad a ríomh ag gach dáta tuairiscithe trí mhéid an tsochair don todhchaí atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse atá ann faoi láthair agus sna tréimhsí roimhe seo a mheas, an méid sin a lascainiú agus luach cóir aon sócmhainní plean a bhaint uaidh. Déantar an oibleagáid sochair shainithe a ríomh gach bliain agus na n-aonad réamh-mheasta creidmheasa á úsáid. Déantar luach láithreach na hoibleagáide sochar sainithe a chinneadh trí na sreafaí airgid thirim a mheastar don todhchaí a lascainiú ag úsáid rátaí úis bannaí rialtais a ainmnítear san airgeadra ina n-íocfar na sochair, agus a mbaineann téarmaí aibíochta leo arb ionann iad, a bheag nó a mhór, agus téarmaí an dliteanais phinsin lena mbaineann.

Ionchorpraítear na sochair iarfhostaíochta a sholáthraítear d'fhoireann an Aontais i bplean aonair lena gcuimsítear Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus Comhscéim Árachais Breoiteachta, agus braitheann an ceart chun cumhdaigh faoin gComhscéim Árachais Breoiteachta ar an gceart chun cumhdaigh a bheith faighte faoi Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Faoi théarmaí an phlean aonair seo, mar a leagtar amach sa Rialachán Foirne, faightear teidlíochtaí áirithe, amhail an ceart chun pinsean iarchurtha agus laghdaithe a fháil faoi Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh tar éis 10 mbliana seirbhíse. Tá na teidlíochtaí arna bhfáil faoin bplean aonair de réir sheirbhís an fhostaí ina dhiaidh sin níos airde go hábhartha ná na teidlíochtaí tosaigh sin áfach, mar a léirítear leis na cearta pinsin arna bhfabhrú go bliantúil ina dhiaidh sin.

Dá bhrí sin, chun léiriú a thabhairt ar thábhacht eacnamaíoch an idirbhirt fholuitigh a éilítear de réir ghné cháilíochtúil ionadaíoch dhílis an tuairiscithe airgeadais mar a léirítear in EAR 1 agus Creat Coincheapúil IPSAS, fabhraítear an costas seirbhíse arna thabhú de réir méid chothroim thar thréimhse seirbhíse gníomhaí measta na foirme, i.e. an tréimhse ón dáta a mbaintear amach tairbhí faoin bplean den chéad uair mar gheall ar sheirbhís bhreise (cé acu an mbraitheann na tairbhí ar sheirbhís bhreise nó nach mbraitheann) go dtí an dáta nach mbeidh aon mhéid ábhartha de thairbhí breise ann faoin bplean mar gheall ar sheirbhís bhreise, seachas ó laghduithe tuarastail breise. Cuirtear an cur chuige sin i bhfeidhm go comhsheasmhach i leith na sochar dá bhforáiltear faoin bplean aonair.

Tá gnóthachain agus caillteanais achtúireacha agus an toradh ar shócmhainní plean san áireamh sna hatomhais ar na glandliteanais sochair shainithe, agus aithnítear iad láithreach sna glansócmhainní.

([31]) Is ciste (fíorúil) barúlach í Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh lena ngabhann sochair shainithe ina bhfónann ranníocaíochtaí na foirne chun a bpinsin amach anseo a mhaoiniú. Cé nach bhfuil aon chiste infheistíochta iarbhír ann, meastar go bhfuil an méid a bhaileofaí le ciste den sórt sin infheistithe i mbannaí fadtéarmacha na mBallstát agus tá sé sin léirithe sa dliteanas pinsin atá cláraithe i gcuntais bhliantúla an Aontais Eorpaigh. Soláthraíonn na Ballstáit ráthaíocht chomhpháirteach maidir le híoc na sochar de bhun Airteagal 83 de na Rialacháin Foirne agus Airteagal 4(3) den Chonradh ar an Aontas Eorpach (féach COM(2018)829 le haghaidh tuairisc mhionsonraithe ar an scéim).

Aithníonn an tAontas an glanchaiteachas úis (ioncam) agus speansas eile a bhaineann leis na pleananna sochair shainithe sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais faoi bhun an cheannteidil 'Costais foirne agus pinsin'.

Nuair a athraítear nó a shriantar na sochair arna soláthar, déantar an t-athrú a leanann as ar shochair a bhaineann le seirbhís roimhe sin nó leis an ngnóthachan nó caillteanas de bharr srianta a aithint láithreach sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais. Aithnítear gnóthachain agus caillteanais ar shocraíocht tráth a tharlaíonn an tsocraíocht. Aithnítear costas seirbhíse roimhe seo láithreach sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais, ach amháin i gcás ina ndéanfar na hathruithe ar choinníoll go bhfanfaidh na fostaithe i seirbhís ar feadh tréimhse shonraithe.

1.5.11. *Forálacha*

Aithnítear forálacha nuair atá oibleagáid reatha nó oibleagáid inchiallaithe ag Aontas i leith tríú páirtithe de thoradh teagmhas roimhe seo, tá seans níos mó go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ag teastáil chun oibleagáid a réiteach ná nach mbeidh, agus is féidir an méid a mheas go hiontaofa. Ní aithnítear forálacha do chaillteanais oibriúcháin sa todhchaí. Is ionann méid na forála agus an meastachán is fearr ar na speansais a mheastar a bheidh ag teastáil chun an oibleagáid reatha ar an dáta maidir le tuairisciú a réiteach. I gcás ina bhfuil líon mór ítimí i gceist leis an bhforáil, déantar an oibleagáid a mheas trí na torthaí féideartha go léir a ualú de réir na ndóchúlachtaí lena mbaineann (modh an 'luacha ionchasaigh').

Déantar forálacha maidir le conarthaí dochraideacha a thomhas ag luach reatha an chostais ionchasaigh a bheadh i gceist leis an gconradh a fhoirceannadh nó ag an nglanchostas ionchasach measta a bheadh i gceist chun leanúint leis an gconradh, cibé acu is ísle.

1.5.12. *Dliteanais airgeadais*

Aicmítear dliteanais airgeadais mar dhliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, dliteanais airgeadais arna n-iompar ar chostas amúchta, nó mar dhliteanais conartha ráthaíochta airgeadais.

Iasachtaí

Bíonn iasachtaíocht comhdhéanta d'iasachtaíocht ó institiúidí creidmheasa agus fiacha arna bhfianú le deimhnithe (bannaí an Aontais, taiscí an Aontais agus billí an Aontais). Aithnítear iad ar dtús ag luach cóir, arb é a bhfáltais eisiúna (luach cóir na comaoine a fuarthas) glan de chostais idirbhirt a tabhaíodh, agus ansin tugtar ar aghaidh iad ar chostas amúchta agus modh an úis éifeachtaigh á úsáid; aithnítear aon difríocht idir na fáltais, glan de chostais idirbhirt, agus an luach fuascailte sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais le linn thréimhse na hiasachtaíochta agus modh an úis éifeachtaigh á úsáid. Na costais idirbhirt a thabhaigh an tAontas agus a athmhuirearaíodh ar thairbhí na hiasachta, is neamhábhartha iad agus aithnítear go díreach iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

Aicmítear iasachtaí mar dhliteanais nach dliteanais reatha iad, cé is moite d'aibíochtaí is lú ná 12 mhí tar éis dháta an chláir chomhardaithe.

Dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh

Áirítear orthu sin díorthaigh i gcás ina bhfuil an luach cóir diúltach. Leanann siad an láimhseáil chuntasaíochta chéanna le sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh, féach Nóta **1.5.5**.

Cuimsítear sa chatagóir seo ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an Aontas d'institiúidí airgeadais ar infheistíochtaí cothromais. Aicmítear na ráthaíochtaí seo mar ionstraimí airgeadais díorthacha agus tugtar cuntas orthu mar shócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh toisc nach gcomhlíonann siad an sainmhíniú de dhliteanas ráthaíochta airgeadais. Déantar sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais AE a thomhas bunaithe ar luach na n-infheistíochtaí foluiteacha.

Dliteanais chonartha ráthaíochta airgeadais

Aithníonn an tAontas dliteanas Conartha Ráthaíochta Airgeadais nuair a dhéanann sé conradh lena gceanglaítear ar an Aontas íocaíochtaí sonraithe a dhéanamh chun an sealbhóir ráthaíochta a aisíoc i ndáil le caillteanas a thabhaíonn sé toisc go dteipeann ar fhéichiúnaí íocaíocht a dhéanamh agus í dlite i gcomhréir le téarmaí bunaidh nó téarmaí modhnaithe ionstraime fiachais. I gcás ina n-éilítear leis an gconradh ráthaíochta ar an Aontas íocaíochtaí a dhéanamh mar fhreagairt ar athruithe ar phraghsanna ionstraimí airgeadais nó ar athruithe ar ionstraimí foluiteacha eile, is díorthach é an conradh ráthaíochta i.e. dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh. Tugtar cuntas ar gach conradh ráthaíochta eile mar fhorálacha airgeadais.

Aithnítear dliteanais Conartha Ráthaíochta Airgeadais ar luach cóir ar dtús. Tá sé sin cothrom le glanluach reatha na préimhe infhaighte, má tá sé ar théarmaí an mhargaidh. I gcás nach muirearaítear aon phréimh ráthaíochta nó i gcás nach luach cóir í an chomaoin, cinntear an luach cóir bunaithe ar na praghsanna luaite i margadh gníomhach le haghaidh Conarthaí Ráthaíochta Airgeadais atá coibhéiseach go díreach leis an gceann a rinneadh sa dliteanas ráthaíochta airgeadais, má tá sé ar fáil, nó trí theicníc luachála a úsáid. Mura féidir aon tomhas iontaofa ar luach cóir a chinneadh trí bhreathnóireacht dhíreach ar mhargadh gníomhach nó trí theicníc luachála eile, déanfar dliteanas an chonartha ráthaíochta airgeadais a thomhas ar dtús ag méid na gcaillteanas creidmheasa ionchasach saoil.

Braitheann an tomhas ina dhiaidh sin ar éabhlóid na neamhchosanta ar riosca creidmheasa ón ráthaíocht airgeadais, a ndéantar faireachán uirthi tríd an gconradh ráthaíochta airgeadais a leithdháileadh ar chéimeanna. Is é rátáil chreidmheasa an fhiachais ráthaithe an príomhtháscaire riosca le haghaidh an Conradh Ráthaíochta Airgeadais a leithdháileadh ar chéimeanna. Cuireann an tsamhail chéimnithe an rátáil chreidmheasa ag an túsphointe leis an rátáil chreidmheasa ar an dáta maidir le tuairisciú.

Mura mbíonn aon mhéadú suntasach ar an riosca creidmheasa (‘céim 1’), tomhaistear dliteanais ráthaíochta airgeadais ag an gceann is airde de na caillteanais chreidmheasa ionchasacha 12 mhí agus an méid arna aithint ar dtús, lúide, nuair is iomchuí, amúchadh carntha. Má bhíonn méadú suntasach ar an riosca creidmheasa (‘céim 2’), tomhaistear dliteanais ráthaíochta airgeadais ag an gceann is airde de na caillteanais chreidmheasa ionchasacha saoil agus an méid arna aithint ar dtús, lúide, nuair is iomchuí, amúchadh carntha.

Na critéir chéimnithe le haghaidh fiachas faoi ráthaíocht i gconarthaí ráthaíochta airgeadais lena gcumhdaítear ionstraim fiachais aonair is ionann iad agus na critéir le haghaidh sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta (féach Nóta **1.5.5**).

Leis na critéir chéimnithe maidir leis an bhfiachas faoi ráthaíocht i ráthaíochtaí punainne, leantar na critéir chéimnithe chéanna agus a leantar maidir le sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta cé is moite de na heisceachtaí seo a leanas:

— déantar meánrátáil chreidmheasa ualaithe na punainne faoi ráthaíocht, nó rátáil na ráthaíochta, a mheas i gcás na gcritéar céimnithe, seachas rátáil na n-ionstraimí fiachais aonair ar leithligh.

— i gcás ráthaíochtaí ag a bhfuil rátáil chreidmheasa idir AAA (Aa1) agus BB- (Ba3) ar an dáta aitheantais tosaigh: meastar an meathlú a bheith suntasach má tá an difríocht idir an rátáil tráth an tionscanta agus an rátáil ar an dáta tuairiscithe cothrom le 2 scór nó níos mó ná sin.

— i gcás ráthaíochtaí ag a bhfuil rátáil chreidmheasa idir B+ (B1) nó níos ísle ar an dáta aitheantais tosaigh: meastar an meathlú a bheith suntasach má tá an difríocht idir an rátáil tráth an tionscanta agus an rátáil ar an dáta tuairiscithe cothrom le 1 scór nó níos mó ná sin.

De rogha air sin, mura bhfuil na rátálacha creidmheasa ar fáil ach go bhfuil meastachán ann ar na héilimh bhliantúla ionchasacha tráth na haitheanta tosaigh, meastar freisin gur táscaire riosca réasúnta é leibhéal iarbhír na n-éileamh i gcomparáid leis an meastachán tosaigh chun measúnú a dhéanamh ar mhéadú suntasach ar riosca creidmheasa (SICR).

Anuas ar na critéir thuas, féadfaidh an tAontas measúnú cáilíochtúil a dhéanamh ar SICR bunaithe ar fhaisnéis bhreise réasúnta, a bhfuil údar cuí léi, atá ar fáil.

Maidir le Conradh Ráthaíochta Airgeadais a tionscnaíodh roimh an aistriú chuig rialacha cuntasaíochta AE 11 athbhreithnithe (i.e. roimh an 1 Eanáir 2021), nach bhfuil aon fhaisnéis maidir le riosca creidmheasa tráth na haitheanta tosaigh ar fáil ina leith gan costas nó iarracht míchuí, aicmítear iad ag Céim 2.

Níl feidhm ag aicmiú le Céim 3 ná POCI maidir le Conradh Ráthaíochta Airgeadais.

Ní aicmítear conarthaí ráthaíochta airgeadais mar dhliteanais reatha ach amháin má tá ceart neamhchoinníollach ag an Aontas socraíocht an dliteanais a chur siar ar feadh 12 mhí ar a laghad tar éis an dáta tuairiscithe.

Ranníocaíochtaí a bhfuil coinníollacha ag gabháil leo

Cistí iontaobhais an Aontais a mheastar a bheith ina gcuid de ghníomhaíochtaí oibriúcháin an Choimisiúin (i.e. cistí iontaobhais Madad agus Colombia), cuirtear san áireamh iad i gcuntais an Choimisiúin agus déantar iad a chomhdhlúthú a thuilleadh i gcuntais bhliantúla an Aontais. Comhlíonann ranníocaíochtaí ó dheontóirí eile leis na cistí iontaobhais sin na critéir maidir le hioncaim ó idirbhearta neamh-mhalairte faoi choinníollacha. Cuirtear i láthair iad mar dhliteanais airgeadais go dtí go gcomhlíontar na coinníollacha a ghabhann leis na ranníocaíochtaí arna n-aistriú, i.e. go dtabhaíonn an ciste iontaobhais costais incháilithe. Tá gá leis an gciste iontaobhais chun tionscadail shonracha a mhaoiniú agus chun na cistí atá fágtha a thabhairt ar ais tráth an fhoirceannta. Ar dháta an chláir chomhardaithe, déantar na dliteanais ranníocaíochta gan íoc a thomhas ag ranníocaíochtaí faighte lúide na speansais a thabhaigh an ciste iontaobhais, lena n-áirítear méideanna measta nuair is gá sin. Chun críocha tuairiscithe, leithdháiltear na glanspeansais ar ranníocaíochtaí deontóirí eile i gcomhréir le glan-ranníocaíochtaí arna n-íoc an 31 Nollaig. Is méid táscach amháin atá sa leithdháileadh ranníocaíochtaí seo. Nuair a dhéanfar an ciste iontaobhais a fhoirceannadh, is é bord an chiste iontaobhais a chinnfidh dáileadh iarbhír na n-acmhainní atá fágtha.

Tá feidhm ag na prionsabail tomhais chéanna maidir leis na ranníocaíochtaí seachtracha le cláir an Aontais, má fhaightear ranníocaíochtaí den sórt sin agus coinníoll ag gabháil leo chun na hacmhainní a úsáid mar a ordaítear sna comhaontuithe ranníocaíochta nó iad a thabhairt ar ais don ranníocóir mura ndéantar sin.

1.5.13. *Suimeanna iníoctha*

Is éilimh ar chostais gan íoc ó thairbhithe deontas nó chistiú eile an Aontais (idirbhearta neamh-mhalairte) atá i méid suntasach de shuimeanna iníoctha an Aontais. Taifeadtar iad mar shuimeanna iníoctha don mhéid arna iarraidh nuair a fhaightear an t-éileamh ar chostas. Ar fhíorú agus ar ghlacadh leis na costais incháilithe, déantar na suimeanna iníoctha a luacháil ag an méid incháilithe.

Aithnítear suimeanna iníoctha a eascraíonn as ceannach earraí agus seirbhísí tráth a fhaightear an sonrasc don mhéid bunaidh agus cuirtear na speansais incháilithe chomhfhreagracha isteach sna cuntais nuair a sheachadtar na soláthairtí nó na seirbhísí agus go nglacann an tAontas leo.

1.5.14. *Ioncam agus muirir fhabhraithe agus iarchurtha*

Aithnítear idirbhearta agus teagmhais sna ráitis airgeadais sa tréimhse lena mbaineann siad. Ag deireadh bliana, mura mbíonn sonrasc eisithe go fóill ach gur soláthraíodh an tseirbhís, nó gur sheachaid an tAontas na soláthairtí nó gurb ann do chomhaontú conarthach (e.g. faoi threoir conartha), aithneofar ioncam fabhraithe sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, ag deireadh bliana, má eisítear sonrasc ach nár soláthraíodh na seirbhísí go fóill nó nár seachadadh na hearraí a soláthraíodh go fóill, cuirfear siar an t-ioncam agus aithneofar é sa tréimhse chuntasaíochta dá éis.

Tugtar cuntas freisin ar speansais sa tréimhse lena mbaineann siad. Ag deireadh na tréimhse cuntasaíochta, aithnítear speansais fabhraithe bunaithe ar mhéid measta d'oibleagáid aistrithe na tréimhse. Déantar speansais fabhraithe a ríomh i gcomhréir le treoirlínte mionsonraithe oibríochtúla agus praiticiúla arna n-eisiúint ag an gCoimisiún arb é is aidhm dóibh a áirithiú go dtugann na ráitis airgeadais léiriú dílis ar fheiniméin eacnamaíocha agus ar fheiniméin eile a airbheartaíonn siad a léiriú. De réir analaí, má dhéantar íocaíocht roimh ré as seirbhísí nó earraí nach bhfuarthas go fóill, déanfar an speansas a iarchur agus aithneofar é sa tréimhse chuntasaíochta dá éis.

1.6. **RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS**

1.6.1. *Ioncam*

IONCAM Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE

Baineann formhór mór d'ioncam an Aontais le hidirbhearta neamh-mhalairte mar a leanas:

Acmhainní bunaithe ar OIN, CBL agus Acmhainní Dílse Plaisteacha

Aithnítear ioncam don tréimhse dá seolann an Coimisiún glao ar chistí chuig na Ballstáit chun a ranníocaíocht a éileamh. Tomhaistear an t-ioncam ag a 'mhéid glaoite'. Ós rud é go bhfuil CBL, OIN agus Acmhainní dílse plaisteacha bunaithe ar mheastacháin ar na sonraí don bhliain bhuiséadach lena mbaineann, féadfar iad a athbhreithniú toisc go dtarlaíonn athruithe go dtí go n-eisíonn na Ballstáit na sonraí críochnaitheacha. An éifeacht a bhíonn ag aon athrú ar mheastachán, cuirtear san áireamh í agus an glanbharrachas nó an glan-easnamh á chinneadh i leith na tréimhse inar tharla an t-athrú.

Acmhainní dílse traidisiúnta

Aithnítear méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte agus ioncaim ghaolmhara nuair a fhaightear na ráitis 'A' mhíosúla ábhartha (lena n-áirítear dleachtanna a bailíodh agus méideanna dlite atá ráthaithe agus nár cuireadh ina gcoinne) ó na Ballstáit. Ar an dáta maidir le tuairisciú, i ndáil le hioncam a bhailigh na Ballstáit don tréimhse ach nár íocadh leis na gCoimisiún go fóill, meastar é agus aithnítear é mar ioncam carntha. Na ráitis 'B' ráithiúla (lena n-áirítear dleachtanna nár bailíodh agus nár ráthaíodh, chomh maith le méideanna ráthaithe ar chuir an féichiúnaí ina gcoinne) a fhaightear ó na Ballstáit, aithnítear iad mar ioncam lúide na costais bhailiúcháin a bhfuil siad ina dteideal. Chomh maith leis sin, aithnítear laghdú luacha i leith mhéid na bearna gnóthaithe measta.

Fíneálacha

Aithnítear ioncam ó fhíneálacha más rud é gur glacadh cinneadh an Aontais chun fíneáil a fhorchur agus gur tugadh fógra oifigiúil don seolaí ina leith. Tar éis an chinnidh chun fíneáil a ghearradh, beidh 2 mhí ó dháta an fhógra ag na heintitis ar gearradh fíneáil orthu:

— chun glacadh leis an gcinneadh, agus sa chás sin ní mór dóibh an fhíneáil a íoc laistigh den teorainn ama a leagadh síos agus bailíonn an tAontas an méid sin go cinntitheach; nó

— gan an cinneadh a ghlacadh, agus sa chás sin déanann siad agóid ina choinne i gcomhréir le dlí an Aontais Eorpaigh.

Fiú amháin má dhéantar achomharc ina leith, ní mór an fhíneáil a íoc laistigh den teorainn ama 3 mhí, mar ní bhíonn éifeacht fionraíochta ag an achomharc (Airteagal 278 CFAE). Úsáidtear an t-airgead a fhaightear chun an méid in-aisghabhála a réiteach. Faoi réir chomhaontú Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin, féadfaidh an gnóthas ráthaíocht bainc don mhéid sin a chur i láthair ina ionad sin áfach. Sa chás sin, fanann an fhíneáil mar mhéid in-aisghabhála. Mura bhfaightear airgead tirim ná ráthaíocht agus má tá amhras ann faoi shócmhainneacht an ghnóthais, aithnítear laghdú luacha ar an teidlíocht.

Má dhéanann an gnóthas achomharc in aghaidh an chinnidh, agus go bhfuil an fhíneáil íoctha aige cheana féin ar bhonn sealadach, nochtar an méid mar dhliteanas teagmhasach, nó, más cosúil nach rialóidh an Chúirt Ghinearálta i bhfabhar an Aontais, aithnítear foráil chun an riosca sin a chumhdach. Má thugtar ráthaíocht ina ionad sin, déantar an méid in-aisghabhála gan íoc a dhíluacháil.

An t-ús carntha a fhaigheann an Coimisiún ar na cuntais bainc ina ndéantar íocaíochtaí arna bhfáil a thaisceadh, aithnítear an t-ús sin mar ioncam, agus déantar aon dliteanas teagmhasach a mhéadú dá réir sin.

Ó 2010 i leith, tá na fíneálacha go léir arna n-íoc go sealadach á mbainistiú ag an gCoimisiún i gciste a cruthaíodh go speisialta (BUFI) agus infheistítear iad in ionstraimí airgeadais.

Cur chuige cuntasaíochta an bharrachais bhuiséadaigh ón mbliain roimhe sin

Foráiltear le hAirteagal 18(1) den Rialachán Airgeadais go n-iontrálfar barrachas buiséadach bliana airgeadais ar leith sa bhuiséad don bhliain airgeadais ina dhiaidh sin mar ioncam. Sa Ráiteas maidir le Feidhmíocht Airgeadais, aithnítear an t-ioncam sin laistigh de 'Ioncam eile ó idirbhearta neamh-mhalairte' (féach Nóta **3.8**), agus iontráil chomhfhreagrach sna 'Méideanna atá le glao ó na Ballstáit', comhpháirt de Ghlansócmhainní (féach Nóta **2.15**).

IONCAM Ó INFHÁLTAIS MHALAIRTE

Aithnítear ioncam ó dhíol earraí agus seirbhísí nuair a aistrítear an riosca suntasach agus luaíochtaí úinéireachta na n-earraí chuig an gceannaitheoir. Aithnítear ioncam atá bainteach le hidirbheart lena ndéantar seirbhísí a sholáthar faoi threoir chéim thabhairt i gcrích an idirbhirt ar an dáta maidir le tuairisciú.

Ioncam ó ús agus speansas úis

Aithnítear ioncam ó ús agus speansas sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais agus modh an úis éifeachtaigh á úsáid. Seo modh chun costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais a ríomh agus chun an t-ioncam ó ús nó an speansas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Nuair atá an ráta úis éifeachtach á ríomh, measann an tAontas sreafaí airgid agus téarmaí conarthacha uile na hionstraime airgeadais á gcur san áireamh (roghanna réamhíocaíochta, mar shampla) ach ní chuireann sé caillteanais chreidmheasa amach anseo san áireamh. Áirítear sa ríomh sin gach táille agus pointe ráta úis a íocadh nó a fuarthas idir comhpháirtithe an chonartha atá ina ndlúthchuid den ráta úis éifeachtach, chomh maith le costais idirbheart agus aon phréimh nó lascaine eile.

Má mheastar go bhfuil fadhbanna creidmheasa ('céim 3') ag sócmhainn airgeadais nó ag grúpa sócmhainní airgeadais comhchosúla, aithnítear an t-ioncam úis ag úsáid an ráta úis chun na sreafaí airgid todhchaí a lascainiú chun críche an caillteanas lagaithe a thomhas.

Ioncam ó dhíbhinní

Aithnítear ioncam ó dhíbhinní agus ó dháiltí comhchosúla nuair a bhunaítear an ceart maidir le híocaíocht a fháil.

Ioncam agus speansas ó shócmhainní airgeadais trí bharrachas nó easnamh

Tagraíonn sé sin do ghnóthachain luacha chóir (ioncam) agus caillteanais luacha chóir (speansas) ó na sócmhainní airgeadais sin, lena n-áirítear iad sin a eascraíonn ó aistriúchán malairte eachtraigh. I gcás sócmhainní airgeadais úsmhara, áirítear ús leis sin freisin. Féach Nóta **3.9** freisin.

Ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais

Aithnítear an t-ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais (préimh ráthaíochta) le linn an ama a bhfuil an tAontas réidh chun sealbhóir an chonartha ráthaíochta airgeadais a chúiteamh as an gcaillteanas creidmheasa a d'fhéadfadh sé a thabhú. Sa sceideal amúchta arna chur i bhfeidhm, áirítear imeacht ama agus méid an nochta ráthaithe. Cuirtear amúchadh ar dhliteanas conarthaí ráthaíochta airgeadais san áireamh le hioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais i gcásanna inar soláthraíodh an ráthaíocht ar chomaoin ainmniúil nó gan aon chomaoin.

1.6.2. *Speansais*

Is speansais ó idirbhearta neamh-malairte atá i dtromlach speansais an Aontais. Baineann siad le haistrithe chuig tairbhithe agus is féidir le trí chineál caiteachas a bheith i gceist leo: (i) teidlíochtaí, (ii) aistrithe faoi chomhaontú agus deontais lánroghnacha, chomh maith le (iii) ranníocaíochtaí agus tabhartais.

Aithnítear aistrithe mar speansais sa tréimhse inar tharla na teagmhais ba chúis leis an aistriú lena linn, fad is a cheadaítear cineál an aistrithe leis an rialachán ábhartha (Rialachán Airgeadais, Rialacháin Foirne, nó rialachán eile) nó fad is atá comhaontú sínithe lena n-údaraítear an t-aistriú; gur chomhlíon an tairbhí aon chritéar incháilitheachta, agus gur féidir meastachán réasúnach ar an tsuim a dhéanamh.

Nuair a fhaightear iarraidh ar éileamh íocaíochta nó costais agus nuair a chomhlíontar na critéir maidir le haitheantas, aithnítear é mar speansas maidir leis an méid incháilithe. Ag deireadh bliana, tugtar meastachán maidir le speansais incháilithe arna dtabhú agus atá dlite do na tairbhithe ach nach bhfuil tuairiscithe go fóill agus taifeadtar iad mar speansais fabhraithe.

Aithnítear speansais ó idirbhearta malairte a eascraíonn ó cheannach earraí agus seirbhísí nuair a sheachadtar na soláthairtí agus nuair a ghlacann an tAontas leo. Déantar iad a luacháil ag méid an tsonraisc bhunaidh. Ina theannta sin, ar dháta an chláir chomhardaithe, speansais a bhaineann leis an tseirbhís arna seachadadh le linn na tréimhse nach bhfuarthas nó nár glacadh le sonrasc maidir leis go fóill, meastar agus aithnítear iad sa ráiteas maidir le feidhmíocht airgeadais.

1.7. SÓCMHAINNÍ AGUS DLITEANAIS THEAGMHASACHA

1.7.1. *Sócmhainní teagmhasacha*

Is sócmhainn fhéideartha í sócmhainn theagmhasach a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gur ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó amach anseo nach mbeidh go hiomlán faoi rialú an Aontais. Nochtar sócmhainn theagmhasach nuair atá insreabhadh tairbhithe eacnamaíoch nó poitéinseal seirbhíse dóchúil.

1.7.2. *Dliteanais theagmhasacha*

Is éard is dliteanas teagmhasach ann oibleagáid fhéideartha a eascraíonn as teagmhais roimhe seo agus nach ndeimhneofar gur ann di ach amháin i gcás ina dtarlóidh nó nach dtarlóidh teagmhas éiginnte amháin nó níos mó sa todhchaí, teagmhas nach mbeidh go hiomlán faoi rialú an Aontais, nó oibleagáid atá ann faoi láthair a eascraíonn as teagmhais roimhe seo ach nach n-aithnítear, toisc nár dócha go mbeidh gá le heis-sreabhadh acmhainní, ar sochair eacnamaíocha nó poitéinseal seirbhíse a bheadh i gceist leo, chun an oibleagáid a réiteach, nó go hannamh i gcás nach féidir méid na hoibleagáide a thomhas ar bhealach atá iontaofa go leor. Nochtar dliteanas teagmhasach mura bhfuil ann ach caol sheans go dtarlóidh eis-sreabhadh acmhainní ina gcuimsítear tairbhí eacnamaíocha nó poitéinseal seirbhíse.

1.8. RÁITEAS FAOIN SREABHADH AIRGID

Úsáidtear faisnéis maidir le sreabhadh airgid chun bonn a sholáthar ar mhaithe le measúnú a dhéanamh ar chumas an Aontais chun airgead tirim agus coibhéisí airgid a ghiniúint, agus ar an ngá atá ag an Aontas na sreafaí airgid sin a úsáid.

Ullmhaítear an ráiteas faoi shreabhadh airgid trí bhíthin an mhodha indírigh. Ciallaítear leis sin go ndéantar an toradh eacnamaíoch don bhliain airgeadais a choigeartú i ndáil le héifeachtaí idirbheart de chineál neamhairgid, aon chur siar nó aon fhabhrú ar fháltais airgid oibriúcháin nó íocaíochtaí oibriúcháin in airgead tirim a rinneadh roimhe seo nó a dhéanfar sa todhchaí, agus ítimí ioncaim nó speansas a bhaineann le sreafaí airgid infheistíochta.

Sreafaí airgid a eascraíonn as idirbhearta in airgeadra eachtrach, taifeadtar in airgeadra tuairiscithe an Aontais (Euro) iad, tríd an ráta malairte idir an euro agus an t-airgeadra eachtrach ar dháta an tsreafa airgid a chur i bhfeidhm ar mhéid an airgeadra eachtraigh.

Sa ráiteas ar shreafaí airgid, tuairiscítear sreafaí airgid le linn na tréimhse a aicmítear de réir gníomhaíochtaí oibriúcháin, infheistíochta agus maoiniúcháin.

Is gníomhaíochtaí de chuid an Aontais iad gníomhaíochtaí oibriúcháin seachas gníomhaíochtaí infheistíochta nó maoiniúcháin. Dá réir sin, tá formhór na ngníomhaíochtaí a dhéanann an tAontas i gceist leo.

Is éard is gníomhaíochtaí infheistíochta ann éadáil agus diúscairt sócmhainní doláimhsithe agus réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus infheistíochtaí eile nach n-áirítear i gcoibhéisí airgid. Ní áirítear leis na gníomhaíochtaí infheistíochta iasachtaí arna ndeonú do thairbhithe mar tá siad ina gcuid de na cuspóirí ginearálta agus áirítear in oibríochtaí laethúla an Aontais iad dá réir sin. Is é an cuspóir na hinfheistíochtaí iarbhír arna ndéanamh ag an Aontas a léiriú.

Is éard is gníomhaíochtaí maoiniúcháin ann gníomhaíochtaí as a leanann athruithe ar mhéid agus ar chomhdhéanamh iasachtaíochta seachas na hiasachtaí sin arna ndeonú do thairbhithe ar bhonn droim-ar-dhroim nó maidir le héadáil réadmhaoine, gléasra agus trealaimh (a chuimsítear faoi ghníomhaíochtaí oibriúcháin).

2. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN gCLÁR COMHARDAITHE

SÓCMHAINNÍ

2.1. SÓCMHAINNÍ DOLÁIMHSITHE

EUR milliún

Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2024	*2 257*
Breiseanna	*267*
Diúscairtí	*(70)*
Aistriú idir catagóirí sócmhainní	*0*
Athruithe eile	*–*
Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2025	**2 455**
Amúchadh carntha an 31.12.2024	*(1 162)*
Muirear amúchta don bhliain	*(213)*
Amúchadh cúlscríofa	*1*
Diúscairtí	*54*
Aistriú idir catagóirí sócmhainní	*0*
Athruithe eile	*(1)*
Amúchadh carntha an 31.12.2025	**(1 320)**
Glanluach de réir na leabhar an 31.12.2025	**1 135**
Glanluach de réir na leabhar an 31.12.2024	*1 095*

Áirítear sa ghlansuim ghlanluacha EUR 1 135 mhilliún ag deireadh na bliana 2025 den chuid is mó bogearraí a ghintear go hinmheánach agus atá ag feidhmiú cheana féin (EUR 405 mhilliún), bogearraí a ghintear go hinmheánach atá á dtógáil (EUR 354 mhilliún) chomh maith le bogearraí faighte (EUR 375 mhilliún).

2.2. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

I gcatagóir na sócmhainní spáis, cumhdaítear na sócmhainní seasta oibriúcháin a bhaineann le cláir spáis an Aontais: na Córais Dhomhanda um Loingseoireacht Satailíte (GNSS), i.e. Galileo agus Breis-seirbhís na hEorpa um Loingseoireacht Gheochobhsaí (EGNOS), Cumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM), clár um nascacht shlán agus clár Copernicus an Aontais um fhaire agus um fhaireachán na Cruinne. Cuirtear sócmhainní na gcóras spáis nach bhfuil i bhfeidhm go fóill san áireamh faoin gceannteideal 'Sócmhainní atá á dtógáil'. Tá na sócmhainní a bhaineann le cláir spáis an Aontais á dtógáil le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach Spáis (GES).

Maidir le Galileo, tá 30 satailít sa bhuíon faoi láthair. Bhí sócmhainní oibriúcháin seasta Galileo, lena gcumhdaítear satailítí agus suiteálacha talún araon, cothrom le EUR 2 630 milliún an 31 Nollaig 2025, glan de dhímheas carntha (2024: EUR 2 987 milliún). Na sócmhainní eile atá á dtógáil dar luach EUR 2 592 mhilliún in iomlán (2024: EUR 2 145 mhilliún).

Maidir le Copernicus, tá 10 satailít ag feidhmiú agus 22 satailít agus ionstraim á dtógáil. Is é EUR 845 mhilliún luach iomlán shócmhainní seasta oibriúcháin Copernicus (2024: EUR 492 mhilliún), glan de dhímheas carntha. Aithnítear EUR 3 645 mhilliún eile a bhaineann le satailítí Copernicus mar shócmhainní atá á dtógáil (2024: EUR 3 520 milliún).

Sócmhainní seasta de EUR 182 milliún a bhaineann le bonneagar talún EGNOS (2024: EUR 160 milliún), cuirtear san áireamh iad chomh maith faoin gceannteideal 'Sócmhainní spáis'. Sa bhreis air sin, tá sócmhainní EGNOS atá á dtógáil cothrom le EUR 346 mhilliún (2024: EUR 345 mhilliún).

Is é is aidhm do chlár an Aontais Eorpaigh um Chumarsáid Satailíte Rialtais (GOVSATCOM) cumais chumarsáide satailíte atá slán, athléimneach agus costéifeachtúil a chur ar fáil do mhisin atá criticiúil ó thaobh na slándála agus na sábháilteachta de agus d'oibríochtaí rialtais arna mbainistiú ag an Aontas agus ag a Bhallstáit, lena n-áirítear gníomhaithe slándála náisiúnta agus Gníomhaireachtaí agus institiúidí an Aontais. EUR 9 milliún atá i sócmhainní GOVSATCOM atá á dtógáil (2024: EUR 0).

Tá dhá phríomhaidhm ag an gclár um nascacht shlán:

— rochtain dhomhanda ar sheirbhísí slána cumarsáide satailíte rialtais a áirithiú chun bonneagair chriticiúla, faireachas, gníomhaíochtaí seachtracha agus bainistiú géarchéime a chosaint;

— cur ar chumas na hearnála príobháidí seirbhísí tráchtála a sholáthar, amhail leathanbhanda ardluais agus nascacht gan uaim a chur ar fáil ar fud an Aontais Eorpaigh.

Is ionann sócmhainní nascachta sláine atá á dtógáil agus EUR 454 mhilliún (2024: EUR 0).

Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

EUR milliún

	Talamh agus Foirgnimh	Sócmhainní spáis	Gléasra agus Trealamh	Troscán agus Feithiclí	Crua-earraí Ríomhaire	Eile	Léasanna airgeadais	Sócmhainní atá á dtógáil	Iomlán
Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2024	*6 528*	*9 056*	*483*	*255*	*714*	*308*	*2 075*	*6 528*	*25 945*
Breiseanna	*44*	*1*	*23*	*13*	*76*	*14*	*5*	*2 029*	*2 205*
Diúscairtí	*(9)*	*(113)*	*(24)*	*(37)*	*(87)*	*(35)*	*(2)*	*(0)*	*(306)*
Aistriú idir catagóirí sócmhainní	*73*	*811*	*0*	*(0)*	*0*	*2*	–	*(886)*	*(0)*
Athruithe eile	*(3)*	–	*0*	*0*	*1*	*0*	–	–	*(2)*
Oll-luach de réir na leabhar an 31.12.2025	**6 630**	**9 755**	**482**	**231**	**705**	**292**	**2 079**	**7 671**	**27 843**
Dímheas carntha an 31.12.2024	*(4 106)*	*(5 417)*	*(423)*	*(177)*	*(575)*	*(225)*	*(1 309)*		*(12 232)*
Muirear dímheasa don bhliain	*(145)*	*(777)*	*(24)*	*(17)*	*(75)*	*(18)*	*(75)*		*(1 131)*
Dímheas cúlscríofa	*0*	–	*0*	*(0)*	*8*	*1*	–		*8*
Diúscairtí	*8*	*96*	*23*	*36*	*76*	*30*	*2*		*270*
Aistriú idir catagóirí sócmhainní	*(0)*	–	*(0)*	*(0)*	*0*	*0*	–		*0*
Athruithe eile	*2*	–	*(0)*	*0*	*(0)*	*(0)*	–		*1*
Dímheas carntha an 31.12.2025	**(4 240)**	**(6 098)**	**(425)**	**(161)**	**(566)**	**(214)**	**(1 382)**		**(13 086)**
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR AN 31.12.2025	**2 390**	**3 657**	**57**	**70**	**138**	**77**	**696**	**7 671**	**14 756**
GLANLUACH DE RÉIR NA LEABHAR AN 31.12.2024	*2 420*	*3 639*	*60*	*76*	*139*	*84*	*766*	*6 528*	*13 713*

2.3. INFHEISTÍOCHTAÍ A dTUGTAR CUNTAS ORTHU AGUS MODH AN CHOTHROMAIS Á ÚSÁID

Caitear le rannpháirtíocht an Aontais, arna ionadú ag an gCoimisiún, sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI) mar chomhlach agus modh cuntasaíochta an chothromais á úsáid. Is í CEI institiúid airgeadais an Aontais, ar speisialtóir í i gcaipiteal riosca agus ráthaíochtaí a sholáthar d'Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide. Oibríonn CEI mar chomhpháirtíocht phríobháideach-phoiblí, agus is iad an Banc Eorpach Infheistíochta (BEI), an tAontas Eorpach agus grúpa institiúidí airgeadais na comhaltaí atá ann.

An 31 Nollaig 2025, tá 29.7 % de leasanna úinéireachta ag an Aontas in CEI (2024: 29.7 %) agus 29.7 % de na cearta vótála (2024:29.7 %). I gcomhréir lena reachtanna, éilítear ar CEI 20 % ar a laghad dá ghlantoradh bliantúil a leithdháileadh ar chúlchiste reachtúil, go dtí go mbeidh an cúlchiste comhiomlánaithe cothrom le 10 % den caipiteal suibscríofa. Níl an cúlchiste ar fáil lena dháileadh.

Léirítear sa tábla thíos gluaiseacht na bliana reatha i rannpháirtíocht an Aontais in CEI.

EUR milliún

	An Ciste Eorpach Infheistíochta
Rannpháirtíocht an 31.12.2024	**1 446**
Ranníocaíochtaí	–
Díbhinní faighte	*(8)*
Sciar den ghlantoradh	*69*
Sciar de na glansócmhainní	*16*
Rannpháirtíocht an 31.12.2025	**1 524**

faisnéis airgeadais achomair CEI:

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
	CEI iomlán	CEI iomlán
Sócmhainní	*9 023*	*7 789*
Dliteanais	*(3 896)*	*(2 923)*
Barrachas/(easnamh)	*233*	*280*

Is mar a leanas atá réiteach na faisnéise airgeadais achoimrithe thuas i leith luach de réir na leabhar an leasa arna shealbhú in CEI:

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Glansócmhainní an chomhlaigh	*5 127*	*4 866*
Leasanna úinéireachta CE in CEI	**29,7 %**	**29,7 %**
Suim ghlanluacha	*1 524*	*1 446*

Tá 20 % dá scaireanna suibscríofa i gcaipiteal CEI íoctha ag an Aontas Eorpach, arna ionadú ag an gCoimisiún, an 31 Nollaig 2025, agus is mar a leanas an méid neamhghlaoite:

EUR milliún

	Iomlán chaipiteal CEI	Suibscríbhinn an Aontais
Iomlán an scairchaipitil	*7 370*	*2 190*
Íoctha isteach	*(1 474)*	*(438)*
Neamhghlaoite	**5 896**	**1 752**

2.4. **SÓCMHAINNÍ AIRGEADAIS**

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha			
Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta	*2.4.1*	*314 887*	*269 903*
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh	*2.4.2*	*47 919*	*39 058*
		362 806	**308 961**
Reatha			
Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta	*2.4.1*	*18 545*	*13 677*
Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh	*2.4.2*	*4 746*	*5 700*
		23 291	**19 377**
Iomlán		**386 097**	**328 338**

2.4.1. *Sócmhainní airgeadais ar chostas amúchta*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Iasachtaí do na Ballstáit agus do thríú tíortha	*2.4.1.1*	*332 821*	*283 114*
Iasachtaí eile	*2.4.1.2*	*611*	*466*
Iomlán		**333 432**	**283 580**
Neamhreatha		*314 887*	*269 903*
Reatha		*18 545*	*13 677*

2.4.1.1. Iasachtaí do na Ballstáit agus do thríú tíortha

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Iasachtaí do na Ballstáit	*286 301*	*251 457*
Iasachtaí do thríú tíortha	*46 520*	*31 656*
Iomlán an 31.12.2025	**332 821**	**283 114**
Neamhreatha	*314 764*	*269 782*
Reatha	*18 056*	*13 332*

Iasachtaí do na Ballstáit

EUR milliún

	STA	SURE	EFSM	BOP	Iomlán
Foriomlán an 31.12.2024	*110 120*	*98 839*	*42 297*	*201*	*251 457*
Iasachtaí nua (ainmniúil)	*47 218*	–	–	–	*47 218*
Aisíocaíochtaí	–	*(8 000)*	*(4 900)*	*(200)*	*(13 100)*

EUR milliún

	STA	SURE	EFSM	BOP	Iomlán
Athruithe ar an luach de réir na leabhar	*876*	*(135)*	*(15)*	*(1)*	*726*
Iomlán an 31.12.2025	**158 215**	**90 705**	**37 382**	–	**286 301**
Neamhreatha	*155 904*	*82 594*	*30 818*	–	*269 316*
Reatha	*2 310*	*8 111*	*6 564*	–	*16 985*

Is é EUR 283.4 billiún luach ainmniúil na n-iasachtaí do na Ballstáit an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 249.2 billiún), as a dtagraíonn EUR 155.9 billiún d'iasachtaí NGEU le haghaidh STA agus REPowerEU.

Sa tábla seo, agus sa tábla le haghaidh iasachtaí do thríú tíortha níos faide síos, comhfhreagraíonn an líne 'Athruithe ar an tsuim ghlanluacha' don athrú ar ús fabhraithe agus don athrú ar phréimheanna/lascainí (préimheanna/lascainí nua agus amúchadh).

Cuireadh na cláir SURE, EFSM agus Comhardú na nÍocaíochtaí chun feidhme ar bhonn 'droim le droim'. Ciallaíonn sé sin gur maoiníodh na hiasachtaí le hiasachtaí coibhéiseacha, leis na téarmaí agus na coinníollacha céanna. Tá na haibíochtaí mar an gcéanna, athmhuirearaítear na préimheanna/lascainí eisiúna agus na costais ar thairbhí na hiasachta. Ar theacht ina aibíocht di, aisíocann tairbhí na hiasachta í leis an gCoimisiún agus aisíocann an Coimisiún an iasachtaíocht. I gcás iasachtaí STA a mhaoinítear le NGEU, níl aon ghaol droim le droim idir téarmaí na n-iasachtaí agus na hiasachtaí. Cistítear na hiasachtaí sin ón gcur chuige cistiúcháin aontaithe, a mhínítear i Nóta **2.11.1.1**.

STA

Is ionstraim shealadach é STA, a cuireadh ar bun in 2021, chun cuidiú le geilleagair na mBallstát téarnamh ó phaindéim an choróinvíris agus éirí athléimneach i ndáil leis an gclaochlú glas agus an claochlú digiteach. Faoi Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh (NGEU), faigheann an Coimisiún cistí ar iasacht a úsáideann STA chun athchóirithe agus infheistíochtaí na mBallstát a mhaoiniú. Ní mór iad sin a bheith i gcomhréir le tosaíochtaí an Aontais agus ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin arna n-aithint i moltaí tírshonracha faoi réim an tSeimeastair Eorpaigh um beartas eacnamaíoch agus sóisialta a chomhordú. Féadfaidh an maoiniú a bheith ina iasacht (tacaíocht inaisíoctha) nó ina dheontas (tacaíocht neamh-inaisíoctha, féach Nóta **2.5**). Féadfaidh na Ballstáit maoiniú a fháil suas le leithdháileadh arna chomhaontú roimh ré le haghaidh iasachtaí agus deontas. Chun tairbhiú den tacaíocht, ní mór do na Ballstáit a bpleananna náisiúnta gnóthaithe agus athléimneachta a chur faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh. Leagtar amach i ngach plean na hathchóirithe agus infheistíochtaí atá le cur chun feidhme faoi dheireadh 2026, lena sainítear garspriocanna agus spriocanna soiléire a ndéanfaidh an Coimisiún Eorpach anailís orthu agus a ndéanfaidh an Chomhairle Eorpach iad a fhormheas. Féadfar na hiasachtaí STA a eisíoc go dtí an 31 Nollaig 2026 ar choinníoll go bhfuil na garspriocanna agus spriocanna a comhaontaíodh bainte amach.

In 2023, leasaíodh Rialachán STA agus dá bharr sin, cuireadh ar chumas na mBallstát caibidil REPowerEU a chur lena bpleananna náisiúnta téarnaimh agus athléimneachta. Is féidir leis na Ballstáit infheistíochtaí agus athchóirithe a mhaoiniú chun cuspóirí REPowerEU a bhaint amach. D'fhéadfadh iasachtaí a bheith i gceist leis an maoiniú freisin, trí úsáid a bhaint as acmhainní iasachta STA nár iarr na Ballstáit go fóill. Dá bhrí sin, áirítear iasachtaí REPowerEU sa cheannteideal STA sa tábla thuas freisin.

An 31 Nollaig 2025, EUR 277.2 billiún a bhí sna comhaontuithe iasachta sínithe (i gcomparáid le EUR 290.9 billiún ag deireadh 2024, tháinig laghdú ar an méid mar gheall ar laghduithe ar roinnt comhaontuithe iasachta). Eisíocadh EUR 155.9 billiún d'iasachtaí agus tá sé gan aisíoc ag deireadh 2025.

Tacaíocht chun Rioscaí Dífhostaíochta a mhaolú i gcás Éigeandála (SURE)

Chuir SURE cúnamh airgeadais ar fáil arb é is aidhm dó daoine a choinneáil ag obair agus tacú le poist atá thíos le tionchar phaindéim an choróinvíris. Tháinig deireadh le hinfhaighteacht na hionstraime an 31 Nollaig 2022. EUR 98.4 billiún (luach ainmniúil) a bhí sna hiasachtaí a eisíocadh ón 31 Nollaig 2024 agus ní raibh aon eisíocaíocht ar feitheamh. In 2025, d'aisíoc na Ballstáit EUR 8 mbilliún d'iasachtaí SURE.

An Sásra Cobhsaíochta Airgeadais Eorpach (EFSM)

Le EFSM bhíothas in ann cúnamh airgeadais a dheonú do Bhallstát a raibh deacrachtaí airgeadais aige. Tá an clár imithe in éag ach amháin i gcás idirbhearta sonracha amhail síneadh aibíochta na n-iasachtaí. In 2025, d'aisíoc Éire EUR 2.4 billiún d'iasacht EFSM a bhí dlite. D'iarr an Phortaingéil go n-aisíocfaí dhá iasacht go luath dar luach iomlán EUR 2.5 billiún. Rinneadh aisíocaíocht na n-iasachtaí ar phraghas margaidh na mbannaí foluiteacha. Ba é an toradh a bhí ar an oibríocht sin gnóthachain nó caillteanais dí-aitheanta ar iasachtaí (féach Nótaí **3.9** agus **3.15**). Aistríodh bannaí foluiteacha an Aontais chuig an gcomhthiomsú cistiúcháin aontaithe (féach Nóta **2.11.1.1**).

Comhardú na nÍocaíochtaí

Is ionstraim airgeadais bunaithe ar bheartas í seo lena soláthraítear cúnamh airgeadais meántéarma do Bhallstáit nár ghlac an euro mar airgeadra. In 2025, d'aisíoc an Laitvia an iasacht dheireanach comhardaithe na n-íocaíochtaí a bhí gan aisíoc ina hiomláine.

Iasachtaí do thríú tíortha

EUR milliún

	MFA	An tSaoráid don Úcráin	Euratom	Saoráid na mBalcán Thiar	Saoráid na Moldóive	Iomlán
Foriomlán an 31.12.2024	*23 831*	*7 623*	*203*	*–*	*–*	*31 656*
Iasachtaí nua (ainmniúil)	*18 366*	*10 052*	*–*	*184*	*289*	*28 891*
Aisíocaíochtaí	*(20)*	*–*	*–*	*–*	*–*	*(20)*
Athruithe ar an luach de réir na leabhar	*247*	*104*	*(0)*	*3*	*4*	*358*
Athruithe ar an lagú	*(9 164)*	*(5 206)*	*4*	*(0)*	*(0)*	*(14 366)*
Iomlán an 31.12.2025	**33 260**	**12 573**	**207**	**187**	**293**	**46 520**
Neamhreatha	*32 505*	*12 264*	*206*	*184*	*289*	*45 448*
Reatha	*754*	*310*	*0*	*3*	*4*	*1 072*

Ba é EUR 76.0 billiún luach ainmniúil na n-iasachtaí do thríú tíortha an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 47.2 billiún).

Sa tábla seo, comhfhreagraíonn an líne 'Athruithe ar lagú' d'atomhas na gcaillteanas creidmheasa ionchasach amhail an 31 Nollaig 2025. Comhfhreagraíonn an líne 'Athruithe ar an luach de réir na leabhar' don athrú ar ús fabhraithe agus don athrú ar phréimheanna/lascainí (préimheanna/lascainí nua agus amúchadh).

Feidhmíonn clár Euratom ar bhonn 'droim le droim'.

Go dtí deireadh 2022, maoiníodh na hiasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais agus an cur chuige 'droim le droim' in úsáid, ach le cur chun feidhme an chláir Cúnaimh Macrairgeadais+ in 2023, cuirtear iasachtaí nua faoin gCúnamh Macrairgeadais chun feidhme go príomha trí úsáid a bhaint as an gcur chuige cistiúcháin aontaithe a mhínítear i Nóta **2.11.1.1**. Déantar aon chlár nua amhail saoráidí na hÚcráine, na mBalcán Thiar agus na Moldóive a chistiú freisin leis an gcur chuige aontaithe cistiúcháin.

Cúnamh Macrairgeadais

Tagraíonn an Cúnamh Macrairgeadais d'iasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais do thíortha comhpháirtíochta ina bhfuil géarchéim maidir le comhardú na n-íocaíochtaí.

EUR 52.1 billiún a bhí i neamhchosaint ainmniúil iomlán iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais gan aisíoc ag deireadh na bliana (2024: EUR 33.7 billiún), as ar tugadh EUR 47.1 billiún don Úcráin (2024: EUR 29.0 billiún).

An 31 Nollaig 2025, ba é EUR 19.4 billiún an lamháltas lagaithe le haghaidh iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais (2024: EUR 10.2 billiún), as a bhfuil EUR 19.3 billiún le haghaidh iasachtaí don Úcráin (2024: EUR 10.1 billiún). Cé gur íocadh na méideanna uile a bhí dlite in 2025 ón Úcráin in am trátha agus nach bhfuil aon íocaíocht thar téarma ann tráth ullmhú na gcuntas bliantúil, i gcomhréir leis na rialacha cuntasaíochta, léirítear leis an lagú na caillteanais chreidmheasa ionchasacha saolré a dhéantar a mheas go han-stuama de bharr na héiginnteachta móire atá i gceist.

I mí Dheireadh Fómhair 2024, glacadh Rialachán (AE) 2024/2773 lena mbunaítear an Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus lena n-údaraítear cúnamh macrairgeadais nua don Úcráin. Faoin Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin, úsáidtear ioncaim urghnácha a thagann ó shócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise chun tacaíocht neamh-inaisíoctha a dheonú don Úcráin agus é mar chuspóir aige sin cúnamh a thabhairt don tír iasachtaí déthaobhacha nua arna soláthar ag comhpháirtithe G7 agus ag an Aontas faoin tionscnamh seo a aisíoc. Shínigh an tAontas an comhaontú iasachta Cúnaimh Macrairgeadais leis an Úcráin i mí na Nollag 2024, comhaontú dar mhéid EUR 18.1 billiún. Eisíocadh an iasacht go hiomlán in 2025. Ós rud é go raibh an iasacht Cúnaimh Macrairgeadais faoin Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin geallta go neamh-inchúlghairthe ag deireadh 2024, aithníodh soláthar EUR 7.1 billiún le haghaidh caillteanais chreidmheasa ionchasacha (féach freisin nóta **2.10**). In 2025, aisiompaíodh an fhoráil sin agus aithníodh lamháltas lagaithe EUR 8.7 billiún ina ionad sin, rud a laghdaigh luach na hiasachta.

In 2025, dheonaigh an tAontas EUR 740 milliún (2024: EUR 763 mhilliún) d'fhóirdheontais ráta úis don Úcráin le haghaidh an úis a fabhraíodh ar na hiasachtaí eisceachtúla Cúnaimh Macrairgeadais agus Cúnaimh Macrairgeadais+. Is modhnú é sin ar théarmaí na hiasachta (féach freisin Nótaí **3.15** agus **6.6**), agus cuimsítear é faoi 'Athruithe ar an luach de réir na leabhar' sa tábla thuas.

An 31 Nollaig 2025, bhí EUR 4.3 billiún de mhéideanna neamhtharraingthe geallta go coinníollach faoi chomhaontuithe iasachta Cúnaimh Macrairgeadais sínithe (2024: EUR 95 mhilliún).

Iasachtaí ón tSaoráid don Úcráin

Is ionstraim é an Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin ([32]) a glacadh in 2024 lena gcuirtear suas le EUR 50 billiún de thacaíocht airgeadais ar fáil don Úcráin, lena n-áirítear tacaíocht suas le EUR 33 bhilliún d'iasachtaí ceannasacha, atá le heisíoc faoi dheireadh 2027. Eisíocadh EUR 23.2 billiún d'iasachtaí leis an Úcráin faoi dheireadh 2025 (2024: EUR 13.1 billiún).

Is é EUR 10.9 billiún san iomlán a bhí sa lamháltas lagaithe a aithníodh ar na hiasachtaí sin an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 5.7 billiún). Tá EUR 9.8 billiún de mhéideanna neamhtharraingthe ann ó chomhaontuithe iasachta sínithe ag deireadh na bliana (2024: EUR 19.9 billiún) geallta go coinníollach ach na coinníollacha beartais a chomhlíonadh.

Iasachtaí an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach (Euratom)

Tugann an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach (Euratom) airgead ar iasacht do na Ballstáit agus do Stáit nach Ballstáit iad araon, agus d'eintitis an dá cheann, chun tionscadail a mhaoiniú a bhaineann le suiteálacha fuinnimh. An 31 Nollaig 2025, níl aon mhéid gan íoc a bhaineann leis na Ballstáit. Baineann an méid iomlán gan íoc le hiasachtaí do Energoatom, arna ráthú ag stát na hÚcráine. Aithníodh lamháltas lagaithe EUR 94 mhilliún le haghaidh na n-iasachtaí sin (2024: EUR 98 milliún). Níl aon mhéid neamhtharraingthe ó chomhaontuithe iasachta sínithe.

Saoráid Athchóirithe agus Fáis na mBalcán Thiar

Glacadh Rialachán (AE) 2024/1449 maidir le Saoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh na mBalcán Thiar a bhunú (dá ngairtear 'Saoráid na mBalcán Thiar' anseo feasta) i mí na Bealtaine 2024, agus tharla na chéad oibríochtaí airgeadais in 2025. Meastar go gcuirfidh an tSaoráid suas le EUR 4 bhilliún in iasachtaí ar fáil in 2025-2027, agus beidh íocaíochtaí faoin gcoinníoll go gcuirfidh tíortha comhpháirtíochta an Aontais sna Balcáin Thiar chun feidhme athchóirithe sonracha socheacnamaíocha agus bunúsacha.

Faoin 31 Nollaig 2025, síníodh EUR 2.6 billiún d'iasachtaí leis an Macadóin Thuaidh, leis an Albáin, leis an tSeirbia agus le Montainéagró, agus eisíocadh EUR 184 mhilliún de sin. Ag deireadh na bliana, tá EUR 2.4 billiún fós geallta go coinníollach, faoi réir chomhlíonadh na gcoinníollacha beartais.

([32]) Rialachán(AE) 2024/792 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tSaoráid don Úcráin (IO L, 2024/792, 29.2.2024), dá ngairtear 'an Rialachán maidir leis an tSaoráid don Úcráin' anseo feasta.

An tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive

I mí an Mhárta 2025 glacadh Rialachán (AE) 2025/535 lena mbunaítear an tSaoráid Athchóirithe agus Fáis le haghaidh Phoblacht na Moldóive (dá ngairtear 'Saoráid na Moldóive' anseo feasta). Tacóidh an tsaoráid leis an Moldóiv le linn na tréimhse ó 2025 go 2027 agus meastar go gcuirfidh sí suas le EUR 1.5 billiún in iasachtaí ar fáil.

Síníodh an comhaontú iasachta dar luach EUR 1.5 billiún in 2025. Eisíocadh EUR 289 milliún faoin 31 Nollaig 2025, agus tá EUR 1.2 billiún fós gan tarraingt ag deireadh na bliana.

Ráthaíocht bhuiséadach an Aontais le haghaidh iasachtaí do na Ballstáit agus do thríú tíortha

Le buiséad an Aontais ráthaítear na hiasachtaí a eisíonn an tAontas lena maoinítear na hiasachtaí do na Ballstáit agus do thríú tíortha. Dá mbeadh méideanna iasachta gan íoc amach anseo, d'fhéadfadh sé nár mhór na méideanna iasachtaíochta gaolmhara a aisíoc le buiséad an Aontais.

Chun tuilleadh sonraí a fháil, féach Nóta **6.7**.

Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

I gcomhréir le hAirteagal 143 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de dhliteanais airgeadais theagmhasacha a bhaineann leis na hiasachtaí le haghaidh cúnamh airgeadais (EFSM, cúnamh macrairgeadais, comhardú na n-íocaíochtaí agus Euratom) a ceadaíodh/a cinneadh ag dáta na tarraingthe siar, 31 Eanáir 2020. Ceanglaítear le hAirteagal 143, i gcás mainneachtain ar iasacht le haghaidh cúnamh airgeadais a ceadaíodh roimh dháta na tarraingthe siar, go mbeadh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas faoin oibríocht ar mainneachtain, murarbh fhéidir sciar na Ríochta Aontaithe den soláthar a choimeádtar in urrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha den Chiste don Soláthar Coiteann, i gcás ina bhfuil sé sin ábhartha, a chumhdach (i.e. iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais agus Euratom i dtríú tíortha) – féach Nóta **4.1.1**.

EUR 53,9 billiún a bhí i ndliteanas teagmhasach an Aontais atá le híoc a bhain leis na hiasachtaí thuas i gcomhair cúnamh airgeadais ar dháta na tarraingthe siar. Tar éis aisíocaíochtaí ón dáta sin i leith, is é EUR 42.2 billiún a bhí i luach na n-iasachtaí sin a chumhdaítear le ráthaíocht an Aontais an 31 Nollaig 2025 – EUR 5.3 billiún atá i sciar na Ríochta Aontaithe den mhéid sin.

2.4.1.2. Iasachtaí eile

Cuimsítear 3 chineál iasachta leo sin:

a) Iasachtaí a deonaíodh ó chláir bhuiséad an Aontais (e.g. na tionscnaimh um Maoiniú na Talmhaíochta agus um Maoiniú an Leictriúcháin agus clár an Aontais Eorpaigh um Fhostaíocht agus um Nuálaíocht Shóisialta). Is é EUR 85 mhilliún san iomlán a bhí sna hiasachtaí sin an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 75 mhilliún).

b) Iasachtaí seachaithe: Eisíocann BEI na hiasachtaí sin agus ráthaítear iad le cláir CEIS agus le cláir an tSainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh. Bhí na hiasachtaí ar mainneachtain, d'íoc an Coimisiún na ráthaíochtaí a glaodh isteach agus, dá bhrí sin, is aigesean atá na cearta aisghabhála. Dá thoradh sin aithnítear na hiasachtaí ar chlár comhardaithe an Aontais anois. An 31 Nollaig 2025, tá na cearta gnóthaithe i leith EUR 1.0 billiún de na hiasachtaí sin i seilbh an Choimisiúin, lena n-áirítear ús fabhraithe (2024: EUR 1.0 billiún). Tar éis na caillteanais chreidmheasa ionchasacha a chur san áireamh áfach, is é EUR 45 mhilliún an méid a aithnítear ar an gclár comhardaithe (2024: EUR 51 mhilliún).

c) Taiscí téarma EUR 481 mhilliún (2024: EUR 340 milliún) lena mbaineann aibíocht níos mó ná 3 mhí nach gcomhlíonann an sainmhíniú ar choibhéisí airgid thirim.

2.4.2. *Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh	*2.4.2.1*	*51 080*	*43 648*
Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas	*2.4.2.2*	*1 585*	*1 110*
Iomlán		**52 665**	**44 758**
Neamhreatha		*47 919*	*39 058*
Reatha		*4 746*	*5 700*

2.4.2.1. *Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh*

Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas de réir cineáil

EUR milliún

		31.12.2025	31.12.2024
Urrúis fiachais		*40 462*	*34 465*
Cistí Margaidh Airgid, ETFanna agus infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe		*6 812*	*5 975*
Infheistíochtaí cothromais eile		*3 796*	*3 201*
Iasachtaí		*9*	*8*
Iomlán		**51 080**	**43 648**
Neamhreatha		*46 350*	*37 948*
Reatha		*4 730*	*5 700*

Is bannaí ceannasacha agus bannaí corparáideacha atá in urrúis fiachais den chuid is mó. Coinnítear iad sna cistí (punanna) atá á mbainistiú ag an gCoimisiún (an ciste don soláthar coiteann agus an Ciste um Fhíneálacha Buiséid (BUFI) den chuid is mó) nó ag BEI thar ceann an Aontais (Fís 2020 (H2020) agus an Ciste don Nuálaíocht den chuid is mó). Déantar meastóireacht ar fheidhmíocht na bpunann ar bhonn cóirluacha (luach margaidh). An 31 Nollaig 2025, EUR 6.0 billiún a bhí i margadhluach na n-urrús a tugadh ar iasacht laistigh de na cláir iasachtaithe urrús (EUR 5.8 billiún in 2024). Ní dhéantar na hurrúis sin a tugadh ar iasacht a dhí-aithint ó chlár comhardaithe an Aontais toisc go bhfuil na rioscaí agus na luaíochtaí fós i seilbh an Aontais.

Tá cistí margaidh airgid ina gcistí frithpháirteacha a dhéanann infheistíocht in urrúis fiachais ghearrthéarmacha (e.g. ciste aonadach BEI). Is cistí infheistíochtaiad na cistí arna dtrádáil ar an malartán (ETFanna) a thrádáiltear ar stocmhalartáin. Rianaíonn siad innéacsanna agus sealbhaíonn siad sócmhainní amhail stoic, bannaí, airgeadraí agus conarthaí todhchaíochtaí. Is iad na hinfheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe cistí an Aontais de chláir na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) agus H2020 a chomhthiomsaítear in éineacht le cistí na mBallstát ó Chlár NER-300. Úsáidtear iad chun ráthaíochtaí a sholáthar d'oibríochtaí maoiniúcháin agus infheistíochta BEI.

Tagraíonn 'Infheistíochtaí cothromais eile' d'airgead bhuiséad an Aontais a infheistiú den chuid is mó – trí chomhpháirtithe cur chun feidhme – i gcaipiteal fiontair nó i gcineálacha eile cistí infheistíochta chun cuspóirí beartais an Aontais a shaothrú: rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú do FBManna nuathionscanta, taighde agus nuálaíocht chomh maith le bonneagar laistigh den Aontas Eorpach agus lasmuigh de, mar shampla.

Sócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas de réir an chláir

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
An Ciste don Soláthar Coiteann	*27 018*	*23 174*
An Ciste don Nuálaíocht	*13 265*	*10 616*
Fís 2020 agus Fís Eorpach	*4 286*	*3 968*
Infheistíochtaí BUFI	*2 662*	*2 141*
ECSC faoi Leachtú	*1 187*	*1 206*
An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa	*683*	*716*
Saoráidí Cothromais le haghaidh FBManna an Aontais	*433*	*453*
BEAF	*309*	*188*
An Ciste Eorpach d'Oirdheisceart na hEorpa	*250*	*243*
Plean pinsean d'fhoireann áitiúil SEGS	*152*	*128*

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
An Ciste um Fhás Glas	*152*	*128*
An tSaoráid Airgeadais um Éifeachtúlacht Fuinnimh	*104*	*103*
Eile	*581*	*586*
Iomlán	**51 080**	**43 648**
Neamhreatha	*46 350*	*37 948*
Reatha	*4 730*	*5 700*

Ciste don Soláthar Coiteann

Tugann an tAontas ráthaíochtaí do chomhpháirtithe airgeadais maidir le caillteanais ar infheistíochtaí cothromais agus ar iasachtaí (féach Nóta **4.1** le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais). I gcomhréir leis na gníomhartha dlí, cuireann buiséad an Aontais airgead ar leataobh de réir a chéile chun aon chaillteanas a chumhdaítear leis na ráthaíochtaí sin a íoc leis na comhpháirtithe. Cuireann buiséad an Aontais airgead i leataobh freisin chun an iasachtaíocht a aisíoc i gcás mainneachtain ar iasachtaí faoi Cúnamh Macrairgeadais, Euratom, na Balcáin Thiar agus Saoráid na Moldóive.

I gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais, bhunaigh an Coimisiún an Ciste don Soláthar Coiteann chun bainistiú a dhéanamh, i bpunann choiteann amháin, ar an airgead a chuireann sé ar leataobh ('soláthar'). Déantar an t-airgead a infheistiú in urrúis fiachais, i gcistí margaidh airgid agus in ETFanna. Sa bhreis ar sholáthar bhuiséad an Aontais, faigheann an Ciste don Soláthar Coiteann aisghabhálacha ó oibríochtaí ar mainneachtain, na torthaí ar a chuid infheistíochtaí agus luach saothair an Aontais ó na comhpháirtithe airgeadais. Féadfaidh an Ciste don Soláthar Coiteann ranníocaíochtaí deonacha a fháil freisin ó Bhallstáit agus ranníocóirí eile, a chuireann leis na ráthaíochtaí buiséid atá ar fáil ag an Aontas ar an gcaoi sin.

Leithdháileann an Ciste don Soláthar Coiteann na ranníocaíochtaí a thagann isteach ina n-urranna ag brath ar an gclár rannchuidithe. Leagtar amach na forálacha is gá le haghaidh na ráthaíochtaí arna soláthar i ngníomhartha dlí na gclár. Déanann buiséad an Aontais na cistí sin, a ndéantar foráil ina leith go haonarach, a chomhthiomsú sa chiste don soláthar coiteann chun an bhainistíocht sócmhainní a bharrfheabhsú.

Amhail an 31 Nollaig 2025, tháinig méadú ar shócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha an Chiste don Soláthar Coiteann ag sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas de réir mar atá na forálacha is gá á bhforbairt ag ráthaíochtaí InvestEU, ICFCI agus na hÚcráine ach freisin mar gheall ar ghnóthachain státchiste EUR 0.8 billiún. B'ionann iomlán na sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ag sócmhainní ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas agus EUR 27.0 billiún, as ar infheistíodh EUR 22.8 billiún in urrúis fiachais, agus EUR 3.9 billiún in ETFanna.

An Ciste don Nuálaíocht

Leis an gCiste don Nuálaíocht, bunaítear córas chun lamháltais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas. Is é is cuspóir leis an t-ioncam a úsáid chun tacú le nuálaíocht i dteicneolaíochtaí agus i bpróisis ísealcharbóin in earnálacha eacnamaíocha áirithe. Faigheann an Ciste don Nuálaíocht an t-ioncam ó luach airgid a chur de réir a chéile ar 530 milliún liúntas agus freisin ó aon chiste nár caitheadh ón 300 milliún liúntas atá ar fáil don chlár NER300 (féach Nóta **3.8**). Bainistíonn BEI an t-airgead go dtí go n-úsáidtear é don chríoch atá beartaithe lena aghaidh, agus déanann sé iad a infheistiú in urrúis fiachais. Is é is cúis leis an méadú in 2025 den chuid is mó ioncam ceantála isteach.

Fís 2020 agus Fís Eorpach

Faoi Rialachán an Aontais lena mbunaítear Fís 2020 – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht (2014-2020) - bunaíodh ionstraimí airgeadais nua chun rochtain ar mhaoiniú a fheabhsú d'eintitis a thugann faoi thaighde agus nuálaíocht (T&N). Áirítear ar na hionstraimí sin:

— *InnovFin - Seirbhís Iasachta agus Ráthaíochta le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta* faoina gcomhroinneann an Coimisiún an riosca airgeadais a bhaineann le punann oibríochtaí maoiniúcháin nua a rinne BEI;

— *InnovFin - Saoráid Ráthaíochta FBM agus Ionstraim Ráthaíochtaí Neamhchaidhpeáilte an Tionscnaimh do FBManna* - saoráidí ráthaíochta atá á mbainistiú ag CEI lena soláthraítear ráthaíochtaí agus frithráthaíochtaí d'idirghabhálaithe airgeadais le haghaidh punanna nua iasachtaí (faoi Ionstraim Ráthaíochtaí Neamhchaidhpeáilte an Tionscnaimh do FBManna, déanann an Coimisiún an riosca airgeadais a bhaineann leis an ráthaíocht a thugtar a chomhroinnt le Ballstáit, CEI agus BEI);

— *InnovFin - Saoráid Cothromais le haghaidh Taighde agus Nuálaíochta* lena bhforáiltear d'infheistíochtaí i gcistí caipitil fiontair arna mbainistiú ag CEI; agus

— *Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (CNE)* a sholáthraíonn maoiniú cothromais chun gníomhaíochtaí nuálaíochta agus imlonnaithe margaidh a ghéarú. Déantar ciste EIC a chistiú leis na cláir Fís Eorpach agus H2020.

Infheistíochtaí BUFI

Bhunaigh an Coimisiún ciste na bhFíneálacha Buiséid ('BUFI') chun an t-airgead a fhaigheann sé go sealadach le haghaidh fíneálacha a eisítear chuig cuideachtaí atá faoi achomharc a bhainistiú. Go dtí cinneadh deireadh na cúirte maidir le fíneáil ar leith, infheistíonn an Coimisiún an t-airgead in ionstraimí fiachais.

ECSC faoi Leachtú

Chuaigh Conradh CEGC in éag an 23 Iúil 2002 agus aistríodh sócmhainní uile CEGC chuig an Aontas Eorpach. Cuireadh i leataobh iad le haghaidh taighde sna hearnálacha a bhaineann le tionscail an ghuail agus na cruach, mar shampla teicneolaíochtaí ceannródaíocha as a dtagann déanamh cruach atá beagnach saor ó charbón. Déanann an Coimisiún an t–airgead a infheistiú in urrúis fiachais, go dtí go ndeonaítear é chun críoch taighde.

An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa

De bhun Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([33]), bunaíodh ionstraim fiachais na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (SCE) arb é is cuspóir di rochtain tionscadal bonneagair ar mhaoiniú a éascú in earnálacha an iompair, na teileachumarsáide agus an fhuinnimh. Déanann BEI é a bhainistiú de réir comhaontaithe leis an Aontas. Tairgeann sé comhroinnt riosca maidir le maoiniú fiachais i bhfoirm féich shinsearaigh nó fofhéich nó ráthaíochta chomh maith le tacaíocht do bhannaí tionscadail arna ráthú ag an Aontas.

Saoráidí Cothromais le haghaidh FBManna an Aontais

Is ionstraimí cothromais iad seo arna maoiniú ag na cláir COSME, CIP agus MAP agus an Tionscnamh Fáis agus Fostaíochta, faoi iontaobhaíocht CEI, lena dtacaítear le cruthú agus maoiniú FBManna an Aontais ina gcéimeanna luatha (nuathionscanta) agus ina gcéimeanna fáis trí infheistiú i gcistí caipitil fiontair speisialaithe oiriúnacha.

An Banc Eorpach Athfhoirgníochta agus Forbartha

Tá infheistíocht airgeadais ag an Aontas i gcaipiteal an Bhainc Eorpaigh Athfhoirgníochta agus Forbartha (BEAF). In 2025, mhéadaigh an tAontas a shíntiús, agus cheannaigh sé 12 102 scair bhreise ar parluach EUR 10 000 in aghaidh na scaire. Tá an íocaíocht iomlán EUR 121 mhilliún le déanamh i dtráthchodanna comhionanna thar 5 bliana, agus íocfar an chéad tráthchuid in 2025. An 31 Nollaig 2025, bhí 102 146 scair ag an gCoimisiún (2024: 90 044 scair), lena léirítear 3.04 % den scairchaipiteal suibscríofa iomlán. San iomlán, shuibscríobh an tAontas EUR 1 021 mhilliún de scairchaipiteal BEAF, agus níl glaoch ar EUR 713 mhilliún de sin faoi láthair.

Ordlathas cóirluacha sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ar shócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas

EUR milliún

An cineál sócmhainne airgeadais	31.12.2025	31.12.2024
Leibhéal 1: Praghsanna luaite i margaí gníomhacha	*44 447*	*37 559*
Leibhéal 2: Ionchuir inbhraite seachas praghsanna luaite	*3 150*	*3 098*
Leibhéal 3: Teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite	*3 483*	*2 991*
Iomlán	**51 080**	**43 648**

Ní raibh aon aistriú ann idir Leibhéal 1 agus Leibhéal 2 den ordlathas cóirluacha le linn na tréimhse.

([33]) Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 680/2007 agus Rialachán (CE) Uimh. 67/2010 (IO L 348, 20.12.2013, lch. 129, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1316/oj).

Réiteach sócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha arna dtomhas ag úsáid teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite (leibhéal 3)

EUR milliún

Gluaiseachtaí Cóirluacha	
Iarmhéid tosaigh an 1.1.2025	**2 991**
Infheistíochtaí le linn na tréimhse	*699*
Aisíocaíochtaí caipitil	*(97)*
Ioncaim réitithe	*(19)*
Gnóthachain nó caillteanas le haghaidh na tréimhse i mbarrachas nó easnamh	*(90)*
Aistrithe chuig Leibhéal 3	–
Aistrithe amach as Leibhéal 3	–
Eile	–
Iarmhéid deiridh an 31.12.2025	**3 483**

2.4.2.2. *Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag díorthaigh ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas*

Sócmhainní airgeadais agus dliteanais airgeadais ag díorthaigh ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas de réir an chineáil

EUR milliún

An cineál díorthaigh	31.12.2025			31.12.2024		
	Méid barúlach	Sócmhainn Chóirluacha	Dliteanas Cóirluacha	Méid barúlach	Sócmhainn Chóirluacha	Dliteanas Cóirluacha
Ráthaíocht ar phunann gnáthscaireanna	*6 951*	*1 568*	*(52)*	*6 057*	*1 110*	*(60)*
Díorthaigh FX	*1 910*	*17*	*(9)*	*2 417*	–	*(38)*
Iomlán	**8 861**	**1 585**	**(62)**	**8 474**	**1 110**	**(98)**
Neamhreatha		*1 569*	*(9)*		*1 110*	*(13)*
Reatha		*17*	*(53)*		–	*(84)*

Ráthaíochtaí ar phunanna gnáthscaireanna

Cuimsítear faoin gceannteideal 'Ráthaíocht ar phunann gnáthscaireanna' ráthaíochtaí arna dtabhairt ag an Aontas d'institiúidí airgeadais ar phunanna infheistíochtaí cothromais. Aicmítear na ráthaíochtaí sin mar ionstraimí airgeadais díorthacha agus coinnítear cuntas orthu mar shócmhainn airgeadais nó mar dhliteanas airgeadais ag sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas ós rud é nach gcomhlíonann siad an sainmhíniú ar dhliteanas ráthaíochta airgeadais - féach Nóta **1.5.12**. Déantar sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais AE a thomhas bunaithe ar luach na n-infheistíochtaí foluiteacha.

Is éard a léirítear den chuid is mó leis an méid iomláin ráthaíocht CEIS arna thabhairt ag an Aontas do Ghrúpa BEI, ráthaíocht ag a bhfuil infheistíochtaí cothromais foluiteacha de EUR 3.6 billiún arna n-eisíoc ag BEI agus CEI (2024: EUR 3.8 billiún). EUR 1.4 billiún san iomlán a bhí i luach cóir ráthaíocht an Aontais ar phunanna cothromais CEIS (2024: EUR 1.1 billiún).

Díorthaigh malairte eachtraí

Déanann an tAontas réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun an riosca airgeadra eachtraigh a bhaineann le hurrúis fiachais atá ainmnithe in USD agus atá á sealbhú sa chiste don soláthar coiteann a fhálú. Faoi na réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh, soláthraíonn an tAontas an méid barúlach in airgeadra eachtrach a chomhaontaítear sa chonradh ('cuid d'íocaíocht'), mar a thuairiscítear sa tábla thuas, agus gheobhaidh sé an méid barúlach in EUR ('cuid faighte') ag an dáta aibíochta.

Áirítear leis an gceannteideal seo freisin éifeacht na ngníomhaíochtaí fálaithe riosca airgeadra eachtraigh faoi ráthaíocht InvestEU agus cásanna ina ráthaíonn an tAontas riosca airgeadra eachtraigh.

Ordlathas luacha chóir na sócmhainní díorthacha airgeadais agus na ndliteanas díorthach airgeadais

EUR milliún

An cineál díorthaigh	31.12.2025		31.12.2024	
	Sócmhainn Cóirluacha	Dliteanas Cóirluacha	Sócmhainn Chóirluacha	Dliteanas Cóirluacha
Leibhéal 1: Praghsanna luaite i margaí gníomhacha	–	–	–	–
Leibhéal 2: Ionchuir inbhraite seachas praghsanna luaite	*17*	*(7)*	–	*(27)*
Leibhéal 3: Teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite	*1 568*	*(55)*	*1 110*	*(71)*
Iomlán	**1 585**	**(62)**	**1 110**	**(98)**

Le linn na tréimhse, ní raibh aon aistriú idir leibhéal 1 agus leibhéal 2. Áirítear le díorthaigh phunanna gnáthscaireanna i Leibhéal 3 de Luach Cóir ráthaíochtaí ar phunanna gnáthscaireanna den chuid is mó.

Réiteach sócmhainní díorthacha airgeadais agus dliteanais dhíorthacha airgeadais arna dtomhas ag úsáid teicnící luachála ag a bhfuil ionchuir nach bhfuil bunaithe ar shonraí margaí inbhraite (Leibhéal 3)

EUR milliún

Gluaiseachtaí Cóirluacha	
Iarmhéid tosaigh na sócmhainne/(an dliteanais) amhail an 1.1.2025	**1 039**
Éilimh glaonna ráthaíochta a íocadh	*164*
Glaonna ráthaíochta a aisíocadh	*(44)*
Ioncam ó ráthaíocht a socraíodh	*(154)*
Gnóthachain nó caillteanas le haghaidh na tréimhse i mbarrachas nó easnamh	*507*
Aistrithe chuig Leibhéal 3	–
Aistrithe amach as Leibhéal 3	–
Eile	*(0)*
Iarmhéid deiridh an 31.12.2025	**1 513**

2.5. RÉAMH-MHAOINIÚ

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha			
Réamh-mhaoiniú	*2.5.1*	*36 000*	*39 093*
Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit	*2.5.2*	*2 933*	*1 682*
Ranníocaíocht le Cistí Iontaobhais		*38*	*85*
		38 971	**40 861**

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Reatha			
Réamh-mhaoiniú	*2.5.1*	*35 298*	*35 969*
Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit	*2.5.2*	*2 477*	*2 089*
		37 775	**38 058**
Iomlán		**76 746**	**78 919**

Ní mór do leibhéal an réamh-mhaoinithe sna cláir éagsúla a bheith leordhóthanach chun an cistiú a bhfuil gá leis ionas gur féidir leis an tairbhí an tionscadal a thionscnamh agus a chur chun cinn a áirithiú, fad a chosnaítear leasanna airgeadais an Aontais agus a chuirtear srianta dlíthiúla, oibriúcháin agus costéifeachtachta san áireamh.

2.5.1. *Réamh-mhaoiniú*

EUR milliún

	Ollmhéid	Imréitithe trí fhabhruithe	Glanmhéid an 31.12.2025
Na Ballstáit			
CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile	*3 605*	*(1 625)*	*1 980*
CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe	*29 858*	*(17 052)*	*12 805*
CSE	*9 997*	*(6 560)*	*3 438*
STA (NGEU)	*13 626*	*(3 392)*	*10 234*
Eile	*21 022*	*(10 041)*	*10 981*
CSTE agus tríú tíortha	*3 772*	*(2 710)*	*1 062*
Comhlachtaí príobháideacha agus poiblí	*82 761*	*(61 415)*	*21 346*
Faighteoirí eile	*17 397*	*(7 943)*	*9 454*
Iomlán	**182 038**	**(110 740)**	**71 299**
Neamhreatha	*36 000*		*36 000*
Reatha	*146 038*	*(110 740)*	*35 298*

EUR milliún

	Ollmhéid	Imréitithe trí fhabhruithe	Glanmhéid an 31.12.2024
Bainistíocht chomhroinnte			
CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile	*3 885*	*(840)*	*3 045*
CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe	*25 859*	*(16 476)*	*9 384*
CSE	*9 437*	*(6 258)*	*3 180*
Eile	*14 220*	*(4 836)*	*9 384*
	53 402	**(28 409)**	**24 992**

EUR milliún

	Ollmhéid	Imréitithe trí fhabhruithe	Glanmhéid an 31.12.2024
Bainistíocht dhíreach			
Arna chur chun feidhme ag:			
An Coimisiún	*34 727*	*(14 289)*	*20 438*
agus de sin, STA (NGEU)	*18 930*	*(3 541)*	*15 389*
Gníomhaireachtaí feidhmiúcháin an Aontais	*40 693*	*(25 586)*	*15 107*
Cistí Iontaobhais	*508*	*(429)*	*79*
	75 928	**(40 304)**	**35 624**
Bainistíocht indíreach			
Arna chur chun feidhme ag:			
Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile an Aontais	*5 281*	*(2 814)*	*2 467*
Tríú tíortha	*1 843*	*(1 103)*	*739*
Eagraíochtaí idirnáisiúnta	*13 171*	*(8 839)*	*4 333*
Eintitis eile	*19 295*	*(12 389)*	*6 906*
	39 590	**(25 144)**	**14 446**
Iomlán	**168 920**	**(93 858)**	**75 062**
Neamhreatha	*39 093*	–	*39 093*
Reatha	*129 826*	*(93 858)*	*35 969*

Léiríonn réamh-mhaoiniú an t-airgead a íocadh amach, agus cur chun feidhme leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí dá bharr sin. Mar a mhínítear i Nóta **1.5.7**, is réamhíocaíochtaí iad seo agus níl siad cláraithe mar chaiteachais go fóill. Mar sin de, cé go laghdaíonn réamh-mhaoiniú RAL gan íoc (féach Nóta **5.1**), léiríonn sé caiteachais nach bhfuil glactha leo nó aitheanta sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais go fóill.

Maidir leis an réamh-mhaoiniú do na Ballstáit sa limistéar comhtháthaithe (CFRE, CC, CSE), baineann an méadú go príomha leis na híocaíochtaí réamh-mhaoinithe nua a rinneadh in 2025 agus arbh ionann iad agus EUR 5.6 billiún.

Baineann an réamh-mhaoiniú do na Ballstáit a tuairiscíodh sa líne 'eile' go príomha leis an gCiste um Aistriú Cóir (EUR 6.2 billiún) agus leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht (EUR 1 bhilliún).

Bhí an tacaíocht neamh-inaisíoctha a bhaineann le hionstraim STA, a tuairiscíodh faoi réamh-mhaoiniú bainistíochta dírí in 2024, cothrom le EUR 10.2 billiún glan ag deireadh na bliana (2024: EUR 15.4 billiún). Tá an laghdú i gcomhréir le gnáthchur chun feidhme an chláir, ós rud é nár eisíocadh aon réamh-mhaoiniú breise in 2025.

Maidir leis an réamh-mhaoiniú le haghaidh comhlachtaí poiblí (EUR 17.5 billiún) agus le haghaidh comhlachtaí príobháideacha (EUR 10.5 billiún) a d'íoc an Coimisiún, baineann na méideanna is suntasaí leis an réimse Taighde (EUR 10.9 billiún), leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar agus lena réamhtheachtaithe (EUR 5 bhilliún), le Erasmus+ (EUR 4.6 billiún) agus leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (EUR 1.2 billiún).

Ráthaíochtaí a fhaightear i leith réamh-mhaoiniú

Is ráthaíochtaí iad sin a iarrann an Coimisiún i gcásanna áirithe ó thairbhithe nach Ballstáit iad le linn dóibh réamhíocaíochtaí a dhéanamh (réamh-mhaoiniú). Tá dhá luach atá le nochtadh don chineál ráthaíochta sin, an luach 'ainmniúil' agus an luach 'leanúnach'. Maidir leis an luach ainmniúil, tá an teagmhas giniúna nasctha leis an ráthaíocht a bheith ann. Maidir leis an luach leanúnach, is é teagmhas giniúna na ráthaíochta an íocaíocht réamh-mhaoinithe arna déanamh i leith na ráthaíochta, agus é laghdaithe ansin ag imréitigh ina dhiaidh sin. An 31 Nollaig 2025, EUR 1.1 billiún a bhí i luach ainmniúil na ráthaíochtaí a fuarthas i leith réamh-mhaoiniú.

Cumhdaítear méideanna réamh-mhaoinithe áirithe a íocadh amach faoin 7ú Clár Réime um Thaighde le haghaidh taighde agus forbairt teicneolaíochta (FP7) agus faoi Chláir Fhís 2020 agus Fhís Eorpach go héifeachtach leis an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh, ar ar tugadh an Ciste um Ráthaíocht Rannpháirtithe roimhe seo. Is ionstraim comhleasa é an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh a cuireadh ar bun chun na rioscaí a bhaineann le neamhíocaíocht méideanna ó na tairbhithe le linn chur chun feidhme na ngníomhaíochtaí indíreacha faoi na cláir sin a chumhdach. Cuireann gach rannpháirtí i ngníomhaíochtaí indíreacha a fhaigheann deontas ón Aontas 5 % den ranníocaíocht uasta ón Aontas le caipiteal an tSásra Árachais Fhrithpháirtigh, a infheistíonn an Coimisiún sna margaí airgeadais chun ús a ghiniúint. Féadfar an t-ús a úsáid chun fiachais nach n-onóraíonn rannpháirtí mainneachtana i leith an Aontais iad a chumhdach. Ag deireadh na gníomhaíochta indírí íoctar na ranníocaíochtaí leis na rannpháirtithe arís. Gníomhaíonn an tAontas (an Coimisiún mar ionadaí air) mar ghníomhaire feidhmiúcháin rannpháirtithe an tSásra Airgeadais Fhrithpháirtigh, ach is leis na rannpháirtithe an ciste. Is eintiteas faoi leith é an Sásra Airgeadais Fhrithpháirtigh nach bhfuil comhdhlúthaithe i gcuntais bhliantúla an Aontais, dá bhrí sin.

An 31 Nollaig 2025, EUR 3.0 billiún san iomlán a bhí sna méideanna réamh-mhaoinithe a chumhdaítear leis an Sásra Árachais Fhrithpháirtigh (2024: EUR 3.0 billiún). EUR 3.2 billiún a bhí i sócmhainní iomlána an tsásra árachais fhrithpháirtigh, lena n-áirítear sócmhainní airgeadais arna mbainistiú ag an gCoimisiún (2024: EUR 3.2 billiún).

2.5.2. *Réamhíocaíochtaí eile leis na Ballstáit*

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Réamhíocaíochtaí leis na Ballstáit le haghaidh ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte	*3 750*	*1 889*
Scéimeanna Cabhrach	*1 659*	*1 883*
Iomlán	**5 409**	**3 772**
Neamhreatha	*2 933*	*1 682*
Reatha	*2 477*	*2 089*

Réamhíocaíochtaí leis na Ballstáit le haghaidh ionstraimí airgeadais faoi bhainistíocht chomhroinnte

Faoi chreat chláir Chistí Struchtúracha agus Infheistíochta na hEorpa (Cistí SIE), is féidir réamhíocaíochtaí a dhéanamh ó bhuiséad an Aontais le Ballstáit chun ligean dóibh cur le hionstraimí airgeadais (i.e., iasachtaí, infheistíochtaí cothromais nó ráthaíochtaí). Bunaítear agus bainistítear na hionstraimí airgeadais seo faoi fhreagracht na mBallstát, ní faoi fhreagracht an Choimisiúin. Mar sin féin, fanann an t-airgead nach n-úsáideann na hionstraimí seo ag deireadh na bliana faoi shealúchas an Aontais (chomh maith leis an réamh-mhaoiniú ar fad) agus caitear leis mar shócmhainn ar chlár comhardaithe an Aontais dá bhrí sin.

Maidir leis an limistéar comhtháthaithe, as EUR 3 740 milliún a íocadh, meastar nár úsáideadh EUR 3 661 mhilliún an 31 Nollaig 2025.

I gcás na forbartha tuaithe, bhí EUR 89 milliún ann ag deireadh na bliana nár úsáideadh.

Scéimeanna Cabhrach

Cosúil leis an méid thuas, taifeadtar méideanna eisíoctha a fhreagraíonn do na réamhíocaíochtaí arna n-íoc ag na Ballstáit le haghaidh scéimeanna cabhrach éagsúla (státchabhair, bearta margaidh CERT nó bearta infheistíochta CETFT) nár úsáideadh faoi dheireadh na bliana mar shócmhainní (réamhíocaíochtaí) ar chlár comhardaithe an Aontais. Rinne an Coimisiún meastachán ar luach na réamhíocaíochtaí seo bunaithe ar an bhfaisnéis arna soláthar ag na Ballstáit; cuimsítear na méideanna a eascraíonn as sin faoi fho-cheannteideal na Scéimeanna Cabhrach thuas. In 2025, baineann méid EUR 1 397 milliún leis an talmhaíocht agus leis an bhforbairt tuaithe. Maidir leis an mbeartas comhtháthaithe, measadh gur EUR 263 mhilliún a bhí sna méideanna nár úsáideadh ag deireadh na bliana agus baineann siad le CAI 2021-2027.

2.6. SUIMEANNA INFHAIGHTE MALAIRTE AGUS MÉID IN-AISGHABHÁLA NEAMH-MHALAIRTE

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha			
Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte	*2.6.1*	*10 878*	*11 541*
Infháltais infhaighte ó idirbhearta malairte	*2.6.2*	*1 786*	*1 731*
		12 663	**13 272**
Reatha			
Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte	*2.6.1*	*18 952*	*16 529*
Infháltais infhaighte ó idirbhearta malairte	*2.6.2*	*2 452*	*1 936*
		21 404	**18 465**
Iomlán		**34 068**	**31 736**

2.6.1. *Méideanna in-aisghabhála ó idirbhearta neamh-mhalairte*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha			
Na Ballstáit	*2.6.1.1*	*597*	*275*
An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe	*2.6.1.2*	*10 256*	*11 231*
Ioncam fabhraithe agus muirir iarchurtha	*2.6.1.4*	*0*	*10*
Méideanna in-aisghabhála eile		*24*	*25*
		10 878	**11 541**
Reatha			
Na Ballstáit	*2.6.1.1*	*5 097*	*4 667*
An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe	*2.6.1.2*	*505*	*1 530*
Fíneálacha a fhorchuirtear ar chuideachtaí	*2.6.1.3*	*10 964*	*9 152*
Ioncam fabhraithe agus muirir iarchurtha	*2.6.1.4*	*2 269*	*1 085*
Méideanna in-aisghabhála eile		*117*	*94*
		18 952	**16 529**
Iomlán		**29 830**	**28 070**

2.6.1.1. Méideanna in-aisghabhála ó na Ballstáit

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Cuntais ADT A	*3 652*	*3 277*
Cuntais ADT ar leithligh	*868*	*849*
Acmhainní dílse atá le fáil	*–*	*139*
Lagú	*(535)*	*(553)*
Eile	*–*	*–*

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Acmhainní dílse in-aisghabhála	**3 985**	**3 712**
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT)	*1 802*	*1 534*
Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT) agus ionstraimí forbartha tuaithe eile	*222*	*127*
Lagú	*(607)*	*(741)*
Méideanna in-aisghabhála CERT agus forbartha tuaithe	**1 417**	**920**
Aisghabháil réamh-mhaoinithe	**21**	**16**
CBL íoctha agus in-aisghafa	**56**	**53**
Méideanna in-aisghabhála eile ó Bhallstáit	**215**	**242**
Iomlán	**5 694**	**4 943**
Neamhreatha	*597*	*275*
Reatha	*5 097*	*4 667*

Na méideanna neamhreatha atá dlite ó na Ballstáit, baineann siad go príomha le cinntí imréitigh comhréireachta nár forghníomhaíodh le haghaidh an Chiste Eorpaigh um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) chomh maith leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT). Aisghabhtar na méideanna a bhaineann leis na cinntí sin i dtráthchodanna bliantúla.

Acmhainní dílse in-aisghabhála

Tagraíonn 'cuntais A' do na ráitis mhíosúla ina gcuireann na Ballstáit in iúl na teidlíochtaí acmhainní dílse bunaithe traidisiúnta (ADT). Liostaítear sa Tábla méideanna na 'gcuntas A' nár íocadh leis an gCoimisiún go fóill. Is dleachtanna custaim arna mbailiú ag Ballstáit thar ceann an Choimisiúin iad ADT den chuid is mó.

Is gnách go mbíonn leibhéal idir EUR 3 bhilliún agus EUR 4 bhilliún ag na 'cuntais A' ag deireadh na bliana. In 2025, tá na méideanna a dhearbhaigh na Ballstáit thart ar an ngnáthleibhéal. Léiríonn an méid deiridh den chuid is mó na dleachtanna custaim a bunaíodh i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2025.

Maidir le cás sáraithe na Ríochta Aontaithe (Sárú Uimh. 2018/2008), an 8 Márta 2022, d'eisigh an Chúirt an breithiúnas gaolmhar agus dheimhnigh sí gur sháraigh an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí maidir le buiséad an Aontais a chosaint. Tionscnaíodh an cás i dtuarascáil OLAF 2017, inar suíodh gur sheachain allmhaireoirí sa Ríocht Aontaithe méid mór dleachtanna custaim trí shonraisc bhréige agus bhréagacha agus dearbhuithe luacha custaim míchearta a úsáid tráth an allmhairiúcháin.

Rinne an Coimisiún measúnú ar an mbreithiúnas, agus go háirithe ar bharúlacha na Cúirte maidir leis na méideanna atá dlite a chinneadh. Tar éis anailís mhionsonraithe a dhéanamh, d'íoc an Ríocht Aontaithe méideanna príomhshuime agus úis dhéanacha araon idir 2022 agus 2023 (EUR 1,6 billiún le haghaidh na príomhshuime agus EUR 1,4 billiún le haghaidh ús déanach sular tháinig laghdú ar sciar na Ríochta Aontaithe).

Agus na paraiméadair chéanna á gcur i bhfeidhm acu chun caillteanais mheasta ADT atá dlite le haghaidh teicstílí agus coisbhirt a allmhairítear ón tSín ar luach atá go mór faoi bhun an dearbhaithe a ríomh, d'íoc na Ballstáit méid EUR 1,9 billiún faoi fhorchoimeádas le linn 2021 agus 2022. Tar éis chlabhsúr an chomhaid tearcluachála maidir leis an Ríocht Aontaithe in 2023, tá athríomh á dhéanamh ag an gCoimisiún, i gcomhar leis na Ballstáit, ar a méideanna deiridh faoi seach atá dlite i gcomhréir le cás rialaithe na Cúirte C-213/19. In 2024 agus in 2025, comhaontaíodh méideanna deiridh na príomhshuime agus an úis atá dlite le roinnt Ballstát agus cuireadh clabhsúr leis na cásanna faoi seach. Tá soiléirithe fós ar siúl le roinnt Ballstát chun na méideanna deiridh atá dlite a shuí. Faoin 31 Nollaig 2025, déanfar na cuntais a choigeartú anuas faoi EUR 0.24 billiún lena léirítear an ceartú ioncaim.

Meastar faoi láthair gurb é EUR 0.3 billiún an t-ús ar íocaíocht dhéanach atá dlite i ndáil leis na cásanna sin an 31 Nollaig 2025 (féach Nóta **2.6.2**).

Tagraíonn 'cuntais ar leithligh' do theidlíochtaí suite nár cuireadh san áireamh sna 'cuntais A' toisc nár aisghabh Ballstáit iad agus toisc nár tugadh aon urrús (i.e. ráthaíocht) ina leith (nó tugadh urrús ach tá conspóid ann maidir leis na méideanna). Tá na teidlíochtaí seo faoi réir lagú bunaithe ar an bhfaisnéis a thugann na Ballstáit gach bliain. Léirítear leis na méideanna lagaithe céatadán cosúil den phríomhshuim ag deireadh gach bliana a bheag nó a mhór.

Méideanna in-aisghabhála CERT agus Forbartha Tuaithe

Cumhdaítear leis an mír sin go príomha na méideanna atá faoi úinéireacht na mBallstát an 31 Nollaig 2025, mar a dhearbhaíonn agus mar a dheimhníonn na Ballstáit an 15 Deireadh Fómhair 2025. Déantar measatachán ar na méideanna in-aisghabhála a thagann chun cinn tar éis an dearbhaithe sin agus go dtí an 31 Nollaig 2025. Déanann an Coimisiún measatachán ar dhíluacháil do na méideanna atá dlite ag tairbhithe, nach dócha go n-aisghabhfar iad. Cé go ndéantar coigeartú den sórt sin, ní chiallaíonn sé sin go dtarscaoileann an Coimisiún aon aisghabháil ar na méideanna seo amach anseo. Tá laghdú de 20 % san áireamh sa choigeartú freisin agus freagraíonn sé don mhéid a cheadaítear do Bhallstáit a choinneáil chun costais riaracháin a chumhdach.

2.6.1.2. *An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe*

Leis an 'gComhaontú maidir le Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann a bheith ag tarraingt siar as an Aontas Eorpach agus as an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach' (tag. 2019/C 384 I/01) ('an Comhaontú um Tharraingt Siar') a síníodh idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe, leagtar síos oibleagáidí airgeadais éagsúla don dá pháirtí. An 31 Nollaig 2025, EUR 10 761 mhilliún a bhí sa ghlanmhéid infhaighte ón Ríocht Aontaithe bunaithe ar na hoibleagáidí sin (2024: EUR 12 762 mhilliún), a bhfuil EUR 505 mhilliún de le fáil laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe (2024: EUR 1 530 milliún):

EUR milliún

	Airteagal 140	Airteagal 142	Eile	31.12.2025	31.12.2024
Dlite ón Ríocht Aontaithe	*2 327*	*9 599*	*166*	*12 092*	*14 683*
Dlite don Ríocht Aontaithe	–	–	*(1 331)*	*(1 331)*	*(1 922)*
Iomlán	**2 327**	**9 599**	**(1 165)**	**10 761**	**12 762**
Neamhreatha	*1 928*	*9 244*	*(915)*	*10 256*	*11 231*
Reatha	*399*	*355*	*(250)*	*505*	*1 530*

An méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe - Athrú in aghaidh na bliana roimhe sin

Is é is cúis go príomha leis an laghdú ar an nglanmhéid infhála de EUR 2 001 mhilliún (ó EUR 12 762 mhilliún ag deireadh 2024 go EUR 10 761 mhilliún ag deireadh 2025) na glaníocaíochtaí a fuarthas in 2025 (EUR 1 535 mhilliún) chomh maith le coigeartú neamhairgid de EUR 465 mhilliún. Is é is cúis leis an gcoigeartú neamhairgid sin, a thaifeadtar mar ghlanchostas, an méid seo a leanas:

— an laghdú ar an méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 142 dá sciar de na luachálacha gan íoc le haghaidh Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus Comhscéim Árachais Breoiteachta (EUR 529 milliún);

— an laghdú ar an méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 140 (EUR 142 mhilliún) mar gheall ar shuíomhanna frithairimh breise (EUR 58 milliún) agus an coigeartú ar an neamh-chur chun feidhme measta (EUR 84 mhilliún);

— na méideanna atá dlite don Ríocht Aontaithe faoi Airteagail 143 agus 144 den Chomhaontú um Tharraingt Siar (EUR 198 milliún agus EUR 43 mhilliún, faoi seach);

— an glanlaghdú ar an méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe le haghaidh cásanna dlí faoi Airteagal 147 (EUR 5 mhilliún), lena gcuimsítear an méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe as a sciar de na glanmhéideanna a íocadh in 2025 de EUR 7 milliún agus an laghdú ar an méid measta atá dlite ón Ríocht Aontaithe le haghaidh cásanna dlí nach bhfuil réitithe go fóill de EUR 12 mhilliún);

frithchothromaithe ag

— an méid atá dlite ag an Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 142 as a sciar de na glaníocaíochtaí arna ndéanamh ó bhuiséad an Aontais in 2025 le tairbhithe Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus don Chomhscéim Árachais Breoiteachta (EUR 326 mhilliún);

— an laghdú ar an méid atá dlite don Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 141 mar gheall ar laghdú ar bhonn tomhais sciar na Ríochta Aontaithe i bhfíneálacha (EUR 109 milliún); agus

— an méadú ar an méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 136 de bharr nuashonrú ar mheastacháin agus ar mhéideanna breise (EUR 17 milliún).

An méid atá le híoc laistigh de 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe

Cuimsítear leis an méid EUR 505 mhilliún atá le híoc ag an Ríocht Aontaithe laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe an chuid eile de shonrasc mhí Mheán Fómhair 2025 (EUR 338 milliún), sonrasc mhí Aibreáin 2026 (EUR 78 milliún, lena n-áirítear coigeartú ionchasach EUR 27.9 milliún a bhaineann le hAirteagal 140), agus an chuid de shonrasc measta mhí Mheán Fómhair 2026 is iníoctha i mí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2026 (EUR 89 milliún):

EUR milliún

	Fuílleach shonrasc mhí Mheán Fómhair 2025	Sonrasc mhí Aibreáin 2026	Meastachán Ar shonrasc mhí Mheán Fómhair 2026 (mí Dheireadh Fómhair-mí na Nollag)	Iomlán
Airteagal 136	*9*	*122*		*130*
Airteagal 140	*406*	*(136)*	*129*	*399*
Airteagal 141	*(95)*		*(50)*	*(146)*
Airteagal 142	*18*	*326*	*11*	*355*
Airteagal 143		*(198)*		*(198)*
Airteagal 144		*(43)*		*(43)*
Airteagal 147		*7*		*7*
Iomlán	**338**	**78**	**89**	**505**

Sciar na Ríochta Aontaithe (Airteagal 139)

De réir Airteagal 139, maidir le sciar na Ríochta Aontaithe de na hoibleagáidí airgeadais a eascraíonn as an gComhaontú um Tharraingt Siar is céatadán é a ríomhtar mar an cóimheas idir na hacmhainní dílse a chuir an Ríocht Aontaithe ar fáil sna blianta 2014 go 2020 agus na hacmhainní dílse a chuir na Ballstáit uile agus an Ríocht Aontaithe ar fáil le linn na tréimhse sin agus é sin coigeartaithe leis an méid a cuireadh in iúl do na Ballstáit roimh an 1 Feabhra 2022. Ríomhadh gurb é 12,431681219587700 % sciar críochnaitheach na Ríochta Aontaithe.

Íocaíochtaí faoin gComhaontú um Tharraingt Siar

Leagtar amach in Airteagal 148 an sásra íocaíochta atá le cur i bhfeidhm maidir leis na hoibleagáidí dá bhforáiltear idir an dá pháirtí. Go hachomair, i mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair gach bliain sonrascann an tAontas na glanmhéideanna atá dlite ón Ríocht Aontaithe agus íocann an Ríocht Aontaithe iad sin ar bhonn míosúil. Tá na méideanna a thuairiscítear i mí Aibreán i mbliain faoi leith le híoc i gceithre thráthchuid chothroma mhíosúla idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair na bliana sin. Tá na méideanna a thuairiscítear i mí Mheán Fómhair le híoc in ocht dtráthchuid chothroma mhíosúla idir mí Dheireadh Fómhair na bliana sin agus mí Bealtaine na bliana dár gcionn. Ós rud é i gcás roinnt méideanna a thuairiscítear go mbíonn siad bunaithe ar réamhaisnéisí agus ar mheastacháin, tugtar an tuairisciú sin cothrom le dáta gach bliain bunaithe ar fhigiúirí iarbhír.

In 2025 ba é EUR 754 mhilliún an glanmhéid a tuairiscíodh don Ríocht Aontaithe faoi Airteagal 136, agus faoi Airteagail 140 go 147 (2024: EUR 377 milliún), ar tuairiscíodh EUR 213 mhilliún de i mí Aibreáin 2025 agus tuairiscíodh EUR 541 mhilliún de i mí Mheán Fómhair 2025 (2024: EUR 1 414 mhilliún (iníoctha leis an Ríocht Aontaithe) agus EUR 1 791 mhilliún (iníoctha ag an Ríocht Aontaithe), faoi seach).

EUR 1 535 mhilliún a bhí sna híocaíochtaí iomlána a fuarthas in 2025 (2024: EUR 2 391 mhilliún). As an méid sin, bhain EUR 1 120 mhilliún leis an gcuid eile de thuarascáil mhí Mheán Fómhair 2024 agus d'íoc an Ríocht Aontaithe é ina chúig thráthchuid chomhionanna sa tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2025 (2024: EUR 3 133 mhilliún), EUR 213 mhilliún, a bhaineann le tuarascáil mhí Aibreáin 2025 agus íocadh leis an Ríocht Aontaithe é ina cheithre thráthchuid mhíosúla chomhionanna sa tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2025 (2024: Bhain EUR 1 414 mhilliún, a d'íoc an Ríocht Aontaithe), agus EUR 203 mhilliún le tuarascáil mhí Mheán Fómhair 2025 agus d'íoc an Ríocht Aontaithe é ina thrí thráthchuid chomhionanna sa tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2025 (2024: EUR 672 mhilliún).

EUR milliún

	Fuílleach thuarascáil mhí Mheán Fómhair 2024: (dlite agus íoctha ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2025)	Tuarascáil mhí Aibreáin 2025: (dlite agus íoctha idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair 2025)	Tuarascáil mhí Mheán Fómhair 2025: (dlite agus íoctha idir mí Dheireadh Fómhair agus mí na Nollag 2025)	Iomlán na n-íocaíochtaí in 2025
Airteagal 140	*1 119*	*599*	*244*	*1 963*
Airteagal 142	*18*	*305*	*11*	*334*
Airteagal 136	*13*	*–*	*5*	*18*
Airteagal 147	*–*	*69*	*–*	*69*
	1 150	*973*	*260*	*2 384*
Airteagal 136	*–*	*(126)*	*–*	*(126)*
Airteagal 141	*(31)*	*(343)*	*(57)*	*(431)*
Airteagal 143	*–*	*(191)*	*–*	*(191)*
Airteagal 144	*–*	*(58)*	*–*	*(58)*
Airteagal 145	*–*	*(37)*	*–*	*(37)*
Airteagal 146	*–*	*(7)*	*–*	*(7)*
	(31)	*(760)*	*(57)*	*(848)*
Iomlán	**1 120**	**213**	**203**	**1 535**

An t-iarmhéid a bhí fágtha de shonrasc mhí Mheán Fómhair 2025 ag deireadh na bliana, ar fiú EUR 338 milliún é, tá sé iníoctha ag an Ríocht Aontaithe i gcúig thráthchuid mhíosúla chomhionanna sa tréimhse idir mí Eanáir go mí na Bealtaine 2026 (2024: EUR 1 120 mhilliún).

Airteagal 140 - Gealltanais le híoc

Tá gealltanas tugtha ag an Ríocht Aontaithe a sciar de na gealltanais bhuiséadacha gan íoc an 31 Nollaig 2020 ('Brexit RAL') a íoc leis an Aontas, mar a choigeartaítear le ceanglais Airteagal 140. An 31 Nollaig 2025, EUR 2 327 milliún a bhí sa mhéid iomlán a aithníodh mar shuim infhaighte (2024: EUR 4 432 mhilliún), a bhfuil EUR 399 milliún de iníoctha laistigh de na 12 mhí tar éis dheireadh na bliana. Léirítear sa tábla a leanas na príomhghluaiseachtaí idir an méid iomlán a aithnítear mar shuim infhaighte an 31 Nollaig 2024 agus an méid iomlán a aithnítear mar shuim infhaighte an 31 Nollaig 2025:

EUR milliún

Méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31.12.2024	**4 432**
Glancheartuithe airgeadais a bhaineann le 2014-2020 nó le clárthréimhsí roimhe sin (lena n-áirítear coigeartú asbhaintí 2025)	*(58)*
Nósanna imeachta maidir le sárú ar acmhainní dílse	*(0)*
Glaníocaíochtaí a fuarthas ón Ríocht Aontaithe in 2025	*(1 963)*
Coigeartú neamh-fhorfheidhmiú measta	*(84)*
Méid atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31.12.2025	**2 327**
Neamhreatha	*1 928*
Reatha	*399*

EUR 2 104 mhilliún a bhí sa laghdú ó bhliain go bliain ar an méid iomlán a aithníodh mar shuim infhaighte (2024: EUR 3 909 milliún) agus bhí sé mar gheall go príomha ar na híocaíochtaí a fuarthas ón Ríocht Aontaithe in 2025.

Cuimsítear leis an méid atá le híoc laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe (EUR 399 milliún) an t-iarmhéid atá fágtha de shonrasc mhí Mheán Fómhair 2025 (EUR 406,5 milliún) is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe sa tréimhse ó mhí Eanáir go mí na Bealtaine 2026, an méid a sonrascadh i mí Aibreáin 2026 (EUR 136,3 milliún, lena n-áirítear coigeartú ionchasach EUR 27,9 milliún) is iníoctha leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2026, agus an chuid den mhéid measta atá le sonrascadh i mí Mheán Fómhair 2026 is iníoctha ag an Ríocht Aontaithe sa tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2026 (EUR 128,9 milliún).

Is éard atá sa mhéid a sonrascadh i mí Aibreáin 2026, EUR 200,6 milliún a bhaineann le sciar na Ríochta Aontaithe de chur chun feidhme measta Gealltanais le hÍoc in 2026, méid diúltach EUR 336,4 milliún (lena n-áirítear coigeartú EUR 27,9 milliún a bhfuil coinne leis) a bhaineann le coigeartú sciar na Ríochta Aontaithe de Ghealltanais le hÍoc i ngeall ar an gcur chun feidhme in 2025, agus méid diúltach EUR 0,5 milliún a bhaineann le nósanna imeachta um shárú acmhainní dílse.

Cuimsítear sa mhéid a mheastar a bheith le sonrascadh i mí Mheán Fómhair 2026 agus atá le híoc sa tréimhse ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Nollag 2026 EUR 150,4 milliún a bhaineann le sciar na Ríochta Aontaithe de chur chun feidhme measta RAL in 2026 agus méid diúltach EUR 21,6 milliún a bhaineann le sciar na Ríochta Aontaithe de na glancheartúcháin airgeadais mheasta a bhaineann le 2014-2020 nó le clárthréimhsí roimhe sin (lena n-áirítear coigeartú ar asbhaintí 2025).

Rinneadh an neamhchur chun feidhme measta a choigeartú faoi EUR 84 mhilliún chun an saoradh in 2025 a léiriú chomh maith le saoradh amach anseo an stoic atá fágtha de Brexit-RAL mar a mheastar ag deireadh na bliana 2025 é.

Airteagal 142 - Dliteanais an Aontais ag deireadh 2020

Tá gealltanas tugtha ag an Ríocht Aontaithe a sciar de dhliteanais an Aontais ag deireadh 2020 a íoc leis an Aontas cé is moite de dhliteanais: (a) le sócmhainní comhfhreagracha agus (b) a bhaineann le hoibriú an bhuiséid agus le bainistiú acmhainní dílse (lena n-áirítear méideanna atá cumhdaithe cheana féin ag na gealltanais le híoc, féach Airteagal 140 thuas). Baineann an príomh-mhéid seo le dliteanais sochair iar-fhostaíochta an Aontais (pinsin agus árachas breoiteachta) a bhí ann an 31 Nollaig 2020.

Dliteanais 2020 gan íoc faoi Airteagal 142(6)

EUR milliún

	Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh	Comhscéim Árachais Breoiteachta	31.12.2025	31.12.2024
Dliteanais 2020 gan íoc	*68 944*	*4 326*	*73 271*	*77 529*
Sciar na Ríochta Aontaithe	**8 571**	**538**	**9 109**	**9 638**
Ranníocaíochtaí Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh/Chomhscéim Árachais Breoiteachta	**315**	**12**	**326**	**305**
Iomlán	**8 885**	**550**	**9 435**	**9 943**
Neamhreatha	*8 571*	*538*	*9 109*	*9 638*
Reatha	*315*	*12*	*326*	*305*

De réir an mhodha mainneachtana íocaíochta a leagtar amach in Airteagal 142(6), rannchuidíonn an Ríocht Aontaithe go bliantúil le glan-íocaíochtaí arna ndéanamh ó bhuiséad an Aontais sa bhliain roimhe sin le gach tairbhí de Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus le ranníocaíocht ghaolmhar bhuiséad an Aontais leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta le haghaidh gach tairbhí agus duine a bhaineann tairbhe as trí thairbhí. Tá na ranníocaíochtaí le híoc i gceithre thráthchuid mhíosúla ó Mheitheamh go Meán Fómhair na bliana sin.

EUR 315 mhilliún agus EUR 12 mhilliún a bhí i sciar na Ríochta Aontaithe de ghlan-íocaíochtaí ó bhuiséad an Aontais in 2025 le tairbhithe de Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus den Chomhscéim Árachais Breoiteachta faoi seach. Cuireadh na méideanna sin in iúl don Ríocht Aontaithe mar chuid de shonrasc mhí Aibreáin 2026 (agus dá bhrí sin beidh siad iníoctha ag an Ríocht Aontaithe i gceithre thráthchuid mhíosúla chomhionanna sa tréimhse ó mhí an Mheithimh go mí Mheán Fómhair 2026).

Ina theannta sin, an 31 Nollaig 2025, EUR 8 571 mhilliún agus EUR 538 milliún, faoi seach, a bhí i ndliteanais 2020 gan íoc na Ríochta Aontaithe faoi Airteagal 142(6), a bhaineann le Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh agus an Chomhscéim Árachais Breoiteachta (2024: EUR 9 023 mhilliún agus EUR 615 mhilliún). Tugtar faoi deara, cé go mbíonn tionchar ag caillteanais (nó gnóthachain) achtúireacha ó athruithe ar thoimhdí achtúireacha ar luach láithreach dhliteanais 2020 gan íoc arna ríomh ar bhonn IPSAS 39/EAR 12, nach n-athraíonn siad méid na sochar nach mór don Aontas a íoc iarbhír, nó, trí impleacht, ranníocaíochtaí na Ríochta Aontaithe leis na híocaíochtaí sin mar atá dlite faoin sásra socraíochta mainneachtana a leagtar amach in Airteagal 142(6).

Dliteanais 2020 gan íoc faoi Airteagal 142(5)

De réir Airteagal 142(5), rannchuidíonn an Ríocht Aontaithe leis na dliteanais a bhaineann leis na scéimeanna scoir (pinsin) eile mar a taifeadadh iad i gcuntais chomhdhlúite an Aontais don bhliain airgeadais 2020 i 10 dtráthchuid ag tosú an 31 Deireadh Fómhair 2021 (agus gach tráthchuid bhliantúil iníoctha in ocht dtráthchuid mhíosúla ó mhí Dheireadh Fómhair go mí na Bealtaine an bhliain dár gcionn). EUR 2 344 bhilliún a bhí sna dliteanais sin i gcuntais bhliantúla chomhdhlúite an Aontais don bhliain airgeadais 2020, rud a d'fhág go raibh sciar EUR 291 mhilliún ag an Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2020. Agus na méideanna a fuarthas ón Ríocht Aontaithe suas go dtí deireadh 2025 á gcur san áireamh, arbh ionann iad agus EUR 127 milliún san iomlán, bhí laghdú tagtha ar sciar na Ríochta Aontaithe gan íoc de na scéimeanna scoir (pinsin) eile go EUR 164 mhilliún an 31 Nollaig 2025, a bhfuil EUR 29 milliún de le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis dheireadh na bliana.

Chun tuilleadh eolais a fháil maidir leis na scéimeanna um shochair fostaithe, féach Nóta **1.5.10** agus Nóta **2.9**.

Earraí eile

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Dlite ón Ríocht Aontaithe:		
Airteagal 136	*133*	*8*
Airteagal 147	*33*	*107*
	166	**116**
Dlite don Ríocht Aontaithe:		
Airteagal 141	*(1 090)*	*(1 630)*
Airteagal 143	*(198)*	*(191)*
Airteagal 144	*(43)*	*(58)*
Airteagal 145	*–*	*(37)*
Airteagal 146	*–*	*(7)*
	(1 331)	**(1 922)**
Iomlán	**(1 165)**	**(1 806)**
Neamhreatha	*(915)*	*(1 040)*
Reatha	*(250)*	*(766)*

Airteagal 136 - Forálacha is infheidhme i ndáil le hacmhainní dílse

Leagtar síos in Airteagal 136 na forálacha is infheidhme tar éis an 31 Nollaig 2020 maidir le hacmhainní dílse. Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar a fháil nó tá oibleagáid uirthi a sciar a íoc, de réir mar a bheidh, i gcás ina bhfuil acmhainní dílse a bhaineann leis na blianta airgeadais suas go dtí 2020 agus an bhliain sin san áireamh le cur ar fáil, le ceartú nó le bheith faoi réir coigeartuithe tar éis an 31 Nollaig 2020. Dá bhrí sin, tá an Ríocht Aontaithe faoi réir aon choigeartuithe ar acmhainní dílse CBL agus OIN a bhaineann leis na blianta airgeadais go dtí 2020 agus an bhliain sin san áireamh. Mar sin féin, ní dhéanfar na coigeartuithe CBL agus OIN sin ach amháin má chinntear iad tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2028.

I gcomhréir le hAirteagal 136 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, leanann údaráis na Ríochta Aontaithe de ráitis chuntais A mhíosúla a sheoladh ina dtugtar achoimre ar mhéideanna na n-acmhainní dílse traidisiúnta atá dlite do bhuiséad an Aontais. Áirítear na méideanna sin (lúide an ráta coinneála is infheidhme) i méideanna iomlána an tsonraisc ina dhiaidh sin dá dtagraítear in Airteagal 148(2) den Chomhaontú um Tharraingt Siar (féach an chéad mhír eile). Má íoctar na méideanna sin go déanach, tá ús dlite faoi Airteagal 12 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.

Dá bhrí sin, ceanglaítear ar an Ríocht Aontaithe na hacmhainní dílse traidisiúnta arna mbailiú acu tar éis an 28 Feabhra 2021 a íoc, ach a bhaineann leis na blianta 2020 agus níos luaithe. Tá a sciar den iomlán arna chur ar fáil le hasbhaint ón méid sin. Ní mór an cuntas ar leithligh le haghaidh acmhainní dílse traidisiúnta a leachtú go hiomlán an 31 Nollaig 2025. Dá bhrí sin, cuirfidh an Ríocht Aontaithe sciar ar fáil, arna ríomh de réir Airteagal 136(3)f, de na méideanna gan íoc ar an dáta sin nach bhfuil faoi réir thorthaí cigireachta an Choimisiúin Eorpaigh.

Is é EUR 133 mhilliún an glanmhéid gan íoc atá dlite ón Ríocht Aontaithe an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 8 milliún), a mbeidh EUR 130 milliún de le híoc ag an Ríocht Aontaithe laistigh de na 12 mhí tar éis dheireadh na bliana agus EUR 2 mhilliún ina dhiaidh sin.

EUR milliún

An méid atá dlite don Ríocht Aontaithe (-)/ón Ríocht Aontaithe (+) an 31.12.2024	**8**
Coigeartú ar mheastachán le haghaidh méideanna a sonrascadh in 2025	*14*
Íocaíochtaí a rinneadh leis an Ríocht Aontaithe in 2025	*107*
Coigeartuithe CBL agus OIN (cleachtas iarmhéideanna 2024)	*(12)*
Ús ar íocaíocht dhéanach acmhainní dílse traidisiúnta na Ríochta Aontaithe agus acmhainní dílse CBL	*5*
Sciar de ADT atá ar feitheamh i gcuntas ar leithligh na Ríochta Aontaithe faoin 31 Nollaig 2025	*4*
Glanmhéid acmhainní dílse traidisiúnta na Ríochta Aontaithe tar éis an 28 Feabhra 2021	*3*
Coigeartuithe CBL agus OIN (cleachtas iarmhéideanna 2025)	*2*
An méid atá dlite don Ríocht Aontaithe (-)/ón Ríocht Aontaithe (+) an 31.12.2025	**133**
Neamhreatha	*2*
Reatha	*130*

Comhfhreagraíonn an méid a chuirtear i láthair faoi 'choigeartuithe CBL agus OIN (cleachtadh iarmhéideanna 2024)' don difríocht idir sonrasc iarbhír mhí Aibreáin 2026 (EUR 109 milliún) agus an meastachán atá san áireamh cheana féin i suim infhaighte Brexit ag deireadh na bliana 2024 (EUR 121 mhilliún).

An méid a chuirtear i láthair faoi na míreanna líne 'Ús ar íocaíocht dhéanach acmhainní dílse traidisiúnta agus CBL na Ríochta Aontaithe', 'Sciar de ADT atá ar feitheamh i gcuntas ar leithligh na Ríochta Aontaithe faoin 31 Nollaig 2025', agus 'Glanacmhainní dílse traidisiúnta na Ríochta Aontaithe tar éis an 28 Feabhra 2021', comhfhreagraíonn sé do na méideanna breise a sonrascadh i mí Aibreáin 2026.

Comhfhreagraíonn an méid a chuirtear i láthair faoi 'Coigeartuithe CBL agus OIN (cleachtadh iarmhéideanna 2025)' don mhéid measta atá le sonrascadh i mí Aibreáin 2027.

Airteagal 141 - Fíneálacha

Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar d'fhíneálacha roimh an 31 Nollaig 2020 agus na cinn siúd a chinneann an tAontas tar éis an 31 Nollaig 2020 i nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 92(1) nuair a bheidh siad seo cinntitheach. An méid d'fhíneálacha ábhartha na Ríochta Aontaithe nach raibh íoctha an 31 Nollaig 2025 ná EUR 7,6 billiún (2024: EUR 8,9 billiún). Ba é EUR 1,3 billiún an glanlaghdú ar na fíneálacha sin (EUR 0,0 d'fhíneálacha a eisíodh in 2025 lúide EUR 0,4 billiún d'fhíneálacha a deimhníodh agus a íocadh, a laghdaíodh nó a cuireadh ar ceal le cinntí cúirte lúide méadú EUR 0,9 billiún ar lagú). Is é EUR 0,9 billiún sciar na Ríochta Aontaithe d'fhíneálacha ábhartha na Ríochta Aontaithe gan íoc an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 1,1 billiún), as a gcuirfear méid de EUR 89 milliún san áireamh i sonrasc mhí Mheán Fómhair 2026 agus a íocfar leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir mí Dheireadh Fómhair 2026 agus Bealtaine 2027. Anuas air sin, tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar d'fhíneálacha cinntitheacha nach raibh gan íoc a thuilleadh an 31 Nollaig 2025 (EUR 46 mhilliún, atá le cur san áireamh i sonrasc mhí Mheán Fómhair 2026, agus atá le híoc leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir mí Dheireadh Fómhair 2026 agus mí Bealtaine 2027) agus a sciar d'fhíneálacha cinntitheacha a sonrascadh i mí Mheán Fómhair 2025 ach nach raibh íoctha faoi dheireadh na bliana (EUR 95 mhilliún, arna íoc leis an Ríocht Aontaithe sa tréimhse idir mí Eanáir agus mí Bealtaine 2026). Dá réir sin, EUR 1,09 billiún atá i sciar iomlán na Ríochta Aontaithe d'fhíneálacha (2024: EUR 1,6 billiún), a bhfuil EUR 146 mhilliún de le híoc laistigh de na 12 mhí tar éis an dáta tuairiscithe (2024: EUR 431 mhilliún).

Airteagal 143 - Dliteanais airgeadais theagmhasacha: iasachtaí le haghaidh cúnaimh airgeadais, CEIS, CEFI agus Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh

Faoin airteagal seo beidh an Ríocht Aontaithe dlite a sciar de dhliteanais theagmhasacha an Aontais a chistiú i ndáil lena hiasachtaíocht, iasachtú agus gníomhaíochtaí ráthaíochta dá dtiocfaidís chun cinn agus mura gcumhdófaí iad le cistí ráthaíochta atá ann cheana - féach Nóta **4.1** le haghaidh na ndliteanas teagmhasach ábhartha. Aisíocfaidh an tAontas méideanna leis an Ríocht Aontaithe, méideanna atá ranníoctha ag an Ríocht Aontaithe i leith cistí ráthaíochta nach bhfuil gá leo a thuilleadh. Tá sé de cheart ag an Ríocht Aontaithe ar athshreabha na n-oibríochtaí dá bhfuil sciar den dliteanas aige. An 31 Nollaig 2025, is é EUR 198,3 milliún a bhí sa mhéid a bhí le híoc leis an Ríocht Aontaithe, agus é sin uile le híoc laistigh den chéad 12 mhí eile (2024: EUR 190,6 milliún). Is éard atá sa mhéid sin sciar na Ríochta Aontaithe de na haisghabhálacha agus de na glanioncaim a bailíodh in 2025 (EUR 129,3 milliún), an barrachas soláthair (EUR 42,6 milliún) agus an t-ioncam ó bhainistíocht sócmhainní (EUR 26,5 milliún). Tá lúide EUR 41 mhíle coigeartuithe ann freisin a sainaithníodh le linn na nósanna imeachta athbhreithnithe a comhaontaíodh: coigeartú le haghaidh mhéid na n-eis-sreafaí a chumhdaítear leis na hinsreafaí arna nginiúint ag oibríochtaí le haghaidh Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh (EUR 49) agus coigeartuithe idir insreafaí agus eis-sreafaí 'roimh Brexit' agus 'tar éis Brexit' a chumhdaítear leis na hinsreafaí arna nginiúint ag oibríochtaí le haghaidh CEIS (EUR 1 246); coigeartú dheighilt 2024 de mhéideanna oibríochtaí ráthaithe 'roimh Brexit' agus 'tar éis Brexit' gan íoc le haghaidh CEIS (lúide EUR 41 899).

Airteagail 144 - Ionstraimí airgeadais

Faoin airteagal seo, tá gealltanas tugtha ag an Aontas go n-aisíocfaidh sé leis an Ríocht Aontaithe a sciar de na hathshreafaí ó na hoibríochtaí airgeadais atá ceadaithe faoin dáta um tharraingt siar, chomh maith lena sciar d'eisíocaíochtaí arna ndéanamh le hoibríochtaí airgeadais a ceadaíodh tar éis an dáta um tharraingt siar. An 31 Nollaig 2025, is é EUR 42,7 milliún a bhí sa mhéid a bhí le híoc leis an Ríocht Aontaithe, agus é sin uile le híoc laistigh den chéad 12 mhí eile (2024: EUR 57,9 milliún).

Airteagal 145 - An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú (CEGC i.L.)

Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar de na glansócmhainní ó CEGC faoi Leachtú amhail an 31 Nollaig 2020, atá le híoc ar ais i gcúig thráthchuid an 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú in 2021. EUR 1,5 billiún a bhí i nglansócmhainní CEGC i.L. an 31 Nollaig 2020, agus EUR 184 mhilliún atá i sciar na Ríochta Aontaithe de sin. Tar éis an cúigiú tráthchuid, arb í an tráthchuid dheireanach í, de EUR 37 milliún a íoc in 2025, an 31 Nollaig 2025 d'aisíoc an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí uile i ndáil leis an airteagal seo.

Airteagal 146 - Infheistíocht sa Chiste Eorpach Infheistíochta (CEI)

Tá an Ríocht Aontaithe i dteideal a sciar d'infheistíocht an Aontais i scairchaipiteal íoctha CEI amhail an 31 Nollaig 2020, atá le híoc ar ais i gcúig thráthchuid ón 30 Meitheamh gach bliain, ag tosú in 2021. Ba é EUR 267 milliún infheistíocht an Aontais i scairchaipiteal íoctha CEI an 31 Nollaig 2020, agus EUR 33 mhilliún atá i sciar na Ríochta Aontaithe de sin. Tar éis an cúigiú tráthchuid, arb í an tráthchuid dheireanach í, dar luach EUR 6,6 milliún a íoc in 2025, an 31 Nollaig 2025 d'aisíoc an Ríocht Aontaithe a hoibleagáidí uile i ndáil leis an airteagal seo.

Airteagal 147 - Cásanna dlí

Tá geallta ag an Ríocht Aontaithe a sciar d'íocaíochtaí an Aontais a eascraíonn as cásanna dlí a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a thiocfaidh chun bheith dlite a ranníoc, ar choinníoll gur tharla na fíorais arb é atá iontu ábhar na gcásanna sin tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig 2020. Agus na forálacha agus na fabhruithe ag deireadh na bliana á gcur san áireamh, chomh maith le híocaíochtaí iarbhír a rinne agus a fuair an tAontas le haghaidh cásanna dlí in 2025, beidh ar an Ríocht Aontaithe EUR 33 mhilliún measta a íoc (2024: EUR 107 milliún), a bhfuil EUR 7 milliún de le híoc laistigh de 12 mhí ón dáta tuairiscithe.

2.6.1.3. Méideanna in-aisghabhála ó fhíneálacha a fhorchuirtear ar chuideachtaí

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Méideanna in-aisghabhála ó ollmhéid na bhfíneálacha	*15 604*	*12 247*
Íocaíochtaí sealadacha	*(2 823)*	*(2 161)*
Lagú	*(1 817)*	*(934)*
Iomlán	**10 964**	**9 152**
Neamhreatha	–	–
Reatha	*10 964*	*9 152*

I measc na bhfíneálacha a ghearrtar ar chuideachtaí tá fíneálacha iomaíochta agus fíneálacha eile. Tá an rogha ag cuideachtaí ar gearradh fíneáil orthu agus a rinne achomharc, nó a bhfuil sé i gceist acu achomharc a dhéanamh, íocaíochtaí sealadacha a dhéanamh nó ráthaíochtaí bainc a thabhairt don Choimisiún. Maidir le hiomlán na bhfíneálacha gan íoc ag deireadh na bliana nach gcumhdaítear le híocaíochtaí sealadacha ná cinntitheacha, fuarthas ráthaíochtaí ar fiú EUR 10 729 milliún iad (2024: EUR 7 091 mhilliún) mar chumhdach.

Maidir le híocaíochtaí a fhaightear ó chuideachtaí ar gearradh fíneáil orthu coinnítear mar infheistíochtaí (féach Nóta **2.4.2.1**) nó ar chuntais bhainc (féach Nóta **2.8**) iad.

Na méideanna atá scríofa síos de bharr lagú is léiriú iad ar mheasúnú an Choimisiúin de réir an cháis ar na fíneálacha sin nár íocadh nó nár cumhdaíodh le ráthaíocht, agus a measann an Coimisiún nach n-aisghabhfaidh sé iad, chomh maith le cásanna a laghdaíonn na Cúirteanna.

Is é EUR 4 808 milliún san iomlán a bhí sna fíneálacha a forchuireadh ar chuideachtaí i gcás bhliain (féach Nóta **3.5**) agus EUR 214 mhilliún san iomlán a bhí sna speansais, i.e. laghduithe ar fhíneálacha de réir cinntí Cúirte (féach Nóta **3.16**).

Nochtar dliteanas teagmhasach EUR 2 035 mhilliún chun go bhféadfaí méideanna a íocadh go sealadach a aisíoc le cuideachtaí a ngearrtar fíneáil orthu agus a bhfuil achomharc á dhéanamh acu nó a bhfuil an ceart acu achomharc a dhéanamh in aghaidh na bhfíneálacha a fhorchuirtear orthu – féach Nóta **4.2.1**.

2.6.1.4. Ioncam fabhraithe agus muirir iarchurtha

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Ioncam fabhraithe	*1 679*	*756*
Muirir iarchurtha a bhaineann le hidirbhearta neamh-mhalairte	*591*	*339*
Iomlán	**2 269**	**1 095**
Neamhreatha	*0*	*10*
Reatha	*2 269*	*1 085*

Cuimsítear le hioncam fabhraithe EUR 0., billiún (2024: EUR 0,4 billiún) agus tá sé i gceist ag an gCoimisiún go n-aisghabhfar é sin i réimse an chomhtháthaithe de thoradh scrúdú agus ghlacadh na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag na Ballstáit.

2.6.2. *Infháltais infhaighte ó idirbhearta malairte*

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha		
Ráthaíocht airgeadais infhaighte	*1 359*	*1 324*
Ús ar íocaíocht dhéanach	*319*	*323*
Suimeanna infhaighte eile	*108*	*84*
	1 786	**1 731**
Reatha		
Ráthaíocht airgeadais infhaighte	*293*	*306*
Custaiméirí	*349*	*302*
Lagú ar shuimeanna infhaighte ó chustaiméirí	*(154)*	*(136)*
Muirir iarchurtha a bhaineann le hidirbhearta malairte	*411*	*363*
Ús ar íocaíocht dhéanach	*801*	*761*
Eile	*753*	*339*
	2 452	**1 936**
Iomlán	**4 238**	**3 666**

Léirítear i gcuid infhaighte an Chonartha Ráthaíochta Airgeadais an luach saothair a bhfuil coinne ag an Aontas lena fháil as na ráthaíochtaí a thugtar. Ní fhaightear luach saothair le haghaidh fhormhór ráthaíochtaí an Aontais nó ní chuirtear praghas orthu faoi bhun ráta an mhargaidh. Dá bhrí sin, bíonn an Conradh Ráthaíochta Airgeadais infhaighte i bhfad níos lú ná an dliteanas Conartha Ráthaíochta Airgeadais (féach Nóta **2.11.2**). As an méid iomlán EUR 1 651 mhilliún de chuid infhaighte an chonartha ráthaíochta airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025, aicmítear EUR 1 564 mhilliún mar shócmhainní airgeadais a thomhaistear ar Luach Cóir trí Chrabús nó trí Chaillteanas (luach cóir, leibhéal 3). I gcomparáid leis an iarmhéid tosaigh EUR 1 629 milliún an 1 Eanáir 2025, tá méadú EUR 22 mhilliún san iomlán tagtha ar infháltas an Chonartha Ráthaíochta Airgeadais mar gheall ar EUR 264 mhilliún de phréimheanna ráthaíochta níos airde a mheastar a gheofar amach anseo glan ar EUR 242 mhilliún de phréimheanna ráthaíochta a gheofar le linn na bliana.

Baineann an t-ús ar riaráistí go príomha le cásanna acmhainní dílse agus le hús fabhraithe ar fhíneálacha a chumhdaítear le ráthaíochtaí arna soláthar ag cuideachtaí ar gearradh fíneálacha orthu. Baineann an méid neamhreatha (EUR 0,3 billiún) leis na cásanna atá fós ar siúl leis na Ballstáit a luaitear faoi Nóta **2.6.1.1**.

2.7. **FARDAIL**

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Ábhair eolaíochta	*58*	*66*
Eile	*22*	*19*
Iomlán	**79**	**85**

2.8. **AIRGEAD TIRIM AGUS COIBHÉISÍ AIRGID THIRIM**

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Cuntais le Státchistí agus Bainc Cheannais		*31 755*	*24 059*
Cuntais reatha		*1 816*	*808*
Cuntais óinchiste		*7*	*10*
Aistrithe (iompar airgid thirim)		*0*	–

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Taiscí téarma eile		–	–
Cuntais bhainc le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid	*2.8.1*	**33 579**	**24 877**
Cuntais le Bainc Cheannais		*23 596*	*33 926*
Taiscí téarma		*23 516*	–
Idirbhearta athcheannaigh droim ar ais		*18 115*	–
Leachtacht le haghaidh cistiú aontaithe	*2.8.2*	**65 227**	**33 926**
Ionstraimí airgeadais	*2.8.3*	**2 975**	**2 758**
Fíneálacha	*2.8.4*	**237**	**134**
Institiúidí, gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile		**988**	**1 439**
Cistí Iontaobhais		**35**	**30**
Iomlán		**103 041**	**63 163**

2.8.1. *Cuntais bhainc le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid*

Cumhdaítear leis an gceannteideal seo na cistí a choinníonn an Coimisiún ina chuntais bhainc i ngach Ballstát agus tír CSTE (státchiste nó banc ceannais), chomh maith le cuntais reatha bainc thráchtála, cuntais óinchiste agus cuntais mhionairgid.

Leanann iarmhéideanna airgid an Choimisiúin patrún timthriallach: is iondúil go leanann caiteachais insreafaí acmhainní (e.g. bailiúcháin ioncaim). Fágann an neamhréir uainiúcháin sin go mbíonn na hiarmhéideanna ag luainiú i rith na bliana. Príomhghné den timthriall sin is ea go n-úsáidtear cuid shuntasach den iarmhéid airgid thirim ag deireadh na bliana go luath i mí Eanáir chun móríocaíocht a chumhdach, go príomha le haghaidh caiteachas faoin gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT).

Tharla an difríocht san iarmhéid airgid thirim a bhí ar fáil ag deireadh 2025 i gcomparáid le 2024 go príomha mar gheall ar thabhairt anonn níos airde leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, go háirithe do Chiste Dlúthpháirtíochta na hEorpa chun freastal ar íocaíochtaí le roinnt tíortha atá buailte ag tubaistí, an t-ioncam a bailíodh ó lamháltais CTA a chur ar ceant chun Pleananna an Chiste Aeráide Sóisialta a mhaoiniú ag tosú in 2026, agus méid níos airde ná mar a bhí buiséadaithe d'Acmhainní Dílse Traidisiúnta. Ina theannta sin, bhí luas beagán níos moille i gcaiteachas áirithe ná mar a tuaradh.

2.8.2. *Leachtacht le haghaidh cistiú aontaithe*

Faoin straitéis cistiúcháin aontaithe, coinnítear cuid de na fáltais ó iasachtaíocht mar airgead tirim nó infheistítear in infheistíochtaí gearrthéarmacha iad chun freastal ar na hoibleagáidí eisíocaíochta atá ar na bacáin.

Is éard is idirbheart athcheannaigh droim ar ais ann oibríocht iasachta airgid arna comhaontú ag an Aontas le contrapháirtí ar feadh tréimhse socraithe ag ráta seasta úis. Is é 7 nó 14 lá fad an idirbhirt. Mar chomhthaobhacht, faigheann an tAontas bannaí fíorleachtacha ar feadh thréimhse theoranta na hoibríochta athcheannaigh aisiompaithe (EUR 18,1 billiún amhail an 31 Nollaig 2025). Ós rud é go bhfanann rioscaí agus luaíochtaí na comhthaobhachta leis an aistreoir, ní aithnítear ar chlár comhardaithe an Aontais í.

Tá na hiarmhéideanna méadaithe airgid thirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh 2025 mar gheall ar eisíocaíochtaí atá beartaithe le haghaidh thús 2026 chun cláir STA agus SAFE a mhaoiniú.

2.8.3. *Ionstraimí airgeadais*

Baineann méideanna a thaispeántar faoin gceannteideal seo go príomha le coibhéisí airgid thirim arna mbainistiú ag muinínigh thar ceann an Choimisiúin chun cláir ionstraimí airgeadais arna gcistiú ag buiséad an Aontais a chur chun feidhme: EUR 2 billiún amhail an 31 Nollaig 2025, a mbaineann EUR 0,8 billiún de le Ciste na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí - féach Nóta **2.4.2.1**. Áirítear leis freisin coibhéisí airgid thirim EUR 0,8 billiún (taiscí fadtéarmacha agus páipéir thráchtála ghearrthéarmacha) a bhaineann leis an gCiste don Nuálaíocht arna bhainistiú ag BEI - féach Nóta **2.4.2.1**. Ní chumhdaítear leis an gceannteideal seo maolán leachtachta ábhartha an Chiste don Soláthar Coiteann (EUR 0,2 billiún amhail an 31 Nollaig 2025), a choimeádtar i státchiste láir an Choimisiúin. Is iad na cláir lena mbaineann amháin ar féidir leo an t-airgead tirim de chuid na n-ionstraimí airgeadais a úsáid.

2.8.4. *Fíneálacha*

Is airgead tirim é sin a fhaightear i ndáil le fíneálacha arna n-eisiúint ag an gCoimisiún chuig cuideachtaí nuair a bhíonn an cás fós oscailte. I gcás inar taisceadh achomharc nó i gcás nach fios an ndéanfaidh an chuideachta a ghearrtar fíneáil air achomharc, taispeántar an méid foluiteach mar dhliteanas teagmhasach i Nóta **4.2.1.** Ó bhí 2010 ann, déanann an Coimisiún bainistiú ar na fíneálacha uile chuig cuideachtaí a bhristear go sealadach i gciste BUFI agus infheistíonn sé iad in ionstraimí airgeadais arna gcatagóiriú mar shócmhainní airgeadais ag neamhdhíorthaigh ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas (féach Nóta **2.4.2**), agus is airgead tirim cuid de na sócmhainní ciste ag deireadh na bliana.

DLITEANAIS

2.9. PINSEAN AGUS SOCHAIR EILE FOSTAITHE

2.9.1. *Dliteanas na scéime glansochair fostaithe*

EUR milliún

	Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh	Scéimeanna sochair scoir eile	Comhscéim Árachais Breoiteachta	31.12.2025 Iomlán	31.12.2024 Iomlán
Oibleagáid Sochair Shainithe	*83 998*	*1 887*	*5 721*	*91 605*	*93 557*
Sócmhainní plean	*Ní bhaineann le hábhar*	*(11)*	*(467)*	*(477)*	*(461)*
Glandliteanas	**83 998**	**1 876**	**5 254**	**91 128**	**93 096**

D'fhan dliteanas iomlán na sochar fostaithe réasúnta cobhsaí, agus ba é laghdú ar ghlandliteanas na Comhscéime Árachais Breoiteachta ba chúis leis an laghdú beag go príomha. Is é is cúis leis sin luach nuashonraithe threocht na gcostas leighis i gComhscéim Árachais Breoiteachta as ar eascair gnóthachain achtúireacha mar gheall ar athruithe ar na toimhdí airgeadais, rud a laghdaigh an dliteanas iomlán. Ina theannta sin, chonacthas laghdú an-bheag ar an nglandliteanas i Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh, an scéim is mó atá i bhfeidhm. Rinneadh na gnóthachain achtúireacha a d'eascair as an méadú ar fhíor-ráta lascaine Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh sa bhliain a ghlanluacháil go páirteach le caillteanais mar gheall ar thoimhdí achtúireacha a bhaineann le hathruithe tuarastail (féach Nótaí **2.9.2** agus **2.9.4**). Ní mór a lua, áfach, cé go bhfuil tionchar ag méadú nó laghdú ar an bhfíor-ráta lascaine ar mhéid an dliteanais ag deireadh na bliana, ní athraíonn sé líon na sochar a bheidh le híoc ó bhuiséad an Aontais leis na tairbhithe sna blianta amach romhainn. Rinneadh an laghdú breise ar ghlandliteanas Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh i ngeall ar ghnóthachain achtúireacha ó thaithí a ghlanluacháil le méadú i ngeall ar chostas bliantúil na seirbhíse reatha agus ar chostas úis (leachtú an lascainithe dliteanais), rud a laghdaigh tuilleadh tionchar na ngnóthachan achtúireach i ngeall ar athruithe ar na toimhdí airgeadais maidir leis an dliteanas iomlán (féach Nóta **2.9.2**).

Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh

Léiríonn an oibleagáid sochair shainithe seo agus luach láithreach íocaíochtaí todhchaí a bhfuil coinne leo a cheanglófar ar an Aontas a íoc chun na hoibleagáidí pinsin a thagann as seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus i dtréimhsí roimhe a shocrú. Tá an scéim leanúnach, agus dá bharr sin, cuirtear gach íocaíocht, a n-éilítear go ndéanfaí ón scéim ar bhonn bliantúil, san áireamh i mbuiséad an Aontais gach bliain.

I gcomhréir le hAirteagal 83 de Rialacháin na Foirne, cuimsítear muirear ar bhuiséad an Aontais in íocaíocht na sochar a ndéantar foráil dóibh i scéim pinsin na foirne. Cistítear an scéim go barúlach agus ráthaíonn na Ballstáit íocaíocht chomhchoiteann na sochar sin. Asbhaintear ranníocaíocht éigeantach phinsin ó bhuntuarastail ball gníomhach, 13,1 % atá ann faoi láthair. Caitear leis na ranníocaíochtaí sin mar ioncam buiséid na bliana agus rannchuidíonn siad le cistiú chaiteachas an Aontais go ginearálta, féach Nóta **3.8** freisin.

Rinneadh measúnú ar dhliteanais na scéime pinsin ar bhonn líon foirne Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh (baill foirne ghníomhacha, daoine atá ar scor, na baill foirne a bhíodh gníomhach atá anois ar easláine agus cleithiúnaithe ball foirne éagtha) an 31 Nollaig 2025 agus ar bhonn rialacha na Rialachán Foirne a bhí i bhfeidhm ar an dáta sin. Rinneadh an luacháil sin i gcomhréir le forálacha cuntasaíochta IPSAS 39 (agus, dá bhrí sin, le riail chuntasaíochta 12 an Aontais freisin).

Scéimeanna sochair scoir eile

Tagraíonn sé sin don dliteanas a bhaineann leis na hoibleagáidí pinsin le haghaidh Chomhaltaí agus Iar-Chomhaltaí an Choimisiúin, Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh agus na Cúirte Iniúchóirí, na Comhairle, an Ombudsman Eorpaigh, agus an Mhaoirseora Eorpaigh ar Chosaint Sonraí. Cuimsítear faoin gceannteideal seo freisin dliteanais a bhaineann le pinsin Fheisirí Pharlaimint na hEorpa.

Comhscéim Árachais Breoiteachta

Anuas ar na scéimeanna sochair scoir thuas, déantar luacháil maidir leis an dliteanas measta atá ag an Aontas maidir leis an gComhscéim Árachais Breoiteachta i ndáil le costais cúraim sláinte, nach mór a íoc le linn tréimhsí iarghníomhaíochta (glanmhéid a ranníocaíochtaí). Mar a luaitear i Nóta **1.5.10**, cuirtear san áireamh le ríomh an dliteanais seo an tréimhse seirbhíse iomlán ghníomhach, ag áirithiú go gcuirtear scéimeanna pinsin agus breoiteachta phlean iarfhostaíochta na foirne san áireamh go comhsheasmhach.

Agus an oibleagáid atá ann, chun tábhacht eacnamaíoch an cháis fholuitigh a léiriú go dílis mar a éilítear le EAR agus IPSAS, á cur san áireamh, níor léirmhíníodh IPSAS 39 ar bhealach níos déine nuair a cheanglaítear na sochair leis na tréimhsí seirbhíse. Dá mbeadh an costas seirbhíse le fabhrú le haghaidh na Comhscéime Árachais Breoiteachta thar 10 mbliana i gcás gach oifigigh, seachas an tréimhse de sheirbhís ghníomhach an fhostaí, is méadú de EUR 0,8 billiún a bheadh i dtionchar cur chuige den sórt sin maidir leis an oibleagáid sochair shainithe ag deireadh na bliana. Mar sin féin, mar a tugadh le fios cheana féin, ní thiocfadh an cur chuige níos déine seo le saintréith cháilíochtúil an léirithe dhílis agus, dá bhrí sin, ní mheasfar go soláthródh sé faisnéis iontaofa i gcomhréir le Rialacha Cuntasaíochta AE 1 agus Creat Coincheapúil IPSAS. Braitheann an meastachán seo go mór ar fhorbairt stádas riaracháin na foirne reatha (go háirithe, maidir le líon na mball foirne ar chonarthaí ar théarma seasta a mheastar a bheidh ina n-oifigigh sa todhchaí).

2.9.2. *Gluaiseacht i luach láithreach oibleagáid sochair shainithe shochair na bhfostaithe*

Is é luach láithreach oibleagáide sochair shainithe íocaíochtaí lascainithe todhchaí a bhfuil coinne leo a éilítear chun an oibleagáid a leanann as seirbhís fostaithe sna tréimhsí reatha agus i dtréimhsí roimhe a shocrú.

Cuirtear anailís ar ghluaiseacht na bliana reatha san oibleagáid sochair shainithe i láthair thíos:

EUR milliún

	Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh	Scéimeanna sochair scoir eile	Comhscéim Árachais Breoiteachta	Iomlán
Luach láithreach an 31.12.2024	**84 765**	**1 942**	**6 850**	**93 557**
Sainaitheanta sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais				
Costas Seirbhíse Reatha	*2 874*	*77*	*241*	*3 192*
Costas úis	*2 794*	*63*	*226*	*3 083*
Sainaitheanta i nglansócmhainní				
Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe				
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ó taithí	*(1 498)*	*17*	*(202)*	*(1 683)*
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ó toimhdí déimeagrafacha	*237*	*6*	*15*	*259*
(Gnóthachain)/caillteanais achtúireacha ó toimhdí airgeadais	*(2 608)*	*(134)*	*(1 270)*	*(4 012)*
Eile				
Sochair íoctha	*(2 567)*	*(84)*	*(140)*	*(2 791)*
Luach láithreach an 31.12.2025	**83 998**	**1 887**	**5 721**	**91 605**

Is é costas na seirbhíse reatha an méadú ar luach láithreach na hoibleagáide sochair shainithe a thagann as seirbhís fostaí reatha sa bhliain reatha.

Tagraíonn costas úis don mhéadú le linn na tréimhse ar luach láithreach oibleagáide sochair shainithe toisc go bhfuil na sochair tréimhse amháin níos gaire don tsocraíocht.

Tagraíonn gnóthachain agus caillteanais achtúireacha ó thaithí d'éifeachtaí na ndifríochtaí idir an méid a raibh coinne leis de réir na dtoimhdí a rinneadh sa bhliain roimhe sin le haghaidh 2025 agus an méid a tharla i ndáiríre in 2025. Léirítear leis an ítim seo freisin tionchar na nuatheachtaithe (baill foirne atá i láthair sa chleachtadh reatha ach nach raibh i láthair sa cheann roimhe sin).

Maidir le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha de bharr athruithe ar luachanna na dtoimhdí achtúireacha (athróga déimeagrafacha amhail an ráta athraithe fostaithe agus an ráta mortlaíochta agus athróga airgeadais amhail rátaí lascaine agus méaduithe ar thuarastail a bhfuil coinne leo), tagann siad chun cinn nuair a thugtar na luachanna measta ar na toimhdí sin cothrom le dáta chun na bundálaí atá ann a léiriú.

Íoctar sochair (mar shampla, pinsin nó aisíocaíochtaí a bhaineann le costais leighis) le linn na bliana de réir rialacha na scéime. Nuair a íoctar na sochair seo bíonn laghdú ar an oibleagáid sochair shainithe.

2.9.3. *Sócmhainní plean*

EUR milliún

	Scéimeanna sochair scoir eile	Comhscéim Árachais Breoiteachta	Iomlán
Luach láithreach an 31.12.2024	**23**	**438**	**461**
Glanghluaiseacht i sócmhainní plean	*(12)*	*29*	*17*
Luach láithreach an 31.12.2025	**11**	**467**	**477**

2.9.4. *Toimhdí achtúireacha - sochair fostaithe*

Taispeántar na príomhthoimhdí achtúireacha a úsáidtear i luacháil an dá scéim sochair fostaithe de chuid an Aontais thíos:

	2025	2024
Scéim Pinsin Oifigigh an Aontais Eorpaigh		
Ráta lascaine ainmniúil	*3,8 %*	*3,3 %*
An ráta boilscithe ionchasach	*2,0 %*	*2,0 %*
Fíor-ráta lascaine	*1,8 %*	*1,3 %*
Ráta ionchasach na méaduithe ar thuarastail amach anseo	*1,4 %*	*1,3 %*
Aois scoir	*63/64/66*	*63/64/66*
Comhscéim Árachais Breoiteachta		
Ráta lascaine ainmniúil	*3,8 %*	*3,3 %*
An ráta boilscithe ionchasach	*2,0 %*	*2,0 %*
Fíor-ráta lascaine	*1,8 %*	*1,3 %*
Ráta ionchasach na méaduithe ar thuarastail amach anseo	*1,4 %*	*1,3 %*
Rátaí treochta maidir le costas leighis	*0,9 %*	*1,6 %*
Aois scoir	*63/64/66*	*63/64/66*

Tá rátaí básmhaireachta le haghaidh 2025 bunaithe ar Thábla Saolré Státseirbhísigh an Aontais - EULT 2023 arna thabhairt cothrom le dáta, lena n-ionchorpraítear treocht dhinimiciúil sna 18 mbliana amach romhainn.

Cinntear an ráta lascaine ainmniúil mar luach táirgeachta chúpón nialasach an Euro (le haibíocht de 17 mbliana amhail Nollaig 2025 le haghaidh PSEO, agus 17 bliana le haghaidh na Comhscéime Árachais Breoiteachta). Is é an ráta boilscithe a úsáidtear an ráta boilscithe a bhfuil coinne leis thar an tréimhse choibhéiseach: faightear an boilsciú meá ar mheá trí chomparáid a dhéanamh idir torthaí bannaí rialtais atá nasctha le boilsciú agus torthaí gnáthbhannaí rialtais, ar bannaí de chuid na bpríomh-mhargaí airgeadais Eorpacha iad. Ríomhtar an fíor-ráta lascaine ón ráta lascaine ainmniúil agus an ráta boilscithe fadtéarmach a bhfuil coinne leis.

2.9.5. *Anailís íogaireachta*

Tá an anailís íogaireachta bunaithe ar ionsamhlúcháin, a athraíonn luach na dtoimhdí lena mbaineann, fad a fhanann gach rud eile cothrom.

Íogaireacht Scéim Pinsin Oifigigh agus Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar an bhfíor-ráta lascaine toimhdithe:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %
Oibleagáid sochair shainithe	*(1 436)*	*1 474*	*(1 516)*	*1 558*

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar na méaduithe ar thuarastail a bhfuil coinne leo:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %
Oibleagáid sochair shainithe	*1 439*	*(1 404)*	*1 514*	*(1 476)*

Bheadh na héifeachtaí seo a leanas ag athrú 1 bhliain amháin ar an aois scoir thoimhdithe:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 1 bhliain amháin	Laghdú 1 bhliain amháin	Méadú 1 bhliain amháin	Laghdú 1 bhliain amháin
Oibleagáid sochair shainithe	*(751)*	*1 078*	*(799)*	*1 109*

Íogaireacht na Comhscéime Árachais Breoiteachta

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe ar na rátaí treochta maidir le costais thoimhdithe leighis:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %
Comhiomlán chomhchodanna an chostais seirbhíse reatha agus an chostais úis maidir le glanchostais leighis tráthrialta iarfhostaíochta	*11*	*(10)*	*11*	*(11)*
Oibleagáid sochair shainithe	*131*	*(127)*	*166*	*(162)*

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar an ráta lascaine ainmniúil toimhdithe:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %
Oibleagáid sochair shainithe	*(96)*	*99*	*(130)*	*133*

Bheadh na héifeachtaí a leanas ag athrú de dheich mbonnphointe (0,1 %) ar na méaduithe ar thuarastail a bhfuil coinne leo:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %	Méadú 0,1 %	Laghdú 0,1 %
Oibleagáid sochair shainithe	*(26)*	*25*	*(27)*	*26*

Bheadh na héifeachtaí seo a leanas ag athrú 1 bhliain amháin ar an aois scoir thoimhdithe:

EUR milliún

	2025		2024	
	Méadú 1 bhliain amháin	Laghdú 1 bhliain amháin	Méadú 1 bhliain amháin	Laghdú 1 bhliain amháin
Oibleagáid sochair shainithe	*(150)*	*161*	*(185)*	*197*

2.10. **SOLÁTHAIRTÍ**

EUR milliún

	Méid an 31.12.2024	Forálacha breise	Méideanna neamhúsáidte arna bhfreaschur	Méideanna arna n-úsáid	Aistriú idir catagóirí	Athrú ar an meastachán	Méid an 31.12.2025
Cásanna dlí:							
Talmhaíocht	*204*	*9*	*(178)*	*–*	*–*	*–*	*35*
Eile	*100*	*149*	*(8)*	*(59)*	*–*	*0*	*182*
Díchóimeáil ar shuíomh núicléach	*1 796*	*–*	*–*	*(53)*	*–*	*137*	*1 880*
Idirghabhálaithe	*7 082*	*1*	*(7 081)*	*(0)*	*–*	*–*	*3*
Eile	*633*	*164*	*(206)*	*(17)*	*–*	*(61)*	*514*
Iomlán	**9 816**	**323**	**(7 473)**	**(129)**	*–*	**76**	**2 613**
Neamhreatha	**2 280**	**58**	**(181)**	**(22)**	**(63)**	**76**	**2 149**
Reatha	**7 536**	**265**	**(7 292)**	**(107)**	**63**	*–*	**464**

Is méideanna a mheastar go beacht, a eascraíonn as teagmhais roimhe seo, iad soláthairtí ar dócha go n-íocfar ó bhuiséad an Aontais iad sa todhchaí.

Forálacha airgeadais

In 2024, d'aithin an tAontas EUR 7,1 billiún d'fhorálacha le haghaidh Caillteanais Chreidmheasa Ionchasacha ar ghealltanas iasachta neamh-inchúlghairthe le haghaidh iasacht Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin. Eisíocadh an iasacht go hiomlán leis an Úcráin in 2025, agus dá bhrí sin aisiompaíodh an fhoráil agus ina ionad sin aithníodh liúntas lagaithe amhail an 31 Nollaig 2025 - féach Nóta **2.4.1.1**.

Cásanna dlí

Is é seo meastachán ar na méideanna is dócha a bheidh le híoc amach tar éis dheireadh na bliana i ndáil le roinnt cásanna leanúnacha dlí. Baineann an Talmhaíocht le gníomhaíochtaí dlíthiúla Ballstát in aghaidh chinntí imréitigh comhréireachta le haghaidh CERT agus CETFT.

Díchóimeáil ar shuíomh núicléach

Amhail 2017, tugadh an bunús le haghaidh an tsoláthair cothrom le dáta de réir *'JRC Decommissioning & Waste Management Programme Strategy (D&WMP) – Updated in 2017'* [Straitéis JRC um an gClár um Dhíchoimisiúnú agus um Bainistíocht Dramhaíola – arna nuashonrú in 2017']. Rinneadh an t-athbhreithniú ar an straitéis seo, chomh maith le riachtanais an bhuiséid agus na foirne, in éineacht le Sainghrúpa neamhspleách D&WMP. Léiríonn sé an meastachán is fearr atá ar fáil maidir leis an mbuiséad agus an fhoireann a theastaíonn chun díchoimisiúnú láithreán JRC in Geel, Karlsruhe agus Petten a thabhairt i gcrích. Maidir le láithreán Ispra, forbraíodh meastachán costais athbhreithnithe ar ghníomhaíochtaí díchoimisiúnúcháin in 2025 agus léirítear é san fhoráil.

I gcomhréir le rialacha cuntasaíochta an Aontais, tá an soláthar seo innéacsaithe le haghaidh boilsciú agus ansin tá sé lascainithe chuig a ghlanluach láithreach (ag úsáid an chuair bhabhtála euro). Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí soláthar de EUR 1 880 milliún ann, arna roinnt idir méideanna a raibh coinne lena n-úsáid in 2026 (EUR 45 mhilliún) agus ina dhiaidh sin (EUR 1 834 mhilliún).

Ní mór a lua go bhféadfadh éiginnteachtaí móra, a bhaineann go dlúth le pleanáil fhadtéarmach díchoimisiúnaithe núicléach, difear a dhéanamh don mheastachán seo, a d'fhéadfadh méadú go mór sa todhchaí. Baineann na príomhfhoinsí éiginnteachta le staid deiridh an láithreáin díchoimisiúnaithe, na n-ábhar núicléach, na ngnéithe a bhaineann le bainistíocht dramhaíola agus diúscairt, creataí rialála náisiúnta neamhiomlána, nó cinn nach bhfuil go hiomlán sainithe, próisis cheadúnaithe chasta fhadálacha agus forbairtí todhchaí maidir le margadh tionsclaíoch an díchoimisiúnaithe.

2.11. DLITEANAIS AIRGEADAIS

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha			
Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta	*2.11.1*	*643 928*	*539 522*
Dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh	*2.4.2.2*	*9*	*13*
Dliteanais ráthaíochta airgeadais	*2.11.2*	*81*	*39*
		644 018	**539 575**
Reatha			
Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta	*2.11.1*	*89 069*	*55 904*
Dliteanais airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh	*2.4.2.2*	*53*	*84*
Dliteanais ráthaíochta airgeadais	*2.11.2*	*7 647*	*6 340*
		96 769	**62 328**
Iomlán		**740 787**	**601 903**

2.11.1. *Dliteanais airgeadais ar chostas amúchta*

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Iasachtaí	*2.11.1.1*	*731 224*	*594 028*
Dliteanais airgeadais eile	*2.11.1.2*	*1 773*	*1 398*
Iomlán		**732 997**	**595 426**
Neamhreatha		*643 928*	*539 522*
Reatha		*89 069*	*55 904*

2.11.1.1. Iasachtaí

EUR milliún

	Cistiú Aontaithe	SURE	EFSM	BOP	MFA	Euratom	Iomlán
Foriomlán an 31.12.2024	*437 628*	*98 839*	*42 297*	*201*	*14 762*	*301*	*594 028*
Iasachtaíocht nua - ainmniúil	*221 526*	–	–	–	–	–	*221 526*
Aisíocaíochtaí	*(73 266)*	*(8 000)*	*(2 400)*	*(200)*	*(20)*	–	*(83 886)*
Athruithe ar an luach de réir na leabhar	*(300)*	*(135)*	*(15)*	*(1)*	*7*	*(0)*	*(443)*
Athruithe eile	*2 500*	–	*(2 500)*	–	–	–	–
Iomlán an 31.12.2025	**588 088**	**90 705**	**37 382**	–	**14 749**	**301**	**731 224**
Neamhreatha	*514 099*	*82 594*	*30 818*	–	*14 495*	*300*	*642 305*
Reatha	*73 989*	*8 111*	*6 564*	–	*255*	*0*	*88 919*

Ba é EUR 738,9 billiún méid ainmniúil na n-iasachtaí an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 601,3 billiún). Eisiúintí bannaí fadtéarmacha a bhí i bhformhór na n-iasachtaí sin, cé is moite de chistiú aontaithe i gcás ina bhfuil Billí gearrthéarmacha an Aontais de EUR 36,8 billiún (2024: EUR 23,1 billiún) gan íoc ag deireadh na bliana freisin. EUR 137,6 billiún (ainmniúil) a bhí sa ghlaniasachtaíocht nua in 2025.

Is idirbhearta 'droim le droim' iad na méideanna a fuarthas ar iasacht le haghaidh iasachtaí SURE, EFSM, Euratom agus Cúnamh Marcairgeadais a síníodh roimh 2023, rud a chiallaíonn go n-eisíonn an tAontas banna tiomnaithe chun comhaontú iasachta sonrach a chistiú, ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna - féach Nóta **2.4.1.1**.

Maoinítear leis an 'gcistiú aontaithe' iasachtaí STA (lena n-áirítear REPowerEU) agus tacaíocht neamh-inaisíoctha, chomh maith le saoráidí na hÚcráine, na mBalcán Thiar agus na Moldóive agus iasachtaí Cúnaimh Marcairgeadais a síníodh ó 2023 ar aghaidh. Úsáideann an Coimisiún cur chuige cistiúcháin comhthiomsaithe i gcás nach bhfuil eisíocaíochtaí sonracha á gcistiú go díreach ag na hiasachtaí aonair. Ina ionad sin, eisítear an fiachas de réir plean iasachta bliantúil, trí bhannaí fadtéarmacha agus billí gearrthéarmacha. Úsáideann an Coimisiún ceantanna agus sindeacáitiú chun na hurrúis sin a eisiúint. Ansin, i gcomhréir leis an modheolaíocht leithdháilte costas a comhaontaíodh leis na Ballstáit, cuireann sé na costais ar aghaidh chuig na Ballstáit agus chuig tíortha tairbhíocha eile le haghaidh na n-iasachtaí agus chuig buiséad an Aontais le haghaidh na tacaíochta neamh-inaisíoctha. Leis an tsolúbthacht chistiúcháin sin, tá gá freisin le maolán leachtachta le haghaidh bainistiú éifeachtúil leachtachta, féach Nóta **2.8.2**. I gcomhthéacs na straitéise cistiúcháin aontaithe, eisíonn an tAontas Billí gearrthéarmacha an Aontais (3 go 12 mhí), a fhéadfar a aisíoc le linn na bliana céanna nó na bliana dár gcionn. Tagraíonn an líne 'Aisíocaíochtaí' do EUR 55,3 billiún d'iasachtaí gearrthéarmacha den sórt sin.

Comhfhreagraíonn an líne 'Athruithe ar an luach de réir na leabhar' don athrú ar ús fabhraithe agus do na hathruithe ar phréimheanna/lascainí (préimheanna/lascainí nua agus amúchadh).

Baineann an líne 'Gluaiseachtaí eile' le haistriú EUR 2,5 billiún de bhannaí (ainmniúil) ó chlár EFSM chuig an gcistiú aontaithe tar éis don Phortaingéil dhá iasacht a aisíoc go luath - féach Nóta **2.4.1.1**.

Ráthaítear aisíocaíocht na n-iasachtaí thuasluaite le buiséad an Aontais ar deireadh - féach Nóta **2.4.1.1**.

2.11.1.2. Dliteanais airgeadais eile

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Neamhreatha		
Dliteanais léasa airgeadais	*511*	*605*
Foirgnimh a n-íoctar astu ina dtráthchodanna	*244*	*283*
Ranníocaíochtaí a bhfuil coinníollacha ag gabháil leo	*617*	*234*
Eile	*251*	*134*
	1 623	**1 256**
Reatha		
Dliteanais léasa airgeadais	*90*	*79*
Foirgnimh a n-íoctar astu ina dtráthchodanna	*57*	*55*
Ranníocaíochtaí a bhfuil coinníollacha ag gabháil leo	*3*	*8*
Eile	–	–
	150	**142**
Iomlán	**1 773**	**1 398**

Dliteanais léasa airgeadais

EUR milliún

	Méideanna atá le híoc sa todhchaí			
	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Dliteanas Iomlán
Talamh agus foirgnimh	*87*	*256*	*248*	*592*
Sócmhainní seasta eile	*3*	*6*	–	*9*
Iomlán an 31.12.2025	**90**	**263**	**248**	**601**
Gné úis	*20*	*64*	*59*	*143*
Iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí an 31.12.2025	**110**	**327**	**308**	**744**
Iomlán na n-íocaíochtaí íosta léasa sa todhchaí an 31.12.2024	*102*	*361*	*393*	*856*

Beidh ar bhuiséid sa todhchaí méideanna a bhaineann le léasanna agus foirgnimh thuas a chistiú.

Baineann ranníocaíochtaí lena ngabhann coinníollacha le ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ó dheontóirí eile le cláir an Aontais, go háirithe le InvestEU (féach Nóta **4.1.1**), trína bhfuil oibleagáid ar an Aontas aon chiste nár úsáideadh a thabhairt ar ais don ranníocóir.

2.11.2. *Dliteanais ráthaíochta airgeadais*

EUR milliún

	31.12.2025		31.12.2024	
	Ráthaíocht airgeadais infhaighte (Nóta 2.6.2)	Dliteanas ráthaíochta airgeadais	Ráthaíocht airgeadais infhaighte (Nóta 2.6.2)	Dliteanas ráthaíochta airgeadais
Cláir ráthaíochta buiséadaí an Aontais				
Ráthaíochtaí Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI	*11*	*1 806*	*19*	*1 862*
Ráthaíocht CEIS	*1 248*	*1 307*	*1 345*	*1 402*
Ráthaíocht CEFI	*9*	*89*	*7*	*192*
Ráthaíocht InvestEU	*276*	*1 841*	*190*	*1 606*
Ráthaíocht AE ICFCI	*60*	*915*	*30*	*582*
An Ráthaíocht don Úcráin	*24*	*1 248*	*10*	*61*
	1 629	**7 205**	**1 600**	**5 707**
Cláir ionstraimí airgeadais an Aontais				
COSME	–	*219*	–	*304*
Fís 2020	*4*	*126*	*6*	*198*
Eile	*18*	*179*	*23*	*171*
	22	**523**	**29**	**673**
Iomlán	**1 651**	**7 729**	**1 629**	**6 379**
Neamhreatha	*1 359*	*81*	*1 324*	*39*
Reatha	*293*	*7 647*	*306*	*6 340*

Cuireann an tAontas olltíolacadh na gconarthaí ráthaíochta airgeadais i bhfeidhm, i gcás ina sainaithnítear an t-ioncam atá le fáil go fóill faoin ráthaíocht mar chuid ina ráthaíocht airgeadais infhaighte (arna cur i láthair faoi cheannteideal na suimeanna infhaighte malairte - féach Nóta **2.6.2**) agus sainaithnítear dliteanas ráthaíochta airgeadais freisin mar ní a léiríonn dliteanas an Aontais as éilimh ar ráthaíochtaí sa todhchaí a chumhdach.

Cé go bhfuil dliteanais ráthaíochta airgeadais Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI agus CEIS fós suntasach, tá méadú ag teacht i gcónaí ar na ráthaíochtaí faoi chláir nua sa CAI sin, is é sin InvestEU, ICFCI, agus ráthaíocht na hÚcráine in 2024, mar gheall ar shíniú oibríochtaí nua ag comhpháirtithe cur chun feidhme an Aontais (féach freisin Nóta **4.1.1**).

Cé is moite de ráthaíocht CEIS, i gcás ina bhfuil an tAontas i dteideal luach saothair ionchasach - a aithnítear mar ráthaíocht airgeadais infhaighte - lena gcumhdaítear an dliteanas den chuid is mó, i gcás na gclár atá fágtha ní chumhdaíonn na hioncaim ionchasacha ach codán beag den ráthaíocht. Is é is cúis leis sin sciar ard d'fhóirdheonú an Aontais do na cláir sin, go háirithe na cláir sin a sholáthraítear do mhaoiniú ardriosca do FBManna nó d'earnáil na nuálaíochta, chomh maith le ráthaíochtaí do thionscadail i dtíortha i mbéal forbartha.

2.12. **SUIMEANNA INÍOCTHA**

EUR milliún

	Ollmhéid	Coigeartuithe	Glanmhéid an 31.12.2025	Ollmhéid	Coigeartuithe	Glanmhéid an 31.12.2024
Costas na n-éileamh agus na sonrasc a fuarthas ó:						
Na Ballstáit						
CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile	*1 892*	*–*	*1 892*	*269*	*(0)*	*269*
CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe	*13 463*	*(2 250)*	*11 213*	*6 036*	*(2 258)*	*3 778*
CSE	*8 720*	*(557)*	*8 164*	*2 156*	*(447)*	*1 708*
STA (NGEU)	*22 707*	*(1 646)*	*21 061*	*28 016*	*(724)*	*27 292*
Eile	*1 463*	*(217)*	*1 247*	*1 824*	*(318)*	*1 506*
Eintitis phríobháideacha agus phoiblí	*1 187*	*(15)*	*1 172*	*1 957*	*(334)*	*1 623*
Costas iomlán na n-éileamh agus na sonrasc a fuarthas	**49 433**	**(4 684)**	**44 749**	**40 258**	**(4 082)**	**36 176**
CERT	**15 344**	**Ní bhaineann le hábhar**	**15 344**	**15 086**	**Ní bhaineann le hábhar**	**15 086**
Suimeanna iníoctha acmhainní dílse	**47**	**Ní bhaineann le hábhar**	**47**	**–**	**Ní bhaineann le hábhar**	**–**
Suimeanna ilghnéitheacha iníoctha	**4 344**	**Ní bhaineann le hábhar**	**4 344**	**3 624**	**Ní bhaineann le hábhar**	**3 624**
Eile	**553**	**Ní bhaineann le hábhar**	**553**	**528**	**Ní bhaineann le hábhar**	**528**
Iomlán	**69 721**	**(4 684)**	**65 037**	**59 496**	**(4 082)**	**55 414**

Cuimsítear le méideanna iníoctha sonraisc agus éilimh ar chostais a fuarthas ach nach bhfuil íoctha fós ag deireadh na bliana. Aithnítear iad ar dtús tráth a fhaightear na sonraisc nó na héilimh ar chostais le haghaidh na méideanna a iarradh. Coigeartaítear na méideanna iníoctha ina dhiaidh sin ionas nach léireoidh siad ach na méideanna a nglactar leo tar éis athbhreithniú na gcostas, agus na méideanna a mheastar a bheith incháilithe. Tá na méideanna a mheastar a bheith neamh-incháilithe sa cholún 'Coigeartuithe'; baineann na méideanna is mó le gníomhaíochtaí struchtúracha.

Léirítear leis an laghdú EUR 6,2 billiún ar shuimeanna iníoctha STA go bhfuarthas níos lú iarrataí ar íocaíocht i dtreo dheireadh na bliana a raibh measúnú ar gharspriocanna agus ar spriocanna fós ar feitheamh ina leith.

Tá an méadú ar shuimeanna iníoctha CETFT mar gheall ar 2025 a bheith ina bhliain deiridh de chur chun feidhme na clárthréimhse roimhe sin, agus an uasteorainn 95 % bainte amach ag formhór na gclár. Mar thoradh air sin, cuirtear aisíocaíocht na n-éileamh gaolmhar ar chostais ar fionraí, rud a léirítear sa leibhéal níos airde suimeanna iníoctha.

Is é is cúis leis an méadú ar shuimeanna iníoctha sa limistéar comhtháthaithe líon níos airde éileamh ar chostais a bheith faighte le haghaidh íocaíochta faoin 31 Nollaig i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin, a raibh fíorú incháilitheachta agus íocaíocht fós ar feitheamh ina leith.

Le Rialachán na bhForálacha Coiteanna (Rialacháin (AE) 1303/2013 ([34]) agus (AE) 2021/1060 ([35]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle) is infheidhme maidir leis na Cistí Struchtúracha (CFRE agus CSE), leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (CEMI), foráiltear go gcosnaítear buiséad an Aontais trí bhíthin coinneáil chórasach ar na híocaíochtaí eatramhacha a dhéantar. Faoi mhí Feabhra tar éis dheireadh bhliain chuntasaíochta Rialachán na bhForálacha Coitianta (1 Iúil - 30 Meitheamh), bíonn an timthriall rialála tugtha i gcrích, trí fhíoruithe bainistíochta ag na húdaráis bhainistíochta agus iniúchtaí ag na húdaráis iniúchóireachta. Déanann an Coimisiún scrúdú ar na doiciméid dhearbhaithe agus na cuntais a sholáthraíonn na húdaráis ábhartha sna Ballstáit. Ní dhéantar íocaíocht / aisghabháil an iarmhéid dheiridh ach tar éis chríoch an mheasúnúcháin seo agus nuair a ghlactar leis na cuntais. EUR 11,2 billiún a bhí sa mhéid iomlán a coinníodh de réir an tsoláthair seo faoi dheireadh 2025. Meastar go bhfuil cuid den mhéid sin (EUR 1,3 billiún) neamh-incháilithe ar bhonn na faisnéise a sholáthair na Ballstáit ina gcuntais agus tá sé sa cholún 'Coigeartuithe' freisin.

Suimeanna Iníoctha Acmhainní Dílse

Tagraíonn suimeanna iníoctha acmhainní dílse do ranníocaíochtaí na mBallstát le buiséad an Aontais atá le haisíoc ag deireadh na bliana. Cuirtear buiséid leasaitheacha chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 10a (3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014. Bhain an t-iarmhéid an 31 Nollaig 2025 le glacadh bhuiséad leasaitheach Uimh. 3/2025 an 26 Samhain 2025. De réir na forála dlí sin, rinneadh na méideanna a lean a thabhairt ar ais do na Ballstáit ar an gcéad lá oibre de mhí Eanáir 2026.

2.13. MUIRIR FHABHRAITHE AGUS IONCAM IARCHURTHA

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Muirir fhabhraithe	*76 785*	*66 792*
Ioncam iarchurtha	*197*	*159*
Eile	*66*	*140*
Iomlán	**77 048**	**67 091**

Is é seo a leanas an scoilt i muirir fhabhraithe:

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
STA (NGEU)	*12 688*	*4 371*
CERT	*25 337*	*25 586*
CETFT agus ionstraimí forbartha tuaithe eile	*15 786*	*17 374*
CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe	*3 670*	*3 101*
CSE	*2 929*	*2 318*
Eile	*16 376*	*14 042*
Iomlán	**76 785**	**66 792**

([34]) Rialachán (AE) Uimh. 1303/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe, leis an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena leagtar síos forálacha ginearálta maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, le Ciste Sóisialta na hEorpa, leis an gCiste Comhtháthaithe agus leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1083/2006 ón gComhairle (IO L 347, 20.12.2013, lch. 320, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2013/1303/oj).

([35]) Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

Tagraíonn muirir fhabhraithe do na speansais sainaitheanta dá bhfuil an tAontas go fóill ag fanacht le héilimh ar chostas. Baineann an ghluaiseacht is mó leis an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta, áit ar léiriú é an méadú ar luas chur chun feidhme na hionstraime sin, ós rud é go bhfuil an meastachán bunaithe ar réamhaisnéis na n-íocaíochtaí gearrthéarmacha. I gcás CETFT, dhearbhaigh na Ballstáit caiteachas níos airde faoi chláir ón tréimhse CAI roimhe sin, toisc gurbh í bliain dheireanach an chur chun feidhme í, rud a d'fhág gur tháinig laghdú ar fhabhruithe.

GLANSÓCMHAINNÍ

2.14. CÚLCHISTÍ

Is é EUR 941 mhilliún méid chúlchistí an Aontais (EUR 986 mhilliún in 2024). Baineann an méid sin go príomha le cúlchistí CEGC faoi Leachtú, méid dar luach EUR 533 mhilliún san iomlán (EUR 593 mhilliún in 2024) le haghaidh shócmhainní an Chiste Taighde um Ghual agus Cruach, a cruthaíodh i gcomhthéacs dhíscaoileadh CEGC faoi Leachtú. Baineann sé sin freisin le cúlchiste Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh, lena n-áirithítear leanúnachas a cuid oibríochtaí, dar luach EUR 292 mhilliún (EUR 293 mhilliún in 2024).

2.15. MÉIDEANNA A BHEIDH LE GLAO Ó NA BALLSTÁIT

EUR milliún

Méideanna a bheidh le glao ó na Ballstáit an 31.12.2024	**309 810**
Toradh bhuiséad 2024 a cuireadh do shochar na mBallstát	*1 348*
Atomhais ar dhliteanais sochar fostaithe	*(5 603)*
Eile	*(85)*
Toradh eacnamaíoch na bliana	*54 639*
Méideanna iomlána a bheidh le glao ó Bhallstáit an 31.12.2025	**360 108**

Léiríonn an méid seo an chuid sin de na speansais arna dtabhú ag an Aontas go dtí 31 Nollaig, méideanna nach mór do bhuiséid amach anseo a chistiú. Aithnítear go leor speansais faoi rialacha cuntasaíochta maidir le fabhrú i mbliain N cé go bhféadfaí iad a íoc i ndáiríre i mbliain N+1 (nó níos déanaí) agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí iad a chistiú ó bhuiséad bhliain N+1 (nó níos déanaí). Toisc go gcuirtear na dliteanais seo san áireamh sna cuntais agus toisc go gcistítear na méideanna comhfhreagracha le buiséid amach anseo, bíonn dliteanais ann ag deireadh na bliana atá i bhfad níos mó na sócmhainní. Baineann na méideanna is mó atá le cur i dtábhacht le hiasachtaíocht i ndáil le tacaíocht neamh-inaisíoctha a tógadh amach faoi NGEU, gníomhaíochtaí CERT agus dliteanais sochair fostaithe.

Ba cheart a lua nach bhfuil aon éifeacht ag an méid thuas ar thoradh an bhuiséid – ba cheart i gcónaí d'ioncam an bhuiséid a bheith cothrom le caiteachas an bhuiséad, nó ba cheart don ioncam a bheith níos mó ná an caiteachas, agus ba cheart aon fhuílleach ioncaim a thabhairt ar ais do na Ballstáit.

Baineann na hatomhais i ndliteanais sochair fostaithe le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as luacháil achtúireach na dliteanas sin.

Tharla an méadú suntasach ar na méideanna atá le glao ó na Ballstáit sna blianta atá caite mar gheall ar an iasachtaíocht i ndáil le tacaíocht neamh-inaisíoctha a fuarthas faoi NGEU sa tréimhse sin go príomha.

3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS AN RÁITEAS MAIDIR LE FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

IONCAM

IONCAM Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE: ACMHAINNÍ DÍLSE

3.1. ACMHAINNÍ OIN

Is é ioncam na n-acmhainní dílse príomhghné ioncam oibriúcháin an Aontais. Is é ioncam OIN (ollioncam náisiúnta) an chatagóir is suntasaí de na ceithre chatagóir d'acmhainní dílse. Toibhítear céatadán aonfhoirmeach ar OIN gach Ballstáit. Cothromaíonn ioncam OIN ioncam agus caiteachas, i.e. cistíonn sé an chuid den bhuiséad nach gcumhdaítear le foinsí eile ioncaim. Mínítear an méadú ar ioncam OIN in 2025 i gcomparáid le 2024 den chuid is mó trí mhéadú ar na riachtanais leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

3.2. ACMHAINNÍ DÍLSE TRAIDISIÚNTA

Baineann acmhainní dílse traidisiúnta le dleachtanna custaim go príomha, nuair a choinníonn Ballstáit, trí bhíthin costais bhailiúcháin, 25 % de na méideanna. Mar sin de, is iad na figiúirí thuas glanmhéid na hasbhainte sin. Léiríonn leibhéal na ndleachtanna allmhairiúcháin go bunúsach an teaglaim de luaineachtaí i luach na n-allmhairí ó lasmuigh den Aontas agus athruithe ar an gcomhtharaif, a íslíodh go minic tar éis na caibidlíochta laistigh den Eagraíocht Dhomhanda Trádála, agus comhaontuithe sonracha lena ndeonaítear fabhair tharaife do chomhpháirtithe trádála áirithe nó do tháirgí áirithe. Dá bhrí sin, braitheann an leibhéal freisin ar an staid eacnamaíoch i gcoitinne, ar leibhéal na bpraghsanna domhanda agus ar thionchar na rátaí malairte.

3.3. ACMHAINNÍ CBL

Ríomhtar acmhainn dhílis CBL bunaithe ar bhoinn measúnaithe CBL na mBallstát, atá comhchuibhithe chun na críche sin i gcomhréir le rialacha an Aontais. Tá glaoráta aonfhoirmeach de 0,30 % i bhfeidhm maidir le méid iomlán gach Ballstáit in admhálacha CBL arna mbailiú le haghaidh gach soláthair inchánach arna roinnt ar mheán ualaithe an ráta CBL. Tá uasteorainn de 50 % de OIN gach Ballstáit ar an mbonn CBL.

3.4. ACMHAINNÍ DÍLSE PLAISTEACHA

Tá feidhm ag glaoráta aonfhoirmeach EUR 0,80 in aghaidh an chileagraim maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear i ngach Ballstát nach ndéantar athchúrsáil uirthi. An dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach n-athchúrsáiltear i mbliain ar leith, ríomhtar í mar an difríocht idir an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáiltear an bhliain sin i mBallstát. An Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir, is Ballstáit iad sin atá i dteideal laghduithe cnapshuime bliantúla sonracha a fháil ina ranníocaíochtaí acmhainní dílse plaisteacha féin. Tugadh an acmhainn dhílis réasúnta nua sin isteach in 2021 le teacht i bhfeidhm an Chinnidh nua maidir le hAcmhainní Dílse (Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle) ([36]).

IONCAM Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE: AISTRITHE

3.5. FÍNEÁLACHA

Ioncam EUR 5 370 milliún (2024: EUR 4 039 milliún) a bhaineann go príomha le fíneálacha a d'fhorchuir an Coimisiún ar chuideachtaí as rialacha iomaíochta an Aontais a shárú (EUR 3 971 mhilliún) agus le fíneálacha eile a forchuireadh ar chuideachtaí (EUR 837 milliún).

3.6. AISGHABHÁIL SPEANSAS

EUR milliún

	2025	2024
Speansais arna dtarmligean chuig na Ballstáit	*1 291*	*755*
Deontais	*34*	*157*
Ranníocaíochtaí/Comhaontuithe tarmligin	*50*	*44*
Eile	*1*	-
Iomlán	**1 376**	**957**

Léiríonn an ceannteideal seo orduithe gnóthaithe arna n-eisiúint ag an gCoimisiún, den chuid is mó, a íoctar nó a fhritháirítear in aghaidh (i.e. a asbhaint as) íocaíochtaí ina dhiaidh sin a thaifeadtar i gcóras cuntasaíochta an Choimisiúin. Eisítear na horduithe gnóthaithe chun caiteachas a íocadh amach as buiséad an Aontais roimhe seo a aisghabháil. Tá aisghabhálacha bunaithe ar rialuithe, iniúchtaí nó anailís incháilitheachta agus, dá bhrí sin, cosnaíonn na hoibríochtaí seo buiséad an Aontais ar chaiteachas arna thabhú de shárú ar an dlí.

([36]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

Áirítear leis sin orduithe gnóthaithe arna n-eisiúint ag Ballstáit do thairbhithe chaiteachas CERT, chomh maith le héagsúlacht sna meastacháin ioncaim fhabhraithe ó dheireadh na bliana roimhe sin go dtí deireadh na bliana reatha.

Léiríonn na méideanna atá sa tábla thuas an t-ioncam arna shaothrú le heisiúint orduithe gnóthaithe. Mar gheall air sin, ní féidir leis na figiúirí seo na bearta ar fad a dhéantar chun buiséad an Aontais a chosaint a léiriú, agus ní léiríonn siad sin, go háirithe i gcás an bheartais chomhtháthaithe nuair a bhíonn sásraí sonracha i bhfeidhm chun ceartú an chaiteachais neamh-incháilithe a áirithiú, nach mbaineann le heisiúint ordú gnóthaithe den chuid is mó. Cosnaítear buiséad an Aontais le haistarraingtí caiteachais agus aisghabhálacha réamh-mhaoiniúcháin chomh maith. Is aisghabhálacha atá nasctha le speansais arna dtarmligean chuig Ballstáit agus atá i bhformhór an iomláin:

Talmhaíocht: CERT agus forbairt tuaithe

Faoi chuimsiú CERT agus CETFT, is éard atá sna méideanna a thugtar mar ioncam na bliana faoin gceannteideal seo ceartúcháin airgeadais le haghaidh na bliana agus aisíocaíochtaí arna ndearbhú ag na Ballstáit agus arna n-aisghabháil le linn na bliana, chomh maith le glanmhéadú ar mhéideanna gan íoc atá le haisghabháil ag deireadh na bliana a bhaineann le calaois agus neamhréireachtaí atá dearbhaithe ag na Ballstáit.

An beartas comhtháthaithe

Na príomh-mhéideanna a bhaineann le beartas comhtháthaithe atá sna méideanna a measann an Coimisiún go n-aisghabhfaidh sé iad ó na Ballstáit. Déanfar an aisghabháil tar éis scrúdú agus ghlacadh na gcuntas bliantúil arna gcur isteach ag na Ballstáit go luath in 2026. Go bunúsach, léiríonn na méideanna atá le haisghabháil an difríocht idir méideanna a dearbhaíodh mar mhéideanna incháilithe le linn na bliana cuntasaíochta agus na méideanna a deimhníodh go raibh siad incháilithe i gcuntais bhliantúla na mBallstát. Ciallaíonn méid íseal gur chumasaigh na rialuithe a bhí i bhfeidhm ar leibhéal na mBallstát brath méideanna neamh-incháilithe go luath sa phróiseas.

3.7. AN COMHAONTÚ UM THARRAINGT SIAR IDIR AN tAONTAS EORPACH AGUS AN RÍOCHT AONTAITHE

Baineann an t-ioncam sin leis na glanmhéideanna atá dlite ón Ríocht Aontaithe faoin gComhaontú um Tharraingt Siar a síníodh tar éis di imeacht as an Aontas in 2020 (féach Nóta **2.6.1.2**), arna gcoigeartú gach bliain i gcomhréir le ceanglais an Chomhaontaithe. In 2025, ní raibh aon ioncam ann a d'eascair as Comhaontú um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe; ina ionad sin, aithníodh costas EUR 465 mhilliún.

3.8. IONCAM EILE Ó IDIRBHEARTA NEAMH-MHALAIRTE

EUR milliún

	2025	2024
Rannchuidithe ó na Ballstáit:		
An Ciste don Nuálaíocht	*2 614*	*2 297*
REPowerEU	*6 360*	*5 869*
Ciste Aeráide Sóisialta	*3 668*	-
Cabhair sheachtrach	*1 001*	*671*
InvestEU	*58*	*207*
Cánacha agus ranníocaíochtaí na foirne	*1 882*	*1 754*
Ranníocaíocht ó eintitis eile leis an gCoimisiún Eorpach	*3 293*	*524*
Ranníocaíocht ó CSTE, ó thríú tíortha agus ó thíortha aontachais	*4 874*	*4 527*
Aistriú sócmhainní	–	*307*
Coigeartuithe buiséadacha	*(5 811)*	*(6 169)*
Coigeartú na soláthairtí	*459*	*426*
Eile	*175*	*261*
Iomlán	**18 572**	**10 673**

Is ioncaim a bhaineann go príomha le díol liúntais astaíochtaí atá le húsáid chun tacú le nuálaíocht i dteicneolaíochtaí ísealcharbóin iad ranníocaíochtaí ó Bhallstáit leis an gCiste don Nuálaíocht. Baineann an méadú i gcomparáid le 2024 go príomha le méadú ar phraghas an charbóin. Baineadh úsáid freisin as an ioncam ceantála a gineadh faoi lamháltais astaíochtaí CTA chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit trí chaibidlí REPowerEU (EUR 6.4 billiún) agus chun an Ciste Aeráide Sóisialta a mhaoiniú, lena gcuirfear tacaíocht airgeadais ar fáil do na Ballstáit le haghaidh na mbeart agus na n-infheistíochtaí a áirítear ina bPleananna Aeráide Sóisialta don tréimhse 2026-2032 (EUR 3.7 billiún). Áirítear go príomha sna ranníocaíochtaí ó na Ballstáit le haghaidh cabhair sheachtrach na ranníocaíochtaí ráta úis le haghaidh iasachtaí MFA+ don Úcráin (EUR 0,6 billiún).

Baineann cánacha agus ranníocaíochtaí leis na hasbhaintí ó thuarastail na foirne go príomha. Is ionann ranníocaíochtaí scoir agus cáin ioncaim agus na méideanna substaintiúla laistigh den chatagóir seo.

EUR 1.5 billiún atá sna ranníocaíochtaí ó thíortha CSTE agus áirítear go príomha i ranníocaíochtaí ó thríú tíortha agus ó thíortha aontachais ranníocaíochtaí airgeadais le Fís Eorpach (EUR 2.8 milliún).

Tá an coigeartú buiséadach nasctha go príomha leis na coigeartuithe ar na hacmhainní dílse bunaithe ar CBL agus OIN ó bhlianta airgeadais roimhe sin. Leis an oibríocht sin, athdháileann an Coimisiún iarmhéideanna iomlána CBL agus OIN, bíodh siad deimhneach nó diúltach, ar na Ballstáit i gcomhréir lena n-eochair OIN. Baineann an méadú beag den chuid is mó le barrachas buiséid níos airde ón mbliain roimhe sin a fritháireamh go páirteach le méideanna níos airde atá le hathdháileadh le haghaidh OIN, CBL agus acmhainní dílse plaisteacha.

IONCAM Ó INFHÁLTAIS MHALAIRTE

3.9. IONCAM AIRGEADAIS

EUR milliún

	2025	2024
Ús ar:		
Iasachtaí	*5 720*	*4 129*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*1 823*	*1 726*
Íocaíochtaí déanacha	*237*	*224*
Iasachtaí	*217*	*228*
Eile	*39*	*38*
Ioncam ó Chonarthaí Ráthaíochta Airgeadais	*1 245*	*971*
Gnóthachain ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ag sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas:		
Neamhdhíorthaigh	*1 357*	*1 490*
Díorthaigh	*772*	*165*
Gnóthachan dí-aitheanta ó iasachtaí	*24*	*–*
Díbhinní	*9*	*31*
Eile	*202*	*4*
Iomlán	**11 646**	**9 005**

Eascraíonn ioncam úis ar íocaíochtaí déanacha as fíneálacha agus ranníocaíochtaí acmhainní dílse atá dlite agus nach n-íoctar in am go príomha.

Tá méadú tagtha ar na húis ar iasachtaí go príomha mar gheall ar iasachtaí nua faoi STA/REPowerEU, cúnamh macrairgeadais agus an tSaoráid don Úcráin. I gcás STA/REPower, EUR 3.1 billiún a bhí sna húis in 2025 i gcomparáid le EUR 2.0 billiún sa bhliain roimhe sin. Bhí eisíocaíochtaí nua ann in 2025 agus thuill eisíocaíochtaí an dara leath de 2024 ús bliana iomláine in 2025. I gcás cúnamh macrairgeadais, EUR 1.1 billiún a bhí sna húis i gcomparáid le EUR 0.8 billiún in 2024. Tagann an méadú go príomha ó eisíocaíochtaí Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin in 2024. I gcás Shaoráid na hÚcráine, ba é EUR 0.5 billiún an t-ús, i gcomparáid le EUR 0.2 billiún in 2024, i gcás nár cuireadh tús le heisíocaíochtaí go dtí an dara seimeastar.

Is éard atá in ioncam úis ó airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim den chuid is mó EUR 1.6 billiún d'ús ar na sealúchais leachtachta don chistiú aontaithe (socrúcháin ar chuntas bainc atá i seilbh BCE, taiscí gearrthéarmacha agus idirbhearta athcheannaigh droim ar ais) - féach Nóta **2.8.2**.

Baineann ioncam úis ó iasachtaíocht go príomha le SURE agus eascraíonn sé as na rátaí úis éifeachtacha diúltacha le haghaidh eisiúintí áirithe roimhe seo.

Baineann ioncam ó chonarthaí ráthaíochta airgeadais le hamúchadh na ndliteanas ráthaíochta airgeadais go príomha. Is féidir é a léirmhíniú mar scaoileadh an Aontais ó aon dliteanas ráthaíochta don tréimhse ina raibh an tAontas réidh le sealbhóirí na ráthaíochtaí a chúiteamh as a gcaillteanais chreidiúintí. Dá réir sin, léiríonn an tsainaithint ioncaim le haghaidh ráthaíochtaí airgeadais imeacht ama agus an toirt ráthaithe. Tá feidhm ag na hamúchtaí maidir leis an dá chineál ráthaíochta, iad siúd a bhfaightear luach saothair ina leith agus iad siúd nach ngearrann an tAontas aon luach saothair ina leith, nó a ngearrann sé luach saothair ainmniúil ina leith (féach Nóta **2.11.2**). As na ráthaíochtaí a íoctar, is é an ráthaíocht CEIS is suntasaí a sholáthraítear do BEI le haghaidh phunann fiachais an Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta agus a chomhcheanglaítear le punanna fiachais InvestEU (féach Nóta **4.1.1**). In 2025, EUR 202 mhilliún a bhí san ioncam arna shaothrú ag ráthaíocht CEIS i ndáil leis na punanna fiachais comhcheangailte sin.

Déantar an t-ioncam EUR 1 245 mhilliún a bhaineann le conarthaí ráthaíochta airgeadais a fhritháireamh le caillteanais lagaithe le haghaidh dliteanais ráthaíochta airgeadais arb ionann iad agus EUR 1 199 milliún a bhaineann leis an méid seo a leanas: glaonna ráthaíochta glan ó aisghabhálacha EUR 683 mhilliún agus caillteanais lagaithe neamhréadaithe EUR 516 mhilliún (féach Nótaí **3.15** agus **6.6**). Ina theannta sin, tá cláir ráthaíochta airgeadais fóirdheonaithe ag an Aontas le haghaidh EUR 1 942 mhilliún trí phréimheanna ráthaíochta ráta margaidh ar bith nó faoina mbun a ghearradh (féach Nóta **3.15**). San iomlán, is ionann an glantoradh ó chláir ráthaíochta airgeadais agus easnamh EUR 1 896 mhilliún.

Tagraíonn an gnóthachan ó shócmhainní airgeadais neamhdhíorthacha ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas go príomha don Chiste don Soláthar Coiteann (EUR 0.8 billiún) agus don Chiste don Nuálaíocht (EUR 0.3 billiún). Bhí tionchar dearfach ag na ciorruithe ar an ráta úis ar luach cóir na n-urrús.

Baineann an gnóthachan dí-aitheanta ar iasachtaí le haisíoc luath iasachta EFSM EUR 1.8 billiún ag an bPortaingéil ar mhargadhluach an bhanna fholuitigh - féach Nóta **2.4.1.1**.

3.10. IONCAM EILE Ó IDIRBHEARTA MALAIRTE

EUR milliún

	2025	2024
Ioncam ó tháillí le haghaidh soláthar seirbhísí (gníomhaireachtaí)	*927*	*855*
Gnóthachain malairte eachtraí	*490*	*325*
Díol earraí	*64*	*58*
Sciar de ghlantoradh CEI	*69*	*83*
Ioncam a bhaineann le sócmhainní seasta	*230*	*907*
Eile	*720*	*364*
Iomlán	**2 500**	**2 592**

Áirítear le hioncam ó tháillí le haghaidh soláthar seirbhísí táillí údaraithe margaíochta arna ngearradh ag an nGníomhaireacht Leigheasra Eorpach agus táillí trádmharcanna arna mbailiú ag Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh.

SPEANSAIS

3.11. TARMLIGTHE CHUIG NA BALLSTÁIT

EUR milliún

	2025	2024
An Ciste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta	*40 914*	*40 267*
An Ciste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe agus ionstraimí forbartha tuaithe eile	*17 017*	*14 779*
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa agus an Ciste Comhtháthaithe	*31 032*	*28 833*

EUR milliún

	2025	2024
Ciste Sóisialta na hEorpa	*17 308*	*18 037*
Eile	*4 514*	*3 854*
Iomlán	**110 784**	**105 770**

Baineann an méadú leis an mbeartas comhtháthaithe (CFRE, CC) ina mbaineann beagnach gach costas (EUR 28.1 billiún) le clárthréimhse 2021-2027, agus ina leanann gníomhaíochtaí de bheith ag dul chun cinn. Tá méadú tagtha freisin ar an gcaiteachas a dearbhaíodh faoi phleananna straitéiseacha CBT, a leanann dá ndul chun cinn.

Baineann costais eile go príomha leis an gCiste um Aistriú Cóir (EUR 1.4 billiún), leis an gCiste Eorpach Muirí agus Iascaigh (EUR 0.8 billiún), le Tearmann agus Imirce (EUR 0.6 billiún), chomh maith le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (EUR 0.8 billiún).

3.12. AISTRITHE LENA nÁIRÍTEAR DEONTAIS AGUS TACAÍOCHT BHUISÉADACH

EUR milliún

	2025	2024
An tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta	*46 815*	*65 787*
Eile	*32 025*	*32 992*
Iomlán	**78 841**	**98 779**

D'ainneoin an laghdaithe shuntasaigh ar speansais STA, leanann cur chun feidhme na ngarspriocanna agus na spriocanna de bheith ag dul chun cinn.

Baineann an chuid eile de na costais a bhaineann le haistrithe le cur chun feidhme an Bheartais Taighde (EUR 10 mbilliún) agus Gníomhaíochtaí Seachtracha, lena n-áirítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta agus a réamhtheachtaithe (EUR 3.1 billiún), chomh maith leis na hoibríochtaí cabhrach daonnúla (EUR 1.1 billiún). Baineann EUR 4.6 billiún breise leis an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, an ciste bonneagair choiteann chun líonraí cliste a chur in úsáid i réimse an iompair, an fhuinnimh agus na teileachumarsáide.

3.13. COMHAONTUITHE RANNÍOCAÍOCHTA

EUR milliún

	2025	2024
Ranníocaíochtaí	*13 200*	*16 820*
Iomlán	**13 200**	**16 820**

Baineann speansais a bhaineann le comhaontuithe ranníocaíochta go príomha leis an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar agus a réamhtheachtaithe (EUR 4.5 billiún), leis na cláir spáis (EUR 3.2 billiún), le Erasmus+ (EUR 2.9 billiún) agus leis an mBeartas Taighde (EUR 1.9 billiún).

3.14. COSTAIS FOIRNE AGUS PINSIN

EUR milliún

	2025	2024
Costais foirne	*9 679*	*9 070*
Costais pinsin	*6 275*	*5 896*
Iomlán	**15 954**	**14 966**

Léiríonn costais phinsin gnéithe de na gluaiseachtaí a tháinig chun cinn tar éis luacháil achtúireach na ndliteanas sochar fostaithe seachas iad siúd a aithnítear i nglansócmhainní. Dá bhrí sin, ní hiad íocaíochtaí pinsin iarbhír na bliana, atá i bhfad níos ísle ag EUR 2.8 billiún.

3.15. **COSTAIS AIRGEADAIS**

EUR milliún

	2025	2024
Speansais úis:		
Iasachtaí	*14 037*	*9 780*
Iasachtaí	*148*	*159*
Léasanna airgeadais	*26*	*31*
Eile	*42*	*32*
Conarthaí Ráthaíochta Airgeadais - luach saothair fóirdheonaithe	*1 942*	*1 156*
Glan-chaillteanais lagaithe an:		
Conarthaí ráthaíochta airgeadais	*1 199*	*474*
Iasachtaí, gealltanais iasachta agus suimeanna infhaighte	*8 066*	*14 134*
Caillteanas ar shócmhainní nó dliteanais airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas:		
Neamhdhíorthaigh	*170*	*153*
Díorthaigh	*153*	*252*
Caillteanas modhnaithe	*1 131*	*763*
Caillteanas dí-aitheanta ar iasachtaí	*94*	–
Costais chistiúcháin faoi ráthaíocht	*119*	*151*
Eile	*28*	*140*
Iomlán	**27 156**	**27 226**

Eascraíonn an méadú EUR 4.3 billiún ar na speansais iasachtaíochta as na gníomhaíochtaí cistiúcháin aontaithe, arbh é EUR 12.7 billiún an t-ús ina leith i gcomparáid le EUR 8.4 billiún sa bhliain roimhe sin. Is iad na cúiseanna leis sin iasachtaí nua in 2025 agus toisc go raibh ús bliana iomláine in 2025 ag baint le heisiúintí an dara seimeastar in 2024.

Maidir leis an speansas úis ar iasachtaí is toradh é ar idirbhearta SURE áirithe, i gcás inar tugadh ar iasacht 'droim le droim' do na Ballstáit cistí a fuarthas ar iasacht tráth na rátaí úis diúltacha, agus na téarmaí agus na coinníollacha céanna ag gabháil leo.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le speansais a bhaineann le conarthaí ráthaíochtaí airgeadais, féach Nóta **3.9**.

Baineann na glanchaillteanais lagaithe ar iasachtaí, ar ghealltanais iasachta agus ar infháltais go príomha leis an gCaillteanas Creidmheasa Ionchasach maidir leis an tSaoráid don Úcráin agus le hiasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin a eisíocadh in 2025. Féach Nótaí **2.4.1.1** agus **6.6**.

Baineann caillteanas an mhodhnaithe leis an bhfóirdheontas úis a deonaíodh don Úcráin le haghaidh iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais+, Cúnamh Macrairgeadais eisceachtúil agus na Saoráide don Úcráin - féach Nóta **2.4.1.1.**

Baineann an caillteanas dí-aitheanta ar iasachtaí le haisíoc luath iasachta EFSM EUR 0,7 billiún ag an bPortaingéil ag margadhluach an bhanna fholuitigh - féach Nóta **2.4.1.1**.

Na costais chistiúcháin a ráthaítear, is costais iad a íocann na comhpháirtithe cur chun feidhme chun infheistíochtaí cothromais arna ráthú ag an Aontas a chistiú. Bunaithe ar na comhaontuithe ráthaíochta, ráthaíonn an tAontas na costais sin, mar aon leis na hinfheistíochtaí cothromais gaolmhara.

3.16. **COSTAIS SOLÁTHAIR, RIARACHÁIN AGUS EILE**

EUR milliún

	2025	2024
Costais riaracháin, TF agus eile	*6 687*	*3 956*
Costais a bhaineann le sócmhainní seasta agus Costais bainistíochta talún agus foirgneamh	*2 164*	*2 662*
Caillteanais malairte eachtraí	*621*	*282*
Speansais léasa oibriúcháin	*589*	*560*
Coigeartú na soláthairtí	*458*	*415*
Laghdú ar fhíneálacha le cinneadh ón gCúirt	*214*	*1 123*
Iomlán	**10 733**	**8 997**

Áirítear go príomha le speansais riaracháin, TF agus eile speansais chomhairliúcháin (EUR 1,5 billiún), speansais a bhaineann le TF (EUR 1,3 billiún) agus costais oibriúcháin éagsúla (EUR 2,3 billiún), mar shampla soláthairtí oifige, imeachtaí, comhdhálacha agus speansais chumarsáide.

Léirítear sa líne 'Fíneálacha a laghdú le cinneadh ón gCúirt' méid níos ísle in 2025 i gcomparáid le 2024 toisc gur cuireadh fíneálacha ar mhéideanna réasúnta níos lú ar ceal in 2025 i gcomparáid le 2024 (i gcás inar díscríobhadh fíneáil EUR 432 mhilliún toisc gur tharraing an Coimisiún siar an cinneadh fíneála a forchuireadh ar Illumina/Grail in imeacht cumaisc, agus go ndearnadh fíneáil EUR 684 mhilliún a forchuireadh in 2009 ar Intel a dhíscríobh go páirteach mar thoradh ar chinneadh ón gCúirt Bhreithiúnais a eisíodh i mí Dheireadh Fómhair 2024).

Is mar seo a leanas atá an méid comhiomlán de chaiteachas taighde agus forbartha a aithnítear mar speansas le linn 2025:

EUR milliún

	2025	2024
Costais taighde	*468*	*479*
Costais forbartha neamhchaipitlithe	*127*	*119*
Iomlán	**594**	**598**

3.17. **TUAIRISCIÚ DEIGHLEOIGE DE RÉIR PRÍOMHRÉIMSÍ CAITEACHAIS**

EUR milliún

	Cistí Talmhaíochta	Comhtháthú agus Cistí Struchtúrtha eile	STA agus gníomhaíochtaí airgeadais	Taighde agus Nuálaíocht	Gníomhaíocht sheachtrach	An tAistriú Glas agus an tSláinte Phoiblí	Beartais eile [1]	Iomlán CE	Institiúidí agus Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais	Iomlán AE
Acmhainní OIN	–	–	–	–	–	–	*106 342*	*106 342*	–	*106 342*
Acmhainní dílse traidisiúnta	–	–	–	–	–	–	*23 436*	*23 436*	–	*23 436*
CBL	–	–	–	–	–	–	*25 728*	*25 728*	–	*25 728*
Acmhainní dílse plaisteacha	–	–	–	–	–	–	*7 524*	*7 524*	–	*7 524*
Fíneálacha	–	–	–	*358*	–	*101*	*4 912*	*5 370*	–	*5 370*
Aisghabháil speansas	*948*	*348*	–	*21*	*12*	*0*	*37*	*1 365*	*10*	*1 376*
An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe	–	–	–	–	–	–	–	–	–	–
Eile	*319*	*3 792*	*6 360*	*3 884*	*593*	*2 952*	*(4 590)*	*13 310*	*5 262*	*18 572*
Ioncam Neamh-Mhalairte	**1 268**	**4 139**	**6 360**	**4 262**	**605**	**3 053**	**163 389**	**183 077**	**5 272**	**188 348**
Ioncam airgeadais	*0*	*1*	*16 506*	*1 844*	*(258)*	*340*	*(6 856)*	*11 579*	*68*	*11 646*
Eile	*(5)*	*(4)*	*142*	*344*	*183*	*(40)*	*823*	*1 443*	*1 057*	*2 500*
Ioncam Malairte	**(5)**	**(3)**	**16 649**	**2 188**	**(74)**	**300**	**(6 033)**	**13 021**	**1 125**	**14 146**
Ioncam iomlán	**1 263**	**4 136**	**23 009**	**6 450**	**531**	**3 353**	**157 355**	**196 098**	**6 397**	**202 495**
Speansais arna dtarmligean chuig na Ballstáit										
CERT	*(40 914)*	–	–	–	–	–	–	*(40 914)*	–	*(40 914)*
CETFT agus eile	*(17 017)*	–	–	–	–	–	–	*(17 017)*	–	*(17 017)*
CFRE agus an Ciste Comhtháthaithe	–	*(31 032)*	–	–	–	–	–	*(31 032)*	–	*(31 032)*
CSE	–	*(17 308)*	–	–	–	–	–	*(17 308)*	–	*(17 308)*
Eile	–	*(3 081)*	–	–	–	–	*(1 432)*	*(4 514)*	–	*(4 514)*

EUR milliún

	Cistí Talmhaíochta	Comhtháthú agus Cistí Struchtúrtha eile	STA agus gníomhaíochtaí airgeadais	Taighde agus Nuálaíocht	Gníomhaíocht sheachtrach	An tAistriú Glas agus an tSláinte Phoiblí	Beartais eile [1]	Iomlán CE	Institiúidí agus Gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais	Iomlán AE
Aistrithe lena n-áirítear deontais agus tacaíocht bhuiséadach							–	–	–	
STA	–	–	*(46 815)*	–	–	–	–	*(46 815)*	–	*(46 815)*
Eile	*(38)*	*(203)*	*(1 489)*	*(18 938)*	*(5 901)*	*(104)*	*(1 615)*	*(28 289)*	*(3 737)*	*(32 025)*
Comhaontuithe ranníocaíochta, lena n-áirítear comhlachtaí an Aontais	*(124)*	*(546)*	*197*	*(5 159)*	*(7 190)*	*(526)*	*(5 988)*	*(19 337)*	*6 137*	*(13 200)*
Costais foirne agus phinsin	*3*	*1*	–	*(3)*	*(0)*	*1*	*(10 695)*	*(10 694)*	*(5 260)*	*(15 954)*
Costais airgeadais	*(7)*	*0*	*(22 718)*	*(1 658)*	*(1 943)*	*(1)*	*(773)*	*(27 100)*	*(56)*	*(27 156)*
An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe	–	–	–	–	–	–	*(465)*	*(465)*	–	*(465)*
Soláthar, riaracháin agus speansais eile	*(54)*	*(141)*	*(62)*	*(2 260)*	*(1 027)*	*(316)*	*(3 563)*	*(7 423)*	*(3 310)*	*(10 733)*
Speansais iomlána	**(58 152)**	**(52 311)**	**(70 888)**	**(28 018)**	**(16 062)**	**(946)**	**(24 531)**	**(250 907)**	**(6 226)**	**(257 134)**
Toradh eacnamaíoch na bliana	**(56 889)**	**(48 174)**	**(47 879)**	**(21 568)**	**(15 531)**	**2 407**	**132 825**	**(54 810)**	**171**	**(54 639)**

[1] *Áirítear go príomha le hioncam a chuirtear i láthair faoi 'Beartais eile' ioncam ó acmhainní dílse an Aontais a thagann faoi phrionsabal na huilíochta agus a úsáidtear gan idirdhealú chun an caiteachas uile a iontráiltear i mbuiséad bliantúil an Aontais a mhaoiniú.*

ELI: http://data.europa.eu/eli/communic/C/2026/4821/oj

3.18. **ATHAICMIÚ FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA SA RÁITEAS AR FHEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS**

Ó chuntais bhliantúla 2025, cuirtear na príomhspeansais sa Ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais i láthair i struchtúr nua, i struchtúr ina ndírítear ar an gcineál ionstraime seachas ar an gcineál cur chun feidhme buiséid (Bainistíocht Chomhroinnte, Bainistíocht Dhíreach, Bainistíocht Indíreach). Mar a cheanglaítear le rialacha cuntasaíochta an Aontais, rinneadh figiúirí comparáideacha 2024 a athaicmiú dá réir sin. Léirítear tionchar an athaicmithe thíos:

EUR milliún

	Curtha chun feidhme ag									
	Bainistíocht Chomhroinnte	Bainistíocht Dhíreach	Bainistíocht Indíreach							
	Na Ballstáit	An Coimisiún, gníomhaireachtaí feidhmiúcháin agus cistí iontaobhais	Gníomhaireachtaí agus comhlachtaí eile den Aontas	Tríú tíortha agus eagraíochtaí idirnáisiúnta	Eintitis eile	Costais foirne agus phinsin	Costais airgeadais	Comhaontú um Tharraingt Siar na Ríochta Aontaithe	Speansais eile	**Speansais Iomlána 2024 (athaicmithe)**
Tarmligthe chuig na Ballstáit	*(105 770)*									*(105 770)*
Aistrithe lena n-áirítear deontais agus tacaíocht bhuiséadach										
STA		*(65 787)*								*(65 787)*
Eile		*(32 992)*								*(32 992)*
Comhaontuithe ranníocaíochta lena n-áirítear comhlachtaí an Aontais		*(194)*	*(4 388)*	*(6 639)*	*(5 599)*					*(16 820)*
Costais foirne agus phinsin						*(14 966)*				*(14 966)*
Costais airgeadais							*(27 226)*			*(27 226)*
An Comhaontú um Tharraingt Siar idir an tAontas Eorpach agus an Ríocht Aontaithe								*(315)*		*(315)*
Speanais soláthair, riaracháin agus eile		*2*							*(8 999)*	*(8 997)*
Speansais iomlána	**(105 770)**	**(98 971)**	**(4 388)**	**(6 639)**	**(5 599)**	**(14 966)**	**(27 226)**	**(315)**	**(8 999)**	**(272 873)**

4. DLITEANAIS AGUS SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA

Is oibleagáidí íocaíochtaí todhchaí féideartha don Aontas iad dliteanais theagmhasacha agus féadfaidh siad eascairt as teagmhais a tharla roimhe seo nó gealltanais atá ceangailteach ó thaobh dlí de a rinneadh ach a bhraithfidh ar theagmhais sa todhchaí nach bhfuil faoi smacht iomlán an Aontais. Baineann siad go príomha le ráthaíochtaí a tugadh agus le rioscaí dlí. **Gach dliteanas teagmhasach, seachas na cinn siúd a bhaineann le fíneálacha, ráthaíochtaí agus ionstraimí airgeadais suas go dtí an leibhéal a chumhdaítear le cistí (féach Nóta 2.4.2.1), maoineofaí iad, dá mbeidís dlite, le buiséad an Aontais (agus le Ballstáit an Aontais dá réir sin) sna blianta amach romhainn.**

4.1. Ráthaíochtaí arna dtabhairt ag buiséad an Aontais

4.1.1. *Ráthaíochtaí a thugtar faoi chláir ráthaíochta buiséadaí an Aontais (ainmniúil)*

EUR milliún

	31.12.2025			
	Ráthaíochtaí arna dtabhairt			Sócmhainní arna soláthar [1]
	Uasteorainn	Sínithe	Eisíoctha	
Ráthaíochtaí Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI	*20 880*	*20 880*	*16 826*	*3 529*
Ráthaíocht CEIS	*25 119*	*21 449*	*19 982*	*9 234*
Ráthaíocht CEFI	*583*	*573*	*451*	*809*
Ráthaíocht InvestEU	*28 469*	*15 519*	*6 010*	*8 912*
Ráthaíocht do ghníomhaíochtaí seachtracha ICFCI	*33 965*	*16 461*	*2 949*	*3 583*
An Ráthaíocht don Úcráin	*3 540*	*2 699*	*1 181*	*614*
Iomlán	**112 556**	**77 580**	**47 399**	**26 681**

([1]) Leis an EUR 3.5 billiún de shócmhainní a sholáthraítear le haghaidh ráthaíochtaí Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI, cumhdaítear freisin iasachtaí agus iasachtaí gaolmhara faoi chúnamh macrairgeadais leagáide agus Euratom (féach Nóta 2.4.1.1).

EUR milliún

	31.12.2024			
	Ráthaíochtaí arna dtabhairt			Sócmhainní arna soláthar [1]
	Uasteorainn	Sínithe	Eisíoctha	
Ráthaíochtaí Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI	*25 772*	*25 772*	*19 184*	*3 400*
Ráthaíocht CEIS	*25 373*	*22 998*	*21 033*	*8 941*
Ráthaíocht CEFI	*759*	*667*	*521*	*785*
Ráthaíocht InvestEU	*27 042*	*11 769*	*3 468*	*6 802*
Ráthaíocht do ghníomhaíochtaí seachtracha ICFCI	*30 173*	*11 228*	*1 341*	*2 943*
An Ráthaíocht don Úcráin	*790*	*172*	*132*	*202*
Iomlán	**109 909**	**72 606**	**45 678**	**23 073**

([1]) Leis an EUR 3.4 billiún de shócmhainní a sholáthraítear le haghaidh ráthaíochtaí Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI, cumhdaítear freisin iasachtaí agus iasachtaí gaolmhara faoi Chúnamh Macrairgeadais leagáide agus Euratom (féach Nóta 2.4.1.1).

Taispeántar sna táblaí thuas a mhéad atá buiséad an Aontais neamhchosanta ar íocaíochtaí féideartha sa todhchaí atá nasctha le ráthaíochtaí arna dtabhairt don ghrúpa BEI nó d'institiúidí airgeadais eile. Léiríonn méideanna eisíoctha na méideanna atá tugtha do thairbhithe críochnaitheacha cheana féin agus áirítear ar mhéideanna sínithe an t-airgead eisíoctha sin móide comhaontuithe le tairbhithe nó idirghabhálaithe airgeadais a síníodh cheana ach nach raibh eisíoctha go fóill ag deireadh na bliana (EUR 30,2 billiún). Léiríonn an uasteorainn an ráthaíocht iomlán a gheall buiséad an Aontais, agus a Bhallstáit dá réir sin, go gcumhdóidh siad, ós rud é nach mór oibríochtaí atá údaraithe lena síniú ach nach bhfuil sínithe go fóill (EUR 35,0 billiún) a chur san áireamh chun an neamhchosaint uasta a bheidh roimh an Aontas an 31 Nollaig 2025 a nochtadh.

Tacaítear le cláir ráthaíochta buiséadaí le soláthairtí a charntar de réir a chéile ón mbuiséad agus a choimeádtar sa Chiste don Soláthar Coiteann mar mhaolán leachtachta chun glaonna ráthaíochta amach anseo a chumhdach (féach Nóta **2.4.2.1**). Féach Nóta **6.2** maidir leis na bearta a cuireadh i bhfeidhm chun a áirithiú gur leor an soláthar chun na glaonna ráthaíochta a chumhdach sa mheántéarma. Aon chaillteanas a thabhaítear faoi na cláir ráthaíochta buiséadaí, os cionn an tsoláthair a chuirtear ar leataobh, ba ghá in aon chás é a chumhdach le buiséid amach anseo. Maidir le hurrann na mBallstát den chlár InvestEU, faigheann an tAontas frithráthaíochtaí freisin ó na Ballstáit agus ó thíortha LEE (féach thíos).

Ráthaíochtaí Sainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh BEI

Ráthaíonn buiséad an Aontais iasachtaí arna síniú agus arna ndeonú ag BEI ó acmhainní dílse BEI le tríú tíortha. An 31 Nollaig 2025, EUR 16 826 mhilliún a bhí i méid na n-iasachtaí gan aisíoc a bhí cumhdaithe ag ráthaíocht an Aontais. Ráthaíonn buiséad an Aontais:

— EUR 16 680 milliún trí urrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha den Chiste don Soláthar Coiteann; agus

— EUR 146 mhilliún díreach le haghaidh iasachtaí arna ndeonú do Bhallstáit roimh aontachas.

Áirítear sna ráthaíochtaí a tugadh an 31 Nollaig 2025 EUR 0.7 billiún d'iasachtaí sínithe ach neamh-eisíoctha a bhfuil eisíocaíochtaí amach anseo ag brath ar fhormheas an Aontais ina leith (EUR 2.1 billiún in 2024). Is é is cúis leis an laghdú ó 2024 i leith, i bpáirt, aistriú oibríochtaí áirithe ón Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh chuig Ráthaíocht na hÚcráine.

Tá ráthaíocht shainordú iasachtaithe sheachtraigh an Aontais a bhaineann le hiasachtaí arna ndeonú ag BEI teoranta do 65 % de na hiarmhéideanna gan íoc le haghaidh comhaontuithe a síníodh tar éis 2007 (sainorduithe 2007-2013 agus 2014-2021). Maidir le comhaontuithe a rinneadh roimh 2007, tá ráthaíocht an Aontais teoranta do chéatadán d'uasteorainn na línte creidmheasa a údaraítear, 65 % i bhformhór na gcásanna, ach d'fhéadfadh 70 %, 75 % nó 100 % a bheith i gceist freisin. I gcás nach sroichtear an uasteorainn, cumhdaíonn ráthaíocht an Aontais an méid iomlán.

Le Cinneadh (AE) 2018/412 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]), bunaíodh sainordú iasachtaithe ón earnáil phríobháideach le haghaidh tionscadail atá dírithe ar athléimneacht eacnamaíoch fhadtéarmach dídeanaithe, imirceach, pobal óstach agus pobal idirthurais faoi Thionscnamh Athléimneachta BEI. Íoctar le buiséad an Aontais as an riosca a thógtar i ndáil le ráthaíochtaí a dheonaítear le haghaidh oibríochtaí maoinithe BEI faoi Shainordú Príobháideach Thionscnamh Athléimneachta BEI, a mhíníonn an phréimh infhaighte le haghaidh ráthaíocht Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI, ar ráthaíocht nach n-íoctar luach saothair ina leith seachas sin (féach Nóta **2.11.2**).

Ba é Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh 2014-2020, a chuaigh in éag in 2021, an sainordú deireanach faoin gCiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha. Tá an sainordú nua BEI cumhdaithe ag an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha arna cur ar bun ag Rialachán ICFCI.

Déantar íocaíochtaí ráthaíocht an Aontais ó urrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha den Chiste don Soláthar Coiteann. Le linn 2025, sháraigh na haisghabhálacha a fuarthas na glaonna ráthaíochta faoi EUR 0.3 milliún (2024: D'íoc an tAontas Eorpach glaonna ráthaíochta EUR 11 mhilliún glan ó aisghabhálacha).

Ráthaíocht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS)

Is tionscnamh é CEIS a bhfuil sé mar aidhm aige acmhainn rioscúil Ghrúpa BEI a mhéadú trí bhíthin BEI a chumasú a infheistíochtaí san Aontas a leathnú. Is é is cuspóir do CEIS tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí breise san Aontas agus rochtain ar airgeadas do chuideachtaí beaga. Soláthraíonn buiséad an Aontais ráthaíocht de suas le EUR 26 bhilliún ('ráthaíocht CEIS agus an Aontais') faoi chomhaontú idir an tAontas agus BEI, dá ngairtear 'Comhaontú CEIS' anseo feasta, chun BEI a chosaint ar chaillteanais fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith acu de bharr a oibríochtaí airgeadais agus infheistíochta.

([37]) Cinneadh (AE) 2018/412 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Márta 2018 lena leasaítear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE lena dtugtar ráthaíocht ó AE don Bhanc Eorpach Infheistíochta in aghaidh caillteanas de thoradh oibríochtaí um maoiniú a thacaíonn le tionscadail infheistíochta lasmuigh den Aontas (IO L 76, 19.3.2018, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2018/412/oj).

Déantar oibríochtaí CEIS laistigh de dhá ionú: an tIonú Bonneagair agus Nuálaíochta arna chur chun feidhme ag BEI (ráthaíocht CEIS agus an Aontais de EUR 19 250 milliún) agus Tairseach FBM arna cur chun feidhme ag CEI (ráthaíocht CEIS agus an Aontais de EUR 6 750 milliún), a bhfuil punann fiachais agus punann gnáthscaireanna acu araon. Gníomhaíonn CEI faoi chomhaontú le BEI ar bhonn ráthaíocht BEI, a fhrithráthaítear faoi Ráthaíocht CEIS agus an Aontais faoi Chomhaontú CEIS. Chun éifeachtúlacht Ráthaíocht an Aontais a fheabhsú agus chun a hacmhainn rioscúil a mhéadú, tháinig dhá phunann fiachais CEIS i bhfeidhm in 2022. Déantar aon ghlao ráthaíochta, aisghabhálacha agus ioncaim a leithdháileadh idir CEIS agus Ráthaíocht InvestEU bunaithe ar leithdháiltí ráthaithe éifeachtacha.

Tá róil faoi leith ag an Aontas agus BEI laistigh de CEIS. Tá CEIS bunaithe laistigh de BEI, a mhaoiníonn na hoibríochtaí (fiachas agus infheistíochtaí cothromais), agus a fhaigheann na cistí a bhfuil gá leo ar mhargaí caipitil ar iasacht chun é sin a dhéanamh. Déanann Grúpa BEI na cinntí infheistíochtaí go neamhspleách agus bainistíonn sé oibríochtaí i gcomhréir lena rialacha agus a nósanna imeachta. Soláthraíonn an tAontas an ráthaíocht le haghaidh na n-oibríochtaí sin, agus cumhdaíonn sé na caillteanais a thabhaíonn BEI suas le huasteorainn na ráthaíochta seo.

Toisc nach gcomhlíontar na critéir rialála agus na ceanglais chuntasaíochta le haghaidh comhdhlúthúcháin faoi rialacha cuntasaíochta an Aontais (agus IPSAS), ní chuirtear na sócmhainní ráthaithe ábhartha san áireamh i gcuntais bhliantúla chomhdhlúthaithe an Aontais.

Coinneofar cuntas ar ráthaíocht an Aontais a dheonaítear do Ghrúpa BEI faoi CEIS mar dhliteanas ráthaíochta airgeadais i leith phunann fiachais an Ionú Bonneagair agus Nuálaíochta agus phunann fiachais Thairseach FBM (féach Nóta **2.11.2**) agus mar dhíorthach (sócmhainn airgeadais nó dliteanas airgeadais ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh) i gcás an dá phunann gnáthscaireanna (féach Nóta **2.4.2.2**). Leis an ráthaíocht ó CEIS a thugtar cuimsítear oibríochtaí chláir COSME, H2020, CCS GF agus EaSI don chuid a chumhdaítear le ráthaíocht CEIS agus an Aontais faoi phunann fiachais Thairseach FBM.

Le linn 2025, íocadh EUR 296 mhilliún de ghlanghlaonna ráthaíochta amach ó urrann Chiste Ráthaíochta CEIS den Chiste don Soláthar Coiteann, lena n-áirítear roinnt glaonna ráthaíochta a tabhaíodh sna blianta roimhe sin ach a cumhdaíodh go sealadach le hioncaim an Aontais a bhí i seilbh chuntas socraíochta CEIS ag BEI (2024: EUR 151 mhilliún).

An Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI)

Is tionscnamh é an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe, arna bhunú le Rialachán CEFI ([38]), a bhfuil sé mar aidhm aige tacaíocht a thabhairt d'infheistíochtaí san Afraic agus i gComharsanacht na hEorpa mar bhealach chun cur le baint amach na forbartha inbhuanaithe agus chun aghaidh a thabhairt ar na bunchúiseanna socheacnamaíocha sonracha a bhaineann leis an imirce. Faoi Rialachán CEFI, údaraíodh an tAontas chun ráthaíochtaí de EUR 1,5 billiún a chur ar fáil (arna méadú a thuilleadh le ranníocaíochtaí seachtracha) do chomhpháirtithe cur chun feidhme le haghaidh a n-oibríochtaí infheistíochta agus maoinithe, chun a rioscaí infheistíochta a laghdú. Tacaíonn an Ciste don Soláthar Coiteann le Ráthaíocht CEFI - féach Nóta **2.4.2.1.**

Maidir le ceann de chomhaontuithe ráthaíochta CEFI (i gcás ina ráthaíonn an tAontas leordhóthanacht chaipitil ciste fálaithe airgeadra ar mhéid EUR 145 mhilliún), i gcás glao ráthaíochta, tá ceart aisíocaíochta ag an Aontas chun scaireanna den chiste ar fiú an méid a íocadh iad a fháil.

Ráthaíocht do ghníomhaíochtaí seachtracha ICFCI

Le Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([39]), bunaíodh an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta - An Eoraip Dhomhanda, lena n-áirítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe Plus ('CEFI+') agus an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha, do thréimhse CAI 2021-2027. Is é is cuspóir do CEFI+ infheistíochtaí inbhuanaithe a chur chun cinn i dtíortha comhpháirtíochta an Aontais.

Tacaíonn an Ráthaíocht do Ghníomhaíochtaí Seachtracha le hoibríochtaí CEFI+ a chumhdaítear le ráthaíochtaí buiséadacha, cúnamh macrairgeadais agus iasachtaí do thríú tíortha. Tacaíonn an Ciste don Soláthar Coiteann leis - féach Nóta **2.4.2.1.**

([38]) Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Meán Fómhair 2017 lena mbunaítear an Ciste Eorpach um Fhorbairt Inbhuanaithe (CEFI), Ráthaíocht CEFI agus Ciste Ráthaíocht CEFI (IO L 249, 27.9.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1601/oj).

([39]) Rialachán (AE) 2021/947 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an Ionstraim um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta – An Eoraip Dhomhanda, lena leasaítear agus lena n-aisghairtear Cinneadh Uimh. 466/2014/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) 2017/1601 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 480/2009 ón gComhairle (IO L 209, 14.6.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/947/oj).

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí comhaontuithe ráthaíochta buiséadaí éifeachtach le haghaidh uasteorainn iomlán gan íoc de EUR 34 billiún, a mbaineann EUR 26,6 billiún de le ráthaíochtaí a soláthraíodh do BEI dá n-iasachtú seachtrach le contrapháirtithe ceannasacha agus focheannasacha faoi Ionuithe Infheistíochta ICFCI 1 agus 2 (comharba an tSainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh).

Maidir le ceann de chomhaontuithe ráthaíochta ICFCI (i gcás ina ráthaíonn an tAontas leordhóthanacht chaipitil ciste fálaithe airgeadra ar mhéid EUR 150 milliún), i gcás glao ráthaíochta, tá ceart aisíocaíochta ag an Aontas chun scaireanna den chiste ar fiú an méid a íocadh iad a fháil.

Ráthaíocht InvestEU

In 2025, ghlac an tAontas Rialachán InvestEU athbhreithnithe mar chuid de phacáiste Omnibus II. Faoin athbhreithniú, méadaíodh ráthaíocht bhuiséadach an Aontais EUR 2,9 billiún, rud a d'ardaigh an t-iomlán ó EUR 26,2 billiún go EUR 29,1 billiún.

Leis an ráthaíocht sin de chuid an Aontais, tacaítear le hinfheistíochtaí príobháideacha agus poiblí i gceithre réimse beartais: bonneagar inbhuanaithe, taighde, nuálaíocht agus digitiú, cuideachtaí beaga agus meánmhéide, agus infheistíocht shóisialta agus scileanna. Tá an ráthaíocht sin de chuid an Aontais á fáil ag roinnt comhpháirtithe airgeadais amhail bainc náisiúnta le haghaidh spreagadh. Tacaíonn siad le hinfheistíochtaí trí iasachtaí, ráthaíochtaí nó caipiteal cothromais a sholáthar. Mar shampla, is féidir leis na comhpháirtithe cur chun feidhme iasachtaí a sholáthar do FBManna, páirt a ghlacadh i gcistí cothromais nó ráthaíochtaí a thabhairt do bhainc thráchtála le haghaidh iasachtaí a eisíocann siad. Ina theannta sin, is féidir leis an gCoimisiún buiséad an Aontais a leithdháileadh ó chláir eile de chuid an Aontais ar an gCiste InvestEU, mar shampla HERA Invest (an tsláinte), Clár spáis na hEorpa nó an Chatalaíoch (nuálaíocht).

Chun caipiteal maolánach a chruthú le haghaidh na gcaillteanas ó infheistíochtaí ráthaithe, tá an Coimisiún ag cur airgid ar leataobh de réir a chéile ('soláthar') ó bhuiséad an Aontais isteach sa Chiste don Soláthar Coiteann. Tá an ráta soláthair socraithe ag Rialachán InvestEU ag 40 % de ráthaíocht an Aontais.

Is féidir ráthaíocht an Aontais a mhéadú a thuilleadh, sa bhreis ar an EUR 29,1 billiún a luaitear thuas, le tacaíocht ó na Ballstáit agus ó thíortha LEE. Is féidir leo airgead a thabhairt óna mBeartas Comhtháthaithe, ó chistí STA nó ó bhuiséid náisiúnta. I gcás na mBallstát, socraítear an soláthar ar bhonn cás ar chás, agus maidir le ráthaíocht bhreise an Aontais a fhaigheann tacaíocht ó thíortha LEE, soláthraítear ranníocaíochtaí airgid dó ag ráta 40 %. Coinnítear an t-airgead ó na Ballstáit agus ó thíortha LEE sa Chiste don Soláthar Coiteann. Cumhdaítear an méid neamhsholáthraithe le frithráthaíochtaí ó na Ballstáit agus ó thíortha LEE. An 31 Nollaig 2025, bhí comhaontuithe ann le hocht mBallstát agus le dhá thír LEE ar fiú EUR 3,3 billiún iad, agus as sin tá ranníocaíochtaí airgid thirim agus EUR 0,6 billiún le frithráthaíochtaí le tacú le EUR 2,6 billiún. Úsáideadh na méideanna sin chun EUR 3,3 billiún de chomhaontuithe ráthaíochta breise a shíniú le roinnt comhpháirtithe cur chun feidhme go dtí seo.

Le linn 2025, íocadh EUR 272 mhilliún de ghlanghlaonna ráthaíochta amach ó urranna InvestEU den Chiste don Soláthar Coiteann (2024: EUR 140 milliún).

An Ráthaíocht don Úcráin

Tar éis an Rialacháin maidir leis an tSaoráid don Úcráin, bhunaigh an tAontas an Ráthaíocht don Úcráin le haghaidh uasacmhainneacht ráthaíochta EUR 7,8 billiún, chun borradh a chur faoi infheistíochtaí le haghaidh théarnamh agus atógáil na hÚcráine.

An 31 Nollaig 2025, síníodh ocht gcomhaontú ráthaíochta buiséadaí agus bhí éifeacht leo le haghaidh na teorann cumhdaigh iomláine de EUR 3,5 billiún.

Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

I gcomhréir le hAirteagal 143 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas an Aontais i leith a sciar de dhliteanais airgeadais theagmhasacha a bhaineann le CEIS, CEFI agus oibríochtaí sainordaithe iasachtaithe sheachtraigh BEI arna gceadú faoi dháta an tarraingt siar, 31 Eanáir 2020. Ceanglaítear le hAirteagal 143, i gcás glao ráthaíochta le haghaidh oibríocht airgeadais a ceadaíodh roimh dháta na tarraingthe siar, go mbeadh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas maidir leis an Aontas as a sciar de na híocaíochtaí arna ndéanamh ag an Aontas faoi na hoibríochtaí sin, murarbh fhéidir sciar na Ríochta Aontaithe den soláthar a choinnítear sa chiste ráthaíochta, i gcás ina bhfuil sé seo ábhartha, a chumhdach.

I gcás iasachtaí Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI agus Thionscnamh Athléimneachta BEI, b'fhiú EUR 33,7 billiún ráthaíocht bhuiséadach an Aontais ar dháta na tarraingthe siar, le haghaidh na n-oibríochtaí a formheasadh faoi dháta na tarraingthe siar. An 31 Nollaig 2025 bhí sé sin athraithe go EUR 17,3 billiún (2024: EUR 20,6 billiún). Dá réir sin, EUR 2,1 billiún atá i sciar na Ríochta Aontaithe den dliteanas teagmhasach sin an 31 Nollaig 2025 (31 Nollaig 2024: EUR 2,6 billiún). Mar a luaitear thuas, áfach, cumhdaítear aon mhainneachtain maidir leis na hiasachtaí seo le hurrann an Chiste Ráthaíochta do ghníomhaíochtaí seachtracha den Chiste don Soláthar Coiteann agus ní ghlaofaí méideanna ón Ríocht Aontaithe ach amháin mura mbeadh soláthar na Ríochta Aontaithe don chiste seo, EUR 244 mhilliún an 31 Nollaig 2025, leordhóthanach.

Maidir le hoibríochtaí CEIS, EUR 23,5 billiún a bhí i luach ráthaíocht bhuiséadach an Aontais ar dháta na tarraingthe siar, le haghaidh na n-oibríochtaí a ceadaíodh faoi dháta na tarraingthe siar. An 31 Nollaig 2025, d'fhan sé sin ag EUR 16,7 billiún (2024: EUR 17 billiún). EUR 2,1 billiún atá i sciar na Ríochta Aontaithe den dliteanas teagmhasach seo an 31 Nollaig 2025 dá réir sin. Cumhdaítear aon ghlao ráthaíochta faoi CEIS le hurrann an chiste ráthaíochta CEIS den chiste don soláthar coiteann ar dtús, agus ní ghlaofaí méideanna ón Ríocht Aontaithe ach amháin mura mbeadh soláthar na Ríochta Aontaithe don chiste sin, EUR 443 mhilliún an 31 Nollaig 2025, leordhóthanach.

Toisc nach raibh aon oibríocht ceadaithe ag na comhpháirtithe cur chun feidhme i ndáil le Ráthaíocht CEFI roimh dháta na tarraingthe siar, níl aon oibleagáid ag an Ríocht Aontaithe anseo.

EUR 98 milliún (EUR 97 milliún le haghaidh CEIS agus EUR 1 mhilliún le haghaidh Sainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI) a bhí i sciar na Ríochta Aontaithe de na híocaíochtaí in 2025 le haghaidh na n-oibríochtaí a ceadaíodh ar dháta na tarraingthe siar, nó ina dhiaidh, agus suas go dtí an 31 Nollaig 2020, rud a laghdaigh soláthar na Ríochta Aontaithe go comhfhreagrach. Is é EUR 198,3 milliún an méid atá dlite don Ríocht Aontaithe in 2025 (féach Nóta **2.6.1.2**).

4.1.2. *Ráthaíochtaí a thugtar faoi chláir ionstraimí airgeadais an Aontais (ainmniúil)*

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Fís 2020	*2 027*	*2 145*
An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa	*644*	*649*
COSME	*236*	*378*
Eile	*536*	*471*
Iomlán	**3 443**	**3 642**

Cuirtear i láthair leis na méideanna sa tábla thuas suimeanna ainmniúla gan íoc na ráthaíochtaí a tugadh faoi chláir ionstraimí airgeadais an Aontais.

Mar a léirítear in Airteagal 213(1) den Rialachán Airgeadais, an caiteachas buiséadach atá nasctha le hionstraim airgeadais, agus dliteanas airgeadais an Aontais, **ní sháróidh siad i gcás ar bith méid an ghealltanais bhuiséadaigh ábhartha a rinneadh ina leith**, agus seachnófar ar an gcaoi sin dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann do bhuiséad an Aontais. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go bhfuil contrapháirtí ag na dliteanais seo ar thaobh sócmhainní an chláir chomhardaithe nó go gcumhdaítear iad le gealltanais bhuiséadacha gan íoc nár cláraíodh mar speansais go fóill.

Cuimsítear leis an tSaoráid Iasachta faoi Ráthaíocht (SIR) ráthaíochtaí a bhfuil uasteorainneacha orthu le haghaidh punann lena ngabhann maoiniú fiachais de riosca níos airde (iasachtaí den chuid is mó) arna dtairiscint ag idirghabhálaithe airgeadais do FBManna. Cuireann CEI an tSaoráid Iasachta faoi Ráthaíocht chun feidhme thar ceann an Aontais.

Chun tuilleadh sonraí a fháil maidir le Fís 2020 agus an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa féach Nóta **2.4.2.1** freisin.

Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

Maidir le dliteanais theagmhasacha an Aontais as méideanna a ceadaíodh faoi dháta an tarraingt siar i ndáil le hionstraimí airgeadais an Aontais, lena n-áirítear iad siúd a thugtar thuas, dá dtiocfadh aon cheann de na theagmhais sin chun cinn, bheidís cumhdaithe le buiséad an Aontais ag úsáid airgid a choimeádtar i gcuntais mhuiníneacha. Dá réir sin, i bprionsabal, ní ghlaofaí aon mhéid ón Ríocht Aontaithe seachas a sciar i RAL buiséad a dtugtar breac-chuntas air faoi Airteagal 140 den Chomhaontú um Tharraingt Siar - féach Nóta **2.6.1.2**.

4.2. Dliteanais theagmhasacha a bhaineann le cásanna dlí

4.2.1. *Cásanna dlí i réimse na bhfíneálacha*

EUR 2 336 mhilliún a bhí sna dliteanais theagmhasacha a bhain le fíneálacha amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 2 178 milliún). Áirítear leis an méid sin fíneálacha a gearradh ar chuideachtaí (EUR 2 035 mhilliún, féach Nóta **2.6.1.3**) agus fíneálacha a gearradh ar na Ballstáit (EUR 301 mhilliún) a íocadh go sealadach agus ar taisceadh achomharc ina leith nó nach eol an ndéanfar achomharc ina leith. Coinneofar an dliteanas teagmhasach go dtí go ndéanfar breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh nó go dtí dul in éag na tréimhse le haghaidh achomhairc. Tá ús a shaothraítear ar íocaíochtaí sealadacha san áireamh i dtoradh eacnamaíoch na bliana agus mar dhliteanas teagmhasach freisin chun éiginnteacht theidlíocht an Choimisiúin i ndáil leis na méideanna seo a léiriú. Dá gcaillfeadh an tAontas aon cheann de na cásanna a bhaineann le fíneálacha arna ngearradh, tabharfar na méideanna a fuarthas go sealadach ar ais do na cuideachtaí nó do na Ballstáit gan tionchar buiséadach. Ní aithnítear méid na bhfíneálacha mar ioncam buiséadach go dtí go bhfuil na fíneálacha cinntitheach (Airteagal 107 den Rialachán Airgeadais).

4.2.2. *Cásanna dlí eile*

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Talmhaíocht	*617*	*77*
Eile	*157*	*67*
Iomlán	**774**	**144**

Talmhaíocht

Is dliteanais theagmhasacha maidir leis na Ballstáit iad seo atá nasctha le CERT agus cinntí comhréireachta forbartha tuaithe ar feitheamh breithiúnais ón gCúirt Bhreithiúnais. Braithfidh cinneadh mhéid críochnaitheach an dliteanais agus an bhliain ina ngearrfar éifeacht na n-achomharc rathúil ar an mbuiséad ar fhad an nóis imeachta os comhair na Cúirte.

Cásanna dlí eile

Baineann an ceannteideal seo le caingne i leith damáistí atá á dtógáil in aghaidh an Aontais i láthair na huaire, díospóidí dlí agus costais mheasta dlí eile. Ba cheart a thabhairt faoi deara i gcás caingne i leith damáistí faoi Airteagal 340 CFAE, nach mór don iarratasóir sárú atá tromchúiseach go leor ar thaobh na hinstitiúide ar an smacht reachta atá ceaptha chun cearta a thabhairt do dhaoine, fíordhíobháil arna fulaingt ag an iarratasóir, agus nasc cúisíoch díreach idir an ghníomhaíocht neamhdhleathach agus an díobháil a léiriú.

Oibleagáidí na Ríochta Aontaithe a eascraíonn as a himeacht ón Aontas

Faoi Airteagal 147 den Chomhaontú um Tharraingt Siar, beidh an Ríocht Aontaithe faoi dhliteanas as a sciar de na híocaíochtaí a éilítear chun dliteanais theagmhasacha an Aontais a bheidh dlite i ndáil le cásanna dlí a bhaineann le leasanna airgeadais an Aontais a dhíscaoileadh, ar choinníoll nár tharla na fíorais atá mar bhonn faoi ábhar na gcásanna sin tráth nach déanaí ná 31 Nollaig 2020. EUR 80,6 milliún atá i neamhchosaint uasta mheasta na Ríochta Aontaithe (2024: EUR 15 mhilliún). Maidir le cásanna dlí ina meastar gur dócha go n-íocfaí méideanna ó bhuiséad an Aontais (féach Nóta **2.10**), cuirtear sciar na Ríochta Aontaithe san áireamh mar chuid den mhéid foriomlán atá dlite ón Ríocht Aontaithe – féach sonraí faoi Nóta **2.6.1.2**.

4.3. **SÓCMHAINNÍ TEAGMHASACHA**

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Ráthaíochtaí a fuarthas:		
Ráthaíochtaí feidhmíochta	*253*	*275*
Ráthaíochtaí eile	*4*	*5*
Sócmhainní teagmhasacha eile	*13*	*15*
Iomlán	**269**	**295**

Iarrtar ráthaíochtaí um fheidhmíocht lena áirithiú go gcomhlíonann tairbhithe chistiúchán an Aontais oibleagáidí a gcuid conarthaí leis an Aontas.

5. **GEALLTANAIS BHUISÉADACHA AGUS DHLÍTHIÚLA**

Soláthraítear leis an nóta seo faisnéis maidir leis an nós imeachta buiséadach agus riachtanais chistiúcháin sa todhchaí agus ní sholáthraítear leis faisnéis maidir le dliteanais a bhí ann an 31 Nollaig 2025.

Leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil (CAI), arna chomhaontú ag na Ballstáit, sainítear na cláir agus leagtar amach na huasteorainneacha ceannteidil le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí agus an méid iomlán le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a bhféadfaidh an tAontas gealltanais bhuiséadacha agus dhlíthiúla a dhéanamh laistigh díobh, agus íocaíochtaí a dhéanamh sa deireadh ar feadh tréimhse 7 mbliana - féach Tábla **3.2** sna nótaí a ghabhann leis na tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach.

Comhfhreagraíonn gealltanais dhlíthiúla do chláir, tionscadail, comhaontuithe nó conarthaí a shínítear, lena mbíonn an tAontas ceangailte ó thaobh dlí de. Is éard is gealltanas dlíthiúil ann an gníomh lena rachaidh an t-oifigeach údarúcháin faoi chomhair oibleagáide, nó lena mbunóidh sé oibleagáid, (le haghaidh an Aontais) a mbeidh muirear mar thoradh uirthi (Airteagal 2 (39) RA).

I bprionsabal, déantar gealltanas buiséadach roimh an ngealltanas dlíthiúil, ach i gcás roinnt cláir/tionscadail ilbhliantúla a mhalairt atá ann agus déantar na gealltanais bhuiséadacha ábhartha ina dtráthchodanna bliantúla, thar bhlianta iomadúla, nuair a dhéanann an bunghníomh foráil maidir leis sin. Mar shampla, ar mhaithe le comhtháthú, déanann Airteagal 86 de Rialachán na bhForálacha Coitianta (RFC) (Rialachán (AE) 2021/1060) foráil gur gealltanas dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin Airgeadais a bheidh i gcinneadh an Choimisiúin a ghlacann clár ach go ndéanfar gealltanais bhuiséadacha an Aontais i leith gach cláir i dtráthchodanna bliantúla le haghaidh gach ciste le linn na tréimhse idir 1 Eanáir 2021 agus 31 Nollaig 2027. D'fhéadfadh bunús dlí eile a bheith i bhforálacha den chineál céanna. Ar an gcúis sin, tá méideanna ann a bhfuil gealltanas dlíthiúil tugtha ag an Aontas iad a íoc, ach nach bhfuil an gealltanas buiséadach tugtha ina leith go fóill - féach Nóta **5.2** thíos.

Má tá an gealltanas buiséadach tugtha ach nach bhfuil na híocaíochtaí déanta fós, tugtar '*Reste à Liquider*' (RAL) ar mhéid na ngealltanas le híoc. Is féidir leis seo cláir nó tionscadail a léiriú, cinn ilbhliantúla go minic, a shínítear agus dá ndéanfar íocaíochtaí sna blianta sa todhchaí. Léiríonn siad oibleagáidí íocaíochta do na blianta sa todhchaí. Toisc go n-ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhraithe, cé go n-ullmhaítear tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach ar bhonn airgid thirim, tá cuid den mhéid foriomlán atá le híoc (RAL) cláraithe mar chaiteachas agus aithnítear é mar dhliteanas ar an gclár comhardaithe (féach Nótaí **2.12** agus **2.13**). Tá ríomh na speansas sin bunaithe ar éilimh ar chostas/ar shonraisc a fuarthas nó ar chur chun feidhme measta cláir nó tionscadail i gcás nach bhfuil aon fhógra tugtha don Aontas maidir le héilimh faoin dáta tuairiscithe. Nuair a bheidh na híocaíochtaí a bhaineann le RAL déanta, dí-aithneofar an dliteanas ar an gclár comhardaithe. Ní chuirtear an chuid de RAL nach bhfuil cláraithe mar speansas go fóill san áireamh faoi dhliteanais ach nochtar é thíos ina ionad sin, féach nóta **5.1.**

Dá bhrí sin, léirítear leis na nochtaí thíos méideanna an 31 Nollaig 2025 a gheall an tAontas a íoc bunaithe ar chomhlíonadh na gcomhaontuithe conarthacha agus a bhfuil sé beartaithe, dá bhrí sin, iad a chistiú le buiséid an Aontais amach anseo.

EUR milliún

	Nóta	31.12.2025	31.12.2024
Gealltanais bhuiséadacha gan íoc nach bhfuil cláraithe mar speansais go fóill	*5.1*	*380 780*	*428 588*
Gealltanais dhlíthiúla shuntasacha	*5.2*	*180 699*	*257 256*
Iomlán		**561 479**	**685 844**

5.1. GEALLTANAIS BHUISÉADACHA LE hÍOC NACH BHFUIL CLÁRAITHE MAR SPEANSAS GO FÓILL

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Gealltanais bhuiséadacha gan íoc nach bhfuil cláraithe mar speansais go fóill	*380 780*	*428 588*

Is é RAL ('Reste à Liquider') buiséadach de EUR 501 084 mhilliún an méid a nochtar thuas (féach tábla **6.4** sna tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach), lúide méideanna gaolmhara a cuireadh san áireamh mar dhliteanais ar an gclár comhardaithe agus mar speansais sa ráiteas ar fheidhmíocht airgeadais. Is é atá in RAL buiséadach méid a léiríonn na gealltanais oscailte nach ndearnadh íocaíochtaí agus/nó saoradh ina leith go fóill. Is é sin an ghnáth-iarmhairt ar chláir ilbhliantúla a bheith ann.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gurbh ionann réamhíocaíochtaí réamh-mhaoinithe gan íoc an 31 Nollaig 2025 agus EUR 78.3 billiún san iomlán – féach Nóta **2.5**. Léiríonn sé seo gealltanais bhuiséadacha a íocadh, lenar laghdaíodh RAL, ach i gcás ina meastar gur leis an Aontas agus nach leis an tairbhí iad na méideanna íoctha, go dtí go mbeidh na hoibleagáidí conarthacha ábhartha comhlíonta. Dá réir sin, níl siad cláraithe mar speansais, mar an gcéanna le RAL nochta thuas.

5.2. GEALLTANAIS DHLÍTHIÚLA SHUNTASACHA

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
An Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach	*113 279*	*177 459*
Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	*30 946*	*46 659*
Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	*4 657*	*4 153*
Slándáil agus Cosaint	*377*	*520*
ITER	*10 291*	*9 898*
An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa	*9 043*	*7 313*
An Ciste don Nuálaíocht	*4 779*	*521*
Cláir Spáis	*1 838*	*2 672*
An tSaoráid don Úcráin	*837*	*2 270*
HorizonEU	*365*	*519*
Clár um Nascacht Shlán ([1])	*253*	*631*
Comhaontuithe iascaigh	*133*	*234*
ICFCI	*120*	–
TARRTHÁIL	*91*	*106*
Gealltanais maidir le léas oibriúcháin	*2 997*	*2 721*
Gealltanais chonarthacha eile	*692*	*856*
Gealltanais tacaíochta neamh-inaisíoctha STA	–	*558*
Euratom	–	*166*
Iomlán	**180 699**	**257 256**

([1]) *Ó 2025 ar aghaidh, cuirtear an Clár um Nascacht Shlán i láthair ar leithligh ó na Cláir Spáis, agus dá bhrí sin roinntear méid 2024 dá réir sin freisin.*

Léiríonn na méideanna seo na gealltanais dhlíthiúla fhadtéarmacha nár cumhdaíodh leis na leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí sa bhuiséad ag deireadh na bliana. Déanfar na hoibleagáidí ceangailteacha sin a bhuiséadú agus a íoc sna blianta amach romhainn.

Féadfar cláir thábhachtacha áirithe (féach thíos) a chur chun feidhme le tráthchodanna bliantúla de réir Airteagal 112 (2) RA. Ligeann sé seo don Aontas gealltanais dhlíthiúla a dhéanamh (comhaontuithe deontais a shíniú, comhaontuithe tarmligin agus conarthaí soláthair) de bhreis ar leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí a bhíonn ar fáil i mbliain faoi leith. Dá bhrí sin, d'fhéadfaí go mbeadh méid suntasach den leithdháileadh foriomlán le haghaidh CAI reatha geallta cheana féin. Tá feidhm aige sin go háirithe i gcás na gclár a thuairiscítear thíos:

Cistí faoi bhainistíocht chomhroinnte

Is oibleagáidí dlíthiúla iad seo a bhfuil gealltanas tugtha ag an Aontas chun iad a íoc nuair a ghlactar na cláir oibríochtúla a bhaineann le bainistíocht chomhroinnte. An Cinneadh ón gCoimisiún lena nglactar clár oibríochtúil cinneadh maoinithe de réir bhrí Airteagal 110 den Rialachán Airgeadais agus a luaithe a thabharfar fógra ina leith don Bhallstát lena mbaineann, is éard atá ann gealltanas dlíthiúil de réir bhrí an Rialacháin sin.

Deirtear in Airteagal 86(2) de Rialachán na bhForálacha Coitianta (RFC) le haghaidh cistí bainistíochta comhroinnte:

'Déanfaidh an Coimisiún na gealltanais bhuiséadacha ón Aontas maidir le gach clár i dtráthchodanna bliantúla le haghaidh gach Ciste le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2021 agus an 31 Nollaig 2027'.

Na méideanna a nochtar sna chéad cheithre líne den tábla thuas, baineann siad le Ceannteideal 2A (An Comhtháthú Eacnamaíoch, Sóisialta agus Críochach), Ceannteideal 3 (Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol), Ceannteideal 4 (Imirce agus Bainistiú Teorainneacha) agus Ceannteideal 5 (An tSlándáil agus an Chosaint) de CAI 2021-2027. Léirítear leo na suimeanna gan íoc a dtabharfaidh an tAontas gealltanas ina leith agus a íocfaidh ansin tar éis an 31 Nollaig 2025.

ITER - Imoibreoir Trialach Teirmeanúicléach Idirnáisiúnta

Tá sé beartaithe leis na gealltanais sin costais tógála shaoráidí ITER a chumhdach. Tugtar ranníocaíocht an Aontais (Euratom) le ITER Idirnáisiúnta tríd an nGníomhaireacht um Fhuinneamh Comhleá, lena n-áirítear na ranníocaíochtaí ó na Ballstáit agus ón Eilvéis. Cruthaíodh ITER chun saothrú saoráidí ITER a bhainistiú agus a spreagadh, chun an tuiscint phoiblí ar fhuinneamh comhleá a chur cinn, chomh maith le glacadh an phobail leis, agus chun aon ghníomhaíocht eile a bhfuil gá léi chun a chuspóir a bhaint amach a dhéanamh. Tá an tAontas agus tíortha éagsúla eile páirteach in ITER.

An tSaoráid um Chónascadh na hEorpa (SCE2)

Tugann SCE2 cúnamh airgeadais do líonraí Tras-Eorpacha chun tacaíocht a thabhairt do thionscadail leasa choitinn in earnálacha an iompair, na teileachumarsáide agus na mbonneagar fuinnimh. Cumhdaítear leis na gealltanais dhlíthiúla le haghaidh chlár SCE tréimhse cur chun feidhme ó 2021 go 2027 le haghaidh SCE Fuinneamh agus SCE Iompar (agus an fhéidearthacht síneadh a chur léi). Is é is bunús dlí na ngealltanas sin Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComahairle ([40]) agus sonraítear in Airteagal 4.5 go bhféadfar 'Gealltanais bhuiséadacha le haghaidh gníomhaíochtaí ar faide ná 1 bhliain airgeadais amháin iad a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla, thar 2 bhliain nó níos mó'.

An Ciste don Nuálaíocht

Le Treoir 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([41]), lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do chóras trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa, foráiltear in Airteagal 10 Mír 8 di go bhféadfar 'Gealltanais bhuiséadacha le haghaidh gníomhaíochtaí ar faide ná 1 bhliain airgeadais amháin iad a mhiondealú ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta.' Tá an fhoráil seo infheidhme maidir leis na gníomhaíochtaí nua a síníodh ó 2024 ar aghaidh, lena n-áirítear na gníomhaíochtaí a mhaoinítear trí ghlaonna ar thograí nó laistigh de shásra tairisceana iomaíoch.

([40]) Rialachán (AE) 2021/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 7 Iúil 2021 lena mbunaítear an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1316/2013 agus Rialachán (AE) Uimh. 283/2014 (IO L 249, 14.7.2021, lch. 38, http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1153/oj).

([41]) Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/959/oj).

Cláir Spáis

Cuimsítear sa chlár spáis na comhpháirteanna seo a leanas: Galileo, EGNOS, Copernicus, Govsatcom agus SSA. Ar na cinn is suntasaí díobh seo tá Galileo, atá ag forbairt Chóras Domhanda na hEorpa um Loingseoireacht Satailíte, agus Copernicus, a bhaineann le faireachán Eorpach na Cruinne. Tá na gealltanais sin déanta le haghaidh na tréimhse suas go dtí 2027. Bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]), shínigh an Coimisiún comhaontuithe ranníocaíochta le Gníomhaireacht Spáis na hEorpa (GSE), EUMETSAT, Mercator agus leis an Lárionad Eorpach um réamhaisnéisí aimsire Meánraoin. Údaraítear le hAirteagal 11.6 de Rialachán (AE) 2021/696 úsáid tráthchodanna bliantúla.

Gealltanais tacaíochta neamh-inaisíoctha STA

Bunaíodh an tSaoráid don Úcráin chun tacú leis an Úcráin aghaidh a thabhairt ar a bearna mhaoinithe agus ar a riachtanais téarnaimh, atógála agus nuachóirithe. Bunaíodh í le Rialachán (AE) 2024/792 don tréimhse 2024 go 2027. De bhun Airteagal 6(1) de Rialachán (AE) 2024/792, beidh na hacmhainní le haghaidh chur chun feidhme na Saoráide ar fáil tríd an gCúlchiste don Úcráin arna shlógadh faoi chuimsiú an nós imeachta bhuiséadaigh bhliantúil i gcomhréir le hAirteagal 10b de Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093. Leis an leithreasú sin, maoinítear tacaíocht faoi thrí cholún (Plean na hÚcráine, an Creat Infheistíochta don Úcráin, Cúnamh Aontachais an Aontais agus Bearta Tacaíochta Gaolmhara) i gcomhréir leis an dáileadh táscach a leagtar síos sa Rialachán. In 2025, rinne an tSualainn ranníocaíocht airgeadais bhreise SEK 750 000 000 (coibhéiseach le EUR 67 milliún) – lenar méadaíodh an ranníocaíocht neamh-inaisíoctha iomlán ó EUR 5,27 billiún go EUR 5,337 billiún. Le hAguisín 1 a ghabhann le Comhaontú Maoiniúcháin na hÚcráine a síníodh i mí na Samhna 2025 - i bhfoirm malartú litreacha - léiríodh príomhshuim chomhiomlán nua EUR 5,337 billiún le haghaidh na tréimhse 2024-2027.

Fís Eorpach

Is méideanna iad sin atá geallta don chlár Fís Eorpach le haghaidh gníomhaíochtaí nascachta sláine réamhtheachtacha, gníomhaíochtaí réamhtheachtacha agus iartheachtacha le haghaidh na gcomhpháirteanna spáis éagsúla. Tá na gealltanais sin déanta le haghaidh na tréimhse suas go dtí 2027. Bunaithe ar Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([43]), shínigh an Coimisiún comhaontú ranníocaíochta le GES. Údaraítear le hAirteagal 12.8 den Rialachán úsáid tráthchodanna bliantúla.

Clár um Nascacht Shlán

Is é is aidhm don Chlár um Nascacht Shlán feabhas a chur ar sheirbhísí cumarsáide an Aontais trí bhonneagar nascachta ilfhithise a fhorbairt agus a oibriú, bunaithe ar shamhail comhpháirtíochta poiblí. Áiritheofar leis go soláthrófar seirbhísí cumarsáide satailíte atá slán, solúbtha agus athléimneach ar fud an domhain d'eintitis rialtais an Aontais agus na mBallstát. I ndáil leis sin, bunaithe ar Rialachán (AE) 2023/588) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([44]), dámhadh conradh lamháltais ar ghrúpáil cuideachtaí.

Comhaontuithe iascaigh

Léiríonn siad sin gealltanais a rinneadh le tríú tíortha le haghaidh oibríochtaí faoi chomhaontuithe iascaigh idirnáisiúnta go 2032. Tá na gealltanais a rinneadh bunaithe ar chinntí ón gComhairle maidir le gach tríú tír agus meastar gur conarthaí sonracha idirnáisiúnta iad lena ngabhann cearta agus oibleagáidí ilbhliantúla.

([42]) Rialachán (AE) 2021/696 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Clár Spáis an Aontais agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 912/2010, (AE) Uimh. 1285/2013 agus (AE) Uimh. 377/2014 agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE (IO L 170, 12.5.2021, lch. 69, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/696/oj).

([43]) Rialachán (AE) 2021/695 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Aibreán 2021 lena mbunaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, lena leagtar síos a rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1290/2013 agus (AE) Uimh. 1291/2013 (IO L 170, 12.5.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/695/oj).

([44]) Rialachán (AE) 2023/588 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2023 lena mbunaítear Clár an Aontais um Nascacht Shlán le haghaidh na tréimhse 2023-2027 (IO L 179, 17.3.2023, lch. 1, http://data.europa.eu/eli/reg/2023/588/oj).

An Ionstraim maidir leis an gComharsanacht, an Fhorbairt agus an Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI)

Príomhionstraim an Aontais Eorpaigh le haghaidh gníomhaíocht sheachtrach don tréimhse 2021-2027. Úsáidtear na cistí chun feabhas a chur ar sheirbhísí cumarsáide satailíte i roinnt tríú tíortha trí sheirbhísí tráchtála a cheannach faoin gconradh lamháltais. Bunaítear an creat le haghaidh conarthaí le Rialachán (AE) 2021/947.

RESCEU

Is cúlchiste Eorpach sócmhainní agus cumas freagartha é RescEU a bunaíodh faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta, mar chuid d'athbhreithniú reachtach 2019 ar Chinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]). Cuireadh cúlchiste RescEU ar bun chun gníomhú mar rogha dheiridh nuair nach bhfuil acmhainneachtaí náisiúnta ná na hacmhainneachtaí sin a gealladh sa Díorma Eorpach um Chosaint Shibhialta in ann freagairt éifeachtach ar na cineálacha éagsúla tubaistí a áirithiú. Maoiníonn an tAontas Eorpach na hacmhainneachtaí freagartha sin mar bheart ullmhachta chun iad a chur ar fáil i gcás ina bhfuil gá le hoibríochtaí freagartha faoin Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta. Is iad na réimsí tosaíochta a bhaineann le hacmhainneachtaí a fhorbairt faoi RescEU na réimsí seo a leanas: aerchomhrac na ndóiteán foraoise, teagmhais cheimiceacha, bhitheolaíocha, raideolaíocha agus núicléacha, práinnfhreagairt leighis, chomh maith le hiompar agus lóistíocht.

Gealltanais tacaíochta neamh-inaisíoctha STA

Is príomhchlár de NGEU é STA, Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh. Bunaíodh é le Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46]) lena maoinítear athchóirithe agus infheistíochtaí sna Ballstáit ó thús phaindéim an choróinvíris i mí Feabhra 2020 go dtí 2026. Údaraítear le hAirteagal 23 de Rialachán (AE) 2021/241 úsáid tráthchodanna bliantúla. In 2023, leasaíodh STA le Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na Heorpa agus ón gComhairle ([47]) chun tacaíocht bhreise a chur ar fáil do na Ballstáit trí chaibidlí REPowerEU le haghaidh athchóirithe agus infheistíochtaí lena gcothaítear neamhspleáchas, slándáil agus inbhuanaitheacht sholáthar fuinnimh an Aontais.

EURATOM

Is clár é Euratom atá bunaithe ar Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle. ([48]) Le hAirteagal 4 den rialachán déantar foráil maidir le húsáid na dtráthchodanna bliantúla.

Is é cuspóir ginearálta an chláir taighde núicléach agus gníomhaíochtaí oiliúna núicléacha a shaothrú agus béim á cur ar fheabhsú leanúnach na sábháilteachta núicléiche, na slándála núicléiche agus na cosanta ar radaíocht, mar aon le baint amach chuspóirí Fís Eorpach a chomhlánú *inter alia* i gcomhthéacs an aistrithe fuinnimh. Soláthraítear le Clár Euratom deontais taighde le glaonna iomaíocha ar thograí agus do thairbhithe ainmnithe.

([45]) Cinneadh Uimh. 1313/2013/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Nollaig 2013 maidir le Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (IO L 347, 20.12.2013, lch. 924, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2013/1313/oj).

([46]) Rialachán (AE) 2021/241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Feabhra 2021 lena mbunaítear an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (IO L 57, 18.2.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/241/oj).

([47]) Rialachán (AE) 2023/435 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Feabhra 2023 lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/241 a mhéid a bhaineann le caibidlí REPowerEU i bpleananna téarnaimh agus athléimneachta agus lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) 2021/1060 agus (AE) 2021/1755, agus Treoir 2003/87/CE (IO L 63, 28.2.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/435/oj).

([48]) Rialachán (Euratom) 2021/765 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear Clár Taighde agus Oiliúna an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach don tréimhse 2021-2025 lena gcomhlánaítear Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht agus lena leasaítear Rialachán (Euratom) 2018/1563 (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 81, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/765/oj).

Gealltanais maidir le léas oibriúcháin

Is mar a leanas atá na méideanna íosta ar gealladh go n-íocfar iad de réir na gconarthaí foluiteacha le linn an téarma atá fágtha sna conarthaí léasa seo:

EUR milliún

	Íocaíochtaí íosta léasa			
	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Iomlán
Foirgnimh	*490*	*1 183*	*1 267*	*2 939*
Ábhair TF agus trealamh eile	*14*	*37*	*7*	*58*
Iomlán	**504**	**1 220**	**1 273**	**2 997**

I mí an Mhárta 2019, i gcomhthéacs an fhógra ón Ríocht Aontaithe go raibh sé ar intinn aici tarraingt siar as an Aontas, agus mar thoradh ar Rialachán (AE) 2018/1718 ([49]), athlonnaíodh suíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (EMA) ó Londain go hAmstardam. An 2 Iúil 2019, rinne an Ghníomhaireacht comhaontú lena tiarna talún agus tá an t-áitreabh ligthe ar fholéas le fothionónta de réir coinníollacha a thagann leis na cinn siúd atá sa phríomhléas, lena n-áirítear téarma an fholéasa a mhairfidh go dtí éag phríomhléas na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí i Meitheamh 2039.

Áirítear leis na méideanna a nochtar sa tábla thuas EUR 328 milliún atá dlite go fóill faoi chonradh an phríomhléasa.

Gealltanais chonarthacha eile

Comhfhreagraíonn na méideanna atá sa nochtadh seo do na méideanna, ar tugadh gealltanas ina leith go n-íocfaí iad le linn théarma na gconarthaí. Baineann an méid is suntasaí atá anseo le conradh foirgnimh (JMO2 ón gCoimisiún i Lucsamburg (EUR 328 milliún).

6. BAINISTÍOCHT RIOSCA AIRGEADAIS

Cumhdaítear roinnt príomhréimsí le nochtaí an Aontais maidir le bainistíocht riosca airgeadais:

— Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Choimisiúin le haghaidh cúnamh airgeadais trí chláir amhail NGEU, EFSM, Comhardú na nÍocaíochtaí, Cúnamh Macrairgeadais, SURE, an tSaoráid don Úcráin, Saoráid na mBalcán Thiar, an tSaoráid don Mholdóiv agus Euratom.

— Oibríochtaí státchiste an Choimisiúin chun buiséad an Aontais a chur i bhfeidhm.

— Sócmhainní arna sealbhú i gcistí amhail an ciste don soláthar coiteann, CEGC i.L., agus punann BUFI.

— Cláir ionstraimí airgeadais. ([50])

— Cláir ráthaíochta buiséadaí an Aontais.

6.1. CINEÁLACHA RIOSCA AIRGEADAIS

Tá rioscaí airgeadais ag bagairt ar an Aontas mar gheall ar a chuid ionstraimí airgeadais:

Riosca margaidh: Is é sin an neamhchinnteacht a bhaineann leis an luach infheistíochta mar gheall ar athruithe ar phraghsanna an mhargaidh. Áirítear leis sin rioscaí amhail:

— *Riosca airgeadra*: Is féidir le hathruithe ar rátaí malairte difear a dhéanamh d'oibríochtaí agus d'infheistíochtaí an Aontais.

— *Riosca an ráta úis*: Is féidir le rátaí úis níos airde luach infheistíochtaí áirithe a ísliú, amhail bannaí.

([49]) Rialachán (AE) 2018/1718 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Samhain 2018 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 726/2004 maidir le láthair shuíomh na Gníomhaireachta Leigheasra Eorpaí (IO L 291, 16.11.2018, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1718/oj).

([50]) Ar fud an nóta seo, tagraíonn an téarma 'cláir ionstraimí airgeadais' do 'na hionstraimí airgeadais' mar a shainmhínítear in Airteagal 2(30) den Rialachán Airgeadais iad.

— *Praghasriosca eile*: Áirítear leis sin tosca éagsúla (seachas rátaí úis agus rátaí malairte eachtraí) a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do luachanna infheistíochta, amhail athruithe ar phraghsanna margaidh nó tosca a bhaineann go sonrach le hinfheistíochtaí aonair.

Riosca creidmheasa: Is é sin an riosca nach n-íocfaidh iasachtaí iasacht ar ais nó nach gcomhlíonfaidh siad a n-oibleagáidí conarthacha, rud a fhágann go mbeidh teagmhais mhainneachtana cosúil le híocaíochtaí moillithe nó féimheacht dá thoradh.

Riosca leachtachta: Is é sin an riosca nach mbeidh dóthain airgid ná sócmhainní ag eintiteas de chuid an Aontais chun a oibleagáidí airgeadais a chomhlíonadh.

6.2. BEARTAIS UM BAINISTÍOCHT RIOSCA

Tomhas ionstraimí airgeadais

Ní dhéantar na haicmí a leanas de shócmhainní agus dliteanais airgeadais a thomhas ar luach cóir: airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim, iasachtaí ar chostas amúchta, suimeanna infhaighte malairte seachas suimeanna infhaighte conartha ráthaíochta airgeadais nuair a aicmítear iad i sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas, iasachtaí, conarthaí ráthaíochta airgeadais agus dliteanais airgeadais eile arna dtomhas ar chostas amúchta. Meastar gur comhfhogasú réasúnach ar a luach cóir é suim ghlanluacha na sócmhainní airgeadais agus na ndliteanas airgeadais sin.

Rialachas Riosca le haghaidh oibríochtaí iasachtaíochta, bainistithe fiachais agus iasachtaithe gaolmhara, ráthaíochtaí buiséadacha agus oibríochtaí bainistithe sócmhainní

Tá creat bainistithe riosca an Aontais ceaptha chun leasanna airgeadais agus clú an Aontais a chosaint, agus bainistiú fónta a oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe, a ráthaíochtaí buiséadacha, a ionstraimí airgeadais agus a oibríochtaí bainistithe sócmhainní á n-áirithiú ag an am céanna. Cé nach institiúid airgeadais é an Coimisiún Eorpach, úsáideann sé ardchleachtais bainistithe riosca atá curtha in oiriúint do struchtúr uathúil agus riachtanais chláir an Aontais. Is é príomhsprioc an chreata leasanna airgeadais an Aontais a chosaint agus sláine, trédhearcacht agus iontaofacht a chuid oibríochtaí a choinneáil ar bun.

Áirítear leis an gcreat, arna fhorbairt ag an bPríomhoifigeach Riosca, príomhbheartais amhail an Beartas um Riosca Ardleibhéil agus um Chomhlíonadh, an Beartas um Riosca Leachtachta Margaidh agus Cistiúcháin, agus an Beartas um Bainistiú Riosca Oibriúcháin. Socraíonn an Príomhoifigeach Riosca teorainneacha riosca crua agus boga agus Príomhtháscairí Riosca chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar rioscaí.

Áirithítear le tuarascálacha riosca tráthrialta go gcomhlíontar teorainneacha, cuirtear neamhchosaintí riosca i dtábhacht, agus moltar straitéisí maolaithe. Neartaíonn samhail 'trí líne chosanta' rialachas trí chumhachtaí a dheighilt, údarás a shainiú, agus róil i mbainistiú agus rialú riosca a shoiléiriú.

Le tacaíocht ón gCoiste um Riosca agus um Chomhlíonadh, cuireann an Príomhoifigeach Riosca an creat bainistíochta riosca chun feidhme trí bheartais agus nósanna imeachta inmheánacha. Cuireann an coiste sin comhairle ar an bpríomhoifigeach riosca maidir le hábhair a bhaineann le riosca.

Le glacadh Chinneadh (*AE, Euratom*) 2025/369 ón gCoimisiún ([51]) athdhearbhaíodh agus leathnaíodh freagrachtaí an Phríomhoifigigh Riosca maoirseacht a dhéanamh ar na nithe seo a leanas:

— *Iasachtaí a sholáthraíonn an tAontas go díreach, cibé acu a sholáthraítear iad nó nach soláthraítear.*

— *Ráthaíochtaí buiséadacha an Aontais lena gcumhdaítear oibríochtaí ar bhonn comhaontuithe ráthaíochta leis na comhpháirtithe cur chun feidhme.*

— *Eisiúint fiachais agus oibríochtaí bainistithe fiachais lena n-áirítear oibríochtaí bainistithe leachtachta gaolmhara.*

— *Oibríochtaí agus cúraimí bainistíochta sócmhainní a bhaineann le feidhm na seirbhísí ainmnithe bainistíochta sócmhainní le haghaidh bainistíocht punann seachfhoinsithe.*

([51]) Cinneadh (AE, Euratom) 2025/369 ón gCoimisiún an 21 Feabhra 2025 lena mbunaítear ról an Phríomhoifigigh Riosca chun maoirseacht a dhéanamh ar na rioscaí airgeadais a eascraíonn as oibríochtaí airgeadais an Aontais (IO L, 2025/369, 25.2.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2025/369/oj).

Tá neamhspleáchas ag an bPríomhoifigeach Riosca maidir lena gcúraimí agus a bhfreagrachtaí a chur i gcrích, agus tuairiscíonn sí don Chomhalta den Choláiste atá freagrach as an mBuiséad de réir Chinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2023/2825 ón gCoimisiún ([52]). Áirithítear leis sin neamhspleáchas maidir le cúraimí agus freagrachtaí sannta a chur i gcrích.

Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

Ní fhaigheann an tAontas airgead ar iasacht chun a chaiteachas oibríochtúil a chistiú, cé is moite den iasachtaíocht a bhaineann le NGEU.

Déantar oibríochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe an Aontais a bhainistiú i gcomhréir le rialacháin, cinntí agus treoirlínte inmheánacha ábhartha. Le lámhleabhair mhionsonraithe rialaítear gníomhaíochtaí amhail iasachtaíocht agus iasachtaí, agus déanann na haonaid ábhartha measúnú leanúnach ar rioscaí airgeadais agus oibríochtúla agus comhlíontacht á háirithiú ag an am céanna.

Go stairiúil, maoiníodh oibríochtaí iasachtaithe an Aontais trí iasachtaí 'droim le droim', lenar íoslaghdaíodh rioscaí ráta úis oscailte nó airgeadra. Ó 2021 ar aghaidh, áfach, faigheann an tAontas airgead ar iasacht den chuid is mó faoi chur chuige cistiúcháin aontaithe.

Leis an gcur chuige cistiúcháin aontaithe, a forbraíodh ar dtús le haghaidh chlár NGEU, úsáidtear ionstraimí agus teicnící cistiúcháin éagsúla chun riachtanais chistiúcháin fhadtéarmacha agus ghearrthéarmacha araon a chomhlíonadh. Áirítear leis sin bannaí faoi bhranda an Aontais a eisiúint, in ionad an chleachtais a bhí ann roimhe seo maidir le heisiúintí ar leithligh le haghaidh gach cláir. Ó mhí na Nollag 2022 i leith, leathnaíodh an straitéis sin chuig iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais+ don Úcráin, in 2024 chuig clár na Saoráide don Úcráin agus iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais+, in 2025 chuig iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin, chuig Saoráid na mBalcán Thiar agus chuig cláir Shaoráid na Moldóive. Trí chur chuige cistiúcháin aontaithe a úsáid, cuirtear feabhas ar sholúbthacht agus ar chostéifeachtúlacht agus is é an t-aon chur chuige cistiúcháin amháin atá le húsáid le haghaidh eisíocaíochtaí iasachta amach anseo.

Státchiste

Leagtar síos na rialacha agus na prionsabail maidir le bainistiú oibríochtaí státchiste an Choimisiúin i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014, arna leasú le Rialacháin (AE, Euratom) 2016/804 ([53]) agus (AE, Euratom) 2022/615 ([54]) (dá ngairtear 'Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014' anseo feasta) agus sa Rialachán Airgeadais. Tá feidhm ag na príomhphrionsabail seo a leanas:

— Íocann na Ballstáit acmhainní dílse le cuntais a osclaíodh chun na críche sin in ainm an Choimisiúin leis an státchiste nó an banc ceannais náisiúnta.

— Íocann na Ballstáit acmhainní dílse ina n-airgeadraí náisiúnta féin, agus ainmnítear íocaíochtaí an Choimisiúin in EUR den chuid is mó.

— Ní fhéadfar cuntais bhainc a osclaítear in ainm an Choimisiúin a rótharraingt.

— Cistí a choimeádtar i gcuntais bhainc agus a ainmnítear in airgeadra seachas EUR, úsáidtear iad le haghaidh íocaíochtaí sna hairgeadraí céanna nó déantar iad a chomhshó go EUR go tráthrialta.

I dteannta na gcuntas acmhainní dílse, osclaíonn an Coimisiún cuntais bhainc eile le bainc cheannais agus le bainc thráchtála chun íocaíochtaí a dhéanamh agus fáltais a fháil seachas ranníocaíochtaí na mBallstát leis an mbuiséad.

Tá oibríochtaí státchiste agus íocaíochta uathoibrithe go mór agus bíonn siad ag brath ar chórais faisnéise nua-aimseartha. Cuirtear nósanna imeachta i bhfeidhm chun slándáil an chórais a ráthú, dualgais a leithscaradh, agus comhlíonadh an Rialacháin Airgeadais, caighdeáin rialaithe inmheánaigh agus prionsabail iniúchóireachta a áirithiú.

([52]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, EURATROM) 2023/2825 ón gCoimisiún an 12 Nollaig 2023 lena mbunaítear na socruithe maidir le riar agus cur chun feidhme oibríochtaí iasachtaíochta agus bainistithe fiachais an Aontais faoin straitéis cistiúcháin éagsúlaithe agus oibríochtaí gaolmhara iasachtaithe (IO L, 2023/2825, 18.12.2023, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/2825/oj)

([53]) Rialachán (AE, Euratom) 2016/804 ón gComhairle an 17 Bealtaine 2016 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh (IO L 132, 21.5.2016, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/804/oj).

([54]) Rialachán (AE, Euratom) 2022/615 ón gComhairle an 5 Aibreán 2022 lena leasaítear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 d'fhonn intuarthacht do Bhallstáit a fheabhsú agus na nósanna imeachta maidir le réiteach díospóidí a shoiléiriú nuair a bhíonn na hacmhainní dílse traidisiúnta, bunaithe ar CBL agus OIN, á gcur ar fáil (IO L 115, 13.4.2022, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2022/615/oj).

Le treoirlínte agus nósanna imeachta, rialaítear bainistiú oibríochtaí státchiste agus íocaíochta an Choimisiúin, arb é is aidhm dóibh riosca oibríochtúil agus airgeadais a theorannú agus rialú leordhóthanach a áirithiú. Cumhdaítear leis na treoirlínte sin réimsí amhail forghníomhú íocaíochta, bainistíocht airgid, réamhaisnéis ar shreabhadh airgid agus leanúnachas gnó. Déantar faireachán tráthrialta ar chomhlíonadh na rialacha sin.

Bainistíocht sócmhainní

Tá rialú na rioscaí éagsúla a bhaineann leis na gníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní bunaithe ar nósanna imeachta rialachais agus oibre tiomnaithe a glacadh tar éis tagarmharcáil den cháilíocht is airde arna nglacadh ag institiúidí idirnáisiúnta piaraí. Leis na nósanna imeachta sin, a bhí faoi réir iniúchtaí éagsúla inmheánacha agus seachtracha, áirithítear baint amach bainistíochta fónta sócmhainní.

Tá rialachas iomchuí curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun cinntí teicniúla agus straitéiseacha i ndáil le hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní a athbhreithniú agus a fhormheas. Déanann dhá choiste maoirseacht ar na hoibríochtaí bainistíochta sócmhainní: An Coiste Riosca, ar a bhfuil ionadaithe ó AS BUDG agus ón mBord Bainistíochta Sócmhainní, ar a bhfuil ionadaithe ó AS BUDG, AS ECFIN agus AS FISMA. Déantar cinntí teicniúla a phlé agus a fhormheas sa Choiste Riosca, fad a fhormhuiníonn an Riosca Coiste agus an Bord Bainistíochta Sócmhainní na cinntí straitéiseacha sula bhformheasann Ard-Stiúrthóir AS BUDG, i gcomhaontú leis an Oifigeach Cuntasaíochta iad. Ráthaítear leis an rialachas bainistíochta sócmhainní tarmligean soiléir cinnteoireachta agus línte cuntasachta agus leithscaradh leordhóthanach dualgas idir an Oifig Thosaigh, Bainistíocht Riosca agus an Chúloifig. Leis na nósanna imeachta um chomhlíonadh, soláthraítear an creat le haghaidh rialacha leordhóthanacha maidir le cóid iompair chun coinbhleachtaí leasa pearsanta a d'fhéadfadh teacht chun cinn a bhainistiú chomh maith le rialacha chun rioscaí a bhaineann le trádáil chos istigh a bhainistiú.

Leis na Treoirlínte Bainistíochta Sócmhainní agus srianta infheistíochta inmheánacha soláthraítear creat rialúcháin inmheánach láidir chun cosaint sócmhainní a áirithiú. Coinnítear urrúis lenár gcoimeádaithe i gcomhréir le dea-chleachtais an mhargaidh, agus cuirtear airgead tirim agus taiscí le hinstitiúidí airgeadais ardráta. Dearbhaítear cosaint sócmhainní airgeadais chomh maith le leithscaradh dualgas idir an fhoireann atá freagrach as tionscnamh na hidirbhearta urrús agus an fhoireann chúloifige atá freagrach as a socrú agus imréiteach cuntas bainc. Dearbhaíonn an fhoireann chuntasaíochta sraith bhreise rialúcháin le linn an phróisis imréitigh dúnta mhíosúil nuair a dhéantar an phunann urrús a imréiteach le ráiteas an taisceánaigh urrús. I ndiaidh aon neamhréireacht socraíochta agus íocaíochtaí déanacha arb iad contrapháirtithe is cúis leo, bíonn na foirne imréitigh cuntas bainc agus na foirne cúloifige.

Maidir le faireachán i leith urramú an chreata rialála, tuairiscítear tacar cuimsitheach méadrachtaí feidhmíochta agus rioscaí le haghaidh na sócmhainní faoi bhainistíocht go tráthrialta do na páirtithe leasmhara ábhartha.

Sainítear leis na treoirlínte bainistíochta sócmhainní agus straitéisí riosca agus infheistíochta, teorainneacha agus srianta faoi leith chun an neamhchosaint ar riosca creidmheasa na punainne, atá teoranta don ghrád infheistíochta, a theorannú, ach amháin neamhchosaint Bhallstáit an Aontais.

An Ciste don Soláthar Coiteann

Déantar an Ciste don Soláthar Coiteann a bhainistiú de réir na dtreoirlínte bainistíochta sócmhainní arna leagan síos ag an gCoimisiún, de réir Chinneadh C(2020)1896 an 25 Márta 2020 ([55]). Tá Ard-Stiúrthóir AS BUDG freagrach as sócmhainní airgeadais an chiste don soláthar coiteann a bhainistiú.

Is é is cuspóir don Chiste don Soláthar Coiteann an leachtacht is gá a áirithiú chun na heis-sreafaí uile a theastaíonn a chomhlíonadh, amhail glaonna ráthaíochta, go hiomlán agus go pras, agus chun caomhnú caipitil a sholáthar thar thréimhse infheistíochta ionchasach an chiste, le leibhéal ard muiníne.

Tá punann an Chiste don Soláthar Coiteann ceaptha le bheith an-éagsúlaithe thar aicmí sócmhainní, limistéir gheografacha, eisitheoirí agus aibíochtaí éagsúla, i gcomhréir leis na treoirlínte bainistíochta sócmhainní. Amhail an 31 Nollaig 2025, áiríodh sa phunann infheistíochtaí in ionstraimí margaidh airgid, bannaí, chomh maith le bannaí corparáideacha agus ETFanna cothromais.

Ós rud é gurb é an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta an contrapháirtí aonair le haghaidh gach réamhairgeadra gan íoc an 31 Nollaig 2025, ní dhéantar aon fheabhsú creidmheasa, amhail comhthaobhacht, comhaontuithe glanluachála nó ráthaíochtaí a chur i bhfeidhm ón dáta sin ar aghaidh. An neamhchosaint uasta ar riosca creidmheasa le haghaidh díorthaigh malairte eachtraí ag a bhfuil luach cóir deimhneach ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, tá sí cothrom leis an luach de réir na leabhar ar an gclár comhardaithe.

([55]) Cinneadh ón gCoimisiún an 25 Márta 2020 maidir le treoirlínte bainistíochta sócmhainní an chiste don soláthar coiteann 2020/C 131/03 (IO C 131, 22.4.2020, lgh. 3–11).

Fíneálacha

Fíneálacha a íoctar go sealadach: Punann BUFI

Fíneálacha a fhorchuirtear agus a íoctar go sealadach, déantar iad a infheistiú i bpunann BUFI.

Bainistíonn an Coimisiún punann BUFI i gcomhréir le treoirlínte agus nósanna imeachta inmheánacha maidir le bainistíocht sócmhainní. Is iad seo a leanas cuspóirí na ngníomhaíochtaí bainistíochta sócmhainní:

— A áirithiú go mbeidh na cistí ar fáil go héasca nuair is gá;

— Laghdú ar na rioscaí a bhaineann le margaí airgeadais; féachaint le toradh a sheachadadh atá i gcomhréir le Tagarmharc BUFI, agus an méid ainmniúil le haghaidh na bhfíneálacha á chaomhnú san am céanna.

I gcomhréir leis an treoraíocht maidir le bainistiú sócmhainní a tugadh cothrom le dáta i mí na Nollag 2025, tá infheistíochtaí i bpunann BUFI teoranta do na nithe seo a leanas:

— Taiscí téarma.

— Ionstraimí margaidh airgid agus cistí margaidh airgid.

— Ionstraimí fiachais, amhail bannaí, billí agus nótaí.

— Gnóthais chomhinfheistíochta lena n-áirítear cistí arna dtrádáil ar an malartán a infheistíonn in ionstraimí cothromais nó fiachais i gcás nach féidir le huaschaillteanais a bheith níos mó ná na méideanna a infheistítear.

— Comhaontuithe athcheannaigh agus comhaontuithe athcheannaigh droim ar ais.

— Oibríochtaí chun urrúis a thabhairt ar iasacht.

Ráthaíochtaí airgeadais arna bhfáil

Tá méideanna suntasacha ráthaíochtaí arna n-eisiúint ag institiúidí airgeadais i seilbh an Choimisiúin i ndáil le fíneálacha a fhorchuirtear ar chuideachtaí a sháraíonn rialacha an Aontais (féach Nóta **2.6.1.3**). Tugann cuideachtaí, a ngearrtar fíneálacha orthu, na ráthaíochtaí seo mar mhalairt ar íocaíochtaí sealadacha.

Bainistíonn an Coimisiún na ráthaíochtaí sin i gcomhréir lena bheartas inmheánach bainistithe riosca. Áirithíonn an beartas seo go ndéantar rioscaí airgeadais agus oibriúcháin a shainaithint agus a mheas go tráthrialta, agus go ndéantar comhlíonadh beartas agus nósanna imeachta inmheánacha a sheiceáil ar bhonn tráthrialta.

Cláir ráthaíochta buiséadaí an Aontais

Tá roinnt coimircí curtha chun feidhme ag an Rialachán Airgeadais chun buiséad an Aontais a chosaint ar rioscaí airgeadais a chruthaítear le ráthaíochtaí buiséadacha. Is féidir na coimircí sin a ghrúpáil i gceithre phríomhchatagóir:

(a) *Bearta chun dliteanais theagmhasacha a theorannú*

Cuirtear uasteorainn le ráthaíocht an Aontais ar bhealach atá sainithe go soiléir, agus ní féidir leis an dliteanas airgeadais a bheith níos mó ná méid na ráthaíochta buiséadaí a údaraítear lena bunghníomh. Ní fhéadfaidh an dliteanas teagmhasach a ghintear le ráthaíocht bhuiséadach a bheith níos mó ná na sócmhainní airgeadais a sholáthraítear chun dliteanas airgeadais an Aontais a chumhdach ach amháin má dhéantar foráil dó seo sa bhunghníomh foluiteach agus faoi choinníollacha sonracha.

Cinntear próifíl riosca inmhianaithe na n-oibríochtaí/na dtáirgí airgeadais arna ráthú ag an Aontas *ex ante*, i.e. sula síneofar na comhaontuithe ráthaíochta.

(b) *Bearta a bhaineann le roghnú na gcomhpháirtithe cur chun feidhme*

Cuirtear cláir ráthaíochta buiséadaí chun feidhme le comhpháirtithe iontaofa a bhfuil measúnú colúin déanta orthu. Geallann na comhpháirtithe sin a n-acmhainní féin a úsáid, lena n-áiritheofar ailíniú leasanna leis an Aontas.

(c) *Bearta chun acmhainn bhuiséadach ex-ante leordhóthanach a áirithiú chun glaonna ráthaíochta a iompar*

Tacaíonn sócmhainní soláthartha a choinnítear sa Chiste don Soláthar Coiteann le cláir ráthaíochtaí buiséadaí. Socraítear an ráta soláthair i mbunghníomh gach cláir ionas gur féidir le clársceidealú leithreasuithe buiséadacha a bheith ina fhoráil lena bhféadfaí caillteanais a iompar gan cur isteach ar an mbuiséad. Áirithíonn an Coimisiún go bliantúil go bhfuil an ráta soláthair leordhóthanach agus ailínithe le prionsabail an Rialacháin Airgeadais agus le clárú airgeadais.

(d) *Bearta chun déileáil le caillteanais réadaithe atá níos mó ná meastachán ex ante*

Tá dhá thairseach luathrabhaidh san áireamh sa Rialachán Airgeadais (tá 50 % agus 30 % den ráta soláthair fós ar fáil). Cuireann na tairseacha sin ar chumas an Choimisiúin ídiú féideartha an tsoláthair a réamh-mheas agus meastóireacht a dhéanamh ar cé acu soláthar breise a mholadh nó gan é a mholadh. I gcás riachtanais leachtachta bhreise shealadacha, tá nósanna imeachta i bhfeidhm, lena n-áirítear aistrithe idir urranna den Chiste don Soláthar Coiteann, úsáid leachtachta lárnaí cisteáin, agus úsáid an spáis bhuiséadaigh atá ar fáil.

Cláir ionstraimí airgeadais

Tá buiséad an Aontais ag brath ar chláir ionstraimí airgeadais le blianta fada anuas. Úsáidtear na cláir sin chun faighteoirí deiridh a bhfuil riosca níos mó ag baint leo agus a bhfuil deacrachtaí acu cistiú a fháil ó iasachtóirí/infheisteoirí tráchtála a mhaoiniú. Déanann an Coimisiún cur chun feidhme na gclár sin a tharmligean chuig Grúpa BEI nó chuig institiúidí airgeadais eile trí chomhaontuithe leis an gCoimisiún. Féach Nóta **2.4.2.1** le haghaidh samplaí díobh sin.

A luaithe a gheallfar ranníocaíocht airgeadais le hionstraim airgeadais, aistreofar na cistí is gá chuig cuntas muiníneach arna oscailt ag an institiúid airgeadais ina hainm ach thar ceann an Choimisiúin nó chuig urrann ábhartha an Chiste don Soláthar Coiteann le haghaidh ionstraimí airgeadais i bhfoirm ráthaíochtaí a úsáidtear in oibríochtaí measctha. Féadfaidh an institiúid airgeadais na cistí sin a úsáid chun iasachtaí a sholáthar, ionstraimí fiachais a eisiúint, infheistíocht a dhéanamh in ionstraimí cothromais, nó glaonna ráthaíochta a chumhdach.

Tá an riosca a bhaineann leis na hionstraimí airgeadais sin teoranta don uasteorainn a leagtar amach sna comhaontuithe foluiteacha, arb é sin an méid buiséadaithe dá bhforáiltear don ionstraim. Ós rud é gur minic a sheasann an Coimisiún an chéad chaillteanas, is dócha go dtarlóidh roinnt caillteanas do bhuiséad an Aontais.

Áirítear i gcomhaontuithe an Choimisiúin le hinstitiúidí airgeadais coinníollacha agus oibleagáidí dochta chun bainistiú agus tuairisciú cuí chistí an Aontais a áirithiú. Is iondúil go n-aisíoctar na fáltais ó ionstraimí airgeadais le buiséad an Aontais.

6.3. RIOSCA AIRGEADRA

Neamhchosaint ionstraimí airgeadais an Aontais ar riosca airgeadais ag deireadh na bliana – suíomh glan

EUR milliún

	31.12.2025						
	USD	RON	PLN	SEK	Eile	EUR	Iomlán
Sócmhainní airgeadais							
*Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta**	*51*	*5*	*–*	*–*	*7*	*548*	*611*
Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh							
Neamhdhíorthaigh	*1 558*	*–*	*–*	*18*	*124*	*49 380*	*51 080*
Díorthaigh	*(1 122)*	*87*	*134*	*93*	*164*	*2 229*	*1 585*
*Suimeanna infhaighte***	*138*	*8*	*84*	*2*	*159*	*3 351*	*3 742*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*219*	*594*	*1 480*	*612*	*1 517*	*98 619*	*103 041*
	845	**694**	**1 698**	**725**	**1 972**	**154 127**	**160 060**

EUR milliún

	31.12.2025						
	USD	RON	PLN	SEK	Eile	EUR	Iomlán
Dliteanais airgeadais							
Dliteanas ráthaíochta airgeadais	*(469)*	*(51)*	*(77)*	*(9)*	*(110)*	*(7 012)*	*(7 729)*
Dliteanais airgeadais ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh	*(6)*	*221*	*–*	*–*	*(3)*	*(273)*	*(62)*
	(475)	**170**	**(77)**	**(9)**	**(114)**	**(7 285)**	**(7 790)**
Iomlán	**369**	**864**	**1 621**	**715**	**1 858**	**146 842**	**152 269**

EUR milliún

	31.12.2024						
	USD	RON	PLN	SEK	Eile	EUR	Iomlán
Sócmhainní airgeadais							
Sócmhainní airgeadais ag costas amúchta [1]	*40*	*5*	*–*	*–*	*7*	*414*	*466*
Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh							
Neamhdhíorthaigh	*2 148*	*–*	*–*	*45*	*120*	*41 336*	*43 648*
Díorthaigh	*–*	*–*	*–*	*–*	*–*	*1 110*	*1 110*
Suimeanna infhaighte [2]	*72*	*1*	*17*	*1*	*111*	*3 039*	*3 240*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*111*	*258*	*573*	*314*	*966*	*60 941*	*63 163*
	2 371	**264**	**590**	**360**	**1 204**	**106 839**	**111 628**
Dliteanais airgeadais							
Dliteanas ráthaíochta airgeadais	*(518)*	*(36)*	*(59)*	*(12)*	*(112)*	*(5 643)*	*(6 379)*
Dliteanais airgeadais ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh	*(1 712)*	*285*	*76*	*75*	*138*	*1 040*	*(98)*
	(2 230)	**248**	**17**	**63**	**26**	**(4 603)**	**(6 477)**
Iomlán	**141**	**512**	**607**	**423**	**1 230**	**102 237**	**105 151**

[1] *Cé is moite d'iasachtaí do Bhallstáit agus do thríú tíortha.*
[2] *Gan muirir iarchurtha san áireamh.*

Dá mbeadh neartú nó lagú 10 % ar EUR in aghaidh airgeadraí eile, bheadh an tionchar seo a leanas aige sin ar an toradh eacnamaíoch:

EUR milliún

Méadú (+)/Laghdú (-) ar an Ráta Malairte Eachtraí	2025			
	USD	RON	PLN	SEK
+ 10 %	*(34)*	*(79)*	*(147)*	*(65)*
- 10 %	*41*	*96*	*180*	*79*

EUR milliún

Méadú (+)/Laghdú (-) ar an Ráta Malairte Eachtraí	2024			
	USD	RON	PLN	SEK
+ 10 %	*(13)*	*(47)*	*(55)*	*(38)*
- 10 %	*16*	*57*	*67*	*47*

Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

Ós rud é go bhfuil sócmhainní agus dliteanais airgeadais uile an Aontais in EUR faoi láthair, níl an tAontas neamhchosanta ar riosca airgeadra eachtraigh.

Státchiste

Coinnítear acmhainní dílse arna n-íoc ag na Ballstáit in airgeadraí seachas EUR ar chuntais na hacmhainne dílse. Nuair a bhíonn gá leis na cistí sin le haghaidh íocaíochtaí, déantar iad a chomhshó in EUR. I gcásanna áirithe, úsáidtear go díreach iad le haghaidh íocaíochtaí sna hairgeadraí céanna.

Coinníonn an Coimisiún cuntais freisin in airgeadraí seachas EUR, amhail USD agus GBP, le bainc thráchtála chun íocaíochtaí a dhéanamh sna hairgeadraí sin. Déantar na cuntais sin a athshlánú de réir mar is gá, rud a mhaolaíonn an riosca airgeadra.

Nuair a fhaightear fáltais ilghnéitheacha in airgeadraí seachas EUR, aistrítear iad chuig cuntais an Choimisiúin sna hairgeadraí céanna nó comhshóitear in EUR iad agus aistrítear chuig cuntais in EUR iad.

Déantar cuntais óinchiste in airgeadraí seachas EUR a athshlánú bunaithe ar riachtanais íocaíochta ghearrthéarmacha mheasta agus coinnítear iad laistigh dá n-uasteorainneacha faoi seach.

Fíneálacha

Tá na fíneálacha uile a fhorchuirtear, a íoctar nó a chumhdaítear go sealadach in EUR, rud a chuireann deireadh le haon riosca airgeadra eachtraigh nuair a choinnítear i gCiste BUFI iad.

Ráthaíochtaí buiséadacha

Is iondúil go gcuirtear uasteorainn le ráthaíochtaí buiséadacha ag uasmhéid in EUR. Mar sin féin, féadfar roinnt oibríochtaí foluiteacha a ainmniú in airgeadraí eile, amhail USD nó airgeadraí áitiúla, agus sa chás sin féadfaidh an tAontas caillteanais malairte eachtraí a chumhdach freisin.

Déanann an Coimisiún riosca airgeadra a mheas agus na riachtanais soláthair le haghaidh ráthaíochtaí buiséadacha á gcinneadh aige.

An Ciste don Soláthar Coiteann

Feidhmíonn an Ciste don Soláthar Coiteann in EUR agus USD araon. Chun riosca airgeadra a bhainistiú, déanann an Ciste don Soláthar Coiteann réamhchonarthaí malairte eachtraí chun margadhluach a infheistíochtaí USD a fhálú, agus an teorainn le haghaidh uas-neamhchosaint neamhfhálaithe ar mhalairt eachtrach socraithe ag 1 % de luach iomlán na punainne laistigh den tagarmharc agus leithdháiltí bliantúla straitéise, mar a shainmhínítear sna hionstraimí airgeadais ábhartha.

Úsáideann an Ciste don Soláthar Coiteann an straitéis fálaithe sin chun an suíomh fálaithe a choigeartú nó a aisiompú dá réir sin, de réir mar is gá. Mar sin féin, ní fhálaíonn an Ciste don Soláthar Coiteann riosca airgeadra le haghaidh iasachtaí seachaithe (féach Nóta **2.4.1.2**) a iompraítear ina n-airgeadra bunaidh, rud a nochtann an tAontas do riosca airgeadra. I gcás na n-iasachtaí sin, níl aon ghníomhaíocht ann chun athruithe in airgeadra eachtrach a chúiteamh, mar gheall ar éiginnteacht a bhaineann le huainiú aisíocaíochta na n-iasachtaí.

6.4. **PRIACAL AN RÁTA ÚIS**

Léirítear sa tábla seo a leanas conas a dhéanfadh athrú 1 % ar rátaí úis (± 100 bonnphointe) difear do thoradh eacnamaíoch an Aontais maidir le hurrúis fiachais, cistí margaidh airgid agus ETFanna.

EUR milliún

	Méadú (+) / laghdú (-) ar bhonnphointí	Toradh eacnamaíoch
2025: Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh	*+ 100*	*(1 448)*
	- 100	*1 536*
2024: Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bharrachas nó Easnamh	*+ 100*	*(1 172)*
	- 100	*1 246*

Méadaítear íogaireacht punainne bannaí i leith athruithe ar an ráta úis lena fad. Leagtar amach thíos fad na bpríomhphunann sócmhainní arna mbainistiú ag an gCoimisiún.

Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

Mar gheall ar a ghníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe, tá sócmhainní agus dliteanais úsmhara shuntasacha ag an Aontas. Maidir leis na hionstraimí leagáide cúnaimh airgeadais faoin gcur chuige droim le droim, níl aon riosca ráta úis ann ós rud é go ndéantar na hiasachtaí a fhritháireamh le hiasachtaí coibhéiseacha ar na téarmaí agus na coinníollacha céanna.

Maidir leis an gcur chuige cistiúcháin aontaithe, cumhdaítear riosca ráta úis le nósanna imeachta agus sásraí cur chun feidhme lena maolaítear an riosca. Is é bunphrionsabal an chur chuige cistiúcháin aontaithe costas an chistiúcháin agus na costais ghaolmhara a leithdháileadh ar thairbhithe iasachtaí agus ar bhuiséad an Aontais ar bhealach trédhearcach, is costéifeachtaí agus is cothroime, bunaithe ar ríomhanna úis laethúla. Tá an cistiú aontaithe bunaithe ar phrionsabal leithdháileadh iomlán an chostais, mar sin déantar aon chostas úis a thagann ó ionstraimí iasachtaíochta, sealúchas airgid, nó ionstraimí infheistíochta eile a ath-leithdháileadh agus a shonrascadh go hiomlán ar thairbhithe iasachta mar chostas na gcostas cistiúcháin nó na gcostas bainistithe leachtachta.

Leithdháiltear costais an chistiúcháin ar thairbhithe iasachta bunaithe ar shuim gan íoc na n-iasachtaí. Déantar costais chistiúcháin nach leithdháiltear ar iasachtaí ná ar thacaíocht neamh-inaisíoctha a shonrascadh do thairbhithe iasachta agus do bhuiséad an Aontais i bhfoirm costais bainistithe leachtachta, rud a d'fhéadfadh a bheith deimhneach nó diúltach ag brath ar éabhlóid na rátaí úis a chuirtear i bhfeidhm ar iarmhéideanna airgid.

Faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe, sealbhaítear airgead tirim i gcomhthiomsú cistiúcháin de chuid an Aontais chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil ar bun lena gceadaítear eisíocaíochtaí a dhéanamh laistigh de thréimhse ghearr, agus iarmhéideanna iomarcacha á seachaint an tráth céanna. Is éard atá sa mhaolán sábháilteachta airgead tirim sa bhanc, taiscí téarma margaidh airgid le bainc náisiúnta agus le gníomhaireachtaí maoinithe faoi úinéireacht stáit chomh maith le hidirbhearta athcheannaigh droim ar ais a mhaireann 7 lá nó 14 lá (féach Nóta **2.8.2**). Coinnítear an t-airgead tirim ag BCE den chuid is mó i gcás ina bhfuil feidhm ag ráta úis gearrthéarmach mhargadh airgid an euro lúide 20 bonnphointe maidir le haon iarmhéid airgid thirim gan íoc. Tá aon ioncam ó shealúchas airgid agus ó ionstraimí infheistíochta eile mar chuid de shonrascadh costais bainistíochta leachtachta.

Státchiste

Tá bearta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a áirithiú go léiríonn an t-ús a thuilltear ar a chuntais bhainc go tráthrialta rátaí úis an mhargaidh agus a luaineachtaí féideartha.

Déantar cuntais acmhainní dílse a chosaint ar aon chostas toisc go bhfuil siad saor ó aon mhuirear nó ús i gcomhréir le hAirteagal 9.1 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle.

Tá cuntais a osclaítear le státchistí Ballstát chun acmhainní dílse a fháil neamhúsmhar agus saor in aisce. Féadfar íocaíocht a fháil i leith cuntais leis na bainc cheannais náisiúnta (acmhainní dílse agus eile) ar na rátaí oifigiúla a chuireann gach institiúid i bhfeidhm.

Déanann an Coimisiún a nósanna imeachta bainistíochta airgid thirim a oiriúnú de réir dhálaí reatha úis an mhargaidh. Coinnítear maolán airgid sábháilteachta ar chuntais taisce lárnacha bunaithe ar chistiú seachtainiúil ó chuntais acmhainní dílse chun riachtanais íocaíochta le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid a chumhdach agus iarmhéideanna iomarcacha á seachaint ag an am céanna.

Tuilleann iarmhéideanna thar oíche arna sealbhú ar chuntais bhainc thráchtála agus bhainc cheannais ús gach lá, bunaithe ar rátaí athraitheacha an mhargaidh agus corrlach conarthach (deimhneach nó diúltach) á chur i bhfeidhm.

Fíneálacha

Na fíneálacha a íoctar go sealadach déantar iad a infheistiú i bpunann de bhannaí fadtéarmacha ag a bhfuil meánfhad punainne 1.81 bliain.

An Ciste don Soláthar Coiteann

Tá meánfhad iomlán 3.56 bliain ag punann an Chiste don Soláthar Coiteann.

ECSC faoi Leachtú

Déantar méideanna CEGC faoi Leachtú a infheistiú i bpunann de bhannaí fhadtéarmach a mhaireann 3.83 bliain ar an meán.

6.5. PRAGHASRIOSCA EILE

Ón 31 Nollaig 2025, tá an tAontas neamhchosanta ar riosca cothromais ó infheistíochtaí éagsúla, lena n-áirítear:

— Infheistíochtaí cothromais neamhluaite (amhail caipiteal fiontair agus cistí infheistíochta eile);

— Cistí margaidh airgid (amhail Ciste Aonadach BEI);

— ETFanna;

— Infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe (féach Nóta **2.4.2.1**).

Tá an tAontas neamhchosanta ar riosca cothromais freisin trí ráthaíochtaí lena gcumhdaítear infheistíochtaí cothromais neamhluaite agus cuasachothromais, a láimhseáiltear mar dhíorthaigh ar luach cóir trí bharrachas nó easnamh (féach Nóta **2.4.2.2**).

Is éard is riosca praghais cothromais ann an riosca go n-athróidh luachanna córa infheistíochtaí cothromais i ngeall ar luaineachtaí ar phraghsanna cothromais agus/nó ar luach infheistíochtaí cothromais faoi ráthaíocht.

Is mar a leanas a bheadh an éifeacht ar bharrachas nó easnamh de mhéadú nó laghdú 10 % ar luach na n-ionstraimí a luaitear thuas:

EUR milliún

	10 %	(10)%
Infheistíochtaí cothromais	*380*	*(380)*
Cistí Margaidh Airgid, ETFanna agus infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe	*681*	*(681)*
Ráthaíochtaí ar chothromas ([1])	*695*	*(695)*
Iomlán an 31.12.2025	**1 756**	**(1 756)**
Infheistíochtaí cothromais	*320*	*(320)*
Cistí Margaidh Airgid, ETFanna agus infheistíochtaí i bpunanna comhthiomsaithe	*598*	*(598)*
Ráthaíochtaí ar chothromas ([1])	*606*	*(606)*
Foriomlán an 31.12.2024	**1 523**	**(1 523)**

([1]) *Tá an riosca ráthaíochtaí ar chothromas bunaithe ar an méid barúlach atá cumhdaithe ag an ráthaíocht.*

Infheistíonn an tAontas i sócmhainní neamhluaite, nó ráthaíonn sé sócmhainní neamhluaite, nach bhfuil a luachanna ar fáil go poiblí. Is iondúil gurb iad na heintitis ar cuireadh cúram orthu a chuireann na sócmhainní sin chun feidhme, ar saineolaithe sa tionscal iad agus a dhéanann measúnú agus faireachán tráthrialta ar a luach.

6.6. **PRIACAL CREIDMHEASA**

Uas-neamhchosaint ar riosca creidmheasa

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Sócmhainní airgeadais		
Iasachtaí	*333 432*	*283 580*
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	*103 041*	*63 163*
Suimeanna infhaighte malairte ([1])	*3 742*	*3 240*
Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas - urrúis fiachais	*40 462*	*34 465*
Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas - díorthaigh	*1 585*	*1 110*
Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas - iasachtaí	*9*	–
Ráthaíochtaí arna dtabhairt agus gealltanais iasachta		
Conarthaí Ráthaíochta Airgeadais	*65 474*	*60 857*
Gealltanais iasachta	*24*	*18 193*
Iomlán	**547 771**	**464 607**

([1]) *Gan muirir iarchurtha san áireamh.*

Anuas air sin, tá an tAontas nochta go hindíreach don riosca creidmheasa trína infheistíochtaí i gCistí Margaidh Airgid, i gcistí bannaí corparáideacha arna thrádáil ar an malartán agus punanna comhthiomsaithe d'urrúis fiachais (féach Nóta **2.4.2.1**), rud a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá bpraghsanna (féach Nóta **6.5**).

Iasachtaí: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

31.12.2025					
	Céim 1	Céim 2	Céim 3	POCI	Iomlán
Rátáil chreidmheasa					
Príomhghrád agus ardghrád	*33 176*	–	–	–	*33 176*
Meánghrád uasta	*102 243*	–	–	–	*102 243*
Meánghrád íseal	*151 363*	–	–	–	*151 363*
Grád neamhinfheistíochta (lena n-áirítear mainneachtain)	*4 340*	*72 630*	*28*	*21*	*77 019*
Oll-luach de réir na leabhar	**291 122**	**72 630**	**28**	**21**	**363 801**
Lúide lamháltas caillteanais	*(12)*	*(30 357)*	*(24)*	*24*	*(30 369)*
Suim ghlanluacha	**291 110**	**42 273**	**4**	**45**	**333 432**

EUR milliún

31.12.2024					
	Céim 1	Céim 2	Céim 3	POCI	Iomlán
Rátáil chreidmheasa					
Príomhghrád agus ardghrád	*35 593*	–	–	–	*35 593*
Meánghrád uasta	*87 005*	–	–	–	*87 005*
Meánghrád íseal	*129 200*	–	–	–	*129 200*

EUR milliún

31.12.2024					
	Céim 1	Céim 2	Céim 3	POCI	Iomlán
Grád neamhinfheistíochta (lena n-áirítear mainneachtain)	*3 593*	*44 139*	*14*	*27*	*47 773*
Oll-luach de réir na leabhar	**255 391**	**44 139**	**14**	**27**	**299 571**
Lúide lamháltas caillteanais	*(31)*	*(15 969)*	*(14)*	*24*	*(15 991)*
Suim ghlanluacha	**255 360**	**28 170**	**(1)**	**51**	**283 580**

Tá na catagóirí riosca thuasluaite bunaithe i bprionsabal ar scálaí rátála na ngníomhaireachtaí rátála seachtracha. Comhfhreagraíonn na catagóirí sin do na nithe seo a leanas:

— Príomhghrád agus ardghrád: Moody's P-1, Aaa – Aa3; S&P A-1+, A-1, AAA – AA -; Fitch F1+, F1, AAA – AA- agus a choibhéis;

— Meánghrád uasta: Moody's P-2, A1 – A3; S&P A-2, A+ – A-; Fitch F2, A+ – A- agus a choibhéis;

— Meánghrád íseal: Moody's P-3, Baa1 – Baa3, S&P A-3, BBB+ – BBB-; Fitch F3, BBB+ - BBB- agus a choibhéis;

— Grád neamhinfheistíochta: Moody's neamh-phríomhghrád, Ba1 – C; S&P B, C, D, BB+ – D; Fitch B, C, D, BB+ – D agus a choibhéis.

Úsáideann an tAontas na catagóirí rátála sin mar phointe tagartha le haghaidh ionstraimí airgeadais agus le haghaidh bainc thráchtála. Mar sin féin, féadfaidh an tAontas méideanna a choimeád i gcatagóir riosca ar leith fiú má rinne gníomhaireacht rátála an contrapháirtí a íosghrádú, tar éis di a hanailís féin a dhéanamh ar chásanna aonair.

Is iasachtaí cúnaimh airgeadais do thríú tíortha a bhfuil deacrachtaí airgeadais acu den chuid is mó iad na hiasachtaí sa ghrád neamhinfheistíochta. Tá gach iasacht leis na Ballstáit sa ghrád infheistíochta agus i gCéim 1. Áirítear leis na hiasachtaí i gCéim 2 den chuid is mó iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais, Cúnaimh Macrairgeadais+, na Saoráide don Úcráin, Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus Euratom don Úcráin. Is iasachtaí seachaithe ó chláir Shainordaithe Iasachtaithe Sheachtraigh iad na hiasachtaí POCI.

Gníomhaíochtaí iasachtaíochta agus iasachtaithe

I gcás mainneachtana ag féichiúnaithe, féadfaidh an Coimisiún tarraingt ar na sócmhainní atá á sealbhú sa chiste don soláthar coiteann chun aon fhiachas atá dlite a bhaineann le hiasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais (seachas iasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais+ agus Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin), iasachtaí Euratom do thríú tíortha agus iasachtaí beartasbhunaithe arna soláthar faoi Shaoráidí na mBalcán Thiar agus na Moldóive a sheirbhísiú.

Iasachtaí a sholáthraítear don Úcráin faoin gclár Cúnaimh Macrairgeadais eisceachtúil (eisíocadh EUR 6 bhilliún in 2022), cumhdaítear iad ar dtús lena n-urrann sa Chiste don Soláthar Coiteann, agus ansin le EUR 3.7 billiún breise de ráthaíochtaí na mBallstát, a mheastar a bheith ina bhfeabhsú creidmheasa le haghaidh na n-iasachtaí sin agus, ar an gcaoi sin, laghdaítear liúntas lagaithe a aithnítear i ndáil leis na hiasachtaí sin.

Meastar go n-aisíocfaidh an Úcráin iasacht Cúnaimh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin ó shreafaí ioncaim urghnácha a eascraíonn as sócmhainní ceannasacha blocáilte na Rúise a deonaíodh don Úcráin mar thacaíocht neamh-inaisíoctha faoin Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin. In 2025, bhailigh agus dheonaigh an tAontas EUR 622 mhilliún don Úcráin. Cuirtear an méid sin sa chuntas bainc tiomnaithe ag deireadh na bliana agus ní úsáidfear é ach amháin chun an cúnamh macrairgeadais a sheirbhísiú - rud a laghdaíonn caillteanais chreidmheasa a bhfuil coinne leo ón iasacht sin.

Bainistíonn an Coimisiún neamhchosaint ar riosca creidmheasa le haghaidh iasachtaí Euratom trí ráthaíochtaí stáit a fháil, arbh iad EUR 300 milliún san iomlán an 31 Nollaig 2025 (2024: EUR 300 milliún).

Mar thaca ag iasachtaí arna soláthar do na Ballstáit faoin ionstraim SURE tá córas ráthaíochtaí saorálacha ó Bhallstáit arb ionann iad agus 25 % den uasteorainn atá ar fáil le haghaidh an chúnaimh airgeadais lena mbaineann.

I gcás aon chaillteanas creidmheasa ar na hiasachtaí do na Ballstáit, do Chúnaimh Macrairgeadais+, do Chúnamh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin agus don tSaoráid don Úcráin, féadfaidh an Coimisiún iarraidh ar na Ballstáit, agus uasteorainneacha na n-acmhainní dílse á n-urramú ag an am céanna ('an lamháil bhuiséadach'; féach Nóta **6.7**).

Iasachtaí: Gluaiseacht sa liúntas caillteanais lagaithe

EUR milliún

	Céim 1	Céim 2	Céim 3	POCI	Iomlán
Lamháltas caillteanais an 1.1.2025	*31*	*15 969*	*14*	*(24)*	*15 991*
Aistriú chuig Céim 1	*1*	*(1)*	–	–	–
Aistriú chuig Céim 2	*(1)*	*1*	–	–	–
Aistriú chuig Céim 3	–	*(1)*	*1*	–	–
Iasachtaí nua	*2*	*13 483*	*4*	–	*13 488*
Dí-aithint - aisíocaíochtaí	*(0)*	*(1)*	*(0)*	–	*(2)*
Dí-aithint - díscríobh	–	–	*(3)*	–	*(3)*
Atomhas an liúntais caillteanais	*(22)*	*907*	*(0)*	–	*885*
Eile	*2*	*2*	*8*	–	*11*
Lamháltas caillteanais an 31.12.2025	**12**	**30 357**	**24**	**(24)**	**30 369**

Is é is cúis go príomha leis an liúntas caillteanais lagaithe breise ar iasachtaí Chéim 2 iasachtaí nua don Úcráin arna n-eisíoc faoin tSaoráid don Úcráin agus Cúnamh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin (féach Nóta **2.4.1.1**) agus nuashonrú ar na paraiméadair riosca a chuirtear i bhfeidhm sna meastacháin ar riosca creidmheasa.

In 2025, dheonaigh an tAontas EUR 1.1 billiún (2024: EUR 763 mhilliún) d'fhóirdheontais ráta úis don Úcráin le haghaidh ús a fabhraíodh ar chuid de na hiasachtaí Cúnaimh Macrairgeadais eisceachtúla, Cúnaimh Macrairgeadais+ agus iasachtaí na Saoráide don Úcráin. Ba é EUR 37.7 billiún an costas amúchta sular modhnaíodh é (2024: EUR 17.3 billiún). An modhnú sin ar na téarmaí conarthacha, cuireadh san áireamh é mar chaillteanas modhnaithe sa ráiteas feidhmíochta airgeadais (féach Nóta **3.15**). Ní raibh tionchar suntasach ag an bhfóirdheontas ráta úis ar an measúnú riosca creidmheasa, agus leanadh de na hiasachtaí a aicmiú mar Chéim 2 amhail an 31 Nollaig 2025.

Féach Nóta **1.5.5** le haghaidh bheartais chéimnithe an Aontais maidir le hiasachtaí.

Iasachtaí: Tomhas ECL

Úsáideann an tAontas meastachán atá ualaithe ó thaobh dóchúlachta chun caillteanais chreidmheasa ionchasacha a thomhas. Is éard atá i gceist leis sin meastachán a dhéanamh ar an difríocht idir sreafaí airgid conarthacha agus sreafaí airgid ionchasacha.

Úsáideann an tAontas trí pharaiméadar riosca creidmheasa le haghaidh an mheastacháin sin:

— Dóchúlacht mainneachtana (PD): Is céatadán é sin a léiríonn an dóchúlacht go mainneoidh contrapháirtí ar a oibleagáid airgeadais, sna 12 mhí amach romhainn nó thar shaolré na hoibleagáide atá fágtha.

— Caillteanas i gcás mainneachtana (LGD): Is céatadán é sin a léiríonn an t-easnamh airgid ionchasach, agus aisghabhálacha agus comhthaobhachtaí á gcur san áireamh.

— Neamhchosaint ar mhainneachtain (EAD): Is é sin an neamhchosaint gan éarlais (méid) tráth mainneachtana.

Cuireann an tAontas a stádas mar chreidiúnaí tosaíochta *de facto* san áireamh agus an LGD maidir le neamhchosaintí ceannasacha á mheas aige.

Déantar na sreafaí airgid thirim measta thar shaolré ionchasach na sócmhainne airgeadais a lascainiú ar an ráta úis éifeachtach.

Breithníonn an tAontas faisnéis réamhbhreathnaitheach réasúnta a bhfuil údar maith léi, ar faisnéis í atá ar fáil gan costas míchuí nó iarracht mhíchuí, agus déanann sé na paraiméadair samhla a choigeartú nuair is gá.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

	31.12.2025	31.12.2024
Rátáil chreidmheasa		
Príomhghrád agus ardghrád	*101 584*	*57 251*
Meánghrád uasta	*821*	*4 161*
Meánghrád íseal	*533*	*1 722*
Grád neamhinfheistíochta	*104*	*28*
Oll-luach de réir na leabhar	**103 041**	**63 163**
Lúide lamháltas caillteanais	-	–
Suim ghlanluacha	**103 041**	**63 163**

Státchiste

Coimeádtar an chuid is mó d'acmhainní státchiste an Choimisiúin ar chuntais acmhainní dílse arna n-oscailt ag na Ballstáit chun ranníocaíochtaí a n-acmhainní dílse a íoc, OIN, CBL agus ADT den chuid is mó. Coinnítear na cuntais sin i státchistí na mBallstát nó i mbainc cheannais náisiúnta, a bhfuil an riosca creidmheasa (nó contrapháirtí) is ísle ag gabháil leo don Choimisiún.

Maidir leis an gcuid d'acmhainní státchiste an Choimisiúin atá i seilbh banc tráchtála, déantar cuntais a athshlánú ar bhonn díreach in am, arna mbainistiú go huathoibríoch ag córas bainistíochta airgid thirim an státchiste. Coinnítear leibhéil airgid i ngach cuntas tráchtála chun a áirithiú go bhfanann an méid iomlán thar oíche go comhsheasmhach faoi bhun na dteorainneacha neamhchosanta contrapháirtí faoi seach.

Cuirtear treoirlínte sonracha i bhfeidhm maidir le bainc thráchtála a roghnú chun riosca contrapháirtí a bhfuil an Coimisiún neamhchosanta air a íoslaghdú tuilleadh. Áirítear ar na treoirlínte sin:

— Bainc thráchtála a roghnú trí ghlaonna ar thairiscintí, le rátáil chreidmheasa fhadtéarmach íosta S&P A- nó a choibhéis.

— Faireachán a dhéanamh ar rátálacha agus neamhchosaint uasta ar gach institiúid airgeadais a shainiú, agus acmhainneacht creidmheasa agus caipitliú an eintitis earnála airgeadais á gcur san áireamh.

— Cuntais óinchiste a choinneáil le bainc áitiúla a roghnaítear trí nós imeachta tairisceana simplithe i dtoscaireachtaí lasmuigh den Aontas, le ceanglais rátála ag brath ar an staid áitiúil. Chun neamhchosaint ar riosca a theorannú, coimeádtar iarmhéideanna ar chuntais óinchiste ar na leibhéil is ísle is féidir, déantar iad a athshlánú go tráthrialta, agus déantar athbhreithniú ar bhonn bliantúil ar na huasteorainneacha a chuirtear i bhfeidhm.

Leachtacht arna sealbhú faoi chistiú aontaithe

Faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe, coinnítear airgead tirim leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais eisíocaíochta uile atá ar na bacáin agus chun maolán sábháilteachta sainithe a choinneáil ar bun, agus aon iarmhéid barrachais á sheachaint san am céanna. Cuirtear an t-airgead tirim i gcuntas bainc ag BCE, i dtaiscí gearrthéarmacha sa mhargadh airgid le bainc cheannais náisiúnta nó le gníomhaireachtaí maoinithe faoi úinéireacht stáit, nó déantar é a infheistiú i gcomhaontuithe athcheannaigh droim ar ais arna n-urrú le bannaí leachtacha. Dá bhrí sin, tá riosca creidmheasa an mhaoláin leachtachta an-íseal.

Suimeanna infhaighte: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

	Gan bheith dlite	Thar téarma 0-30 lá	Thar téarma 31-90 lá	Thar téarma 91 lá - 1 bhliain	Thar téarma > 1 bhliain	Iomlán
Oll-luach de réir na leabhar	2 063	18	22	52	179	*2 335*
Lúide lamháltas caillteanais	(5)	(3)	(9)	(24)	(115)	*(156)*
Glanluach de réir na leabhar an 31.12.2025	**2 058**	**15**	**14**	**28**	**64**	**2 178**
Oll-luach de réir na leabhar	1 508	15	33	27	207	*1 789*
Lúide lamháltas caillteanais	(5)	(2)	(3)	(13)	(115)	*(138)*
Glanluach de réir na leabhar an 31.12.2024	**1 502**	**13**	**30**	**14**	**92**	**1 652**

Ní áirítear leis na méideanna sa tábla seo na muirir iarchurtha agus an Conradh Ráthaíochta Airgeadais infhaighte arna tomhas ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas (féach Nóta 2.6.2), toisc nach bhfuil siad faoi réir cheanglais lagaithe.

Sócmhainní airgeadais ar luach cóir trí bhrabús nó trí chaillteanas - urrúis fiachais: cáilíocht chreidmheasa

An Ciste don Soláthar Coiteann

Is é A (S&P nó a choibhéis) rátáil chreidmheasa meáin ualaithe phunann an Chiste don Soláthar Coiteann.

Fíneálacha a íoctar go sealadach: Punann BUFI

Is é A (S&P nó a choibhéis) rátáil chreidmheasa meáin ualaithe na punainne.

Ráthaíochtaí airgeadais arna bhfáil

Leis an mbeartas bainistithe riosca a chuirtear i bhfeidhm chun ráthaíochtaí airgeadais a ghlacadh, áirithítear ardcháilíocht chreidmheasa don Choimisiún. Áirítear leis an mbeartas sin:

— Uas-neamhchosaint ar chreidmheas a shainiú bunaithe ar rátáil chreidmheasa agus leibhéal caipitil eintitis earnála airgeadais, mar a thuairiscítear ina ráitis airgeadais na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais.

— Athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar chomhlíonadh na ráthaíochtaí gan íoc leis na ceanglais beartais.

ECSC faoi Leachtú

Is é A (S&P nó a choibhéis) rátáil chreidmheasa meáin ualaithe na punainne.

Sócmhainní airgeadais ar Luach Cóir trí Bhrabús nó trí Chaillteanas - díorthaigh: cáilíocht chreidmheasa

Baineann sócmhainní díorthacha an Aontais go príomha le ráthaíochtaí ar phunanna cothromais. Tá an riosca creidmheasa teoranta do riosca contrapháirtí. Socrófar an ráthaíocht ar chothromas go príomha le Grúpa BEI, a bhfuil rátáil AAA aige, rud a laghdóidh an riosca creidmheasa.

Is é an Banc um Shocraíochtaí Idirnáisiúnta an contrapháirtí aonair le haghaidh gach réamhairgeadra gan íoc ón 31 Nollaig 2025. Mar thoradh air sin, níl gá le feabhsuithe creidmheasa, amhail comhthaobhacht nó ráthaíochtaí.

Conarthaí ráthaíochta airgeadais: cáilíocht chreidmheasa

EUR milliún

	31.12.2025			31.12.2024		
	Céim 1	Céim 2	Iomlán	Céim 1	Céim 2	Iomlán
Rátáil fhadtéarmach						
Príomhghrád agus ardghrád	*19*	*1*	*20*	*1*	*–*	*1*
Meánghrád uasta	*69*	*12*	*81*	*5*	*–*	*5*
Meánghrád íseal	*108*	*2*	*109*	*137*	*–*	*137*
Grád neamhinfheistíochta	*39 396*	*25 813*	*65 209*	*34 912*	*25 746*	*60 658*
Arna bhainistiú ar bhonn comhchoiteann / gan rátáil	*10*	*45*	*55*	*10*	*47*	*56*
Iomlán	**39 602**	**25 872**	**65 474**	**35 064**	**25 793**	**60 857**

Conarthaí ráthaíochta airgeadais: Gluaiseacht sa liúntas caillteanais

EUR milliún

	Céim 1	Céim 2	Iomlán
Lamháltas caillteanais an 1.1.2025	*1 930*	*2 075*	*4 005*
Aistriú chuig Céim 2 ([1])	*(48)*	*48*	*–*
Aistriú chuig Céim 1 ([1])	*28*	*(28)*	*–*
Breiseanna	*377*	*1 257*	*1 634*
Scaoileadh ráthaíochtaí	*(340)*	*(2)*	*(342)*
Atomhas	*397*	*107*	*504*
Lamháltas caillteanais an 31.12.2025	**2 345**	**3 456**	**5 800**
Luach de réir na leabhar an dliteanais ráthaíochta airgeadais an 31.12.2025	**4 061**	**3 668**	**7 729**

([1]) *Déantar aistrithe ó chéim 1 / céim 2 agus aistrithe chuig na céimeanna céanna a thomhas ag lamháltas lagaithe an iarmhéid tosaigh, ach is cuid den atomhas iad na hathruithe ar an méid a eascraíonn as an athrú ar an gcéim (i.e. tomhas arna dhéanamh ag 12 mhí nó caillteanas creidmheasa ionchasach saoil).*

Tharla an méadú ar an liúntas caillteanais le haghaidh ráthaíochtaí i gCéim 2 in 2025 go príomha mar gheall ar oibríochtaí nua a síníodh faoi Ráthaíocht na hÚcráine (féach Nóta **4.1.1**).

As na caillteanais chreidmheasa ionchasacha gan íoc le haghaidh ráthaíochtaí i gCéim 2 de EUR 3.5 billiún amhail an 31 Nollaig 2025, baineann EUR 1.7 billiún le ráthaíochtaí Shainordú Iasachtaithe Sheachtraigh BEI (féach Nóta **4.1.1**). Cuimsítear leis sin caillteanas creidmheasa ionchasach saoil EUR 0.9 billiún le haghaidh neamhchosaint BEI san Úcráin (EUR 3.4 billiún d'iasachtaí BEI gan aisíoc le contrapháirtithe san Úcráin arna ráthú ag an Aontas).

Féach Nóta **1.5.12** maidir le beartais chéimnithe an Aontais le haghaidh conarthaí ráthaíochta airgeadais.

Ráthaíochtaí buiséadacha

Tá an tAontas neamhchosanta ar riosca creidmheasa den chuid is mó trí na hoibríochtaí a ráthaíonn sé. Nuair a thagann meath ar cháilíocht chreidmheasa na n-oibríochtaí foluiteacha, éiríonn teagmhais mhainneachtana níos dóchúla agus d'fhéadfadh méadú teacht freisin ar ghlaonna ar ráthaíochtaí an Aontais.

Chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar an riosca sin, braitheann an Coimisiún ar Shamhail Riosca Creidmheasa lena ndéantar measúnú ar chaillteanais fhéideartha. Úsáideann an tsamhail ionchuir ó chomhpháirtithe cur chun feidhme agus comhcheanglaíonn sí iad le breithiúnas saineolaithe chun measúnú riosca a dhíorthú atá comhleanúnach leis an idirbheart agus leis na himthosca eacnamaíocha ábhartha.

6.7. **RIOSCA LEACHTACHTA**

Anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais neamhdhíorthacha de réir na haibíochta conarthachta atá fágtha

EUR milliún

	Sreafaí airgid thirim conarthacha neamhlascainithe				Suim ghlanluacha
	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Iomlán	
Iasachtaí	*(98 561)*	*(240 053)*	*(578 604)*	*(917 217)*	*(731 224)*
Suimeanna iníoctha	*(65 037)*	–	–	*(65 037)*	*(65 037)*
Eile	*(180)*	*(608)*	*(1 157)*	*(1 944)*	*(1 773)*
Iomlán an 31.12.2025	**(163 777)**	**(240 661)**	**(579 760)**	**(984 199)**	**(798 034)**
Iasachtaí	*(61 589)*	*(201 152)*	*(468 669)*	*(731 410)*	*(594 028)*
Suimeanna iníoctha	*(55 414)*	–	–	*(55 414)*	*(55 414)*
Eile	*(168)*	*(560)*	*(850)*	*(1 578)*	*(1 398)*
Foriomlán an 31.12.2024	**(117 171)**	**(201 711)**	**(469 519)**	**(788 401)**	**(650 839)**

Anailís aibíochta ar dhliteanais airgeadais dhíorthacha de réir na haibíochta conarthachta atá fágtha

EUR milliún

	Sreafaí airgid thirim conarthacha neamhlascainithe				Suim ghlanluacha
	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Iomlán	
Cuid na híocaíochta den díorthach	*(1 184)*	*(11)*	–	*(1 195)*	
Cuid suimeanna infhaighte díorthacha	*1 138*	*7*	–	*1 145*	
Glansreafaí airgid thirim an 31.12.2025	**(46)**	**(4)**	–	**(50)**	**(48)**
Cuid na híocaíochta den díorthach	*(1 779)*	*(7)*	*(4)*	*(1 790)*	
Cuid suimeanna infhaighte díorthacha	*1 691*	–	–	*1 691*	
Glansreafaí airgid thirim an 31.12.2024	**(88)**	**(7)**	**(4)**	**(99)**	**(98)**

Anailís aibíochta ar chonarthaí ráthaíochta airgeadais arna n-eisiúint faoin tráth is luaithe inar féidir an ráthaíocht a ghlaoch

EUR milliún

	Méid uasta na ráthaíochta				Suim ghlanluacha
	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Iomlán	
Conarthaí Ráthaíochta Airgeadais an 31.12.2025	*(63 617)*	*(1 637)*	*(13 966)*	*(79 220)*	*(7 729)*
FGCanna an 31.12.2024	*(64 115)*	*(2 211)*	*(10 271)*	*(76 597)*	*(6 379)*

Anailís aibíochta ar ghealltanais iasachta neamhtharraingthe

EUR milliún

	Uasmhéid an ghealltanais iasachta neamhtharraingthe				Suim ghlanluacha
	< 1 bhliain	1-5 bliana	> 5 bliana	Iomlán	
Gealltanais iasachta neamhtharraingthe an 31.12.2025	–	*15*	*9*	*24*	*3*
Gealltanais iasachta neamhtharraingthe an 31.12.2024	*18 152*	*41*	–	*18 193*	*7 082*

Gníomhaíochtaí iasachtaíochta

Is é an chéad chúiteamh atá ag an Aontas as iasachtaí a aisíoc cúnamh airgeadais gaolmhar agus aisíocaíochtaí iasachta NGEU a bhailiú go tráthúil. Mar sin féin, tá coimircí breise i bhfeidhm i gcás mainneachtain íocaíochta nó moilleanna íocaíochta ag iasachtaithe.

Tá beart sealadach gearrthéarmach bunaithe ag an gCoimisiún ar a dtugtar cumhdach buiséadach, lena soláthraítear leachtacht chun íocaíocht oibleagáidí a eascraíonn as cláir cúnaimh airgeadais droim le droim a chumhdach.

I gcás na n-iasachtaí do thríú tíortha faoi Chúnamh Macrairgeadais (seachas Cúnamh Macrairgeadais+ agus Cúnamh Macrairgeadais an tSásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin), Euratom, Saoráid na mBalcán Thiar agus Saoráid na Moldóive, cuireann an Ciste don Soláthar Coiteann cúlchiste leachtachta ar fáil. Féadfar an cúlchiste sin a úsáid chun iasachtaí gaolmhara a aisíoc.

Mura leor na sócmhainní atá ar fáil sa chúlchiste chun caillteanais iarbhír a chumhdach, gníomhachtóidh an Coimisiún bearta chun acmhainní breise a sholáthar, amhail úsáid shealadach leachtacht státchiste an Choimisiúin, aistrithe sealadacha, nó caiteachas breise ó bhuiséad an Aontais.

Cumhdaítear iasachtaí a sholáthraítear don Úcráin faoin gclár Cúnaimh Macrairgeadais eisceachtúil lena n-urrann sa Chiste don Soláthar Coiteann, chomh maith le ráthaíochtaí breise ó na Ballstáit (féach Nóta **6.6**).

I gcás iasachtaí a eisíoctar agus iasachtaí a eisítear faoin gcur chuige cistiúcháin aontaithe, féadfaidh an Coimisiún bainistiú gníomhach airgid thirim agus iasachtaíocht ghearrthéarmach a chur i bhfeidhm chun fiacha an Aontais a sheirbhísiú. Chun riosca leachtachta a bhainistiú faoin gcur chuige sin, is gá nósanna imeachta bainistithe leachtachta agus uirlisí tiomnaithe a chur chun feidhme chun faireachán agus bainistiú a dhéanamh ar leachtacht ar bhonn laethúil.

Féadfaidh an Coimisiún acmhainní a ghlaoch freisin ó na Ballstáit suas go huasteorainn na n-acmhainní dílse chun fiacha an Aontais a sheirbhísiú. Leis an gcinneadh maidir le hacmhainní dílse, socraítear an uasteorainn le haghaidh acmhainní dílse chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach ag 1,40 % d'Ollioncam Náisiúnta (OIN) na mBallstát, móide méadú sealadach breise 0,6 pointe céatadáin go heisiach le haghaidh NGEU. Áiríodh i mbuiséad 2025 acmhainní dílse iomlána 0,83 % de OIN an Aontais chun an caiteachas a mhaoiniú. Ciallaíonn sé sin go raibh corrlach 1.17 % ar fáil an 31 Nollaig 2025 chun a dhliteanais a chumhdach.

Ar deireadh, mar thaca ag iasachtaí arna soláthar do na Ballstáit faoin ionstraim SURE tá córas ráthaíochtaí saorálacha ó Bhallstáit arb ionann iad agus 25 % den uasteorainn atá ar fáil le haghaidh an chúnaimh airgeadais lena mbaineann. Sula n-iarrfar na ráthaíochtaí sin, tá coinne leis go ndéanfaidh an Coimisiún scrúdú ar an raon feidhme chun tarraingt ar an gcorrlach atá ar fáil faoi uasteorainn na n-acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

Baineann na gealltanais iasachta neamhtharraingthe amhail an 31 Nollaig 2024 go príomha leis an iasacht Cúnaimh Macrairgeadais faoin Sásra Comhair le haghaidh Iasachtaí don Úcráin le haghaidh EUR 18.1 billiún (féach Nóta **2.4.1.1**). Eisíocadh an iasacht sin go hiomlán in 2025.

Státchiste

Cinntíonn prionsabail bhuiséadacha an Aontais gur leor i gcónaí na hacmhainní airgid foriomlána do bhliain ar leith chun gach íocaíocht a dhéanamh.

Is ionann ranníocaíochtaí iomlána na mBallstát mar aon le hioncam ilghnéitheach agus méid na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí don bhliain bhuiséadach. Mar sin féin, faightear ranníocaíochtaí na mBallstát in 12 thráthchuid mhíosúla i rith na bliana, bunaithe ar an mbuiséad a glacadh, agus tá íocaíochtaí faoi réir riachtanais oibríochtúla.

Ní bheidh ranníocaíochtaí na mBallstát a bhaineann le buiséid leasaitheacha arna bhformheas i mí ar leith (N) ar fáil ach ar an gcéad lá oibre de mhí N+1 nó N+2, agus tá na leithreasuithe íocaíochta gaolmhara ar fáil láithreach.

Chun a áirithiú gur leor i gcónaí na hacmhainní cisteáin atá ar fáil chun íocaíochtaí atá le déanamh in aon mhí ar leith a chumhdach, tá nósanna imeachta maidir le réamhaisnéis airgid rialta i bhfeidhm. Is féidir acmhainní dílse nó cistiú breise a ghlaoch suas roimh ré ó na Ballstáit más gá, suas le teorainneacha áirithe agus faoi choinníollacha dá bhforáiltear i Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.

Anuas ar na nósanna imeachta sin, áirithítear le huirlisí bainistíochta airgid uathoibrithe go bhfuil leachtacht leordhóthanach ar fáil ar gach ceann de chuntais bhainc an Choimisiúin, mar chuid d'oibríochtaí cisteáin laethúla an Choimisiúin.

Fíneálacha

Bainistítear ciste BUFI chun leibhéal leordhóthanach leachtachta agus slógtha a choinneáil ar bun chun gealltanais ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Tá an phunann comhdhéanta d'urrúis an-leachtacha den chuid is mó ar féidir iad a dhíol go héasca chun eis-sreafaí airgid a chomhlíonadh. Is é thart ar 41 % an sciar d'airgead tirim, de choibhéisí airgid agus d'urrúis a thiocfaidh in aibíocht laistigh de 1 bhliain amháin.

Ráthaíochtaí buiséadacha

Úsáidtear cur chuige stuama in anailís aibíochta an Aontais le haghaidh ráthaíochtaí airgeadais, lena leithdháiltear uasmhéid na ráthaíochta ar an tréimhse is luaithe ina bhféadfaí an ráthaíocht a ghlaoch. Mar sin féin, is beag dóchúlacht atá ann go n-iarrfar an méid iomlán ar an Aontas sa chéad tréimhse, agus is minic a bhíonn an caillteanas ionchasach níos ísle ná uasteorainn na ráthaíochta. Dá bhrí sin, ní mór an riosca leachtachta a mheas in éineacht le suim ghlanluacha na ndliteanas ráthaíochta.

Príomhchuspóir de chuid an chreata bainistithe riosca is ea a áirithiú gur féidir le buiséad an Aontais a oibleagáidí a chomhlíonadh gan cur isteach ar ghnáthchur chun feidhme an bhuiséid. Áirítear leis sin maolú a dhéanamh ar an riosca leachtachta a bhaineann le ráthaíochtaí buiséadacha, arb é an riosca é nach mbeidh cistí leordhóthanacha ann chun oibleagáidí íocaíochta a chomhlíonadh go tráthúil.

Chun aghaidh a thabhairt ar an riosca sin, tacaítear le gach ráthaíocht bhuiséadach le soláthar leordhóthanach a íoctar isteach sa Chiste don Soláthar Coiteann chun a áirithiú go n-íoctar glaonna ráthaíochta go tráthúil. Déanann an tAontas faireachán tráthrialta ar leordhóthanacht an ráta soláthair do gach clár ráthaíochta buiséadaí agus tuairiscíonn sé go bliantúil ar cé acu atá nó nach bhfuil na méideanna leordhóthanach chun an riosca a chumhdach do na cúig bliana amach romhainn le leibhéal sainithe cinnteachta.

Ina theannta sin, tá nósanna imeachta coimirce i bhfeidhm ag an Aontas, lena n-áirítear aistrithe sealadacha idir urranna an Chiste don Soláthar Coiteann agus úsáid leachtachta lárnaí cisteáin, chun a áirithiú go mbeidh leachtacht leordhóthanach ar fáil nuair is gá.

An Ciste don Soláthar Coiteann

Bainistítear an Ciste don Soláthar Coiteann chun a áirithiú go bhfuil méid leordhóthanach leachtachta agus slógtha ag a shócmhainní chun gealltanais ghearrthéarmacha a chomhlíonadh. Tá an phunann comhdhéanta de shócmhainní leachtacha is féidir a dhíol go héasca chun eis-sreafaí airgid a chomhlíonadh más gá. Airgead tirim, coibhéisí airgid thirim, agus urrúis a thiocfaidh in aibíocht laistigh de 1 bhliain amháin atá in thart ar 10 % den phunann.

Tá socraíocht conarthaí díorthach comhlán agus tá sí bunaithe ar a n-aibíocht chonarthach. Más gá, urramaítear oibleagáidí trí shócmhainní atá ainmnithe in USD a dhíol nó trí idirbheart babhtála, rud a bhféadfadh eis-sreabhadh airgid a bheith mar thoradh air mar gheall ar dhifríochtaí malairte eachtraí.

7. NOCHTUITHE PÁIRTITHE GAOLMHARA

7.1. PÁIRTITHE GAOLMHARA

Is iad páirtithe gaolmhara an Aontais eintitis chomhdhlúthaithe an Aontais, comhlaigh agus príomhphearsanra bainistíochta na n-eintiteas sin. Tarlaíonn na hidirbhearta idir na heintitis sin mar chuid de ghnáthoibríochtaí an Aontais agus toisc gurb amhlaidh an cás, níl gá le ceanglais shonracha maidir le nochtadh le haghaidh na n-idirbheart sin i gcomhréir le rialacha cuntasaíochta an Aontais.

7.2. TEIDLÍOCHTAÍ PRÍOMHBHAINISTÍOCHTA

Ar mhaithe le faisnéis maidir le hidirbhirt páirtithe gaolmhara a bhaineann le príomhphearsanra bainistíochta an Aontais a chur i láthair, taispeántar na cineálacha daoine seo faoi chúig chatagóir anseo:

Catagóir 1: Uachtarán na Comhairle Eorpaí, Uachtarán an Choimisiúin Eorpaigh agus Uachtarán Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh

Catagóir 2: Leas-Uachtarán an Choimisiúin agus Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus Leas-Uachtaráin eile an Choimisiúin

Catagóir 3: Ardrúnaí na Comhairle, Comhaltaí an Choimisiúin, Breithiúna agus Abhcóidí Ginearálta Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Uachtarán agus Comhaltaí na Cúirte Ginearálta, an tOmbudsman agus an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí

Catagóir 4: Uachtarán agus Comhaltaí Chúirt Iniúchóirí na hEorpa

Catagóir 5: státseirbhísigh is ardchéimiúla na nInstitiúidí agus na nGníomhaireachtaí

Tugtar achoimre ar a dteidlíochtaí thíos - is féidir tuilleadh eolais a fháil sna Rialacháin Foirne a fhoilsítear ar shuíomh gréasáin Europa arb é an doiciméad oifigiúil é ina dtugtar tuairisc ar chearta agus oibleagáidí oifigigh uile an Aontais. Níl aon iasacht fhabhrach faighte ag príomhphearsanra bainistíochta ón Aontas.

TEIDLÍOCHTAÍ AIRGEADAIS NA PRÍOMHBHAINISTÍOCHTA

EUR

Teidlíocht (in aghaidh an fhostaí)	Catagóir 1	Catagóir 2	Catagóir 3	Catagóir 4	Catagóir 5
Buntuarastal (in aghaidh na míosa)	*35 860,91*	*32 482,71 - 33 782,02*	*25 986,17 - 29 234,44*	*28 065,06 - 29 884,10*	*16 523,41 - 25 986,17*
Liúntas cónaitheach/easaoránachta	*15 %*	*15 %*	*15 %*	*15 %*	*0-4 %-16 %*
Liúntais teaghlaigh:					
Teaghlach (% tuarastail)	*2 % + 241,21*	*2 % + 241,21*	*2 % + 241,21*	*2 % + 241,21*	*2 % + 241,21*
Leanbh cleithiúnach	*527,06*	*527,06*	*527,06*	*527,06*	*527,06*
Réamhscoil	*128,76*	*128,76*	*128,76*	*128,76*	*128,76*
Oideachas, nó	*357,63*	*357,63*	*357,63*	*357,63*	*357,63*
Oideachas lasmuigh den ionad oibre	*715,26*	*715,26*	*715,26*	*715,26*	*715,26*
Liúntas na mbreithiúna ceannais	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*1 111,04*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*
Liúntas ionadaíochta	*1 943,34*	*1 248,97*	*832,83*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*
Costais taistil bhliantúla	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Aisíoctha*
Aistrithe chuig Ballstát:					
Liúntas oideachais ([1])	*Is ea*	*Is ea*	*Is ea*	*Is ea*	*Is ea*
% den tuarastal ([1])	*5 %*	*5 %*	*5 %*	*5 %*	*5 %*
% de thuarastal gan cc	*25 % ar a mhéad*	*25 % ar a mhéad*	*25 % ar a mhéad*	*25 % ar a mhéad*	*25 % ar a mhéad*
Speansais ionadaíochta	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*

EUR

Teidlíocht (in aghaidh an fhostaí)	Catagóir 1	Catagóir 2	Catagóir 3	Catagóir 4	Catagóir 5
Dul i mbun dualgais:					
Speansais suiteála	*71 721,82*	*64 965,42 - 67 564,04*	*51 972,34 - 58 468,88*	*56 130,12 - 59 768,20*	*Aisíoctha*
Speansais taistil teaghlaigh	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*
Speansais aistrithe	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*
Fágáil an phoist:					
Speansais athlonnúcháin	*35 860,91*	*32 482,71 - 33 782,02*	*25 986,17 - 29 234,44*	*28 065,06 - 29 884,10*	*Aisíoctha*
Speansais taistil teaghlaigh	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*
Speansais aistrithe	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*	*Aisíoctha*
Aistriú (% tuarastail) [2]	*40 % -65 %*	*40 % -65 %*	*40 % -65 %*	*40 % -65 %*	*Ní bhaineann le hábhar*
Árachas breoiteachta	*Cumhdaithe*	*Cumhdaithe*	*Cumhdaithe*	*Cumhdaithe*	*Cumhdaithe*
Pinsean (% tuarastal, roimh cháin)	*70 % ar a mhéad*	*70 % ar a mhéad*	*70 % ar a mhéad*	*70 % ar a mhéad*	*70 % ar a mhéad*
Asbhaintí:					
Cáin Chomhphobail	*8 % -45 %*	*8 % -45 %*	*8 % -45 %*	*8 % -45 %*	*8 % -45 %*
Árachas breoiteachta (% tuarastail)	*1,7 %*	*1,7 %*	*1,7 %*	*1,7 %*	*1,7 %*
Tobhach speisialta ar thuarastal	*7 %*	*7 %*	*7 %*	*7 %*	*6-7 %*
Asbhaint phinsin	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*Ní bhaineann le hábhar*	*13,10 %*
An líon daoine ag deireadh na bliana	***3***	***8***	***93***	***27***	***116***

([1]) agus an chomhéifeacht cheartúcháin ('cc') curtha i bhfeidhm
([2]) arna íoc do na chéad 3 bliana tar éis imeachta

8. **TEAGMHAIS TAR ÉIS DHÁTA AN CHLÁIR COMHARDAITHE**

Ar dháta shíniú na gcuntas seo, ní raibh aon saincheist ábhartha tagtha ar aire nó tuairiscithe d'Oifigeach Cuntasaíochta an Choimisiúin lena gceanglófaí nochtadh ar leithligh faoin roinn sin. Ullmhaíodh na cuntais agus na nótaí gaolmhara ag úsáid na faisnéise is déanaí a bhí ar fáil agus léirítear é sin san fhaisnéis a chuirtear i láthair.

9. **RAON FEIDHME AN CHOMHDHLÚTHAITHE**

A. **EINTITIS RIALAITHE (54)**	
1. **Institiúidí agus comhlachtaí comhairleacha (11)**	
Comhairle an Aontais Eorpaigh	*An Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí*
Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh	*Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa*
An Coimisiún Eorpach	*An tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí*
Coiste Eorpach na Réigiún	*An tOmbudsman Eorpach*
An Chomhairle Eorpach	*Parlaimint na hEorpa*
Cúirt Iniúchóirí na hEorpa	
2. **Gníomhaireachtaí an Aontais AGUS Comhlachtaí Eile (41)**	
2.1. ***Gníomhaireachtaí Feidhmiúcháin (6)***	
An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an Aeráid, Bonneagar agus Comhshaol (CINEA)	*Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí agus na bhFiontar Beag agus Meánmhéide (EISMEA)*
An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA)	*Gníomhaireacht Feidhmiúcháin na Comhairle Eorpaí um Thaighde (ERCEA)*
an Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um an tSláinte agus an Digitiú (HADEA)	*An Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde (REA)*
2.2. ***Gníomhaireachtaí Díláraithe agus Comhlachtaí Eile (35)***	
Gníomhaireacht Tacaíochta Chomhlacht na Rialálaithe Eorpacha um Chumarsáid Leictreonach (Oifig BEREC)	*Oifig an Ionchúisitheora Phoiblí Eorpaigh (OIPE)*
An Oifig Comhphobail um Chineálacha Plandaí (CPVO)	*An tÚdarás Eorpach um Urrúis agus Margaí (ESMA)*
An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht agus Sláinte ag an Obair (EU-OSHA)	*An Foras Eorpach Oiliúna (ETF)*
An tÚdarás Baincéireachta Eorpach (ÚBE)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann (EUAA)*
an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar Ceartais Choiriúil (Eurojust)*
an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chibearshlándáil (ENISA)*
an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chearta Bunúsacha (FRA)*
An Ghníomhaireacht Eorpach Ceimiceán (ECHA)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)*
An Ghníomhaireacht Eorpach Chomhshaoil (GEC)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Oiliúint i bhForfheidhmiú an Dlí (CEPOL)*
An Ghníomhaireacht Eorpach um Rialú ar Iascach (EFCA)	*Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh (ERA)*
An tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (EFSA)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER)*

an Foras Eorpach chun Dálaí Maireachtála agus Oibre a Fheabhsú (Eurofound)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA)*
An Institiúid Eorpach um Chomhionannas Inscne (EIGE)	*Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um an gClár Spáis (EUSPA)*
an tÚdarás Eorpach um Árachas agus Pinsin Cheirde (ÚEÁPC)	*Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta an Aontais Eorpaigh (GSEE)*
An Comhghnóthas Eorpach um ITER agus um Fhuinneamh Comhleá a Fhorbairt (Fuinneamh Comhleá)	*Gníomhaireacht Drugaí an Aontais Eorpaigh (EUDA)*
An tÚdarás Eorpach Saothair (ÚES)	*Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO)*
An Ghníomhaireacht Eorpach um Shábháilteacht Mhuirí (EMSA)	*Ionad Aistriúcháin Chomhlachtaí an Aontais Eorpaigh*
An Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA)	
3. **Eintitis eile faoi rialú (2)**	
An Comhphobal Eorpach do Ghual agus Cruach faoi Leachtú (CEGC faoi Leachtú.)	*an Institiúid Eorpach um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht (EIT)*
B. **COMHLAIGH (1)**	
An Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI)	

MION-EINTITIS

Níor comhdhlúthaíodh na heintitis a liostaítear thíos trí úsáid a bhaint as modh an chothromais i ráitis airgeadais chomhdhlúite 2025 an Aontais ar bhonn neamh-ábharthachta:

MION-EINTITIS (11)

An Comhghnóthas um Shliseanna

An Comhghnóthas um Eoraip Chiorclach Bhithbhunaithe (CBE JU)

An Comhghnóthas um Eitlíocht Ghlan (CAJU)

An Comhghnóthas um Hidrigin Ghlan (Comhghnóthas HG)

An Comhghnóthas um Iarnród na hEorpa (Comhghnóthas ER)

An Lárionad Eorpach um Inniúlachtaí Cibearshlándála

An Comhghnóthas Ríomhaireachta Ardfheidhmíochta Eorpach (Comhghnóthas EuroHPC)

Comhghnóthas Shláinte Dhomhanda EDCTP3 (Comhghnóthas EDCTP3)

Comhghnóthas an Tionscnaimh um Shláinte Nuálach (Comhghnóthas IHI)

Comhghnóthas Taighde BAT 3 an Aerspáis Eorpaigh Aonair (Comhghnóthas SESAR 3)

An Comhghnóthas um Líonraí agus Seirbhísí Cliste (Comhghnóthas SNS)

Tá cuntais bhliantúla na n-eintiteas thuas ar fáil go poiblí ar a suíomhanna gréasáin faoi seach.

TUARASCÁIL AR AN gCUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH AGUS NÓTAÍ MÍNIÚCHÁIN [56]

CLÁR

Leathanach

1. EU BUDGET RESULT 143
2. STATEMENTS OF COMPARISON OF BUDGET AND ACTUAL AMOUNTS 144
3. NOTES TO THE BUDGETARY IMPLEMENTATION REPORTS 145
   - 3.1. THE EU BUDGET FRAMEWORK 145
   - 3.2. MULTIANNUAL FINANCIAL FRAMEWORK 2021-2027 145
   - 3.3. MFF DETAILED HEADINGS (PROGRAMMES) 148
   - 3.4. NextGenerationEU 149
   - 3.5. ANNUAL BUDGET 149
   - 3.6. REVENUE 150
   - 3.7. CALCULATION OF THE BUDGET RESULT 152
   - 3.8. RECONCILIATION OF ECONOMIC RESULT WITH BUDGET RESULT 152
4. IMPLEMENTATION OF THE 2025 EU BUDGET 154
5. IMPLEMENTATION OF EU BUDGET REVENUE 155
   - 5.1. SUMMARY OF THE IMPLEMENTATION OF EU BUDGET REVENUE 155
6. IMPLEMENTATION OF EU BUDGET EXPENDITURE 156
   - 6.1. MFF: BREAKDOWN & CHANGES IN COMMITMENT & PAYMENT 156
   - 6.2. MFF: IMPLEMENTATION OF COMMITMENT APPROPRIATIONS 158
   - 6.3. MFF: IMPLEMENTATION OF PAYMENT APPROPRIATIONS 159
   - 6.4. MFF: MOVEMENTS IN OUTSTANDING COMMITMENTS (RAL) 160
   - 6.5. MFF: OUTSTANDING COMMITMENTS BY YEAR OF ORIGIN 160
   - 6.6. DETAILED MFF: BREAKDOWN AND CHANGES IN COMMITMENT AND PAYMENT 161
   - 6.7. DETAILED MFF: IMPLEMENTATION OF COMMITMENT APPROPRIATIONS 172
   - 6.8. DETAILED MFF: IMPLEMENTATION OF PAYMENT APPROPRIATIONS 190
   - 6.9. DETAILED MFF: MOVEMENTS IN OUTSTANDING COMMITMENTS (RAL) 203
   - 6.10. DETAILED MFF: OUTSTANDING COMMITMENTS BY YEAR OF ORIGIN 210
7. IMPLEMENTATION OF THE BUDGET BY INSTITUTION 216
   - 7.1. IMPLEMENTATION OF BUDGET REVENUE 216
   - 7.2. IMPLEMENTATION OF COMMITMENT APPROPRIATIONS 217
   - 7.3. IMPLEMENTATION OF PAYMENT APPROPRIATIONS 219
8. IMPLEMENTATION OF THE AGENCIES' BUDGETS 220
   - 8.1. BUDGET REVENUE 220
   - 8.2. COMMITMENT AND PAYMENT APPROPRIATIONS BY AGENCY 221

(56) BA CHEART A THABHAIRT FAOI DEARA GO BHFÉADFADH GO NDEALRÓDH SÉ NACH BHFUIL ROINNT SONRAÍ AIRGEADAIS SNA TÁBLAÍ THÍOS SUIMITHE I gCEART ÓS RUD É GUR SLÁNAÍODH NA FIGIÚIRÍ GO DTÍ NA MILLIÚIN EURO.

1. **TORADH BHUISÉAD AN AONTAIS**

EUR milliún

Nóta		2025	2024
a	Ioncam le haghaidh na bliana airgeadais	224 398	250 609
b	Íocaíochtaí in aghaidh leithreasuithe na bliana reatha	(212 797)	(244 309)
c	Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn chuig bliain N+1	(6 087)	(3 848)
d	Cealú leithreasuithe neamhúsáidte arna dtabhairt anonn ó bhliain N-1	273	334
e	*Forbairt ioncaim shannta (B)-(A)*	(3 579)	(1 486)
	Leithreasuithe neamhúsáidte ag deireadh na bliana reatha (A)	28 271	24 692
	Leithreasuithe neamhúsáidte ag deireadh na bliana roimhe sin (B)	24 692	23 206
f	*Difríochtaí idir an ráta malairte le haghaidh na bliana*	(130)	44
	Toradh an bhuiséid	**2 078**	**1 345**

Tugtar toradh bhuiséad an Aontais ar ais do na Ballstáit le linn na bliana dár gcionn trí asbhaint as a méideanna atá dlite don bhliain sin. Ríomhtar é i gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ([57]) ón gComhairle lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh córas acmhainní dílse. Is féidir breis faisnéise a fháil faoi Roinn **3.7** Ríomh thoradh an bhuiséid.

a. Ioncam le haghaidh na bliana airgeadais: tábla 5.1 'Achoimre ar chur chun feidhme Ioncam bhuiséad an Aontais Eorpaigh', colún 8 'Ioncam Iomlán'.

b. Íocaíochtaí in aghaidh leithreasuithe na bliana reatha: tábla 6.3 'CAI - Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme', colún 2 'Íocaíochtaí arna ndéanamh ón mbuiséad glactha agus colún 4 'Íocaíochtaí arna ndéanamh ó ioncam sannta'.

c. Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn chuig bliain N+1: tábla 6.3 'CAI - Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme', colún 7 tabhairt anonn uathoibríoch móide colún 8 tabhairt anonn de réir cinnidh.

d. Cealú leithreasuithe neamhúsáidte faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn ó bhliain N-1: cuirtear san áireamh leis méid na leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí arna dtabhairt anonn (go huathoibríoch agus de réir cinnidh) ag deireadh na bliana roimhe sin agus 'Íocaíochtaí arna ndéanamh ó thabhairt anonn' na bliana reatha mar atá i gcolún 3 de thábla 6.3 'CAI - Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme'.

e. Forbairt na leithreasuithe ioncaim iomlána sannta ag deireadh na bliana: ríomhtar leis an difríocht i méid na leithreasuithe ioncaim shannta ag deireadh na bliana roimhe sin (móide) méid na leithreasuithe ioncaim shannta ag deireadh na bliana reatha (mar atá i gcolún 8 de thábla 6.3 'CAI - Leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a chur chun feidhme' - lúide) chun an ghlan-inathraitheacht ioncam sannta sa bhliain reatha a fháil.

f. Áirítear le difríochtaí sa ráta malairte difríochtaí réadaithe agus neamhréadaithe sa ráta malairte.

([57]) Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 608/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme le haghaidh chóras acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (IO L 168, 7.6.2014, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/608/oj).

2. RÁITIS CHOMPARÁIDE AN BHUISÉID AGUS MÉIDEANNA IARBHÍR

Ioncam buiséid

EUR milliún

Teideal		Buiséad tosaigh glactha	Buiséad críochnaitheach glactha	Teidlíochtaí bunaithe	Ioncam
1	Acmhainní Dílse	151 161	154 322	155 448	155 418
2	Barrachais, Iarmhéideanna agus Coigeartuithe	–	1 345	1 362	1 362
3	*Ioncam Riaracháin*	*2 425*	*2 425*	*3 272*	*3 226*
4	*Ioncam Airgeadais, Ús Mainneachtana agus Fíneálacha*	*183*	*1 659*	*18 874*	*2 618*
5	*Ráthaíochtaí Buiséadacha, Oibríochtaí Iasachtaíochta agus Iasachtaithe*	–	–	*40 815*	*40 766*
6	*Ioncam, Ranníocaíochtaí agus Aisíocaíochtaí a bhaineann le Beartais an Aontais*	*1 440*	*1 412*	*24 016*	*21 008*
	Iomlán	**155 209**	**161 163**	**243 787**	**224 398**
	agus de sin, Next Generation EU (NGEU)	-	-	*40 219*	*40 213*

Caiteachas buiséid: gealltanais faoi cheannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI)

EUR milliún

Ceannteideal CAI		Buiséad tosaigh glactha	Buiséad críochnaitheach glactha	Iomlán na leithreasuithe ar fáil	Gealltanais déanta
1	Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	21 480	21 539	30 466	27 095
2	Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	77 980	77 979	80 804	78 884
3	*Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol*	*56 731*	*56 700*	*58 961*	*57 658*
4	*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*	*4 791*	*4 645*	*5 338*	*4 738*
5	Slándáil agus Cosaint	2 633	2 633	2 742	2 666
6	*An Chomharsanacht agus an Domhan*	*16 308*	*16 892*	*20 828*	*19 645*
7	An Riarachán Poiblí Eorpach	12 845	12 766	15 115	13 955
O	Lasmuigh den CAI	4 320	4 320	11 767	6 409
S	Sásraí dlúthpháirtíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas (Ionstraimí speisialta)	2 349	1 766	2 085	1 065
	Iomlán	**199 438**	**199 239**	**228 104**	**212 116**
	agus de sin, Next Generation EU (NGEU)	–	–	*232*	*39*

Caiteachas buiséid: íocaíochtaí faoi cheannteideal an chreata airgeadais ilbhliantúil (CAI)

EUR milliún

	Ceannteideal CAI	Buiséad tosaigh glactha	Buiséad críochnaitheach glactha	Iomlán na leithreasuithe ar fáil	Íocaíochtaí a rinneadh
1	Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	20 461	20 255	34 035	24 483
2	Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	44 445	47 141	96 601	92 306
3	*Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol*	*52 092*	*56 039*	*61 329*	*59 589*
4	*Imirce agus Bainistiú Teorainneacha*	*3 204*	*3 564*	*4 386*	*3 819*
5	Slándáil agus Cosaint	2 143	1 839	1 947	1 872
6	*An Chomharsanacht agus an Domhan*	*14 426*	*15 010*	*18 469*	*17 170*
7	An Riarachán Poiblí Eorpach	12 845	12 766	16 133	13 767
O	Lasmuigh den CAI	3 274	2 805	15 994	2 319
S	Sásraí dlúthpháirtíochta laistigh agus lasmuigh den Aontas (Ionstraimí speisialta)	2 320	1 744	2 063	1 048
	Iomlán	**155 209**	**161 163**	**250 956**	**216 373**
	agus de sin, Next Generation EU (NGEU)	–	–	*43 760*	*41 739*

3. NÓTAÍ A GHABHANN LEIS NA TUARASCÁLACHA AR AN gCUR CHUN FEIDHME BUISÉADACH

3.1. CREAT BUISÉID AN AONTAIS EORPAIGH

Coimeádtar na chuntais bhuiséadacha i gcomhréir leis an Rialachán Airgeadais. Is é an buiséad ginearálta an ionstraim a dhéanann foráil d'ioncam agus do chaiteachas an Aontais, agus a údaraíonn é, gach bliain, laistigh de na huasteorainneacha agus na forálacha eile a leagtar amach sa CAI i gcomhréir leis na gníomhartha reachtacha a bhaineann le cláir ilbhliantúla a glacadh faoin gcreat sin.

3.2. CREAT AIRGEADAIS ILBHLIANTÚIL 2021-2027

EUR milliún i bpraghsanna reatha

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
1. Margadh Aonair, Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha	20 919	21 878	21 727	21 598	21 596	22 210	20 991	150 919
2. Comhtháthú, Athléimneacht agus Luachanna	6 364	67 806	70 137	73 289	75 697	67 523	70 128	430 944
2a. Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach	1 769	61 345	62 939	64 683	66 361	56 593	58 484	372 174

EUR milliún i bpraghsanna reatha

	2021	2022	2023	2024	2025	2026	2027	Iomlán
2b. Athléimneacht agus Luachanna	4 595	6 461	7 198	8 606	9 336	10 930	11 644	58 770
3. Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol	56 841	56 965	57 295	57 449	57 336	57 100	57 316	400 302
Agus de sin: Caiteachas a bhaineann leis an margadh agus íocaíochtaí díreacha	40 368	40 639	40 693	40 603	40 529	40 542	40 496	283 870
4. Imirce agus Bainistiú Teorainneacha	1 791	3 360	3 814	4 020	4 871	5 103	5 619	28 578
5. Slándáil agus Cosaint	1 696	1 896	1 946	2 380	2 617	2 810	3 080	16 425
6. An Chomharsanacht agus an Domhan	16 247	16 802	16 329	16 331	16 303	15 614	16 071	113 697
7. An Riarachán Poiblí Eorpach	10 635	11 058	11 419	11 773	12 124	12 506	12 959	82 474
Agus de sin: Caiteachas riaracháin na n-institiúidí	8 216	8 528	8 772	9 006	9 219	9 464	9 786	62 991
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR GEALLTANAS	**114 493**	**179 765**	**182 667**	**186 840**	**190 544**	**182 866**	**186 164**	**1 223 339**
IOMLÁN NA LEITHREASUITHE FAOI CHOMHAIR ÍOCAÍOCHTAÍ	**163 496**	**166 534**	**162 053**	**142 601**	**175 378**	**201 170**	**195 246**	**1 206 478**
mar chéatadán de OIN	1,18 %	1,12 %	0,99 %	0,81 %	0,95 %	1,04 %	0,98 %	1,01 %

Glacadh Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos CAI 2021-2027 an 17 Nollaig 2020 . Léirítear sa tábla thuas uasteorainneacha CAI ag praghsanna reatha mar a glacadh iad sa choigeartú teicniúil do CAI 2021-2027 le haghaidh 2026 ([58]), i gcomhréir leis an díbhoilsceoir bliantúil seasta 2 % a leagtar amach in Airteagal 4(2) de Rialachán CAI. Mar a leagtar amach mar choinníoll i Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 ón gComhairle lena leagtar síos CAI 2021-2027, le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas déantar na méideanna a leithscaradh in aghaidh an Cheannteidil; i gcás leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, níl feidhm ag na huasteorainneacha ach ar an leibhéal iomlán. Ba í 2025 an cúigiú bliain airgeadais a cumhdaíodh le CAI 2021-2027.

([58]) Coigeartú teicniúil ar an gcreat airgeadais le haghaidh 2026 i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE, Euratom) 2021/365 ón gComhairle lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027, COM(2025) 800 final, 4.6.2025.

Tar éis an chomhaontaithe pholaitiúil maidir leis an athbhreithniú meántéarma ar CAI 2021-2027 ar thángthas air sa Chomhairle Eorpach an 1 Feabhra agus le Parlaimint na hEorpa an 6 Feabhra 2024, glacadh Rialachán athbhreithnithe CAI ([59]) an 29 Feabhra 2024. Leis an athbhreithniú meántéarma, treisíodh buiséad an Aontais don tréimhse 2024-2027 le EUR 64,6 billiún, a bhfuil EUR 33 bhilliún de in iasachtaí, i roinnt réimsí tosaíochta lena n-áirítear tacaíocht don Úcráin, bunú an ardáin um theicneolaíochtaí straitéiseacha don Eoraip (STEP), cruthú an tsásra chun costais bhreise a chumhdach chun ionstraim théarnaimh Next Generation EU a chistiú, a eascraíonn as rátaí úis níos airde chomh maith leis an gcistiú breise le haghaidh bainistiú imirce agus comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta, agus atreisiú roinnt ionstraimí speisialta. Tá an Cúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála (SEAR) deighilte ón 1 Eanáir 2024 ina dhá ionstraim ar leith (an Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta agus an Cúlchiste um Chabhair Éigeandála). Chun tionchar an athbhreithnithe meántéarma ar Bhuiséad Bliantúil 2024 a chomhtháthú, glacadh Buiséad Leasaitheach 1/2024 ([60]).

EUR 190 544 mhilliún a bhí san uasteorainn fhoriomlán le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas in 2025, agus EUR 175 378 milliún a bhí san uasteorainn chomhfhreagrach le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí.

De bhun Airteagal 312(3) CFAE, cinntear le CAI méideanna na n-uasteorainneacha bliantúla le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair gealltanas de réir na catagóire caiteachais ('ceannteidil') agus uasteorainneacha bliantúla le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí. Comhfhreagraíonn ceannteidil CAI do mhór-earnálacha gníomhaíochta an Aontais. Tugtar míniú ar cheannteidil éagsúla CAI 2021-2027 thíos.

Is ionann CAI 2021-2027 agus EUR 1 223 bhilliún (EUR 1 083 bhilliún i bpraghsanna 2018), lena n-áirítear an Ciste Eorpach Forbraíochta (CEF). Ina theannta sin, soláthraíonn NextGenerationEU méid breise de EUR 806,9 billiún (EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018) suas go dtí 2023 i ngealltanais agus 2026 in íocaíochtaí. Coigeartaíodh an méid tosaigh sin go EUR 698,3 billiún, toisc nár iarr na Ballstáit go hiomlán an tacaíocht iasachta iomlán a bhí ar fáil.

Maidir leis an nós imeachta buiséid bhliantúil, déantar ainmníocht an bhuiséid a struchtúrú tuilleadh le 'braislí' beartais, rud a thugann níos mó soiléireachta maidir leis an mbealach a rannchuidíonn cláir chaiteachais aonair le spriocanna beartais an Aontais.

Ceannteideal 1 - An Margadh Aonair, an Nuálaíocht agus Cúrsaí Digiteacha

Áirítear leis an gceannteideal seo príomhchláir an Aontais a thacaíonn le réimsí an taighde agus na nuálaíochta, an chlaochlaithe dhigitigh, an bhonneagair straitéisigh, neartú an mhargaidh aonair agus tionscadail straitéiseacha spáis. Áirítear leis na cláir faoin gceannteideal seo Fís Eorpach, Ciste InvestEU, an tSaoráid um Chónascadh na hEorpa, clár an mhargaidh aonair agus clár spáis na hEorpa.

Is iad seo a leanas na cláir a fhaigheann ranníocaíochtaí ó NGEU (ioncam arna shannadh go seachtrach) faoin gceannteideal seo: Fís Eorpach agus Ciste InvestEU.

Ceannteideal 2 - Fás inbhuanaithe: acmhainní nádúrtha

Tá an ceannteideal seo roinnte ina dhá cheannteideal: Comhtháthú eacnamaíoch, sóisialta agus críochach (2a), agus Athléimneacht agus luachanna (2b).

Tá sé d'aidhm ag an gcaiteachas faoin gceannteideal seo athléimneacht agus comhtháthú Bhallstáit an Aontais a neartú. Cabhraíonn an cistiú sin le héagothromaíochtaí a laghdú i réigiúin san Aontas agus idir réigiúin an Aontais, agus laistigh de na Ballstáit agus ar fud na mBallstát, agus cuireann sé forbairt inbhuanaithe críche chun cinn (Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, an Ciste Comhtháthaithe, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus). Tacaíonn sé freisin le dlúthpháirtíocht agus comhar an Aontais i ndáil lena ullmhacht agus freagairt ar thubaistí (an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta agus RescEU). Ina theannta sin, tá sé d'aidhm ag na cláir faoin gceannteideal seo an tAontas a dhéanamh níos athléimní i ndáil le dúshláin reatha agus todhchaí trí infheistíocht a dhéanamh in aistriú glas agus digiteach, daoine óga (Erasmus), sláinte (EU4Health) agus gníomhaíocht chun luachanna an Aontais a chosaint (Ceartas, Cearta agus Luachanna) agus éagsúlacht chultúrtha a chur chun cinn (Eoraip na Cruthaitheachta).

Áirítear faoin gceannteideal seo STA, arna chumhachtú ag formhór mór an chistiúcháin arna sholáthar ag NGEU le linn na tréimhse 2021-2023. I measc na gclár eile a fhaigheann ranníocaíochtaí ó NGEU (ioncam arna shannadh go seachtrach) faoin gceannteideal seo tá: REACT-EU, an Sásra Aontais um Chosaint Shibhialta (RescEU). Chun forbhreathnú níos mionsonraithe a fháil ar ghníomhaíochtaí STA, féach ranna **3** agus **4** de NGEU de Phríomhphointí Airgeadais na Bliana.

([59]) arna leasú go deireanach lean 29 Feabhra 2024, Rialachán (AE, Euratom) 2020/2093 lena leagtar síos an creat airgeadais ilbhliantúil le haghaidh na mblianta 2021 go 2027 (IO L 2024/765, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/765/oj).

([60]) AB 1/2024, IO L, 2024/1430, 5.6.2024.

Ceannteideal 3 - Acmhainní Nádúrtha agus an Comhshaol

Leis an gcaiteachas faoin gceannteideal seo déantar infheistíocht i dtalmhaíocht inbhuanaithe (comhbheartas talmhaíochta) agus in iascaigh agus beartas muirí (an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe), chomh maith le cláir atá tiomnaithe do chosaint chomhshaoil agus gníomhaíocht ar son na haeráide (an clár LIFE, an Ciste um Aistriú Cóir).

Is iad seo a leanas na cláir a fhaigheann ranníocaíochtaí ó NGEU (ioncam arna shannadh go seachtrach) faoin gceannteideal seo: forbairt tuaithe, An Ciste um Aistriú Cóir.

Ceannteideal 4 - Imirce agus Bainistiú Teorainneacha

Tá sé d'aidhm ag cláir (Ciste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste um Bainistiú Comhtháite Teorainneacha) agus gníomhaireachtaí díláraithe (amhail an Ghníomhaireacht Eorpach um an nGarda Teorann agus Cósta (Frontex) agus Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Thearmann) a mhaoinítear faoin gceannteideal seo dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le himirce agus bainistiú teorainneacha seachtracha an Aontais agus cosaint an chórais tearmainn laistigh den Aontas.

Ceannteideal 5 - Slándáil agus Cosaint

Léiríonn an ceannteideal seo an gá méadaithe atá ann le haghaidh comhair ar leibhéal an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí slándála agus chun a neamhspleáchas straitéiseach a mhéadú. Áirítear leis cláir arb é d'aidhm acu slándáil agus sábháilteacht shaoránaigh na hEorpa a fheabhsú (an Ciste Slándála Inmheánaí), inniúlacht cosanta na hEorpa a neartú (an Ciste Eorpach Cosanta), agus na uirlisí a theastaíonn chun freagairt do dhúshláin slándála inmheánacha agus sheachtracha a sholáthar.

Ceannteideal 6 – An Chomharsanacht agus an Domhan

Neartaíonn cláir faoin gceannteideal seo tionchar socheacnamaíoch an Aontais ina chomharsanacht, i dtíortha i mbéal forbartha agus ar fud an domhain. Cumasctar leis an Ionstraim nua um Chomharsanacht, Forbairt agus Comhar Idirnáisiúnta (ICFCI-an Eoraip Dhomhanda) roinnt ionstraimí airgeadais seachtracha an Aontais a bhí ann cheana, lena n-áirítear comhar le tíortha san Afraic, sa Mhuir Chairib agus san Aigéan Ciúin (ACC) arna mhaoiniú roimhe sin leis an gCiste Eorpach Forbraíochta. Tá cúnamh do thíortha atá ag ullmhú le dul isteach san Aontas (cúnamh réamhaontachais) agus clár cabhair dhaonnúil an Aontais san áireamh sa cheannteideal seo freisin.

Ceannteideal 7 - Riarachán Poiblí Eorpach

Cumhdaítear faoin gceannteideal seo caiteachas riaracháin le haghaidh na n-institiúidí agus na bpinsean uile agus na Scoileanna Eorpacha.

S - Ionstraimí speisialta

Cumasaítear don Aontas le sásraí solúbthachta i mbuiséad an Aontais na cistí is gá chun freagairt do theagmhais nach raibh coinne leo amhail géarchéimeanna, tubaistí nádúrtha agus cásanna éigeandála a chur chun úsáide. Déantar foráil i Rialachán CAI agus sa Chomhaontú Idirinstitiúideach dá raon feidhme, dá leithdháileadh airgeadais agus dá módúlachtaí oibriúcháin. Áirithítear leo gur féidir le hacmhainní buiséadacha freagairt do thosaíochtaí a fhorbraíonn de shíor, ionas go n-úsáidtear gach euro sa chás ina mbíonn an gá is mó leis.

San ainmníocht bhuiséadach bhliantúil agus ina cur chun feidhme, sainaithnítear iad mar ionstraimí speisialta ('S'), toisc gur féidir iad a chur chun úsáide thar uasteorainneacha caiteachais CAI, i gcás leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus íocaíochtaí.

3.3. CEANNTEIDIL MHIONSONRAITHE CAI (CLÁIR)

Bristear ceannteidil CAI síos tuilleadh ina gceannteidil mhionsonraithe, a chomhfhreagraíonn do na príomhchláir chaiteachais (e.g. Fís 2020, Erasmus+ etc.). Glactar bunúis dlí fholuiteacha le haghaidh chur chun feidhme an bhuiséid ar leibhéal an chláir. Is iad cláir an struchtúr a úsáidtear de ghnáth chun tuairisciú ar an gcur chun feidhme agus ar thorthaí. Léirítear táblaí de réir cláir sna tuarascálacha ar an gcur chun feidhme buiséadach (féach táblaí **6.6 - 6.10** thíos).

3.4. NextGenerationEU


Le buiséad EUR 420,8 billiún don tacaíocht neamh-inaisíoctha, tá tionchar mór ag NGEU ar bhuiséid bhliantúla iomlána an Aontais 2021 go dtí 2026 agus ar a gcur chun feidhme. In 2021, inscríobhadh an méid seo go hiomlán mar leithreasuithe sannta faoi chomhair ioncaim. Cuireadh na gealltanais uile maidir leis an tacaíocht neamh-inaisíoctha isteach faoin 31 Nollaig 2023 agus urramófar iad le híocaíochtaí faoin 31 Nollaig 2026, i gcomhréir le hAirteagail 3(4) agus 3(9) de Rialachán NGEU ([61]).

Chun forléargas cuimsitheach a fháil ar ghníomhaíochtaí NGEU, féach Roinn **3** de Phríomhphointí Airgeadais na Bliana.

3.5. BUISÉAD BLIANTÚIL

Leagtar síos le hAirteagal 314 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh an nós imeachta um ghlacadh an bhuiséid. Cuirtear i láthair leis an léaráid a leanas na sprioc-amanna chomh maith leis na céimeanna a bhaineann le glacadh an bhuiséid.

Tráthchlár an chonartha[1]



1. Sa chleachtas, féachann na trí institiúid lena ndoiciméid faoi seach a chur i láthair níos luaithe sa bhliain chun an próiseas a réiteach.

([61]) Rialachán (AE) 2020/2094 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 lena mbunaítear Ionstraim Théarnaimh de chuid an Aontais Eorpaigh chun tacú leis an téarnamh i ndiaidh ghéarchéim COVID-19 (IO L 433I, 22.12.2020, p. 23, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2094/oj).

2. Tá an Coiste Idir-Réitigh comhdhéanta de chomhaltaí den Chomhairle nó a n-ionadaithe agus den líon céanna comhaltaí a dhéanann ionadaíocht do Pharlaimint na hEorpa. Glacann an Coimisiún páirt in imeachtaí an Choiste Idir-Réitigh agus déanann sé gach tionscnamh is gá chun seasamh Pharlaimint na hEorpa agus seasamh na Comhairle a thabhairt ar aon uaim le chéile.

3. Formheasann Parlaimint na hEorpa an téacs comhpháirteach agus ansin, laistigh de 14 lá ó dhiúltú na Comhairle, cinneann sí (trí thromlach a comhaltaí comhpháirteacha agus 3/5 de na vótaí a chaitear) na leasuithe go léir nó cuid díobh a dheimhniú.

Cuimsítear le struchtúr an bhuiséid don Choimisiún leithreasuithe faoi chomhair riaracháin agus leithreasuithe faoi chomhair oibríochtaí. Níl ach leithreasuithe faoi chomhair riaracháin ag na hInstitiúidí eile. Thairis sin, déanann an buiséad idirdhealú idir dhá chineál leithreasuithe: leithreasuithe neamhdhifreáilte agus leithreasuithe difreáilte. Úsáidtear leithreasuithe neamhdhifreáilte chun oibríochtaí bliantúla a mhaoiniú (a chomhlíonann prionsabal na bliantúlachta). Úsáidtear leithreasuithe difreáilte chun prionsabal na bliantúlachta a réiteach leis an ngá chun oibríochtaí ilbhliantúla a bhainistiú. Roinntear leithreasuithe difreáilte ina leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus ina leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí:

— leithreasuithe faoi chomhair gealltanas: cumhdaítear leo costas iomlán na n-oibleagáidí dlíthiúla, arna ndéanamh le haghaidh na bliana airgeadais reatha, i gcás oibríochtaí dar fad roinnt blianta. Mar sin féin, féadfar gealltanais bhuiséadacha maidir le bearta ar faide iad ná aon bhliain airgeadais amháin a roinnt ina dtráthchodanna bliantúla thar roinnt blianta, i gcás ina bhforáiltear amhlaidh sa bhunghníomh.

— leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí: cumhdaítear leo caiteachas a eascraíonn as gealltanais a rinneadh sa bhliain airgeadais reatha agus/nó i mblianta airgeadais roimhe sin.

Sna cuntais, grúpáiltear na cineálacha cistiúcháin in dhá phríomh-mhír:

— Leithreasuithe buiséid críochnaitheacha glactha; agus

— Leithreasuithe breise ina bhfuil:

  — Tabhairt anonn ón mbliain roimhe (ceadaítear leis an Rialachán Airgeadais, i líon teoranta cásanna, méideanna nár caitheadh a thabhairt anonn ón mbliain roimhe go dtí an bhliain reatha); agus

  — Ioncam sannta a eascraíonn as aisíocaíochtaí, ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe/tíortha le cláir an Aontais agus obair arna déanamh do thríú páirtithe; sanntar iad seo go díreach do na línte buiséid caiteachais chomhfhreagraigh agus is iad sin tríú colún an chistiúcháin.

Is iad gach cineál cistiúcháin le chéile a dhéanann na leithreasuithe atá ar fáil.

3.6. **IONCAM**

3.6.1. *Ioncam acmhainní dílse*

Tagann formhór mór an ioncaim ó acmhainní dílse, lena gcuimsítear na catagóirí a leanas:

(1) Acmhainní dílse traidisiúnta (ADT): bhain siad seo le thart ar 14 % d'ioncam acmhainní dílse in 2025.

(2) Acmhainn bunaithe ar cháin bhreisluacha (CBL): bhain siad seo le thart ar 17 % d'ioncam acmhainní dílse in 2025.

(3) Acmhainn bunaithe ar dhramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach bhfuil athchúrsáilte: bhain siad seo le thart ar 5 % d'ioncam acmhainní dílse in 2025.

(4) Acmhainn bunaithe ar ollioncam náisiúnta (OIN): bhain siad seo le thart ar 64 % d'ioncam acmhainní dílse in 2024.

Sonraítear le Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh (Cinneadh 2020 maidir le hAcmhainní Dílse) na catagóirí d'acmhainní dílse agus leagtar síos leis na modhanna lena ríomh. Tháinig an cinneadh seo i bhfeidhm an 1 Meitheamh 2021 agus cuireadh i bhfeidhm go cúlghabhálach é ón 1 Eanáir 2021.

Sainordaítear le Cinneadh 2020 maidir le hAcmhainní Dílse nach mbeidh méid iomlán na n-acmhainní dílse a leithdháiltear ar an Aontas chun leithreasuithe bliantúla faoi chomhair íocaíochtaí a chumhdach níos mó ná 1,40 % de shuim OIN na mBallstát uile. Anuas air sin, cumhachtaítear leis an gcinneadh don Choimisiún ar bhonn eisceachtúil EUR 750 billiún i bpraghsanna 2018 a fháil ar iasacht shealadach ar mhargaí caipitil thar ceann an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar iarmhairtí phaindéim COVID-19 tríd an ionstraim aisghabhála, NextGenerationEU. An uasteorainn acmhainní dílse le haghaidh leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí, méadófar é go sealadach faoi 0.6 pointe céatadáin chun gach dliteanas a eascraíonn as an iasachtaíocht seo a chumhdach.

Ó bhí 2021 ann, áirítear le 'ioncam eile' bhuiséad an Aontais na ranníocaíochtaí airgeadais ón Ríocht Aontaithe de bharr na socraíochta airgeadais faoin gComhaontú um Tharraingt Siar i leith na Ríochta Aontaithe.

3.6.2. *Acmhainní dílse traidisiúnta (ADT)*

Is éard is ADT ann dleachtanna custaim arna ngearradh ar allmhairí ó thríú tíortha, a mbailíonn Ballstáit iad thar ceann an Aontais. Coinníonn Ballstáit 25 % de sin, áfach, chun na costais bhailiúcháin a chumhdach. Ní mór gach méid ADT suite a chur isteach i gceann de na cuntais a leanas, arna gcoimeád ag na húdaráis inniúla:

Sna gnáthchuntais a fhoráiltear in Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014: gach méid a aisghabhtar nó a ráthaítear.

Sna cuntais ar leithligh a fhoráiltear san Airteagal céanna: gach méid nach bhfuil aisghafa agus/nó ráthaithe go fóill; féadfar méideanna a ráthaítear, ach a cheistítear, a chur sa chuntas seo freisin.

Ní mór do Bhallstáit ADT a chur sa leabhar i gcuntas an Choimisiúin tríd a státchistí nó a mbainc cheannais náisiúnta tráth nach déanaí ná an chéad lá oibre tar éis an 19ú lá sa dara mí tar éis na míosa inar bunaíodh an teidlíocht (nó inar aisghabhadh i gcás an chuntais ar leithligh).

3.6.3. *Cáin bhreisluacha (CBL)*

Ríomhtar acmhainn dhílis CBL bunaithe ar bhoinn measúnaithe CBL na mBallstát, atá comhchuibhithe chun na críche sin i gcomhréir le rialacha an Aontais. Tá glaoráta aonfhoirmeach de 0,30 % i bhfeidhm maidir le méid iomlán gach Ballstáit in admhálacha CBL arna mbailiú le haghaidh gach soláthair inchánach arna roinnt ar mheán ualaithe an ráta CBL. Tá uasteorainn de 50 % de OIN gach Ballstáit ar an mbonn CBL.

3.6.4. *Dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach neamh-athchúrsáilte*

Tá feidhm ag glaoráta aonfhoirmeach EUR 0,80 in aghaidh an chileagraim maidir le meáchan na dramhaíola ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear i ngach Ballstát nach ndéantar athchúrsáil uirthi. An dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach nach n-athchúrsáiltear i mbliain ar leith, ríomhtar í mar an difríocht idir an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a ghintear agus an dramhaíl ó phacáistíocht phlaisteach a athchúrsáiltear an bhliain sin i mBallstát. An Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Eastóin, an Ghréig, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Málta, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn agus an Ungáir, is Ballstáit iad sin atá i dteideal laghduithe cnapshuime bliantúla sonracha a fháil ina ranníocaíochtaí acmhainní dílse plaisteacha féin.

3.6.5. *Ollioncam Náisiúnta (OIN)*

Úsáidtear an acmhainn bunaithe ar ollioncam náisiúnta (OIN) chun an chuid sin den bhuiséad nach gcumhdaítear le foinsí eile ioncaim a mhaoiniú. Gearrtar glaoráta aonfhoirmeach ar OIN gach Ballstáit, a bhunaítear i gcomhréir le rialacha an Aontais.

3.6.6. *Oll-laghdú*

Don tréimhse 2021-2027, baineann na Ballstáit seo a leanas tairbhe as oll-laghdú ar a ranníocaíochtaí bliantúla bunaithe ar OIN; EUR 377 milliún i gcás na Danmhairge, EUR 3 671 mhilliún i gcás na Gearmáine, EUR 1 921 mhilliún i gcás na hÍsiltíre, EUR 565 mhilliún i gcás na hOstaire agus EUR 1 069 milliún i gcás na Sualainne. Tomhaistear na holl-laghduithe seo i bpraghsanna 2020 agus maoiníonn na Ballstáit uile iad.

3.6.7. *Coigeartuithe ar acmhainní dílse na mblianta roimhe sin*

Cinntear acmhainní atá bunaithe ar CBL agus OIN ar bhonn réamhaisnéisí de na boinn ábhartha a dhéantar nuair a ullmhaítear an dréachtbhuiséad. Déantar na réamhaisnéisí seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta le linn na bliana airgeadais lena mbaineann, trí bhíthin buiséad leasaitheach. Maidir le difríochtaí idir na méideanna atá dlite ó na Ballstáit i ndáil leis na boinn iarbhír, agus na méideanna arna n-íoc ar bhonn na réamhaisnéisí (athbhreithnithe), deimhneach nó diúltach, glaonn an Coimisiún iad sin isteach ó na Ballstáit don chéad lá oibre de mhí an Mhárta sa tríú bliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann. Féadfar ceartúcháin a dhéanamh fós ar na boinn iarbhír CBL agus OIN le linn na 4 bliana ina dhiaidh, mura n-eisítear forchoimeádas. Léiríonn na forchoimeádais seo na héilimh fhéideartha ar na Ballstáit i ndáil le méideanna éiginnte, toisc nach féidir meastachán cruinn a dhéanamh ar an tionchar airgeadais. Nuair is féidir an méid beacht a chinneadh, glaoitear na hacmhainní comhfhreagracha atá bunaithe ar CBL agus OIN isteach i ndáil le cleachtas na n-iarmhéideanna CBL agus OIN nó le glaonna aonair ar chistí. Déantar réamhaisnéis ar an acmhainn dhílis bunaithe ar phlaisteach ar bhealach cosúil. Maidir leis na difríochtaí idir na méideanna atá dlite ó na Ballstáit de réir a ráiteas bliantúil a bhfuil na sonraí olltoraidh, agus na méideanna arna n-íoc ar bhonn na réamhaisnéisí (athbhreithnithe), deimhneach nó diúltach, áfach, glaonn an Coimisiún iad sin isteach ó na Ballstáit don chéad lá oibre de mhí an Mheithimh sa tríú bliain tar éis na bliana airgeadais lena mbaineann. Féadfar ceartúcháin a dhéanamh fós ar na boinn iarbhír le linn na 5 bliana ina dhiaidh, mura n-eisítear forchoimeádas.

3.7. RÍOMH THORADH AN BHUISÉID

Tugtar toradh bhuiséad an Aontais ar ais do na Ballstáit le linn na bliana dár gcionn trína méideanna atá dlite don bhliain sin a asbhaint.

Is éard atá sna méideanna acmhainní dílse a iontráiltear sna cuntais na méideanna a cuireadh chun sochair le linn na bliana sna cuntais a d'oscail rialtais na mBallstát in ainm an Choimisiúin. Cuimsítear faoi ioncam freisin, i gcás barrachais, toradh an bhuiséid le haghaidh na bliana airgeadais roimhe sin. Is éard atá san ioncam eile a iontráiltear sna cuntais an méid a fuarthas iarbhír le linn na bliana.

Chun toradh an bhuiséid le haghaidh na bliana a ríomh, cuimsítear faoi chaiteachas íocaíochtaí a rinneadh in aghaidh leithreasuithe na bliana móide aon leithreasú le haghaidh na bliana sin a thugtar anonn go dtí an bhliain dár gcionn. Ciallaíonn íocaíochtaí a dhéantar in aghaidh leithreasuithe na bliana íocaíochtaí atá déanta ag an Oifigeach Cuntasaíochta faoin 31 Nollaig sa bhliain airgeadais. Maidir le CERT, is éard atá sna híocaíochtaí na híocaíochtaí atá déanta ag na Ballstáit idir an 16 Deireadh Fómhair N-1 agus an 15 Deireadh Fómhair N, ar choinníoll gur cuireadh an tOifigeach Cuntasaíochta ar an eolas maidir leis an ngealltanas agus údarú faoin 31 Eanáir N+1. Féadfaidh caiteachas CERT a bheith faoi réir cinneadh comhréireachta tar éis rialuithe sna Ballstáit.

I gcomhréir le hAirteagal 1(1) de Rialachán Uimh. 608/2014 lena leagtar síos bearta cur chun feidhme don chóras acmhainní dílse, léiríonn toradh an bhuiséid an difríocht idir:

— an t-ioncam iomlán a fuarthas don bhliain airgeadais; agus

— na híocaíochtaí iomlána a rinneadh in aghaidh leithreasuithe na bliana reatha móide méid iomlán leithreasuithe na bliana sin arna dtabhairt anonn go dtí an bhliain dár gcionn.

Cuirtear an méid a leanas leis an bhfigiúr is toradh, nó baintear iad de:

— iarmhéid glan cealuithe leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí a tugadh anonn ó bhlianta roimhe sin agus aon íocaíocht a sháraíonn leithreasuithe neamhdhifreáilte arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe sin, íocaíochtaí a sháraíonn na leithreasuithe de bharr luaineachtaí sa ráta euro;

— forbairt ioncaim shannta; agus

— gnóthachain ghlana nó glanchaillteanais ráta malairte a taifeadadh le linn na bliana.

Leithreasuithe arna dtabhairt anonn ón mbliain airgeadais roimhe sin i leith ranníocaíochtaí ó thríú páirtithe agus i leith oibre dóibh, nach dtéann i léig riamh de réir sainmhíniú, cuimsítear iad mar leithreasuithe breise don bhliain airgeadais. Mínítear leis sin an difríocht idir tabhairt anonn ón mbliain roimhe i dtuarascálacha cur chun feidhme bhuiséad bhliain N agus iad siúd a thugtar anonn sa bhliain dár gcionn i dtuarascálacha cur chun feidhme bhuiséad bhliain N-1. Leithreasuithe faoi chomhair oibleagáidí arna gcur ar fáil athuair tar éis aisíocaíocht na n-íocaíochtaí ar an gcuntas, tugtar neamhaird orthu nuair a ríomhtar toradh an bhuiséid.

